



**Infheistíocht a
dhéanamh i dturais is
*breá le daoine***

Clár Ábhair

Is grúpa domhanda miondiola taistil agus aerfoirt é daa ag a bhfuil gnólachtaí i 13 thír.

Déanann an Grúpa maoirseacht ar aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí in Éirinn, oibríonn sé aerfoirt Idirnáisiúnta na Mara Rua san Araib Shádach, agus cuireann sé saineolas teicniúil agus seirbhísí comhairleacha ar fáil i Riyadh.

Infheistíocht a dhéanamh i dturais is breá le daoine

AIMSIGH TUILLEADH

Léargas Ginearálta

02

Réamhrá	2
Buaicphointí 2025	3
Faisnéis faoinár ngnó	4
Sracfhéachaint ar ár ngnó	5
Ár gcultúr agus ár luachanna	6
Ag infheistiú i...	7

Tuarascáil straitéiseach

09

Ráiteas an Chathaoirligh	9
Athbhreithniú oibríochtúil	11
Athbhreithniú Phríomhoifigeach	
Airgeadais an Ghrúpa	14-17
Ár straitéis	18
Straitéis i ngníomh	19-22
Feidhmíocht de réir ár straitéise	23-25
Tuarascáil ar Rioscaí	26-35
Tuarascáil TSR	36-55

Rialachas

56

Bord na Stiúthóirí	56-57
Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin	58
Tuarascáil ar rialachas	59-68
Tuarascáil na Stiúthóirí	69-70
An Ráiteas ar Fhreagrachtaí na Stiúthóirí	71

Ráitis Airgeadais

72

Tuarascáil an Iníúcháin Neamhspleách	72-73
Cuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa	74
Grúpráiteas ar ioncam cuimsitheach	75
Clár comhardaithe an Ghrúpa	76
Clár comhardaithe na Cuideachta	77
Grúpráiteas ar shreafaí airgid	78
Grúpráiteas ar athruithe cothromais	79
Ráiteas Cuideachta ar athruithe cothromais	80
Nótaí a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais agus atá ina gcuid díobh	81-112
Achoimrí cúig bliana	113-116
Faisnéis faoin gCuideachta	117



Infheistíocht a dhéanamh sa Mhéid atá Tábhachtach: Feabhsúcháin daa 2025 do Phaisinéirí ag Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí

Sa bhliain 2025, rinne daa infheistíocht i bhfeabhsúcháin atá mar na gnéithe is tábhachtaí do phaisinéirí, ag díriú ar thurais níos socra, rogha níos fearr agus oibriúcháin iontaoifa. Ar fud ár n-aerfort ar fad, chuir an infheistíocht seo slándáil níos fearr, saoráidí feabhsaithe agus caighdeán arda leanúnacha ar fáil do chustaiméirí le linn na bliana is gnóthaí riamh.



Táimid ag díriú i mbliana ar na rudaí is tábhachtaí do chustaiméirí agus do phaisinéirí a fheabhsú trí infheistíocht a dhéanamh i

Spásanna níos mó agus níos fearr

Críochfoirt níos fairsinge atá deartha le bheith níos gile, níos compordáil agus níos éasca lena n-úsáid do gach duine.

Sreabhadh paisinéirí feabhsaithe

Athruithe ar an leagan amach agus ar phróisis a chuidíonn le daoine bogadh tríd an aerfort gan stró agus le níos lú struis.

Uirlisí digiteacha feabhsaithe

Seirbhísí digiteacha níos fearr a thugann eolas níos cruinne do phaisinéirí chomh maith le tuilleadh rialaithe ar a dturas.

Oibríochtaí níos inbhuanaithe

Céimeanna praiticiúla chun an tionchar ar an timpeallacht a laghdú agus na haerfoirt á reáchtáil ar bhealach níos éifeachtúla.

Eispéireas toglainne níos fearr

Toglanna uasghrádaithe atá níos compordáil agus a chuireann saoráidí níos fearr agus spás níos socra ar fáil sula dtéitear ar eitleán.



Buaicphointí 2025

Láimhdeachas (€)

1,181m

TRÚCDA¹ (€)

401m

Infheistíocht³ (€)

272m

Glanfhiachas (€)

640m

Paisinéir trínár n-aerfoirt in Éirinn, Baile Átha Cliath agus Corcaigh²

39.9m

1. Cuimsítear in TRÚCDA tuilleamh an Ghrúpa roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh roimh mhíreanna eisceachtúla ó ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, seachas ranníocaíochtaí ó ghnóthais chomhlachaithe agus comhfhiontair.
2. Áirítear leis sin paisinéirí aistrithe, idirthurais, neamhsceidealaithe agus paisinéirí eile.
3. Tá an infheistíocht comhdhéanta de bhreiseanna sreabhaidh airgid le sócmhainní seasta inláimhsithe agus sócmhainní doláimhsithe glan ó dheontais atá aitheanta.



Cé muid féin *agus cén fáth arb ann dúinn?*

FÍS AGUS CUSPÓIR

Is í ár bhfís bheith inár gceannairí sa tionscal aerfoirt, agus barr feabhais a bhaint amach i dtodhchaí inbhuanaithe.

Is é ár gculpóir gnó a éascú agus daoine a nascadh ar fud an domhain.

ÁR GCLÚDACH

Oibrimid aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí agus bainistimid seirbhísí miondíola agus comhairleachta domhanda trí ARI agus daa Idirnáisiúnta faoi seach.



ÁR NDAOINE

Tá ár ndaoine mar chuid lárnach do gach rud a dhéanaimid ag ár n-aerfoirt agus inár siopaí miondíola.

Cuireann daa deiseanna iontacha ar fáil dár bhfoirne oibriú le chéile agus eispéireas na gcustaiméirí a dhéanamh níos fearr. Trí dhul i gcomhar le chéile, tá sé mar aidhm againn a chinntiú go mbeidh turas gach paisinéara speisialta ar na cúiseanna cearta go léir, rud a léiríonn ár dtiomantas do thús áite a thabhairt do chustaiméirí i ngach rud a dhéanaimid.

ÁR DTIONCHAR

Tacaímid le geilleagar na hÉireann trí thrádáil, turasóireacht agus nascacht a éascú. Sa bhliain 2025, bhaineamar fás láidir amach i miondíol, oibríochtaí idirnáisiúnta agus caighdeán seirbhíse do chustaiméirí.

ÁR DTODHCHAÍ

Sa bhliain 2025, thugamar tús áite d'infheistíocht i seirbhísí paisinéirí, trí nuálaíocht dhigiteach a spreagadh agus ár ngealltanais uailmhianacha inbhuanaitheachta a chur chun cinn.



Ár n-oibríochtaí

Is grúpa domhanda miondíola taistil agus aerfoirt muid a bhfuil láithreach againn i 27 cathair i 13 thír ar fud an domhain.

Aerfort Bhaile Átha Cliath

Is é Aerfort Bhaile Átha Cliath aerfort náisiúnta Phoblacht na hÉireann, a fheastalaíonn ar an bpríomhchathair, Baile Átha Cliath, agus is é an príomhthairseach eitlíochta idirnáisiúnta a fheastalaíonn ar oileán na hÉireann.



Aerfort Chorcaí

Is é Aerfort Chorcaí an dara haerfort is mó agus is mó fáis de na haerfoirt idirnáisiúnta i bPoblacht na hÉireann agus is príomhthairseach é chuig Deisceart na hÉireann.



daa Idirnáisiúnta

Cuireann daa Idirnáisiúnta seirbhísí comhairleacha, bainistíochta agus infheistíochta ar fáil do chliant go domhanda. Ba iad na príomhchonartháí a bhí aige sa bhliain 2025 ná Aerfort Idirnáisiúnta an Rí Abdulaziz i Jeddah agus Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua san Araib Shádach a bhainistiú.

- 01 Jeddah, An Araib Shádach
- 02 An Mhuir Rua, An Araib Shádach
- 03 Riyadh, Saudi Arabia
- 04 Na hOileáin Philipíneacha
- 05 An Astráil
- 06 Vítneam
- 07 Ceanada
- 08 An Ríocht Aontaithe

ARI

Is é ARI fochuideachta mhiondíola taistil an Ghrúpa. Bainistíonn sé a ionaid díola féin in aerfort Bhaile Átha Cliath agus in aerfort Chorcaí, agus tá leasanna aige in oibríochtaí miondíola i 27 aerfort i 13 thír. Tá scairseilbh an Ghrúpa ag ARI in Aerfort Düsseldorf agus in Aerfoirt Hermes chomh maith, a oibríonn aerfoirt Larnaca agus Phafas sa Chipir.

- | | |
|---|--|
| DUB Baile Átha Cliath, Éire | BEY Béiriút, an Liobáin |
| ORK Corcaigh, Éire | BAH Manama, Bairéin |
| DUS Düsseldorf, an Ghearmáin | AUH Abú Daibí, Aontas na nÉimíríochtaí Arabacha |
| LIS Liospóin, an Phortaingéil | MCT Muscat, Óman |
| OPO Porto, an Phortaingéil | CGK Iacárta, an Indinéis |
| FAO Faro, an Phortaingéil | YVR Vancouver, Ceanada |
| FNC Madeira, an Phortaingéil | YEG Edmonton, Ceanada |
| PXO Porto Santo, an Phortaingéil | YWG Winnipeg, Ceanada |
| PDL Ponta Delgada, an Phortaingéil | YUL Montréal, Ceanada |
| SMA Santa Maria, an Phortaingéil | YQB Cathair Québec, Ceanada |
| HOR Horta, An Phortaingéil | BGI Bridgetown, Barbados |
| TIV Tivat, Montainéagró | JFK JFK Nua-Eabhrac, SAM |
| TGD Podgorica, Montainéagró | |
| LCA Larnaca, an Chipir | |
| PFO Pafas, an Chipir | |

Ár gcultúr agus ár luachanna

Ár gcur chuige

ÁR GCUSPÓIR

Gnó a éascú, agus saolta a nascadh, ar fud an domhain.

Is é an cuspóir sin a spreagann muid, agus tá ár luachanna mar bhonn agus taca aige. Spreagann ár luachanna muid agus feidhmíonn siad mar bhonn dár gcuid oibre gach lá. Is iad an rud a shnaidhmeann le chéile muid agus a threoraíonn an Grúpa ina chuid oibríochtaí, ina fhorbairt agus ina fhás.



ÁR LUACHANNA



Meas ar luach daoine eile

Oibrímid mar fhoireann. Tá ról sonrach agus luachmhar le himirt againn ar fad agus ach tá meas againn ar an obair a dhéanann daoine eile agus ceiliúraimid an rath a bhíonn ar ár gcuid oibre i dteannta a chéile.



An fhreagracht a roinnt, agus a bheith cuntasach

Déanaimid iarracht teacht ar réitigh roimh fhadhbanna a roinnt agus tacaímid le chéile nuair a bhímid ar fad freagrach.



Tuiscint mhaith ar na rudá bunúsacha

Is cuma cén ról atá i gceist, bímid mórtasach as ár gcuid oibre a chur i gcrích ar na caighdeáin is airde, timpeallacht eisceachtúil a chruthú dár gcustaiméirí agus dá chéile.



Ag feabhsú i gcónaí

Bíonn bealaí nua á lorg againn i gcónaí chun cúrsaí a fheabhsú, eolas agus smaointe a chomhroinnt, agus táimid tiomanta i gcónaí chun an cheist seo a leanas a chur, “Conas is féidir é seo a dhéanamh níos fearr fós?”



Léargas Ginearálta

Tuarascáil Straitéiseach

Rialachas

Ráitis Airgeadais

Ár ndícheall a dhéanamh fioreispéireas gan stró a dhéanamh de **gach nasc**

**Rinneamar infheistíocht i Nuálaíochtaí
Bithmhéadracha agus Digiteacha
chomh maith le Feabhsuithe ar an
Eispéireas Tolglainne.**

Sa bhliain 2025, rinne aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí dul chun cinn soiléir maidir le turais níos réidhe agus níos nasctha a sholáthar do phaisinéirí. Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath a chéad bhliain iomlán i ndiaidh COVID amach gan aon bhriseadh ar scuainí 30 nóiméad, chuir sé teicneolaíocht scagtha slándála C3 den chéad ghlúin eile i bhfeidhm agus d'fheabhsaigh sé inrochtaineacht sna críochfoirt uile. Rinne Aerfort Chorcaí uasghráduithe móra críochfort agus bagáiste, agus thosaigh sé ag leathnú na hacmhainne slándála ar a idirurlár nua lena bhfeabhsófar saoráidí paisinéirí tuilleadh. Leis na feabhsuithe sin le chéile, cuirfear feabhas ar eispéireas na bpaisinéirí, laghdófar aighneas, feabhsófar compord agus cuideoidh siad le paisinéirí bogadh go muiníneach agus go héifeachtúil trí gach céim dá dturas.

15 nóim

**Laghdú ar amanna feithimh ar an meán ó
tugadh isteach bordáil bhithmhéadrach**



98%

**Sástacht inár
n-eispéireas tolglainne**



Ag infheistiú i...



Leanamar le hinfheistiócht a dhéanamh i dtodhchaí ár dtíre trí phobail áitiúla a chumhachtú agus trí thionscnaimh a spreagadh lena soláthraítear tairbhí sóisialta agus eacnamaíocha fadtéarmacha.

Trínár gCistí Pobail agus trínár gclár Elevate'25, is féidir le scoileanna, clubanna agus grúpaí a saoráidí a fheabhsú agus a bpobail a neartú chun luach fadtéarmach a chruthú, agus cinntítear lenár gcláir oideachais go bhfaighidh na daoine atá i gcroílár na bpobal sin tacaíocht ag gach céim.

Pobail a
bhfuil tionchar
acu ar Éirinn



Basil Geoghegan
Cathaoirleach
27 Márta, 2026



Bliain ina ndeachthas i ngleic le dúshláin agus ina ndearnadh sárú

Is dea-chomhartha é feidhmíocht den scoth do rudaí iontacha atá le teacht.

Fáilte a chur roimh Líon Daoine gan Fásach

Nuair a fheidhmíonn sócmhainn náisiúnta ríthábhachtach go maith, braitear na buntáistí i bhfad agus i ngearr. Dá bhrí sin, táim bródúil as a thuairisciú gur raibh bliain iontach ag Grúpa daa sa bhliain 2025.

D'éirigh níos fearr ná riamh lenár n-aerfoirt shuaitheanta in Éirinn tríd an líon paisinéirí ab airde riamh a mhealladh agus fáilte a chur rompu. Thaisitil 36.4 milliún taistealaí ar an iomlán trí Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus mhéadaigh líon na bpaisinéirí ag Aerfort Chorcaí go 3.5 milliún, arb é sin an líon ab airde riamh agus méadú eisceachtúil bliain ar bhliain. D'fhás Aerfort Idirnáisiúnta an Rí Abdulaziz (KAIA) in Jeddah, san Araib Shádach, a bhainistíonn daa Idirnáisiúnta, go dtí 53.4 milliún paisinéir, an líon ab airde riamh.

Ní hamháin go léirítear leis na héachtaí sin dea-bhail an taisitil idirnáisiúnta, agus an t-éileamh atá air, go hÉirinn agus uaihi, ach leagtar béim leo freisin ar ról ríthábhachtach daa maidir le fás eacnamaíoch, turasóireacht, trádáil agus nascacht a choinneáil ar bun. Agus ní líonta amháin a bhí i gceist leis sin: d'éirigh lenár bhfoirne in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí an fás sin a bhainistiú agus leibhéil níos airde sástachta paisinéirí, feabhas ar cháilíocht na seirbhíse, méadú ar phoncúlacht imeachtaí agus níos mó inbhuanaitheachta inár mbealach a n-oibrímid á dtaifeadadh acu.

D'éirigh go geal linn chomh maith maidir leis an trácht láidir sin a aistriú go feidhmíocht airgeadais den scoth, rud a chruthaíonn na hacmhainní a theastaíonn uainn chun infheistiocht a dhéanamh inár bpleananna uailmhianacha don todhchaí agus dibhinn shuntasach a thabhairt ar ais don Stát.

Ráiteas an Chathaoirligh ar lean

Ag Fás agus ag Leathnú ar Bhealach Inbhuanaithe

Sa bhliain 2025, rinneamar infheistíochtaí straitéiseacha suntasacha i mbonneagar, i dtionscnaimh inbhuanaitheachta agus i gcomhpháirtíochtaí pobail; gníomhaíochtaí lena gcuirfeair bonn faoi rath daa sna blianta atá amach romhainn.

Áiríodh leis sin tionscadail uasghrádaithe spreagúla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, luathaithe ag iasacht mhór ón mBanc Eorpach Infheistíochta agus le cláir forbartha ilbhliantúla ag an dá aerfort chun acmhainn a leathnú agus saoráidí a fheabhsú. Bhaineamar dul chun cinn inbhraite amach freisin maidir lenár ngealltanais TSR, lena n-áirítear ár n-acmhainn a leathnú chun ár bhfuinneamh glas féin a tháirgeadh agus a úsáid agus ár bhflíit feithiclí talún a leictriú agus muid tiomanta d'fhás agus leathnú a cheangal le freagracht chomhshaoil.

Nasctha Níos Fearr Ná Riamh

Le linn na bliana, chinntigh ár n-aerfoirt gur fhás nascacht na hÉireann leis an domhan níos láidre fós.

D'éirigh le hAerfort Bhaile Átha Cliath bealaí nua a fháil agus minicíochtaí eilte a mhéadú ar fud na hEorpa, Mheiriceá Thuaidh agus an Mheánoirthir, rud a neartaigh a ról mar mhol Eorpach ceannródaíoch le haghaidh taisteal idirnáisiúnta. Mar an gcéanna, leathnaigh Aerfort Chorcaí a líonra, trí bhealaí nua a chur ar fáil agus seirbhísí breise a fhógairt don bhliain 2026, lena n-áirítear naisc fheabhsaithe chuig moil mhóra idir ilchríocha.

Scaipeann buntáistí na ngnóthachan nascachta sin amach: chuig poist áitiúla, gnólachtaí agus deiseanna trádála nua, agus chuig an iliomad daoine agus geilleagar a bhraitheann ar an turasoireacht in Éirinn. Is cumasóirí dinimiciúla iad ár n-aerfoirt, a imríonn tionchar ríthábhachtach náisiúnta ionas go mbeidh Éire níos oscailte agus níos iomaíche.

Tá an tiomantas, a neartófar tuilleadh sa bhliain 2025, a dhéanamid do na pobail áitiúla chomh tábhachtach céanna. Sheolamar clár oideachais a thacaíonn le go leor bunskoileanna agus meánskoileanna in aice le hAerfort Bhaile Átha Cliath, agus lean ár gCistí Pobail fadbhunaithe ag cuidiú le tionscadail áitiúla ar fiú na céadta míle Euro i ndeontais iad.

Trí na tionscnaimh sin, ní hamháin go bhfuilimid ag infheistiú i mbonneagar, ach i ndaoine agus i bpobail, rud a chinntíonn go roinnfeair ár rath go forleathan agus go háitiúil.

daa ar an Ardán Domhanda

Síneann ár n-uailmhian níos faide ná bruach na hÉireann freisin. Bhain Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI) fás láidir ioncaim amach trí choincheapa miondíola nuálacha, rud a fheabhsaigh ár gcáil dhomhanda sa mhiondíol taistil tuilleadh.

Ildir an dá linn, thug daa Idirnáisiúnta a phróifíl go dtí an chéad leibhéal eile trí thacaíocht a thabhairt d'oscailt rathúil Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua san Araib Shádach, garsprioc i gceann de na tionscadail turasoireachta is uailmhianáí ar domhan. Go deimhin, tá trí chonradh mhóra aerfoirt ag daa Idirnáisiúnta san Araib Shádach anois, lena n-áirítear oibríochtaí fadtéarmacha ag Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua; bainistiú oibríochtaí tábhachtacha ag Aerfort Idirnáisiúnta an Rí Abdulaziz in Jeddah; agus a saineolas a sholáthar do Chuideachta Aerfort Riyadh. Gineann na fiontair sin sruthanna suntasacha ioncaim agus saineolas eitlíochta na hÉireann ar an ardán domhanda á léiriú acu.

Táimid ag coinneáil súil ar na forbairtí atá ag tarlú sa Mheánoirthear atá ag cruthú imní mhór. Mar ghnó domhanda, tá dlúthmhonatóireacht á dhéanamh againn ar an staid i bhfianaise láithreach dhá chuid dár ngnó – ARI agus daa Idirnáisiúnta – sa réigiún, treoraithe ag ár dtiomantas do shábháilteacht agus d'fholláine ár ndaoine agus ár gcomhpháirtithe i gcónaí.

Dúshlán

Cé gur éirigh go han-mhaith leis an mbliain 2025, ní raibh sí gan dúshlán. Fadhb leanúnach is ea go bhfuil Aerfort Bhaile Átha Cliath ag feidhmiú faoi choinníollacha pleanála atá as dáta; go suntasach, uasteorainn 32 milliún paisinéir bliantúil nach dtagann leis an saol mar atá maidir le riachtanais nascachta atá ag fás in Éirinn. Aithníonn an rialtas an cheist sin agus fáiltímid roimh a ghealltanais an uasteorainn a bhaint trí reachtaíocht a thabhairt isteach sa bhliain 2026. Leis an athchóiriú sin, beidh Aerfort Bhaile Átha Cliath ábalta barr a chumais a bhaint amach, agus beidh ról níos mó fós aige i bhfás náisiúnta, nach

gcuirfidh srianta saorga isteach air. Tá srianta oibríochtúla ar an Rúidbhealach Thuaidh romhainn fós, rud a chuireann srian ar a úsáid iomlán agus éifeachtúil agus a chuireann srian leanúnach ar chumas an Ghrúpa bonneagar atá ann cheana a uasmhéadú.

Ag an am céanna, tá daa ag dul chun cinn go gníomhach lena larratas ar Bhonneagar lena chinntiú go mbeidh an t-aerfort ábalta freastal ar éileamh amach anseo. Cé go gcuirimid fáilte roimh ghealltanais an Rialtais maidir le hathchóiriú ar an reachtaíocht, nílimid ag fanacht go n-athrófar an dlí chun na bearta riachtanacha a dhéanamh chun acmhainn Aerfort Bhaile Átha Cliath amach anseo a chinntiú.

Bhain saincheist dheacair eile sa bhliain 2025 lenár n-iar-Phríomhfheidhmeannach. Le linn na bliana, tháinig cúrsaí chun cinn ar fhéach an Bord lena n-imscrúdú leis an iar-Phríomhfheidhmeannach as dualgas le pá nuair a bhí an próiseas sin ar siúl. Bhí caingeann Ard-Chúirte de thoradh air sin, a réitíodh ar deireadh agus d'éirigh an t-iar-Phríomhfheidhmeannach as a ról go deonach ina dhiaidh sin. Toisc go raibh an t-ábhar sin ina chuid de phróiseas dlíthiúil agus go bhfuil a réiteach faoi réir comhaontú rúndachta, tá srian orm maidir leis an méid is féidir liom a rá, ach ba mhaith liom an t-ábhar a admháil go hoscailte. Tuigeann an Bord an tionchar a bhí aige sin, go háirithe ar ár bhfostaithe, agus ba mhaith leis aitheantas a thabhairt don chuidiú suntasach a thugann an fhoireann bainistíochta agus an fhoireann ar fad le rath oibríochtúil agus tráchtála daa. Mar an gcéanna, tá an Bord tiomanta go daingean dár gcroíphrionsabail agus dár gcroíluchanna a chosaint, agus oibriú sábháilte, gairmiúil agus éifeachtúil ár ngnó á chinntiú i gcónaí.

Tuilleann Rath Buíochas

Ar leithligh, ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil leis na comhaltaí Boird atá ag imeacht a chuir chomh mór sin leis an rialachas láidir atá ag daa agus lenár bhfeachtas chun luachanna cultúrtha nua-aimseartha agus dínit agus meas fríthpháirteach san ionad oibre a leanúint.

Le linn na bliana 2025 agus thús na bliana 2026, d'fhágamar slán le Ray Gammell, Denis Smyth, Marie Joyce, Karen

Morton, Peter Cross agus James Kelly. Gabhaim buíochas le gach duine acu as a gcuidiú machnamhach, scileanna agus blianta seirbhíse. Bhí ról tábhachtach ag gach duine acu inár bplé agus inár maoirseacht. Ag an am céanna, tá áthas orm fáilte a chur roimh ár Stiúrthóirí nua, Darren Kelly agus Kevin O'Connell, a tháinig isteach sa Bhord le déanaí. Táimid ag tnúth lena ndearcthaí úra agus muid ag leanúint lenár rialachas a neartú agus ár straitéis a chur i bhfeidhm.

Mar fhocal scoir, agus an rud is tábhachtaí fós, ba mhaith liom buíochas a ghabháil lenár ndaoine go léir ar fud Ghrúpa daa, in Éirinn agus ar fud an domhain, as a ndúthracht agus a n-obair chrua ollmhór. Ní thagann na héachtaí is fearr riamh ach trí bheith ábalta brúnna suntasacha a sheasamh, agus thug siad aghaidh ar gach dúshlán le tiomantas, seasmhacht agus cuspóir gan stad gan staonadh.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil freisin leis na daoine uile nach bhféadfaimis feidhmiú murach iad: na milliúin paisinéir fóillíochta agus gnó dár gcuid atá ag fás; ár gcustaiméirí aerlíne dílse agus fiontraíochta; ár gcomhpháirtithe gnó agus soláthraithe; agus ár bpobail máguaird as a dtacaíocht agus a gcomhoibriú leanúnach le linn na bliana.

Is mar gheall ar an iarracht chomhchoiteann a rinne ár bhfoireann agus ár bpáirtithe leasmhara a bhí 2025 chomh rathúil sin agus muid ag féachaint chun cinn, tá daa breá ábalta níos mó fós a dhéanamh chun Éire a choinneáil ceangailte agus iomaíoch ar an ardán domhanda. Tógfaimid ar na boinn a leagadh síos sa bhliain 2025, rachaimid ar aghaidh go diongbháilte agus comhlíonfaimid ár gcumas mar innill rathúnais don náisiún.

Basil Geoghegan

Cathaoirleach
27 Márta, 2026



Bliain shuntasach *gan aon amhras*

Sa bhliain 2025, thug gach ceann dár bpríomh-mhéadrachtaí an toradh céanna: tá daa ag feidhmiú go maith do phaisinéirí, d'aerlínte, do mhiondíol agus d'aerfoirt idirnáisiúnta araon.

An trácht agus cáilíocht seirbhíse ab fhearr riamh

Bhí an bhliain ba ghnóthaí riamh ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí sa bhliain 2025, ag láimhseáil 36.4 milliún agus 3.5 milliún paisinéir faoi seach. Léirigh siad freisin a n-acmhainn chun fáilte a chur roimh an líon ba mhó daoine riamh agus feidhmíocht oibríochtúil láidir á soláthar acu. Tháinig feabhas go 71% in Aerfort Bhaile Átha Cliath ar imeachtaí in am agus shroich sástacht na bpaisinéirí na leibhéil ab airde riamh, rud a léiríonn eispéireas taistil iontaofa, ardchaighdeán.

Leathnú acmhainne agus bonneagair

Chuir an Grúpa a phríomhthionscadail chun a acmhainn a leathnú chun cinn. Fuaireamar cead pleanála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcomhair síneadh ar Bhealach 1 i gCríochfort 1, agus chuireamar tuilleadh oibreacha forbartha i ngníomh fiú agus coinníollacha pleanála fadtéarmacha fós faoi athbhreithniú. Sheol Aerfort Chorcaí clár forbartha caipitil dar luach €200 milliún, lena gcuirtear tús le hidirurláir agus limistéir slándála nua a thógáil chun an acmhainn phróiseála a dhúbailt, chomh maith le córais bhagáiste a uasghrádú agus bonneagar páirceála agus fuinnimh a chur ar fáil.

Gnóthachain éifeachtúlachta oibríochtúla

Chuireamar tionscnaimh athléimneachta agus éifeachtúlachta i bhfeidhm sa dá aerfort: chuidigh cláir chothabhála leathnaithe le cur isteach neamhbheartaithe a laghdú; feabhsaíodh freagairt teagmhas fíor-ama le samhail nua d'Ionad Oibríochtaí Aerfoirt; agus a bhuí le pleananna oibríochtaí geimhrídh feabhsaithe, tacaíthe ag trealamh nua, feabhsaíodh ár n-ullmhacht do dhúshláin aimsire fuaire. Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath leas iomlán as scagadh slándála den chéad ghlúin eile, agus 98% de na paisinéirí ag dul tríd an limistéar slándála i níos lú ná 20 nóiméad anois.

Buaicphointí gnó domhanda

Chuidigh gnólachtaí idirnáisiúnta daa go mór agus próifíl an Ghrúpa thar lear á hardú acu. Bhain Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI) fás láidir ioncaim amach agus thug sé coincheapa nuálacha miondíola isteach ar fud a oibríochtaí domhanda saor ó dhleacht. Chomóir daa Idirnáisiúnta garspríoc trí thacú le hoscailt Aerfort Idirnáisiúnta nua na Mara Rua san Araib Shádach. Bainistíonn sé oibríochtaí nó tugann sé comhairle ina leith freisin ag trí príomhaerfort i Ríocht na hAraibe Sádaí, rud a léiríonn saineolas eitlíochta na hÉireann ar fud an domhain.



Athbhreithniú oibríochtúil ar lean



Aerfort Bhaile Átha Cliath – ag baint an lín ab airde paisinéirí riamh amach trí oibríochtaí feabhsaithe

Is pléisiúir i gcónaí an líon is airde paisinéirí riamh a roinnt – go háirithe nuair a chuireann cáilíocht bonn faoin gcainníocht.

Sa bhliain 2025, cheiliúir Aerfort Bhaile Átha Cliath a chomórachd 85úbliain, thaifead sé an tréchur bliantúil ab airde riamh, ag fáiltiú roimh 36.4 milliún paisinéir (méadú 5% ar an mbliain 2024).

Chomh tábhachtach céanna, d'fhreastalaíomar ar an méadú suntasach sin le caighdeán seirbhíse daingne, lena n-áirítear:

- 98% de phaisinéirí a chur tríd an limistéar slándála i níos lú ná 20 nóiméad, agus a bhfiúntas á dtaispeáint ag na scanóirí slándála C3 den scoth ar infheistiomar iontu.
- Méadú breise a bhaint amach ar fheidhmíocht in am don cheathrú bliain as a chéile. D'imigh 71% de na himeachtaí uile de réir sceidil (méadú 3 phointe céatadáin i gcomparáid leis an mbliain 2024), agus bhí poncúlacht 85% ann maidir leis an gcéad sruthú d'eitilt na maidine.
- Na leibhéil sástachta paisinéirí ab airde riamh a bhaint amach i suirbhéanna neamhspleácha, rud a léiríonn cáilíocht agus fuinneamh ár gcomhghleacaithe, agus ár bhfócas gan

stad gan staonadh ar iontaofacht, oiliúint agus seirbhís do chustaiméirí.

- 215 lá ar iomlán lenar bhain níos mó ná 100,000 paisinéir a éascú, arb é sin 59% den bhliain agus méadú 25% i gcomparáid le 2024.

Bhí roinnt tionscnamh dírithe le linn na bliana ar oibríochtaí inbhuanaithe, ar bhonneagar feabhsaithe agus ar eispéireas na bpaisinéirí. Rinne an fhoireann dul chun cinn tábhachtach maidir le gealltanais TSR i mBaile Átha Cliath, ag fiosrú imharthanacht fuinnimh gheoiteirmigh ar an láthair agus ag leathnú giniúint grianfhuinnimh an aerfoirt. Faoin mbliain 2030, táimid ag díriú ar ghrianfhuinneamh chun freastal ar 20% de riachtanais fuinnimh iomlána Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chuireamar freisin le leictriú ár bhfeithiclí talún, agus tá an flít os cionn 60% ag feidhmiú go leictreach anois, rud a laghdaíonn astaíochtaí, truaileáin agus costais oibriúcháin.

Sna críochfoirt, chuireamar bunathrú trí bliana i gcrích ar an tairiscint bia agus deochanna agus baineanais paisinéirí sult anois as breise de bhreis agus 40 bialann agus caifé, le hionaid nua ar nós Supermac's, Pret A Manger agus an teach tábhairne Éireannach, Ryan's, mar aon leis na hionaid áitiúla is ansa a osclaíodh le linn na bliana.

Chuireamar tús le huasghráduithe móra ar shaoráidí toglainne an aerfoirt freisin. Dúnadh an phríomhtholglann, Tolglann T1, ag deireadh na bliana 2025 lena athchóiriú ar luach na milliúin Euro lena méadófar a hacmhainn faoi dhó. Tá sé beartaithe go ndéanfar í a athoscail san Earrach 2026. Cuireadh 1,000 suíochán nua breise ar fáil i limistéir gheataí agus i gcriosanna scíthe eile chun feabhas a chur ar an gcompond don líon paisinéirí is mó riamh a bhfuil fáilte á cur againn rompu.

Léirítear leis na feabhsuithe sin, mar aon leis na scanóirí slándála úrnua a luadh thuas, an meascán de chompond agus den teicneolaíocht riachtanach a chuireann go díreach le heispéireas dearfach paisinéirí, fiú ag buaic-amanna tráchta.

I gcomhthéacs an éilimh mhéadaithe sin, agus chun freastal ar fhás amach anseo, chuireamar sraith tionscadail leathnaithe acmhainne chun cinn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn na bliana 2025. Go suntasach, fuair eamar cead pleanála chun Bealach 1 i gCríochfort 1 a leathnú, rud a réitigh an bealach do gheataí bordála agus seastáin aerárthaí breise.

Go deimhin, choinníomar móiminteam chlár forbartha an aerfoirt trí obair dheartha mhionsonraithe a ghníomhachtú agus trí thógáil a éascú sna chéad chéimeanna eile den leathnú, fiú agus muid ag fanacht le soiléiríúí fadtéarmach maidir le coinníollacha pleanála áirithe a bhaineann leis na tionscadail sin. Nuair a bheidh na tionscnaimh sin curtha i gcrích go hiomlán, tacaíthe ag maoiniú seachtrach, neartófar athléimneacht agus acmhainn an aerfoirt.

Aerfort Chorcaí – Fás agus Infheistiocht Láidir

Dhaingnigh Aerfort Chorcaí a stádas tuilleadh mar an dara haerfort is gnóthaí in Éirinn leis an bhfeidhmíocht ab fhearr riamh sa bhliain 2025.

Mhéadaigh an trácht paisinéirí go 3.5 milliún (méadú 13% ar an mbliain 2024), rud a léiríonn an bhliain ba ghnóthaí ag an aerfort ó osclaíodh é sa bhliain 1961. Ba é sin trí bliana as a chéile d'fhás dhá fhigiúir agus chuir sé le hardú foriomlán 67% ar thrácht le deich mbliana anuas.

Tugadh an onóir d'Aerfort Chorcaí mar “Europe's Best Airport Under 5 Million Passengers” ag gradaim ACI Europe sa bhliain 2025, lenar tugadh aitheantas dá sheirbhís chairdiúil do chustaiméirí, dá eispéireas éifeachtach paisinéirí, dá thionscnaimh inbhuanaitheachta nuálacha agus dá fheidhmíocht oibríochtúil láidir.

Choinnigh an t-aerfort sástacht ard custaiméirí agus oibríochtaí poncúla, ag soláthar imeachtaí in am go seasta dá chomhpháirtithe aerlíne.

Agus ní raibh ann sin ach an tús. Faoi dheireadh na bliana 2025, bhí garspíocanna feabhsúcháin suntasacha bainte amach ag Aerfort Chorcaí:

- Cuireadh córas láimhseála bagáiste as míosúr den scoth i bhfeidhm, rud a chuíchóirigh próiseáil an bhagáiste.
- Fuair eamar cead pleanála le haghaidh 700 spás páirceála fadtéarmaí nua chun freastal ar an éileamh atá ag fás.
- Sa bhliain 2025, seoladh clár forbartha capítail dar luach €200 milliún, agus tá an obair thógála faoi lánseol anois ar idirurlár nua agus ar shaoráid scagtha slándála lárnach ardleibhéil lena méadófar an acmhainn phróiseála.
- Sheol an t-aerfort plean freisin chun an carrchlós grianfhuinnimh is mó in Éirinn a shuiteáil. Meastar go soláthróidh an réimse ollmhór painéal gréine sin, a chlúdaíonn carrchlós Holiday Blue, suas le 20% de riachtanais leictreachais an aerfoirt faoi cheann i bhfad.

Leis na hinfeistiúochtaí sin, déanfar bonneagar Chorcaí a nuachóiriú agus a ullmhú don todhcháil, rud a chinnteoidh go mbeidh sé ábalta cúig mhíliúin paisinéir in aghaidh na bliana a láimhseáil. Beidh ról lárnach ag nascacht maidir leis an bhfás sin ar líon na bpaisinéirí a spreagadh agus sa bhliain 2025, d'oibrigh an fhoireann ag Aerfort Chorcaí go dian chun líonra bealaí agus saoráidí an aerfoirt a fhorbairt.

Chuir Aerfort Chorcaí cúig bhealach nua inmhianaithe ar fáil le linn na bliana le seirbhísí go Bilbao, Bordeaux, Izmir, Prág agus Ginéive, rud a leathnaíonn a chlúdach do phaisinéirí ar fud Dheisceart na hÉireann. Chuidigh sé sin le fás láidir tráchta a spreagadh agus beidh bealaí nua breise sa chéad scéideal eile.



Athbhreithniú oibríochtúil ar lean

Ó thaobh oibríochta de, bhain Aerfort Chorcaí leas as na tionscnaimh chéanna ar fud an Ghrúpa agus ar bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath leas chun athléimneacht agus sábháilteacht a fheabhsú, idir uasghráduithe cothabhála agus trealamh nua ullmhachta don gheimhreadh. Le fócas an lucht bainistíochta ar oibríochtaí éifeachtúla agus ar sheirbhís do chustaiméirí, baineadh torthaí inbhraite amach: Bhí scóir sástachta paisinéirí Chorcaí fós ard, bhí na hamanna scuaine íosta, agus bhí feidhmíocht den scoth ag aerlínte maidir le tráthúlacht.

Athléimneacht Oibríochtúil a Neartú

Ar fud aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon, chuir daa tionscnaimh spriocdhírthe i bhfeidhm sa bhliain 2025 chun an athléimneacht agus an éifeachtúlacht oibríochtúil a neartú.

Áiríodh leo sin:

- Cláir chothabhála thaobh an aeir agus críochfoirt a leathnú chun bristeacha trealamh neamhbheartaithe nó iamh-aga saoráidí a ioslaghú, rud a lagdaíonn an baol go dtarlóidh cuir isteach.
- Samhail oibríocháin nua d'Ionad Oibríochtaí Aerfoirt a chur i bhfeidhm i mBaile Átha Cliath, rud a fheabhsóidh comhordú fíor-ama, feachtas staide agus freagairt do theagmhais i bhfeidhmeanna uile an aerfoirt. A bhfuil leis an gcur chuige láraithe sin, éascaítear cinnteoireacht níos tapúla agus bainistíocht imeachtaí níos réamhghníomhaí.
- Cumas oibríochtúil geimhridh a fheabhsú ag an dá aerfort trí infheistíocht a dhéanamh i dtrealamh glanta sneachta agus dí-oghrithe den ghluin nua, agus trí phrótacail a nuashonrú. Mar gheall air sin, tá an dá aerfort réidh go maith do dhrochairsir an gheimhridh, agus tá siad ábalta líon mór paisinéirí a láimhseáil le cur isteach teoranta.

Aer Rianta Idirnáisiúnta – Feidhmíocht Mhiondíola

Gintear méid suntasach d'ioncam daa i bhfad ó Bhaile Átha Cliath nó ó Chorcaigh.

Sholáthair fochuideachta miondíola taistil daa, Aer Rianta Idirnáisiúnta (ARI), feidhmíocht láidir sa bhliain 2025. Thaifead sé fás díolacháin dhá fhiúir ina chuid oibríochtaí miondíola domhanda saor ó dhleacht agus taistil, de réir mar a lean an trácht paisinéirí domhanda ag méadú. Bhí an rath sin á spreagadh le coincheapa miondíola agus nuálaíochtaí nua i siopaí aerfoirt ARI freisin, rud a spreagann rannpháirtíocht custaiméirí níos mó agus caiteachas níos airde.

Áiríodh ar smaointeoireacht úr ARI athchóirithe siopaí a bhuaigh duaiseanna ar fud a líonra Saor ó Dhleacht sa Phortaingéil, agus Ionaid Saor ó Dhleacht Edmonton i gCeanada, chomh maith le haonaid mhiondíola breise a oscailt i gCríochfort 2 d'Aerfort Tivat i Montainéagró agus in Aerfort Idirnáisiúnta Chathair Québec. Ní hamháin gur chuir a bhfócas ar fhorghníomhú cruthaitheach agus ar bharr feabhais miondíola borradh faoi dhíolacháin, ach neartaigh sé cáil daa as eispéirí mhiondíola den scoth a chur ar fáil ar an ardán domhanda. Clúdaíonn oibríochtaí ARI 13 thír, agus sa bhliain 2025 lean sé le fás a bhaint amach ina phríomh-mhargáil go léir. Lena chuid gníomhaíochtaí, cuireadh éagsúlú suntasach ioncaim ar fáil agus thacaigh siad le sláinte airgeadais fhoriomlán an Ghrúpa.

daa Idirnáisiúnta – Leathnú agus Saineolas Domhanda

Ar an ardán domhanda freisin, chuaigh daa Idirnáisiúnta, brainse bainistíochta agus comhairleachta aerfoirt idirnáisiúnta an Ghrúpa, ó neart go neart sa bhliain 2025 le rath maidir le garspriocanna mórtionscail thar lear.

San Araib Shádach, thacaigh sé lena chomhpháirtí Red Sea Global chun foirgneamh an phríomhchríochfoirt a oscailt ag aerfort nua Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua, ceann de na forbairtí turasóireachta só is uaimhianá ar domhan. Ba éacht suntasach é sin don fhoireann. Lean daa Idirnáisiúnta ag soláthar de réir na gcaighdeán is airde freisin ina thrí chonradh fhadtéarmacha aerfoirt san Araib Shádach.

Chomh maith le hoibríochtaí agus cothabháil a bhainistiú ag Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua, lean an Chuideachta lena conradh le Cuideachta Aerfort Jeddah (JEDCO) chun príomhoibríochtaí, saoráidí agus gníomhaíochtaí tráchtála a bhainistiú ag Aerfort Idirnáisiúnta an Rí Abdulaziz in Jeddah. Chuir sé saíneolas teicniúil agus seirbhísí comhairleacha ar fáil do Chuideachta Aerfort Riyadh freisin, a oibríonn aerfoirt Riyadh. Chomh maith le hioncam suntasach, léirítear leis an rannpháirtíocht idirnáisiúnta sin saíneolas bainistíochta eitlíochta na hÉireann i réimse domhanda atá thar a bheith iomaíoch.

Lasmuigh den Mheánoirthear, chuir daa Idirnáisiúnta seirbhísí comhairliúcháin agus oiliúna ar fáil d'aerfoirt i réigiúin amhail réigiún an Aigéin Chiúin agus na hÁise agus réigiún Meiriceá Thuaidh (lena n-áirítear tionscail sna hOileáin Philipíneacha, san Astráil, i Vítnam agus i gCeanada), rud a leathnaigh a lorg domhanda tuilleadh.

Mar an gcéanna le tionchar ARI ar fud an domhain, feabhsaíodh próifíl dhomhanda an Ghrúpa le rath daa Idirnáisiúnta freisin. Le linn an ama sin, choinnigh sé fócas láidir ar shábháilteacht, seirbhís agus barr feabhais oibríochtúil ar bun, agus i réimse leathan timpeallachtaí oibríocháin.

Mar achoimre, ba bhliain í 2025 inar soláthraíodh oibríochtaí eisceachtúla do daa. Bhain aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon an líon paisinéirí ba mhó riamh amach agus spriocanna feidhmíochta á gcomhlíonadh nó á sárú acu maidir le héifeachtúlacht, sábháilteacht agus seirbhís do chustaiméirí. Chuireamar tionscail chaipitil shuntasacha chun cinn, rud a leag an bonn síos d'fhás amach anseo agus feabhsuithe ar inbhuanaitheacht agus ar athléimneacht á leabú inár n-oibríochtaí. Leanann daa le nascacht domhanda agus fás eacnamaíoch na hÉireann a fheabhsú, faoi stiúir príonsabail rialachais dhochta agus fíthréarmach lena dtugtar tús áite do leas an náisiúin.





Peter Dunne
Príomhoifigeach
Airgeadais an Ghrúpa
27 Márta, 2026

Is é an trácht is mó riamh agus fócas paisinéirí a spreagann ár bhfeidhmíocht don bhliain 2025

“Mar gheall ar an líon paisinéirí ba mhó riamh inár n-aerfoirt, mar aon le feabhas ar chaighdeán na seirbhíse dár gcustaiméirí, cuireadh le toradh airgeadais láidir eile don Ghrúpa sa bhliain 2025. Sholáthraíomar an láimhdeachas, TRÚCDA¹ agus an ghiniúint airgid ba mhó riamh ar fud an Ghrúpa.”

Tá feidhmíocht airgeadais bainte amach ag an nGrúpa, le láimhdeachas agus TRÚCDA² méadaithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2025. Cuireann sé sin leis na torthaí ab fhearr riamh a baineadh amach sa bhliain 2023 agus sa bhliain 2024 agus tacaíonn sé lenár bpleananna infheistíochta leanúnacha maidir le caighdeán fheabhsaithe acmhainne agus seirbhíse amach anseo a sholáthar inár n-oibríochtaí intíre agus idirnáisiúnta araon.

Tháinig laghdú €6 mhiliún (2%) ar bhrabús an Ghrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla agus gluaiseachtaí luacha chóir agus tháinig méaduithe ar an láimhdeachas agus TRÚCDA a ghin an Grúpa ónár ngníomhaíochtaí intíre agus idirnáisiúnta arna bhfritháireamh le laghdú ar ús a fuarthas go príomha mar gheall ar rátaí úis taisce níos ísle agus ar mhéadú ar an muirear dímhéasa i ndiaidh infheistíocht chaipitil leanúnach le roinnt blianta anuas.

Le linn na bliana, chuir an Grúpa mórthionscaddail chun cinn chun feabhas a chur ar eispéireas na bpaisinéirí agus chun athléimneacht oibríochtúil a mhéadú ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon, agus caitheadh €272 milliún² (glan ó dheontais a fuarthas) ar an gclár caipitil leanúnach sin. A bhui leis an mbrabúsacht leanúnach a bhain an Grúpa amach, is féidir leis an mBord díbhinn €66 milliún a mholadh do stát na hÉireann i leith na bliana airgeadais 2025. Beidh díbhinní carnacha de €165 milliún arna n-íoc leis an Stát ó 2024 i leith mar thoradh air sin.

Torthaí 2025

B'ionann líon comhlán na bpaisinéirí eitlíochta³ ag aerfoirt daa na hÉireann agus 39.9 milliún (2024: 37.7 milliún). B'ionann láimhdeachas an Ghrúpa agus €1,181 milliún, méadú €70 milliún i gcomparáid le €1,111 milliún sa bhliain 2024.

1. Cuimsítear in TRÚCDA tuilleamh an Ghrúpa roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh roimh mhíreanna eisceachtúla ó ghníomhaíochtaí an Ghrúpa, seachas ranníocaíochtaí ó ghnóthais chomhlachaithe agus comhfhiontair.
2. Tá an infheistíocht comhdhéanta de bhreiseanna sreabhaid airgid le sócmhainní seasta inláimhsithe agus sócmhainní doláimhsithe glan ó dheontais atá aitheanta.
3. Áirítear leis sin paisinéirí aistrithe, idirthurais, neamhsceidealaithe agus paisinéirí eile.

Athbhreithniú Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa ar lean

Cé gur tháinig méadú 6% ar an láimhdeachas mar thoradh ar an líon paisinéirí ab airde sin, chuaigh an infheistíocht mhéadaithe i gcaiteachas oibríochtaí chun athléimneacht agus eispéireas an chustaiméara a fheabhsú i bhfeidhm ar ár gcorrlach TRÚCDA trína laghdú go 34% (2024: 36%). Mar thoradh air sin, tháinig méadú 2% ar TRÚCDA² go €401 milliún, agus sciar an Ghrúpa de bhrabús i ndiaidh cánach agus roimh chostais eisceachtúla de €218 milliún.

Cuimsíodh sa láimhdeachas a gineadh ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag aerfort Chorcaí táillí aerloingseoireachta a gearradh, miondíol díreach agus díolacháin tráchtála, amhail páirceáil, fruilíú carranna agus gníomhaíochtaí eile.

Lean ár ngnó idirnáisiúnta le tairbhe a bhaint freisin as méadú ar leibhéil tráchta paisinéirí agus gníomhaíochta le linn na bliana, agus tháinig méadú 8% ar an láimhdeachas go €282 milliún (2024: €262 milliún).

Bhí TRÚCDA² ag an nGrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla de €401 milliún i gcomparáid le €395 milliún sa bhliain 2024.

Tháinig méadú 9% go €780 milliún (2024: €716 milliún) ar chostais³ oibríocháin an Ghrúpa roimh mhíreanna eisceachtúla.

Tháinig méadú 9% go €537 milliún (2024: €491 milliún) ar na costais³ aerfoirt intíre, rud a bhí spreagtha den chuid is mó ag ár bhfócas méadaithe ar athléimneacht oibríochtaí agus seirbhísí do chustaiméirí, chomh maith le láimhseáil na leibhéal paisinéirí ba mhó riamh in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.

Mar thoradh air sin, ghin an Grúpa brabús i ndiaidh cánach agus roimh mhíreanna eisceachtúla de €231 milliún, laghdú 2% i gcomparáid le brabús 2024 de €236 milliún. I ndiaidh míreanna eisceachtúla, ba é €230 milliún (2024: €247 milliún) brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach.

Áirítear le míreanna eisceachtúla laghdú ar luach cóir dar luach €1 milliún ar réadmhaoin infheistíochta, féach Nóta 5 de na ráitis airgeadais.

Táimid ag moladh díbhinn de €66 milliún i leith na bliana airgeadais 2025 (2024: €68 milliún, a íocadh sa bhliain 2025 i leith thorthaí airgeadais na bliana 2024).

Aonaid Ghnó

Thaifead gníomhaíochtaí aerloingseoireachta agus tráchtála ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag aerfort Chorcaí TRÚCDA² de €363 milliún sa bhliain 2025 (2024: €357 milliún). Lean an Grúpa lena thairiscint tráchtála do phaisinéirí ag an dá aerfort a fhorbairt agus a leathnú, rud a mhéadaigh ioncam. Cuidíodh leis sin le hathfhorbairt mhór ar shaoráidí toglainne an aerfoirt, chomh maith le críochnú rathúil cláir trí bliana lenar bunathraíodh an réimse bia agus deochanna in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chonaiceamar freisin gur lean díolacháin mhiondíola intíre ag baint tairbhe as an líon paisinéirí ab airde

riamh a bhí ag dul trínár gcríochoirt, mar aon le tairiscintí táirgí feabhsaithe inár siopaí.

Mar an gcéanna, tháinig méadú ar bhrabús ARI, fochuideachta miondíola taistil an Ghrúpa a bhfuil leasanna aici i 27 aerfort ar fud 13 thír ó €42 milliún sa bhliain 2025, méadú ó €36 milliún sa bhliain 2024. Áirítear leis sin sciar €21 milliún den bhrabús ó chomhlachais agus ó chomhfhiontair (2024: €27 milliún) agus leibhéil gníomhaíochta láidre feicthe ar fud ár bhfiontar díolacháin miondíola idirnáisiúnta.

Idir an dá linn, bhain daa Idirnáisiúnta fás airgeadais measartha amach sa bhliain 2025, agus an láimhdeachas ag méadú faoi 7% go €47 milliún (2024: €44 milliún). Cé gur bhain an gnólacht rath suntasach amach i ngarspíocanna móra ina chuid oibríochtaí go léir, bhí tionchar diúltach air mar gheall ar chaillteanas ráta malairte a bhain le conarthaí san Araib Shádach, atá ainmnithe in airgeadraí áitiúla.

Líon iomlán na bpaisinéirí¹

39.9m +6%

2024: 37.7m

Láimhdeachas an Ghrúpa

€1,181m +6%

2024: €1,111m

Costais oibríocháin an Ghrúpa³

€780m +9%

2024: €716m

TRÚCDA Grúpa²

€401m +2%

2024: €395m

Brabús an Ghrúpa i ndiaidh cánach – roimh mhíreanna eisceachtúla agus gluaiseachtaí cóirluacha

€231m -2%

2024: €236m

Glan-insreabhadh airgid ó gníomhaíochtaí oibríocháin

€369m 0%

2024: €363m

Corrlach TRÚCDA²

34% -2%

2024: 36%

Díbhinn

€66m -3%

2024: €68m

Láimhdeachas iomlán a bhaineann le haerfort intíre

+6%

2025: €900m
2024: €849m

Ioncam aerloingseoireachta

+4%

2025: €356m
2024: €343m

Ioncam ó mhiondíol díreach agus lamháiltais mhiondíola/lónadóireachta

+9%

2025: €289m
2024: €265m

Ioncaim ó gníomhaíochtaí tráchtála eile

+6%

2025: €255m
2024: €241m

- Áirítear leis paisinéirí aistrithe, idirthurais, neamhsceidealaithe agus paisinéirí nach mbaineann leis na críochoirt.
- Cuimsítear in TRÚCDA tuilleamh an Ghrúpa roimh ús, cáin, dímhéas agus amúchadh roimh mhíreanna eisceachtúla ó gníomhaíochtaí an Ghrúpa, seachas ranniocáíochtaí ó ghnóthais chomhlachaithe agus comhfhiontair.
- Áirítear le costais oibríocháin costais earraí lena n-athdhíol, costais phárolla agus costais ghaolmhara, agus costais ábhar agus seirbhísí.



Athbhreithniú Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa ar lean

Cáin

D'aithin an Grúpa táille cánachais €40 milliún i ndiaidh míreanna eisceachtúla don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2025, i gcomparáid le €50 milliún sa bhliain 2024. Laghdaigh ráta éifeachtach cánach foriomlán an Ghrúpa go 15% (2024: 17%). Tá dhá phríomhthoisic taobh thiar den laghdú sin go príomha: laghdú ar ioncam atá faoi réir rátaí cánach níos airde agus méadú ar líontais chaipitil, a fheidhmíonn chun brabúis bhreise a chosaint.

Amhail sa bhliain 2024, is é an muirear cánach reatha de €39 milliún (2024: €44 milliún) an chomhpháirt is mó den mhuirear cánach.

Infheistíocht

B'ionann sreabhadh airgid maidir le hinfeistíocht chaipitiúil (glan ó dheontais a fuarthas) don bhliain 2025 agus €272 milliún (2024: €223 milliún). I measc na bpríomhthionscadal ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, cuireadh oibreacha i gcrích ar 12 sheastán bhreise aerárthaí (Naprún Aerfoirt 5H) agus soláthraíodh an chéad ghlúin eile den réiteach scagtha slándála C3 ar fud an aerfoirt.

I measc infheistíochtaí eile sa bhliain 2025 bhí:

- Dámhadh an conradh le haghaidh Fobhealach Feithicil nua ar an Naprún Aerfoirt Thiar ag Aerfort Bhaile Átha Cliath le linn na bliana, agus cuireadh tús le hoibreacha

cumasúcháin chun an príomhthionscadal sábháilteachta sin a chur i gcrích.

- I measc na dtionscadal eile a bhí ar siúl ag deireadh na bliana, bhí leathnú agus athchóiriú dhá tholglann feidhmiúcháin; bonneagar luchtaithe feithicil leictreacha le haghaidh seirbhís tointeála bus; agus leathnú an limistéir slándála chuig limistéir idirurláir in aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon.
- Ba é tionscadal Idirurláir Aerfort Chorcaí an chéad tionscadal mór a tosaíodh mar chuid den chlár infheistíochta ilbhliantúil €200 milliún chun tacú le fás paisinéirí go cúig mhíilliún paisinéir in aghaidh na bliana ag an aerfort is mó fás in Éirinn.
- Ag deireadh na bliana, b'ionann na gealltanais chaipitil ar fud an dá aerfort agus €872 milliún, a raibh €372 milliún de sin conraithe, agus baineann sé den chuid is mó le tionscadail Fhobhealach Naprún Aerfoirt Thiar Aerfort Bhaile Átha Cliath, leathnú bóthair tacsáí an Naprún Aerfoirt Theas agus tionscadail nuachóirithe slándála ag an dá aerfort.

Staid Airgid Thirim agus Glanfiachas

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí €903 milliún (2024: €900 milliún) d'airgead tirim agus coibhéis airgid thirim ag an nGrúpa.

Laghdaigh an glanfiachas ag deireadh na bliana go €640 milliún (2024: €685 milliún), rud a léiríonn giniúint láidir airgid gnó sa bhliain.

Maoiniú agus Leachtacht

I mí Iúil 2025, shinigh an Grúpa saoráid creatiasachta €288 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun roinnt tionscadail inbhuanaithe ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhaoiniú i bpáirt. Is féidir an tsaoráid sin a tharraingt anuas thar thréimhse trí bliana faoi réir critéir áirithe a chomhlíonadh. Ag deireadh na bliana 2025, bhí thart ar €86 milliún ar fáil lena tharraingt anuas ar an mbonn seo.

I Ráithe 4, 2025, chuireamar tús le hathmhaoiniú shaoráid chreidmheasa rothlaigh ("RCF") neamhtharraingthe an Ghrúpa dar luach €450 milliún chun a haibíocht a shíneadh ó mhí an Mhárta 2027 go dtí mí an Mhárta 2031. Críochnaíodh an próiseas go rathúil i mí an Mhárta 2026.

Bhí leachtacht de €1,439 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig, 2025. Cuimsíodh leis sin airgead tirim dar luach €903 milliún, an €450 milliún RCF geallta neamhtharraingthe agus an iasacht €288 milliún neamhtharraingthe ón BEI (tá €86 milliún geallta faoi láthair), rud a chuir leachtacht láidir ar fáil don Ghrúpa chun a oibleagáidí amach anseo a chomhlíonadh.

Tá rátáil A/A-1 ar ionchas "Cobhsaí" fós ag an nGrúpa de réir na gníomhaireachta rátála creidmheasa, S&P Global Ratings.

Dearcadh

Agus an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag an gcorraíl sa Mheánoirthear ar ár ngnó faoi láthair á n-admháil againn, táimid ag dul isteach sa bhliain 2026 le muinín, agus réamh-mheasaimid fás láidir leanúnach ar líon na bpaisinéirí le linn na bliana, tuilleadh dul chun cinn tráchtála ar fud ár ngnólaicthe intíre agus idirnáisiúnta, agus infheistíocht leanúnach i bhforbairt aerpháirceanna agus críochfort, oibríochtaí inbhuanaithe agus eispéreas custaiméirí. Agus conair rialála shoiléir ag teacht chun cinn agus staid leachtachta láidir ann, tá an Grúpa breá ábalta tacú le riachtanas na hÉireann nascacht a choinneáil, chomh maith le fás ár ngnólaicthe idirnáisiúnta agus luach fadtéarmach a bhaint amach don Stát.


Sonraí paisinéirí

	Baile Átha Cliath	Corcaigh
Paisinéirí Trí na Críochfoirt	34,956,778	3,465,921
Paisinéirí a Nascadh	1,190,413	–
Paisinéirí nach mbaineann leis na Críochfoirt	284,043	–
Líon Iomlán na bPaisinéirí¹	36,431,234	3,465,921
Líon na nEitiltí	255,587	49,271

Saoráidí fiachais an ghrúpa atá ann cheana

Ionstraim	Aibíocht	Méid atá fós le hioc
Eorabhanna	Meitheamh 2028	€550m
Eorabhanna	Samhain 2032	€500m
Áiseanna an BEI	Amúchadh go dtí an bhliain 2040	€484m
RCF (€450m)	Márta 2031	€Neamhní (neamhtharraingthe)
Saoráid €288m BEI	Amúchadh 14 bliana nó cnap-aisíocaíocht 7 mbliana ó tharraingt anuas	€Neamhní (neamhtharraingthe)

Aibíocht Fiachais Grúpa Reatha



1. Áirítear leis paisinéirí aistrithe, idirthurais, neamhsceidealaithe agus paisinéirí nach mbaineann leis na críochfoirt.

Athbhreithniú Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa ar lean

Tá an dúshlán is suntasaí atá romhainn fós mar an gcéanna: a chinntiú go bhfuil an acmhainn ag Aerfort Bhaile Átha Cliath chun freastal ar an éileamh atá ag méadú ó thaistealaithe fóillíochta agus gnó a bhraitheann ar thairseach náisiúnta an Stáit. Dá bhrí sin, leanfaimid le bheith páirteach sa phróiseas pleanála lena bhfaomhfar an bonneagar is gá chun freastal ar an éileamh atá ag méadú ó phaisinéirí sna blianta atá amach romhainn.

Peter Dunne
Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa
27 Márta, 2026

Ciste Bainistíocht an Chist

Oibríonn an Grúpa feidhm ciste láraithe i gcomhréir le beartais arna bhfaomhadh ag an mBord. Déanann an lucht bainistíochta agus an tlniúchadh Inmheánach iad sin a athbhreithniú ar bhonn tréimhsiúil maidir le hoiriúnacht agus lena chinntiú go bhfuil an córas rialaithe inmheánaigh éifeachtach.

Baineann príomhríoscaí airgeadais an Ghrúpa, a bhainistítear ó pheispictíocht cistíochta, le:

- leachtacht – leachtacht dhóthanach a chur i bhfeidhm chun freastal ar riachtanais an Ghrúpa;
- cistiú – rochtain a choinneáil ar mhargaí fiachais agus foinsí eile airgeadais;

- gluaiseachtaí ar an ráta úis ar riachtanais reatha agus ar thuartha fiachais an Ghrúpa amach anseo;
- luaineacht in airgeadra eachtrach a eascraíonn as oibríochtaí thar lear go príomha; agus
- riosca i leith creidmheasa contrapháirtí.

Is féidir cuid de na rioscaí sin a mhaolú trí ionstraimí airgeadais díorthacha a úsáid. Nuair is infheidhme, forghníomhaítear na hionstraimí sin i gcomhréir le Sonraíocht an Aire Airgeadais a eisíodh faoin Acht um Idirbhearta Airgeadais Cuideachtaí Áirithe agus Comhlachtaí Eile, 1992. Údaraítear an Grúpa san Acht sin conarthaí díorthacha a dhéanamh chun riosca i leith cailteanais a dhíbirt nó a laghdú a eascraíonn as athruithe ar rátaí úis, airgeadra nó tosca eile atá den chineál céanna.

Airgead tirim a gineadh ó oibríúcháin

	2025 €m	2024 €m
TRÚCDA	401	395
Coigeartú le haghaidh míreanna neamhairgid	2	4
Cáin íochta	(44)	(44)
Méadú ar an stoc	–	(4)
Laghdú ar fhéichiúnaithe	4	4
Méadú ar líon na gcreidiúnaithe agus eile	6	8
Glan-insreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibríúcháin	369	363

Leachtacht	<ul style="list-style-type: none"> Cinntiún beartas an Ghrúpa go bhfuil a dhóthain leachtachta ar fáil aige chun freastal ar a dhlíteanais nuair a bhíonn siad dlíte. Déantar amhlaidh trína chinntiú go bhfuil foinsí leachtachta cothrom, ar a laghad, le 1.5 uair nó níos mó ná na húsáidí airgid thirim don chéad 12 mhí atá le teacht agus go mbeidh siad ábalta déileáil le teagmhais ardtionchair, iseadóchúlachta gan gá le hriad a athmhaoiniú. Mar thoradh ar ghníomhaíochtaí maoinithe, bhí leachtacht de €1,439 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2025. Cuimsíodh leis sin airgead tirim dar luach €903 milliún, an €450 milliún RCF geallta neamhtharraingthe agus an iasacht €288 milliún neamhtharraingthe ón BEI (tá €86 milliún geallta faoi láthair), rud a chuir leachtacht láidir ar fáil don Ghrúpa chun a oibleagáidí amach anseo a chomhlíonadh. B'ionann gealltanais chaipitiúla a conraíodh amhail an 31 Nollaig, 2025 agus €372 milliún, agus rinne na Stiúrthóirí €500 milliún eile a údarú, ach níor conraíodh iad.
Maoiniú	<ul style="list-style-type: none"> Baineann tábhacht straitéiseach le hoibríochtaí maoiniúcháin an Ghrúpa agus tacaíonn siad le caiteachas caipitiúil, athmhaoiniú fiachais atá ag aibiú agus leachtacht leordhóthanach a sholáthar. Tugaimid tús áite i gcónaí do rátáil chreidmheasa de ghráid infheistíochta láidir a choinneáil, agus dhíríomar ar mhaoiniú aibíochta níos faide ó mhargaí caipitil agus ó BEI. Is é beartas maoiniúcháin an Ghrúpa soláthar comhsheasmhach de mhaoiniú tiomanta ar leibhéal an Ghrúpa ar chostas réasúnach a chinntiú, chun na riachtanais a bhfuiltear ag súil leo maidir le maoiniú a chomhlíonadh, ag cur san áireamh an tréimhse a chumhdaítear leis an bplean gnó fadtéarmach agus chun solúbthacht a sholáthar maidir le heachtraí eile gan choinne. B'ionann an ghíaráil agus 26% ag deireadh na bliana, laghdú ó 29% sa bhliain 2024. Taispeántar an ráiteas mionsonraithe ar shreabhadh airgid ar leathanach 78 agus tá sé tacaíthe le Nótaí 25 agus 26 de na ráitis airgeadais. Taispeántar le próifíl aibíochta fiachais an Ghrúpa staid aisiocáíochta an-soláimhsithe; ní bheidh aon aisiocáíocht shuntasach ann go dtí mí an Mheithimh 2028 nuair a thiofáidh an Eorabhanna €550 milliún chun aibíochta. Féach tábla aibíochta fiachais an Ghrúpa ar leathanach 16.
Ráta úis	<ul style="list-style-type: none"> Is é beartas an Ghrúpa cóimheas íosta seasta 70% a choimeád maidir le fiachas reatha d'fhonn an cuntas brabúis agus cailteanais agus sreafaí airgid thirim a chosaint ar dhrochghluaiseachtaí ábhartha ar rátaí úis. Amhail an 31 Nollaig, 2025, bhí 100% (2024: 99%) d'fhiachas an Ghrúpa socraithe ag aibíocht, mar sin d'íoslaghdaigh sin neamhchosaint ar luaineacht an ráta úis. B'ionann an meánráta úis ualaithe a bhaineann le hiasachtaí an Ghrúpa agus 1.4% fós (2024: 1.5%).
Malairt eachtrach	<ul style="list-style-type: none"> Gineann oibríochtaí atá ainmnithe in Euro an chuid is mó de shreabhadh airgid thirim an Ghrúpa ag aerfoirt na hÉireann. Tá roinnt focuideachtaí, comhfhiontair agus gnóthais chomhlachaithe thar lear ag an nGrúpa, óna n-ainmnítear díbhinní agus táillí bainistíochta in airgeadraí eachtracha. Is é beartas an Ghrúpa riosca idirbhearta airgeadra a íoslaghú trí iarracht a dhéanamh, nuair is cuí, neamhchosaint idirbhearta malairte eachtraí a fháil, trí fhálú nádúrtha agus díorthaigh airgeadra amhail conarthaí réamhcheannaigh a úsáid. Ní fhálaíonn an Grúpa riosca athraithe a thagann ó bhrabúis agus glansócmaínní na bhfocuideachtaí, na gcomhfhiontair agus na ngnóthas comhlachaithe thar lear.
Creidmheas contrapháirtí	<ul style="list-style-type: none"> Tá riosca i leith chreidmheas contrapháirtí an Ghrúpa comhdhéanta go príomha d'fhéichiúnaithe trádála agus taiscí bainc. Is é an beartas atá aige neamhchosaint ar chontrapháirtithe a theorannú bunaithe ar mheasúnú riosca creidmheasa agus neamhchosaint chreidmheasa réamh-mheasta. Tá nósanna imeachta foirmeálta ag an nGrúpa chun riosca creidmheasa a bhainistiú, lena n-áirítear teorainneacha creidmheasa a shocrú, monatóireacht a dhéanamh ar fhéichiúnaithe trádála agus leibhéil taisce bainc. Is é beartas an Ghrúpa farasbair airgid thirim a chur i dtaisce le bainc agus rátáil chreidmheasa chuí ag gabháil leo mar atá rialaithe ag na príomhghníomhaireachtaí rátála creidmheasa.



Ár straitéis

Agus an dara bliain dheireanach dá straitéis chorparáideach críochnaithe ag daa, bhí feidhmíocht láidir ann arís sa bhliain 2025. Ag tógáil ar an dul chun cinn suntasach a baineadh amach cheana féin, lean daa le tionscnaimh thábhachtacha a chur chun cinn sna cúig cholún straitéiseacha, ag coinneáil móimintim agus ag spreagadh torthaí intomhaiste. Bíonn an fócas leanúnach mar bhonn faoi uaillmhian daa fós maidir le fás fadtéarmach agus barr feabhais oibríochtúil.



Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár

Leagtar béim leis an gcolún sin ar thábhacht ár ndaoine mar bhonn daa. Lenár ndiongbháilteacht na daoine is fearr a mhealladh, a choinneáil agus luach saothair a thabhairt dóibh, tá feabhas tagtha ar ár dTairiscint um Luach Fostaithe (EVP), rud a fhágann gur áit den scoth é daa chun slí bheatha shásúil a chruthú. Trí bhunathrú a dhéanamh ar ár seirbhísí AD, féachaimid leis na hacmhainní, na deiseanna agus an tacaíocht a theastaíonn uathu a sholáthar dár bhfoireann chun éacht a dhéanamh agus chun iad féin a fhorbairt. Léirítear lenár dtiomantas don cholún sin ár bhfócas ar thimpeallacht thacúil agus chumhachtach a chothú, agus ár ndaoine a choinneáil i gcróílár ár ratha.



Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár

Ag daa tá uaillmhian gan stad againn agus féachaimid le feabhas leanúnach a dhéanamh. Trí bheith ag breathnú, ag éisteacht agus ag foghlaim, tá an iarracht seo againne ina hiarracht leanúnach chun saol nua a thabhairt isteach inár moil thaistil. Is mian linn go n-éireoidh ár n-aerfoirt níos bríomhaire i gcónaí agus go mbeidh siad ina bpléisiúr le húsáid, agus tús áite á thabhairt i gcónaí do shábháilteacht agus d'fholláine gach uile dhuine.

Tá sé mar intinn againn dul ar thús cadhnaíochta mar nuálaí digiteach san earnáil aerfoirt agus teicneolaíocht agus nuálaíocht á dhaingniú i ngach gné d'eispéireas an phaisinéara. Leagann ár straitéis béim chomh maith ar an tábhacht a bhaineann le hioncaim tráchtála a éagsúlú agus a mhéadú, bunú airgeadais ár n-aerfort a neartú agus turas foriomlán ár bpaisinéirí a fheabhsú.



Athbhunaigh, Beachtaigh, Athshamhlaigh ár nAerfoirt

Díríonn daa ar ár n-inniúlachtaí digiteacha agus sonraí a fheabhsú chun tacú lenár bhfís maidir le dul chun cinn agus nuálaíocht. Táimid ag ullmhú freisin d'infheistíocht mhór i bhforbairt Aerfort Bhaile Átha Cliath agus tá clár forbartha caipitil dar luach €200 milliún tosaithe againn ag Aerfort Chorcaí, atá dírithe ar a bhonneagar agus a sheirbhísí a fheabhsú chun freastal ar éilimh amach anseo. Táimid tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar dhúshlán phleanála ar bhealach cúramach agus beacht, agus conair shoiléir maidir le fás fadtéarmach inbhuanaithe a chinntiú. Táimid tiomanta d'aghaidh a thabhairt ar dhúshlán phleanála ar bhealach cúramach agus beacht, agus conair shoiléir maidir le fás fadtéarmach inbhuanaithe a chinntiú.



Tóg don Todhchaí

Tá clár oibre daa Idirnáisiúnta an-soiléir: leanúint ar aghaidh feabhas a sholáthar ar fud ár bpríomhchonarthaí agus ár rath le déanaí a threisiú chun ár lorg a leathnú go príomhmar. Leagann an piléar seo béim ar ár dtiomantas d'acmhainní straitéiseacha a chur ar fáil lena chinntiú go bhfuil an cumas agus an saineolas againn ár láithreach a chothú agus a fhás ar an ardán domhanda. Díríonn ARI, ár speisialtóir miondíola domhanda, ar fheabhas leanúnach a chur ar ár dtairiscintí miondíola chun freastal ar riachtanais agus roghanna athraitheacha na dtomhaltóirí. Táimid fós tiomanta do chur lenár bpunann conarthaí reatha agus tabhairt faoi dheiseanna nua go gníomhach chun fás a chur chun cinn. Tá ról ríthábhachtach ag straitéis dhigiteach ARI maidir leis na spriocanna sin a bhaint amach.



Soláthar de réir ár nUaillmhianta Inbhuanaithe

Léiríonn an colún seo ár dtiomantas daingean maidir le hinbhuanaitheacht a reáchtáil, faoi threoir na bprionsabal láidir TSR agus na sprice luaite atá againn astaíochtaí carbóin neodracha a bhaint amach agus deireadh a chur le dramháil.

Chun na spriocanna seo a bhaint amach, táimid tiomanta do na hacmhainní agus na hinfeistíochtaí atá ag teastáil chun ár dtionscnaimh a chur chun cinn a dhaingniú. Táimid fós an-tiomanta do thacú le pobail áitiúla, cur le Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe na NA (SFInna), tacú le cearta an duine, agus folláine gach páirtí leasmhar a chur chun cinn. Tríd an gcolún seo, tá sé ar intinn againn ról lárnach a bheith againn maidir le todhchaí níos inbhuanaithe agus níos cothroime a chruthú.

Straitéis i ngníomh



Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár

Ag tacú lenár ndaoine trí gharspriocanna an tsaoil

Sa bhliain 2025, thug daa sraith beartas agus acmhainní isteach chun tacú le fostaithe trí chéimeanna tábhachtacha saoil. Ag coinneáil lenár Straitéis TSR, neartaigh sé sin ár dtiomantas do chultúr oibre atá fréamhaithe san éagsúlacht, sa chothromas agus sa chuimsiú.



Chuireamar tacaíochtaí éagsúla i bhfeidhm d'fhostaithe le linn na bliana mar chuid dár gcur chuige 'tús áite do theaghlach', agus muid ag aithint go bhfuil cultúr oibre tacúil de dhíth ar gach duine le linn tréimhsí a bhíonn dian ón taobh fisiceach agus mothúchánach de.

Le linn na bliana:

- **Sheolamar Beartas um Shaoire Cóireála Torthúlachta mar aon le Treoir Faisnéise um Thacaíochtaí Cóireála Torthúlachta.** Go tábhachtach, dhearamar na tionscnaimh sin le cuidiú ó fhostaithe a fuair cóireáil torthúlachta iad féin. Cinntíodh leis sin go bhfuil an beartas bunaithe ar chuidiú le riachtanais agus dúshláin an tsaoil mhóir. Cuimsítear gach inscne, agus aithnítear go mbíonn tionchar ag aistear torthúlachta ní hamháin ar an othar ach ar a p(h)áirtithe. Leis an mbeartas, cuirtear suas le deich lá saoire íoctha ar fáil d'fhostaithe atá ag dul faoi chóireáil ghníomhach torthúlachta, rud a thugann am dóibh le haghaidh coinní leighis nach féidir a sceidealú lasmuigh d'uaireanta oibre.
- **Rinneamar ár mBeartas maidir le Saoire Uchtála a nuashonrú chun Saoire Mháthairionadaíochta a chur san áireamh.** Cinntítear leis sin go bhfaighidh baill foirne a chuireann fáilte roimh leanbh trí mháthairionadaíocht an tacaíocht chéanna is a fhaigheann aon tuismitheoir eile, rud atá ag teacht lenár dtiomantas do chúnamh cothrom teaghlach a sholáthar.

- **D'fhoilsíomar Lámhleabhar maidir le Saoire Mháithreachais.** Cuirtear treoir shimplí agus phraiticiúil ar fáil ann maidir leis na céimeanna éagsúla atá i gceist agus na tacaíochtaí atá ar fáil d'fhostaithe roimh shaoire mháithreachais. Clúdaítear ann freisin laethanta saoire breise éagsúla atá ar fáil agus ullmhú chun filleadh ar an obair.
- **Thugamar isteach Treoir nua maidir leis an Meanapás san Ionad Oibre.** Tá sé mar aidhm leis sin tuiscint agus idirphlé oscailte maidir leis an meanapás a chothú, rud a chuideoidh le bainisteoirí agus le comhghleacaithe araon tacú le duine ar bith a bhfuil siomptóim orthu. Cuimsítear sa treoir Seiceálaí Siomptóm Meanapáis, rud a spreagann fostaithe chun monatóireacht a dhéanamh ar a bhfolláine agus cuidiú a iarraidh nuair is gá. D'oibrigh daa le comhpháirtithe freisin chun sraith seimineáir idirghníomhacha ar líne a réachtáil do gach foistá. Glacadh go maith leis an treoir bhreise ó na seisiúin sin, agus le chéile, leanfaidh na tacaíochtaí seo go léir ag forbairt agus beidh ról lárnach acu i gclár folláine daa sa bhliain 2026.

Le chéile, léiríonn na tionscnaimh sin iarrachtaí leanúnacha daa ionad oibre a chruthú ina mothóidh a chuid daoine uile go bhfuil sé ar a gcumas déanamh go maith – is cuma cá bhfuil siad ar aistear an tsaoil.



“Ní réiteach amháin é teaghlach a thosú nó leanbh eile a chur leis agus tá tacaíocht an-tábhachtach, go háirithe nuair atá an cosán casta.”

Beartais agus treoracha nua nó feabhsaithe sa bhliain 2025

16



An t-eispéireas bia agus deochanna ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a athrú ó bhonn

Sa bhliain 2025, mar chuid de chur chun feidhme straitéise ilbhliantúil Bia agus Deochanna, d'athshamhlaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath a thairiscint bia agus deochanna, ag tabhairt tús áite don eispéireas custaiméirí, d'éagsúlacht, do cháilíocht, do luach agus d'inhuanaitheacht.

Treoraithe ag an bhfís gur cheart go mbeadh a sáith ite ag na paisinéirí agus go mbeadh siad réidh dá dturas, bheartaíomar eispéireas bia agus deochanna den scoth a chruthú lena léirítear dea-chleachtas agus carachtar áitiúil.

Treoraithe ag an bhfís gur cheart go mbeadh a sáith ite ag na paisinéirí agus go mbeadh siad réidh dá dturas, bheartaíomar eispéireas bia agus deochanna den scoth a chruthú lena léirítear dea-chleachtas agus carachtar áitiúil.

Chomh maith leis an gcáilíocht, bhreathnaíomar ar an gcainníocht: faoi dheireadh na bliana 2025, bhí méadú 25% tagtha ar líon na n-aonad bia agus deochanna, agus spás agus suíocháin bhreise curtha ar fáil chun compord a fheabhsú. Tá meascán níos saibhre de na brandaí áitiúla is fear agus de bhrandaí idirnáisiúnta, roghanna de bhíanna úra, agus oibreoirí níos inhuanaithe ag paisinéirí anois: idir phríomhbhíanna Éireannacha ar nós Butlers Chocolate Café, Camile Thai agus Handsome Burger agus coincheapa bia sráide saincheaptha ar nós Kimbok, a riarann

sicín friochta de chuid na Cóiré, agus BOXX, a thairgeann miasa comhleá na hÁise, Ryans, Teach Tábhairne Traidisiúnta Éireannach nua i gcroílár T2 agus San Marco, Bialann Iodálach lánseirbhíse.

Tá scóir sástachta paisinéirí le bia agus deochanna láidir, rud a léiríonn rath ár gcláir bhunathraithe. Chuir scóir láidre maidir le cuidiúlacht na foirne, glaineacht, luas seirbhíse, infhaighteacht suíochán agus réimse agus suíomh na n-ionad uile leis an treocht dhearfach sin.

Tá ról lárnach ag an mbunathrú maidir le turas na bpaisinéirí a fheabhsú, ag tacú le fás fadtéarmach ag an am céanna. Leagtar síos caighdeán nua leis d'fháilteachas aerfoirt, rud a chinntíonn go mbeidh bia agus deochanna Aerfort Bhaile Átha Cliath ina cheann scribe ina cheart féin mar chuid de gach turas tríd an aerfort.



Méadú

25%

ar aonaid bia agus deochanna

40+

Bialann agus caifé

Fás straitéiseach Aerfort Chorcaí don todhchaí

Tá Aerfort Chorcaí á ullmhú féin do rath fadtéarmach le Plean Forbartha Caipitil cuimsitheach dar luach €200 milliún atá deartha chun tacú le suas le cúig mhilliún paisinéir agus níos mó in aghaidh na bliana.

Leis an bplean sin, cinntítear go n-athróidh bonneagar an aerfoirt i gcomhréir le héileamh na bpaisinéirí agus treochtaí an tionscail.

Cuirfimid an plean sin i gcrích de réir a chéile chun teacht leis an bhfás réamh-mheasta, agus muid ag súil go mbeidh Aerfort Chorcaí ag freastal ar cúig mhilliún paisinéir faoin gcéad deich mbliana eile. I measc na bpríomhthionscadal, tá tógáil idirurláir nua ina bhfuil limistéar scagtha slándála paisinéirí den scoth, siopa nua saor ó dhleacht agus ceann níos mó, forbairt geataí bordála tosaigh, agus bealach nua lena bhfuil plean do níos mó seastáin páirceála aerárthaí.

Tá na hinfeistíochtaí sin deartha chun éifeachtúlacht oibríochtaí, inhuanaitheacht,

sábháilteacht agus slándáil a fheabhsú agus féachaint chuige go seasfaidh fás paisinéirí Aerfort Chorcaí an aimsir.

Tá solúbthacht straitéiseach curtha san áireamh againn sa plean, rud a chuireann ar ár gcumas freagairt d'athruithe ar an éileamh a eascraíonn as dálaí margaidh agus forbairtí geopholaitiúla. Áirítear leis an bplean forbartha freisin uasghráduithe suntasacha ar shaoráidí carrchlóis agus ar shaoráidí críochfoirt, rud a chinntíonn go mbainfidh paisinéirí agus baill foirne araon tairbhe as inrochtaineacht agus compord feabhsaithe.

Le comhoibriú le páirtithe leasmhara agus cuir i gcrích tionscadal de réir a chéile go cúramach, íoslághdófar cur isteach agus cinnteofar go mbeidh an t-aerfort solúbtha agus freagrúil i gcónaí do riachtanais an mhargaidh. Cruthófar níos mó post leis an bplean freisin, éascófar níos mó trádála agus ginfear níos mó turasoireachta. Trí choinneáil chun tosaigh ar an éileamh agus infheistíocht a dhéanamh i mbonneagar nua-aimseartha, inscálaithe, tá Aerfort Chorcaí ag neartú a staide mar phríomhthairseach do Dheisceart na hÉireann agus ag tacú le fás eacnamaíoch sna blianta atá amach romhainn.



Straitéis i ngníomh ar lean



Tóg don Todhchaí

Slándáil a athrú ó bhonn trí rolladh amach scanóir C3

Sa bhliain 2025, chríochnaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath rolladh amach iomlán scanóirí slándála C3 den chéad ghlúin eile ar fud an dá chríochfort, arb é sin garsprioc shuntasach i dtiomantas straitéiseach daa do bharr feabhais oibríochtúil agus don eispéireas paisinéirí.

Ní uasghrádú teicneolaíochta amháin atá in infheistiocht na milliún euro sin; is céim ríthábhachtach í le go seasfaidh an tsándáil an aimsir agus í ag teacht le dea-chleachtas domhanda agus ceanglais rialála.

Le tabhairt isteach na scanóirí C3, tá ceann de na fadhbanna is leanúnaí i gcúrsaí air curtha as an áireamh. Is féidir le paisinéirí leachtanna (agus suas le dhá lítear i dtoirt, go deimhin) agus earraí leictreonaice a choinneáil ina málaí cábáin anois, rud a laghdaíonn amanna scuaine agus a chuireann dlús leis an tréchur freisin. Níos tábhachtaí fós, comhlíonann na scanóirí nua caighdeáin bhraite slándála den scoth, ag baint úsáid as íomháu 3T chun cinn atá inchoimparáide le córais CT leighis, rud a chinntíonn nach gcuirfear sábháilteacht i mbaol.

Leis an tionscnamh sin, comhlánaítear ár gcláir bhunathraitheacha níos leithne atá dírithe ar fhás acmhainne, rud a éascaíonn líon níos mó paisinéirí gan éifeachtúlacht ná sábháilteacht a ghéilleadh.

Léiríonn an úsáid as C3 cur chuige Aerfort Bhaile Átha Cliath: bheith ag éisteacht le paisinéirí, leas a bhaint as nuálaíocht, agus feabhsuithe inbhraite a sholáthar lena bhfeabhsaítear nascacht na hÉireann leis an domhan. Is comhartha soiléir é sin dár dtiomantas do bharr feabhais oibríochtúil agus do dhírú ar an gcustaiméir i dtírdhreach eitlíochta atá ag athrú go mear.



Soláthar de réir ár nUaillmhianta Inbhuanaithe

Aerfort Chorcaí ag cruthú eispéireas taistil tacúil do chách

Leanann Aerfort Chorcaí le scóir sástachta arda a bhaint amach go seasta as cáilíocht a n-eispéireas paisinéirí. Sa bhliain 2025, bhain Aerfort Chorcaí scór sástachta paisinéirí de 4.7 as 5 amach, rud a léiríonn an bhéim leanúnach ar cháilíocht seirbhíse, ar bharr feabhais oibríochtúil agus ar chúram paisinéirí.



Sa bhliain 2025, thóg an t-aerfort ar an mbonn láidir sin trí shraith tionscnamh a thabhairt isteach a raibh sé mar aidhm leo inrochtaineacht agus compord a fheabhsú do gach taistealaí, rud atá ag teacht lenár straitéis TSR.

Bhí príomhfhócas ar inrochtaineacht agus ar chuimsiú. Mar shampla, d'oibrigh an t-aerfort go dlúth le teaghlaigh a bhí ag taisteal le páistí a raibh uathachas orthu, agus chuir sé tacaíocht shaincheaptha ar fáil chun eispéireas suaimhneach compordach san aerfort a chinntiú.

Chomh maith leis sin, chomhoibrigh an t-aerfort le Madraí Treorach do na Daill in Éirinn, chun fáilte a chur roimh mhadraí faoi oiliúint le haghaidh turais taithíochta. Cuidíonn na cuairteanna sin leis na madraí a ullmhú dá ról amach anseo mar chompanáigh shoghluasteachta agus chun bheith ar a gcompord i dtimpeallacht ghnóthach aerfoirt. Bhí Rudy agus Remy i measc na madraí a thug cuairt ar Aerfort Chorcaí sa bhliain 2025. Bhí siad tacaíthe ag foireann atá bródúil as cuidiú leis an obair thábhachtach sin.

Bhí ról lárnach ag Aerfort Chorcaí freisin maidir le tacú le turais speisialta do pháistí a bhfuil riachtanais leighis acu. Sa bhliain 2025, d'éascaigh an t-aerfort turas cuimhneacháin do Chlub Leanai Ospidéal Chathair Chorcaí, nuair a thaisil siad go Disneyland Pháras. Chinntigh an fhoireann oibríochtaí eispéireas gan stró ón tseiceáil isteach go dtí imeacht, agus chomhordaigh ár gcomhghleacaithe san Aonad Cuardaigh Aerfoirt scagadh slándála an ghrúpa. Rinne foireann stáisiún dóiteáin an aerfoirt rud beag speisialta freisin, trí bheannú do na páistí agus na hoibríthe deonacha le soilse gorma ag splancadh taobh amuigh den chríochfort.

Léirítear leo sin tiomantas Aerfort Chorcaí do thimpeallacht fháilteach chuimsitheach a sholáthar, ag tabhairt cuidiú beag breise do paisinéirí a dteastaíonn sé uathu.





daa Idirnáisiúnta agus *Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua*

Chuaigh daa Idirnáisiúnta i gcomhpháirtíocht le Red Sea Global sa bhliain 2020, nuair a ceapadh é chun Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua (RSI) san Araib Shádach a bhainistiú. Léiríonn an comhoibriú sin uailmhian daa fás i margáí idirnáisiúnta agus iad ag tacú le Fís 2030 na hAraibe Sádaí.

Cuimsítear inár seirbhísí oibríochtaí aerpháirceanna agus críochfort, tacaíocht eitlíochta, bainistíocht saoráidí, forbairt tráchtála, chomh maith le bainistíocht chorparáideach agus airgeadais.

Rinne daa Idirnáisiúnta barr feabhais oibríochtúil a spreagadh trí nuálaíocht. Sampla amháin díreach: oiliúint réaltachta fhíorúla (VR) a thabhairt isteach mar chuid den chlár um Ullmhacht Oibríochtúil agus Aistriú Aerfort (ORAT), an chéad cheann sa tionscal san Araib Shádach. Agus é deartha chun srianta rochtana fisiceacha a sháru le linn thógáil an aerfort, chuir an clár tumhach úsáideoirí ar an eolas faoi leagan amach agus nósanna imeachta an aerfort trí eispéiris ionsamhlaithe. Agus dúshlán amháil litearthacht dhigiteach theoranta agus éagsúlacht teangacha á n-aithint aige, reáchtáil daa Idirnáisiúnta ceardlanna réamhoiliúna chun bunghnéithe VR a theagasc agus aghaidh a thabhairt ar ábhair inní maidir le sábháilteacht agus inúsáidteacht.

Tháinig laghdú os cionn 50% ar an am a ghlacann sé chun dul i dtaithe ar an láthair.

Chríochnaigh thart ar 350 rannpháirtí an oiliúint VR roimh an gcúrsa taithíochta fisiceach iarbhrí. A bhí leis sin, rinneadh laghdú níos mó na 50% ar an am a ghlacann sé dul i dtaithe ar an láthair do níos mó ná 300 páirtí leasmhar. Leis an gcur chuige tumhach sin, cuireadh na scileanna ríthábhachtacha ar fáil do pháirtithe leasmhara i sábháilteacht, sreabhadh paisinéirí agus freagairt éigeandála, rud a chinntigh go raibh RSI ullmhaithe le haghaidh seoladh gan stró.

Leis an ullmhacht sin, baineadh torthaí inbhraite amach. I mí na Samhna 2025, chuir RSI fáilte roimh a chéad bhealach díreach Eorpach le beOnd, an chéad aerlíne phréimhe fóillíochta ar domhan, a cheanglaíonn Milano leis an Muir Rua. Leis an ngarspíoc sin, ceanglaítear naisc atá ann cheana le Riyadh, Jeddah, Dubai agus Doha, rud a neartaíonn nascacht dhomhanda na hAraibe Sádaí agus a fhágann gur tairseach é RSI don turasoireacht athghiniúnach.

Tá RSI suite ag daa Idirnáisiúnta mar thagarmharc d'aerfort den chéad ghlúin eile, ag spreagadh nascacht dhomhanda agus ag cur uailmhianta fáis idirnáisiúnta daa chun cinn.



ARI ag feabhsú an mhiondíola aerfort trí eispéiris chultúrtha

I mí na Samhna 2025, thug oibreoir Ionad Saor ó Dhleacht Mhuscat, ARI, an miondíol aerfort go dtí an chéad leibhéal eile trí chomhpháirtíocht a dhéanamh le Amouage, siopa cumhrán só Óman, chun Opus XVI Timber a sheoladh.

Tharla an “t-aistriú aerfort” sin, a mhair mí, i gcomhráth le Lá Náisiúnta Óman, ag athrú Aerfort Idirnáisiúnta Mhuscat go taispeántas bríomhar d’oidhreacht Ómanach agus do shó comhaimseartha.

Chlúdaigh an gníomhachtú turas iomlán an phaisinéara, ó scáileáin fheiceálacha “Bon Voyage” agus bothanna brandáilte ag an tseiceáil isteach, go tob-shiopaí agus léirithe cultúrtha beo ag geataí bordála agus ag an limistéar teacht isteach. Bhain paisinéirí taitneamh as spiorad Óman trí fhéile do na céadfaí: éadaí traidisiúnta iontacha, bia áitiúil blasta, ceol beo álainn ó ealaíontóirí áitiúla, agus eispéireas céadfach de shampláil cumhrán. Leathnaigh rannpháirtíocht dhigiteach an t-eispéireas, leis na meáin shóisialta mhóra, meirgí gréasáin, agus taispeántais dhigiteacha sa siopa.

Go straitéiseach, léirítear leis an tionscnamh sin tiomantas ARI maidir le miondíol aerfort a fhorbairt ó mhiondíol idirbheartaíochta go miondíol eispéireasach agus is cuid thábhachtach é de Thairiscint Luacha do Chustaiméirí ARI. Trí fhéiniúlacht áitiúil a chomhtháthú le dearadh comhaimseartha, rinne ARI Ionad Saor ó Dhleacht Mhuscat a shuí mar eispéireas ina gcuirtear beocht i spiorad Óman, agus é ag freastal ar ionchais arda na dtaistealaithe domhanda.

“Eispéireas a léiríonn spiorad Óman agus é ag freastal ar ionchais na dtaistealaithe domhanda.”



Feidhmíocht de réir ár straitéise

Eochair

● PTF ar an mbóthar ceart/bainte amach

● PTF as marc/i mbaol

● Tuilleadh oibre ag teastáil



Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár

Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí – Foireann (CLnna)

Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí – An bhearna phá idir na hinscní

SAINMHÍNIÚ

Is fostaithe coibhéise lánaimseartha sa chuideachta don bhliain tuairiscithe iad "FTEnna".

Déanann an Bhearna Phá idir na hinscní measúnú ar ghnáth-thuilleamh na mban i gcomparáid le gnáth-thuilleamh na bhfear laistigh d'eagraíocht. Is léiriú é seo chomh maith ar an ndéantar ionadaíocht chothrom d'fhir agus do mhná i ról agus leibhéal éagsúla.

FEIDHMÍOCHT

Sa bhliain 2025, lean líon CL an Ghrúpa ag fás le méadú 10%.

D'fhoilsigh daa a cheathrú Tuarascáil Bhliantúil ar an mBearna Phá idir na hinscní sa bhliain 2025, agus bhaineamar na torthaí is fearr go dtí seo amach. Tá an mheánbhearna phá idir na hinscní agus an bhearna mheánach phá idir na hinscní tite go dtí na leibhéil is ísle riamh ó thosaigh an tuairisciú, ag 6.3% agus 9.5% faoi seach. Tá dhá phríomhthoisic taobh thiar den treocht dhearfach sin: bíonn meántearma oifige níos faide ag mná san eagraíocht anois, agus chuidigh comhaontuithe pá le déanaí maidir le hathrú sealanna agus ragobair le struchtúir phá a athchothromú agus dífriocthaí a laghdú. Sháraigh an bhearna mheánach de 9.5% ár sprioc 12%.

PTF ANNA ●



Athbhunaigh, Beachtaigh, Athshamhlaigh ár nAerfoirt

Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Chorcaí – Páisínéirí

Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí – Scuainí slándála

Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí – Sástacht na bpáisínéirí atá ag imeacht

Aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí – Ioncam

SAINMHÍNIÚ

Léiríonn an méadrach seo líon na bpáisínéirí ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí sa bhliain 2025 i gcomparáid leis an mbliain 2024. Is príomhthosaíocht é dár n-eagraíocht fós nascacht a fheabhsú.

An mheánfeidhmíocht mhiosúil scuaine slándála ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag aerfort Chorcaí i gcomparáid leis an sprioc reatha de níos mó ná 20 nóiméad. Déanann daa a dhícheall eispéireas taistil compordach agus struchtúrtha a chur ar fáil agus na caighdeán is airde comhlíonta slándála á gcoinneáil.

Úsáidimid suirbhéanna páisínéirí ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag aerfort Chorcaí chun rátaí sásaimh páisínéirí a mheas. Leagann daa béim láidir ar an tábhacht a bhaineann le rianú, éisteacht, agus foghlaim, maidir lenár gcinneadh eispéireas dearfach a sholáthar i gcónaí.

An t-ioncam iomlán a ghin aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Tá daa in ann infheistíocht a dhéanamh i dtionscadail bhonneagair agus eispéireas an pháisínéara a fheabhsú de bharr an ioncaim seo.

FEIDHMÍOCHT


D'fhreastail Aerfort Bhaile Átha Cliath ar 36.4 milliún páisínéir sa bhliain 2025, is méadú 5% é sin ar an mbliain 2024, in ainneoin iarrachtaí daa éileamh a mhaolú chun cloí leis an teorainn 32 milliún páisínéir. D'fhreastail Aerfort Chorcaí ar 3.5 milliún páisínéir, sárbhliain eile maidir le trácht idirnáisiúnta agus fás 13% i gcomparáid leis an mbliain 2024.

Maidir le hAerfort Bhaile Átha Cliath, ba é 2025 an chéad bhliain iomlán i ndiaidh COVID-19 gan aon sárú ar na scuainí 30 nóiméad. Léirítear le feidhmíocht láidir Chorcaí tiomantas soiléir an aerfoirt do thuras réidh, cairdiúil agus éifeachtach.

D'éirigh go maith le haerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí araon sa bhliain 2025. Bhain aerfort Bhaile Átha Cliath torthaí den scoth amach maidir le cúirtéis agus cuidiú fhoireann an aerfoirt. Choinnigh Aerfort Chorcaí scóir thar a bheith ard, agus chuir sé tús rathúil leis an bPlean Forbartha Caipitil ag an am céanna. Chonacthas feabhas suntasach ar scóir glaineachta an aerfoirt agus na leithreas araon.

Ghin Aerfort Bhaile Átha Cliath ioncam de €836 milliún sa bhliain 2025 (2024: €793 milliún) agus ghin Aerfort Chorcaí €64 milliún (2024: €56 milliún).

PTF ANNA ●





Tóg don Todhchaí

Príomhthionscadail – Scanóirí C3

SAINMHÍNIÚ

Rianú a dhéanamh ar dhul chun cinn na dtionscadal bonneagair ollmhór a bhaineann le spriocanna. Is scanóir bagáiste cábáin nuálach é an córas slándála C3 atá rithábhachtach chun ardchaighdeán shlándála a choinneáil agus eispéireas an phaisinéara a fheabhsú. Is é an sprioc don bhliain 2025 scanóirí C3 a rolladh amach go hiomlán in Aerfort Bhaile Átha Cliath.

FEIDHMÍOCHT

Baineadh amach an t-athrú go lánoibrí C3 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath roimh sprioc an daa féin de Dheireadh Fómhair 2025. Rolladh thart 30 scanóir C3 agus scanóirí coirp úrnuua amach in dhá chríochfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.

PTFANNA ●

- 2025: Oibríocht iomlán C3 i mí Mheán Fómhair
- 2024: Bhí 20 scanóir gníomhach i gCríochfort 1 agus Críochfort 2

Iarratas ar bhonneagar

Inár nIarratas ar Bhonneagar chuig Comhairle Contae Fhine Gall, d'iarr daa formheas ar shraith infheistíochtaí móra a cheapar chun tacú le fás a bhfuiltear ag súil leis in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chun freastal ar an éileamh a thuairtar, is gá acmhainneacht a mhéadú go 40 milliún paisinéir in aghaidh na bliana.

Tá breithniú Iarratas ar Bhonneagar daa ag Comhairle Contae Fhine Gall agus ag an Údarás Inniúil um Thorann Aerárthaí (ANCA) araon ag dul isteach sa tríú bliain anois. I mí Iúil 2025, le cinneadh ón gCoimisiún Pleanála (ACP) maidir leis an nGníomh Ábhartha maidir leis an Rúidbhealach Thuaidh (lena gcinntear úsáid oíche chóras an rúidbhealaigh), bhíomar ábalta freagairt d'iarratas ar Fhaisnéis Bhreise ó ANCA maidir leis an Iarratas ar Bhonneagar, a rinneamar i mí na Samhna 2025. Táthar ag súil anois le dréacht-Chinneadh Rialála i ráithe 2 2026 ó ANCA, agus le cinneadh ó Fhine Gall faoi dheireadh na bliana 2026. I gcás ar leithligh, cuireadh moill ar an Iarratas Oibríochtúil 'gan aon tógáil' (ina lorgaítear méadú ar ghníomhaíocht go 36mppa) i ndiaidh Iarratas trom ón údarás pleanála. Measadh gur tarraingíodh siar an t-Iarratas sin ag tús na bliana 2026.



- Sprioc: Freagairt láidir a chur isteach ar Iarratas ANCA ar thuilleadh faisnéise i ndiaidh réiteach a fháil ar thoradh an Ghníomh Ábhartha maidir leis an Rúidbhealach Thuaidh (NRRRA)
- Iarbhír: Cuireadh an freagra isteach i mí na Samhna 2025



Fás ár nGnó Idirnáisiúnta

Fás ioncaim – ARI agus daa Idirnáisiúnta

SAINMHÍNIÚ

Fás ioncaim ARI agus daa Idirnáisiúnta le linn na bliana 2025 i gcomparáid leis an mbliain 2024. Tá neartú an fháis ioncaim mar bhonn faoin bhfuinneamh agus dul chun cinn foriomlán ARI agus daa Idirnáisiúnta.

FEIDHMÍOCHT

Bhain ARI feidhmíocht láidir amach sa bhliain 2025, á spreagadh ag an líon paisinéirí ba mhó riamh sa Chipir agus méideanna paisinéirí ní b'airde mar aon le spás miondiola leathnaithe i Montainéagró. Fritháiríodh na gnóthachain sin i bpáirt leis an laghdú ar ioncam Mheiriceá Thuaidh, rud atá ag teacht le laghdú ar thrácht paisinéirí trasteorann SAM le linn na bliana.


Tháinig fás 5.9% ar ioncam daa Idirnáisiúnta, rud a léiríonn feidhmíocht láidir fhoriomlán in ainneoin roinnt éagsúlachta i measc conarthaí aonair. Bhí an fás spreagtha ag Tionscadal na Mara Rua den chuid ba mhó, i gcás inar cuireadh borradh faoi ghníomhaíocht oibríochta agus chothabhála le hoscailt an phríomhchríochfoirt. Bhí feidhmíocht láidir ag gnó comhairleoireachta na hAraibe Sádáí freisin, agus roinnt príomhshannachán faighte acu a chuir leis an méadú.

PTFANNA ●

ARI



daa Idirnáisiúnta



Tairiscint Luacha do Chustaiméirí (CVP)

Feidhmíocht de réir an sceidil bheartaithe. Tá sé mar aidhm ag tionscnamh CVP ARI a chinntiú go bhfreastalaíonn ár dtairiscintí miondiola ar riachtanais agus ionchais na gcustaiméirí. Dírionn sé ar thionscadail éagsúla a sholáthar, lena n-áirítear rogha táirgí ar a bhfuil margadh maith.

Sa bhliain 2025, chuireamar ár dTairiscint Luacha do Chustaiméirí (CVP 2.0) chun cinn, lenar seoladh an modúl ríomhfhoghlama CVP agus lenar cuireadh chun cinn tionscnaimh faoi stiúir suímh trí phróiseas rialach struchtúrtha. Cruthaíodh an modúl ríomhfhoghlama mar uirlis oideachais lena gcuirtear ar chumas fostaíthe ábharthacht CVP dá ról a thuiscint agus lena dtugtar samplaí sa saol mar atá agus uirlisí praiticiúla dóibh. Ba é ár gcuspóir dhá thionscnamh ar a laghad a chur i bhfeidhm i ngach áit, agus d'éirigh linn san iarracht sin. Tá 65% de na tionscnaimh beo faoi láthair, lena n-áirítear limistéar bronntanas na Portaingéile, glacadh seilbhe rathúil ar Sense-of-Place i Muscat agus stáisiún nua féiníní IS-bhunaithe in Larnaca.



- Sprioc 2025: Seoladh CVP 2.0
- Iarbhír 2025: Seoladh CVP 2.0 go rathúil agus tá 17 dtionscnamh beo ar fud láithreacha ARI



Soláthar de réir ár nUaillmhianta Inbhuanaithe

Carbón

AMBASADÓIRÍ INBHUANAITHEACHTA

Rianaíonn an PTF sin an laghdú ar astaíochtaí carbóin i gcomparáid leis an meán bonnlíne a bunaíodh idir 2016 agus 2018. Tá daa tiomanta dár n-astaíochtaí carbóin bliantúla ag Aerfort Bhaile Átha Cliath a laghdú go 8,763 tCO₂ faoi 2030 agus ag Aerfort Chorcaí go 1,120 tCO₂ faoi 2030.

FEIDHMÍOCHT

Sa bhliain 2025, bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath laghdú ar astaíochtaí carbóin amach trí mheascán de leictreachas in-athnuaite a ghintear ag ár bhfeirm grianfhuinnimh fhótavoltaigh, úsáid HVO in ionad ola le haghaidh téimh agus ár bhflit throm, agus bainistíocht láidir ar úsáid fuinnimh ar feadh na bliana ag ár bhfoireann Bainistíochta Sócmhainní. Is toradh spreagúil é sin d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar go léirítear leis go bhfuilimid ar an mbóthar ceart chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach agus léirítear leis freisin gur féidir fás aerfoirt a bhaint amach in éineacht le laghdúithe carbóin inbhuanaithe.

In ainneoin méadú 13.5% ar thrácht paisinéirí sa bhliain 2025, bhain Aerfort Chorcaí laghdú ar astaíochtaí carbóin amach, tacaíthe ag tionscnaimh amhail an flit feithiclí leictreacha a mhéadú, uasghrádú a dhéanamh ar luchtairí agus caidéal uisce feithiclí leictreacha, triail a bhaint as anad AHU uasghrádaithe, GPUanna feithiclí leictreacha a thabhairt isteach, agus uasghráduithe go soilsiú LED a chur i gcrích.

P T F A N N A ●

Baile Átha Cliath



Corcaigh



Athchúrsáil dramhaíola

Déanann an PTF seo monatóireacht ar fheidhmíocht athchúrsála dramhaíola i gcomparáid le feidhmíocht na bliana roimhe sin. Sa bhliain 2025, ba é sprioc Aerfort Bhaile Átha Cliath ráta athchúrsála 50% a bhaint amach i gcás dramhail oibriúcháin agus ba é 35% an sprioc ag Aerfort Chorcaí. Tá sprioc uaillmhianach leagtha amach ag daa do 2030, is é sin ráta athchúrsála 60% i gcomparáid le bonnlíne 2019.

Trí ghrúpa ciorclaíochta nua tiomnaithe don Aerfort, mhéadaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath na rátaí athchúrsála ó 46% go 51% i mbliana, an leibhéal athchúrsála ab airde riamh ag an Aerfort. Toisc mhór inár rath ba ea díriú ar dheighilt dramhaíola agus athrú meoin i dtreo dramhail a fheiceáil mar acmhainn.

Mhéadaigh Aerfort Chorcaí a ráta athchúrsála ó 32% go 41.7% sa bhliain 2025 trí bhearta amhail burlairí a shuiteáil, dlúthóirí Bigbelly a imscaradh, úsáid ghinearálta dlúthóirí dramhaíola a laghdú, agus ceardlanna spriocdhírthe d'oibreoirí a reáchtáil. Bhain cion eisceachtúil le 13 thona de thralaithe a athchúrsáil.

●

Baile Átha Cliath



Corcaigh



Éifeachtúlacht fuinnimh

Déanann an PTF seo feabhsuithe maidir le héifeachtúlacht fuinnimh a mheas. Tá daa tiomanta d'éifeachtúlacht fuinnimh a fheabhsú faoi 65% faoi 2030, trí úsáid a bhaint as an mbonnlíne 2006-2008 mar thagamharc.

Sa bhliain 2025, d'fheabhsaigh Aerfort Bhaile Átha Cliath a éifeachtúlacht fuinnimh trí roinnt tionscnamh. Mar gheall ar thionscnaimh ina ndírítear ar theas feabhsaithe agus rialuithe fuaraithe, uasghráduithe agus braiteoirí LED, ligtear dúinn úsáid a bhaint as an bhfuinneamh atá ag teastáil uainn chun ár n-aerfort a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla.

Chuir Aerfort Chorcaí roinnt tionscnaimh éifeachtúlachta fuinnimh chun cinn le linn na bliana 2025. In ainneoin méadú ar an éileamh ó phaisinéirí, laghdaigh úsáid fhoriomlán an gháis. Chuir críochnú na dtionscadal mór, lena n-áirítear dúnadh an tSean-Chríochfoirt, uasghráduithe ar an gcóras bainistíochta foirgneamh agus feabhsuithe ar shoilsiú aerpháirceanna, le gnóthachain bhreise éifeachtúlachta.

●

Baile Átha Cliath



Corcaigh



Ambasadóirí Inbhuanaitheachta

Líon na bhfostaithe daa a thacaíonn le tionscnaimh inbhuanaithe ar fud an Ghrúpa. Tá sé mar aidhm leis an gclár tacú le daa chun a chuspóirí comhshaoil a bhaint amach agus an lucht saothair a mhealladh tuilleadh maidir le hinbhuanaitheacht.

Chuir ár gclár Ambasadóirí Inbhuanaitheachta fáilte roimh 28 ball nua i mbliana. Agus daoine ag bogadh ar aghaidh ó róil in daa agus daoine eile ag teacht isteach inár nGrúpa, is féidir le líon ár n-ambasadóirí athrú, ach tá sé tábhachtach go gcoinneoidimid an croighrúpa sin de chomhghleacaithe páiseanta chun tacú lenár ngealltanais inbhuanaitheachta a spreagadh. In ainneoin na n-athruithe sin, chríochnaíomar an bhliain i gcomhréir lenár sprioc 130 ambasadóir a bheith againn. D'oibrigh ár n-ambasadóirí gach lá chun feachtas inbhuanaitheachta a spreagadh agus réimsí feabhsúcháin sa bhliain 2025 a shainaithe, ag díriú ar dhramhail, spásanna glasa agus foinsí fuinnimh eile.

●

- 2025: 130 Ambasadóir Inbhuanaitheachta
- 2024: 102 Ambasadóir Inbhuanaitheachta

* Dréacht-toradh maidir le hastaíochtaí Scóip 1 agus 2, ar fheitheamh bhailíochtú M&T an SEAL.

Cur chuige i leith bainistíocht riosca

Tá ról lárnach ag bainistíocht riosca inár gcinnteoireacht in daa.

Gné dhosheachanta de réachtáil aon ghnó is ea riosca agus tá sé ríthábhachtach do rath daa é a bhainistiú go héifeachtach.


Is próiseas leanúnach monatóireachta é bainistíocht riosca an Ghrúpa chun tosca lena bhféadfaí athruithe díobhálacha a chruthú, bíodh sé laistigh nó lasmuigh den eagraíocht, nó ar leibhéal na bhfiontar agus na n-aonad gnó. Déanann ár bhfoireann measúnú ar an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag rioscaí ar chuspóirí straitéiseacha daa trína dtomhas i gcoinne inghlacthacht riosca shainithe an Ghrúpa.

Cuimsítear leis na rioscaí sin réimse leathan tosca, lena n-áirítear na cinn a bhaineann le cur i bhfeidhm straitéise gnó, gníomhaíochtaí oibríochtúla agus airgeadais, pearsanra, sócmhainní agus clú corparáideach a chosaint, chomh maith le gnéithe a d'fhéadfadh tionchar a imirt ar an éileamh ar ár seirbhísí i measc aerlínte, miondioltóirí, paisinéirí agus trádálaithe. Ina theannta sin, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag dinimic an mhargaidh atá ag athrú i gcónaí ar infheistíocht amach anseo. Chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sin, chothaigh an Grúpa cultúr a dhíríonn ar rialuithe riosca láidre agus ar chinnteoireacht atá feasach ar riosca ar gach leibhéal den eagraíocht.

Tá freagracht iomlán ag an mBord as a chinntiú go bhfuil neamhchosaint an Ghrúpa ag teacht lena chuspóirí straitéiseacha agus go bhfuil sé maolaithe go cúí trínár gcóras rialaithe inmheánaigh. Tá riosca ina mhír sheasta ar an gclár oibre ag gach cruinniú Boird, agus déantar na rioscaí is suntasaí a shainiú agus a chur i láthair. Tugann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca cúnaimh don Bhoird sa mhaoirseacht sin, lena ndéantar athbhreithniú ar oibríochán an phróisis bainistíochta riosca.

Tá an Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca lárnach maidir le bainistíocht riosca daa, a thacaíonn le maoirseacht an Bhoird ar fud an Ghrúpa. Tugann sé cur chuige soiléir, cuimsitheach agus leanúnach, agus sainíonn sé an dóigh a ndéantar rioscaí a aithint, a mheas, a bhainistiú agus a thuairisciú.

Spreagann an creat faireachas freisin, lena bhfuil gach riosca ábhartha faoi réir athbhreithniú rialta agus, más gá, méadú agus measúnú tapa. Tacaíonn clár leathan athbhreithnithe agus ceardlann riosca leis an bpróiseas seo, arna éascú ag an bhFeidhm Lárnach Riosca, a chabhraíonn leis an lucht bainistíochta neamhchosaint ar riosca a rialú go dtí leibhéal inghlactha.



Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Rialachas Riosca agus Freagrachtaí

Tacaíonn daa le bainistíocht riosca trí struchtúr rialachais foirmiúil ar fud an Ghrúpa, lena gcuimsítear an Bord, Coistí an Bhoird, Fóram Rioscaí Feidhmeannaigh, coistí bainistíochta, struchtúir bhainistíochta agus socrúithe tuairiscithe. Tá sraith freagrachtaí leagtha amach go soiléir i ngach ceann acu, mar seo a leanas:

Bord

- Straitéis an Ghrúpa ina iomláine a shocrú, cuspóirí agus spriocanna a fhaomhadh, agus a chinntiú go bhfuil próisis rialachais agus bhainistíochta riosca chuí i bhfeidhm.
- Rioscaí a bhainistiú go réamhghníomhach agus freagracht a ghlacadh as cineál agus fairsinge na bpríomhrioscaí a mheas ina bhfuil an Grúpa ullamh le glacadh, de réir mar a thugann sé faoina chuspóirí straitéiseacha.
- Déanann sé cur síos go soiléir ar inghlachtacht riosca an Ghrúpa, agus trí chultúr, próisis agus struchtúir,

cinntítear go bhfuil bainistíocht riosca leabaithe ar fud na heagraíochta i ngníomhaíochtaí gnó agus i gcinnteoireacht.

Coistí an Bhoird

- Fágann an Bord an fhreagracht as maoirseacht a dhéanamh ar a phríomhrioscaí agus ar a rioscaí atá ag teacht chun cinn faoi choistí an Bhoird, de réir a dtéarmaí tagartha agus a réimsí saineolais faoi seach. Tuairiscíonn Cathaoirligh na gcoistí chuig an mBord ar mhórfhorbairtí agus ar mhór-rudaí a bhfuil níos mó plé agus breithnithe ag teastáil orthu.
- Tá an fhreagracht fhoriomlán ag an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca as a chinntiú go ndéantar rioscaí agus deiseanna fiontraíochta a aithint agus a bhainistiú i gceart thar ceann an Bhoird. Tugann an coiste comhairle don Bhord maidir le breithniú i leith inghlachtacht fhoriomlán rioscaí agus príomhtháscairí riosca don Ghrúpa.

- Déanann an Coiste um Chultúr, Slándáil agus Sábháilteacht maoirseacht ar na córais a dearadh lena chinntiú go bhfeidhmíonn an Grúpa i dtimpeallacht shábháilte agus go gcomhlíonann sé rialacháin slándála. Déanann sé maoirseacht freisin ar chultúr an Ghrúpa, lena n-áirítear cúrsaí folláine na foirne.
- Breithníonn an Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht an inbhuanaitheacht chomh maith le rioscaí agus deiseanna a bhaineann leis an aeráid agus déanann sé monatóireacht ar mheasúnú agus ar phleanáil cásanna.
- Breithníonn an Coiste Airgeadais maoiniú airgeadais agus rioscaí cánachais.
- Breithníonn an Coiste Ainmiúcháin agus Luacha Saothair rioscaí a bhaineann le fostaithe agus pá.

Feidhm Riosca Lárnach


- Soláthraíonn an Príomhoifigeach Rialachais agus Straitéise líne dhíreach go dtí an Bord i mbainistíocht riosca agus cultúr atá feasach ar rioscaí a chur chun cinn sa Ghrúpa.
- Tá an Fheidhm Lárnach Riosca suite laistigh d'oifig an Phríomhoifigigh Rialachais agus Straitéise.
- Tá an Fheidhm Riosca lárnach freagrach as:
 - Tuarascáil rioscaí do na feidhmeannaigh shinsearacha, do Choistí an Bhoird agus don Bhord;
 - Athbhreithnithe riosca agus ceardlanna riosca an aonaid ghnó a threorú agus a thiomsú;
 - Oiliúint, treoir, agus tacaíocht a thabhairt do Chosantóirí Riosca daa;
 - Creat Bainistíochta Riosca a chothabháil don Ghrúpa;
 - Cleachtaí tagarmharcála chun comparáid leis an tírdhreach riosca seachtrach a éascú lena chinntiú go bhfuil príomhrioscaí atá ag teacht chun cinn á ngabháil agus á mbainistiú; agus
 - Cuir le tionchar na teicneolaíochta, chun tuairiscí níos fearr a chumasú agus chun rioscaí agus maoluithe a rianú.

Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

- Freagrach as atmaisféar agus cultúr an chomhlachta a leagan amach.
- Freagrach as próisis éifeachtacha agus chórasacha a chur i bhfeidhm maidir le cinnteoireacht, feidhmíocht a fheabhsú, an gnó a fhorbairt, agus monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí agus iad a aithint, a mhaolú agus a mheas.
- Freagrach don Bhord agus do Choistí an Bhoird as maoirseacht ar an nGrúpa agus as monatóireacht agus bainistíocht a dhéanamh ar rioscaí.
- Freagrach as leibhéal na rialuithe atá i bhfeidhm a aithint, a bhreithniú agus a mheas, a chumasáíonn breithiúnais faoi na leibhéil riosca iarmharacha sa ghnó.

Aonaid Ghnó

- Tá gach leibhéal bainistíochta freagrach as beartais bhainistíochta riosca, próisis agus rialuithe éifeachtacha atá faofa ag an mBord/Feidhmeannach a chur i bhfeidhm.
- Tá gach leibhéal bainistíochta freagrach as foinsí riosca inmheánacha agus seachtracha a aithint agus as breithniú leanúnach a dhéanamh ar bhagairtí reatha agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn ina réimsí gnó féin ina bhfuil siad i mbun bainistithe ar bhonn laethúil.
- Tá an lucht bainistíochta freagrach as rioscaí a thuairisciú laistigh dá réimse gnó féin, as cultúr atá feasach ar rioscaí a chascáidí atá ar aon dul le beartas an Ghrúpa agus as bearta maolaithe cuí a dhéanamh.
- Déanann Cosantóirí Rioscaí i ngach aonad gnó comhordú ar phróisis bainistíochta riosca agus déanann siad eolas ar rioscaí ábhartha a chur in iúl don lucht bainistíochta agus don Fheidhm Lárnach Riosca.
- Tá an fhoireann freagrach as a ról agus a freagrachtaí a thuiscint maidir le hidirbhearta a phróiseáil agus gníomhaíochtaí a dhéanamh agus as rialuithe inmheánacha agus freagairtí eile chun dul i ngleic leis na rioscaí lena mbaineann.
- Tá oibríocht agus éifeachtúlacht na bpróiseas bainistíochta riosca agus rialuithe inmheánacha faoi réir athbhreithnithe tréimhsiúla ag iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha.



Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Múnla agus Cur Chuige Riosca daa Múnla agus Cur Chuige Riosca daa

Feidhmíonn an daa múnla “Trí Líne Chosanta” do bhainistíocht riosca, cur chuige a sholáthraíonn struchtúr trí róil agus freagrachtaí a shainíú i réimsí difriúla agus an gaol eatarthu.

● Aonaid Ghnó


- Aerfort Bhaile Átha Cliath
- Aerfort Chorcaí
- ARI
- daa Idirnáisiúnta
- Feidhmeanna Lárnacha

● Feidhmeanna Maoirseachta

- Feidhm Riosca Lárnach
- Comhlíonadh Sláinte agus Sábháilteachta
- Comhlíonadh Slándála
- Grúpa Airgeadais
- Comhlíonadh Soláthair
- Grúpáarachas
- Árachas Díl
- Comhlíonadh TF

○ Soláthraithe Comhairle agus Árachais Neamhspleácha

- Iniúcháireacht Inmheánach
- Comhairliúchán seachtrach eile nó saíneolas de réir mar is gá



Cur Chuige ó Bharr Anuas ó Bhun Aníos Tugann daa faoin méid seo a leanas:

- Measúnú straitéiseach ón mbarr anuas ar riosca agus inghlachtacht riosca le chéile, rud a chuireann timpeallacht sheachtrach an ghnó agus athruithe ar mhúnla oibríochtúil an ghnó san áireamh, chomh maith le
- Próiseas aitheanta agus tuairiscithe oibríocháin riosca ón mbun aníos. Áirítear leis sin táirgeadh agus athbhreithniú na gclár riosca dár réimsí gnó go léir.

Cur Chuige ó Bharr Anuas

Cuirtear ar chumas an Bhoird agus an bhFoireann Fheidhmiúcháin cinntí riosca-bhunaitheós fearr a dhéanamh

- Maoirseacht éifeachtach ar rioscaí ar fud an fhiontair
- Tuarascáil ar rioscaí don Bhord agus measúnú straitéiseach ar phríomhrioscaí
- Athbhreithnithe riosca fiontair an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca
- Athbhreithniú an Fhóraitm Riosca Feidhmiúcháin ar phríomhrioscaí, rialuithe agus maoluithe straitéiseacha
- Inghlacthacht riosca a bhunú agus a chur in iúl
- Tagarmharcáil sheachtrach ar phríomhrioscaí agus ar rioscaí atá ag teacht chun cinn

- Treoraíonn Feidhmeannaigh na n-aonad gnó ceardlanna riosca a chinntíonn go gcrabhscaoiltear eolas riosca criticiúil straitéiseach agus oibríochtúil ón mbarr anuas agus ón mbun aníos

- Cultúr atá an-fheasach faoi rioscaí laistigh den Ghrúpa
- Sainiúcháin rioscaí agus déantar iad a chur in ord tosaíochta agus a mhaolú trí cheardlanna riosca aonaid gnó, i gcás ina ndéantar rioscaí agus rialuithe a shainiú agus a bhainistiú agus ina ndéantar maoluithe a rianú agus a thuairisciú
- Is iad Cosantóirí Riosca na n-aonad Gnó a stiúirann gníomhaíochtaí bainistíochta riosca, a éascaíonn ceardlanna riosca, a dhéanann cothabháil ar chláir riosca agus a sholáthraíonn an nasc idir an t-aonad gnó agus an Fheidhm Riosca Lárnach
- Déanann aonaid ghnó tuairisciú ar theagmhais riosca agus tugann siad faoi mheasúnuithe agus anailís riosca
- Déantar anailís ar an bpríomhchúis go rialta mar chuid de na ceachtanna a foghlaimíodh, tar éis teagmhais riosca
- Machnamh agus comhiomlánú ar neamhchosaint riosca ar fud an ghnó agus ar théamaí riosca coiteanna
- Cultúr eagraíochta a chuireann labhairt amach agus géarú rioscaí ábhartha chun cinn

Chur Chuige ó Bhun Aníos

Spregann sé bainistíocht riosca láidir ar fud na heagraíochta

Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Inghlacthacht Riosca an Ghrúpa

Is coincheap ilghnéitheach é inghlacthacht riosca, bunaithe ar léargas cuimsitheach ar na príomhspreagthóirí gnó ar fud na heagraíochta. Soláthraítear leis an straitéis chorparáideach, mar atá leagtha amach againn ar leathanach 18, conair chun an gnó a fhás ar bhealach freagrach inbhuanaithe. Déantar rioscaí maidir le soláthar na straitéise sin agus a cuspóirí a ngabháil, a mbreithniú, agus a athbhreithniú ar leibhéal an aonaid ghnó, an Fheidhmeannaigh, Choiste an Bhoird agus an Bhoird de réir mar is cuí.

Déanaimid achoimre thíos ar phróifíl inghlacthachta riosca an Ghrúpa i measc réimsí agus gníomhaíochtaí éagsúla a ghnó:

- Tá an Bord sásta glacadh le leibhéal measartha riosca agus é ag féachaint lena chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach, trí chothromaíocht chúramach a bhaint amach idir príomh-mhéadracha airgeadais.
- Cinntíonn cur chuige cúramach an Bhoird go gcuirtear go leor airgid ar fáil don ghnó chun riachtanais airgid ghearrthearma agus mheántearma a chomhlíonadh. Ní ghlacfaidh daa rioscaí a chuirfeadh a rátáil chreidmheasa de ghrád infheistíochta i mbaol nó a chuirfeadh seasmhacht airgeadais an ghnó i mbaol.
- Tugann an Bord tús áite do shábháilteacht agus do shlándáil paisinéirí, cuairteoirí agus baill foirne agus mar sin, tá a inghlacthacht riosca i réimsí sábháilteachta agus slándála íseal.
- Téann daa i mbun beart le rioscaí eile gnó agus oibríochtúla a aithint agus a bhainistiú. Tá inghlacthacht riosca íseal maidir le gan caighdeán a bhaint amach maidir le córais chriticiúla a choinneáil agus sonraí a chosaint.
- Mar oibrítheoir freagrach, tá inghlacthacht riosca íseal ag daa maidir le sáruithe timpeallachta agus pleanála nó teip spriocanna inbhuanaitheachta a chomhlíonadh.

- Bunaithe ar inghlacthacht riosca íseal i dtaobh neamhchomhlíonadh saincheisteanna rialála, déanann daa iarracht a chinntiú go sásaíonn gníomhaíochtaí comhlíonta ceanglais rialachán ábhartha.

Príomhrioscaí


Déanaimid achoimre thíos ar na príomhréimsí riosca agus éiginnteachta a d'fhéadfadh dul i bhfeidhm go mór ar ghnó an Ghrúpa, ó thaobh airgeadais de nó go hoibríochtúil, chomh maith leis na straitéisí a ghlacfaidh daa chun iad a mhaolú.

Ní achoimre iomlán é seo. Mar a tugadh faoi deara cheana, leanann daa athbhreithniú a dhéanamh ar an tírdhreach riosca athraitheach agus tuairiscí rialta a thabhairt don Bhord maidir le haon athruithe suntasacha sna timpeallachtaí seachtracha agus gnó.

Ceapann daa go mbeidh gach leibhéal bainistíochta eolach faoi fhoinsí riosca inmheánacha agus seachtracha, agus go ndéanfaidh siad athbhreithniú ar bhagairtí reatha agus ar bhagairtí atá ag teacht chun cinn gach lá.

Tá an staid atá ag dul in olcas go mear sa Mheánoirthear ina riosca ábhartha atá ag teacht chun cinn don Ghrúpa. Tugaimid tús áite do shábháilteacht agus d'fholláine ár bhfoirne sa réigiún, agus táimid i dteagmháil leanúnach lena chinntiú go bhfuil na tacaíochtaí atá ag teastáil uathu acu. Ag an am céanna, leis an dúnadh forleathan aerspáis agus an cur isteach tromchúiseach ar príomh-mhoil amhail Abú Daibí, Doha agus Dubai, tá éiginnteacht shuntasach á cruthú maidir le nascacht dhomhanda agus éileamh paisinéirí, agus tá impleachtaí aige sin ar ár gcroíghnó eitlíochta agus ar ár n-oibríochtaí idirnáisiúnta araon. Leanfaimid le measúnú a dhéanamh go gníomhach ar na tionchair shábháilteachta, oibríochtúla agus airgeadais de réir mar a athraíonn an scéal.

Léarscáil Teasa



Dóchúlacht

- 1 Daoine
- 2 Soláthar Oibriúcháin (lena n-áirítear oibríochtaí slándála)
- 3 Airgeadas

- 4 Gnó Idirnáisiúnta
- 5 Infheistíocht Chaipitil agus Pleanáil
- 6 Sábháilteacht, Slándáil agus Comhlíonadh

- 7 Caidreamh le Páirtithe Leasmhara
- 8 Inbhuanaitheacht agus TSR
- 9 Cibearshlándáil
- 10 Eachtraí Seachtracha

Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Eochair Treochtaí Riosca

- ↑ Riosca ag méadú
- Riosca cobhsaí
- ↓ Riosca ag laghdú

Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha

- 👤 Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár
- 🏠 Athbhunaigh, Beachtaigh, Athshamhlaigh ár nAerfoirt

- 👤 Tóg don Todhchaí
- 🌍 Fás ár nGnó Idimáisiúnta
- 👤 Soláthar de réir ár nUaimhianta Inbhuanaithe

Cur síos ar an riosca

Maoluithe

Achoimre

R1 – Daoine

Treocht: ↓

- Cuimsítear foirne ar an líne thosaigh inár lucht oibre a bhfuil réimse scileanna agus inniúlachtaí acu, agus a fhaigheann tacaíocht ó fhoirne lárnacha a thugann sainchúnaimh don ghnó. Oibríonn foirne a bhfuil réimsí éagsúla saineolaí acu inár ngnóilachtaí idimáisiúnta freisin. Chun freastal ar éileamh paisinéirí, ní mór dúinn daoine a earcú i ngach feidhm lena chinntiú go mbeidh go leor acmhainní agus scileanna againn chun freastal ar an éileamh sin. I margadh saothair seachtrach iomaíoch, d'fhéadfadh na deacrachtaí maidir le lucht bainistíochta agus baill foirne a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil cur isteach ar chomhlíonadh ár ngealltanais i leith gníomhaíochtaí oibríochtúla agus tacaíochta. D'fhéadfadh tionchair airgeadais, oibríochtúla agus cháile a bheith aige sin.
- Tá srian fós á chur ag uasteorainn íocaíochta an rialtais ar chumas an Ghrúpa pacáistí iomaíoch a chur ar fáil do róil shinsearach agus speisialtóra, lena mbaineann impleachtaí féideartha le haghaidh pleanáil chomharbais agus cothromas pá níos leithne.
- Tá baol ann freisin go bhféadfadh gníomh tionsclaíoch dul i gcion ar sheirbhísí rithabhachtacha agus srian a chur le hoibríochtaí.

- Bhaineamar amach ár gcuspoirí i leith acmhainní don bhliain, a bhí go príomha lenár straitéisí earcaithe cuimsitheacha agus trínár dTairiscint um Luach Fostaithe (EVP) a neartú go leanúnach. Ba thoisic shuntasach í sin chun gairmithe cumasacha a mhealladh agus a choinneáil. Tá daa tiomanta chun a bheith ina fhostóir de rogha trí dheiseanna gairme sásúla a chur ar fáil agus trí infheistiú ina lucht oibre chun eagraíocht ardfeidhmíochta a fhorbairt.
- Tá tionscnaimh oiliúna chuimsitheacha curtha i bhfeidhm againn lena n-áirítear clár mheantóireachta agus forbartha ceannaireachta.
- Tá tionscnaimh fhairsinge agus éifeachtacha éagsúla i bhfeidhm ag an nGrúpa maidir le rannpháirtíocht, tuiscint agus folláine fostaithe.
- Tá méaduithe ar shocruithe luach saothair do POFanna Comhlachtaí Tráchtála Stáit molta ag Coiste Luach Saothair na bPost Sinsearach agus meastar go mbeidh tionchar dearfach aige sin ar ár gcumas iarrthóirí ardchaighdeán a mhealladh agus a choinneáil i róil shinsearach agus i róil speisialaithe.
- Coinníonn an Grúpa dea-chaidreamh tionsclaíoch lena chomhpháirtithe ceardchumainn agus téann sé i ngleic go réamhghníomhach le saincheisteanna a bhaineann le fostaíocht.

Tosaíochtaí straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta
- An Coiste Ainmiúcháin agus Luach Saothair

R2 – Soláthar Oibríocháin

Treocht: →

- Braitheann soláthar oibríochtaí an Ghrúpa ar thosca iomadúla, lena n-áirítear dóthain acmhainní, bonneagar agus sócmhainní atá seasmhach, agus acmhainneacht tríú páirtithe chun seirbhísí tábhachtacha a sholáthar. Má theipeann ar an nGrúpa oibríocht aontaithe agus láidir a choinneáil agus/nó má bhíonn easpa acmhainneachta ar fud aerlínte agus oibreoirí agus/nó soláthraithe tríú páirtí, féadfaidh sé dul i bhfeidhm go mór ar eispéireas an phaisinéara agus féadfaidh costais mhéadaithe, pionóis airgeadais agus dochar cáile tarlú dá réir.
- Braitheann an Grúpa ar líonra casta sócmhainní tábhachtacha d'oibríocht laethúil na n-aerfort. D'fhéadfadh teip na sócmhainní sin cur isteach ar oibríochtaí an aerfoirt, agus d'fhéadfadh sí cur as do chúrsaí sábháilteachta agus drochthionchar a bheith aici ar eispéireas agus ar mhúinín an phaisinéara.
- D'fhéadfadh moilleanna ar cheadú iarratais pleanála fad a chur le srianta acmhainne, éifeachtúlacht agus sástacht paisinéirí a laghdú agus dochar airgeadais agus cáile a chruthú.
- D'fhéadfadh moilleanna ar cheadú iarratais pleanála fad a chur le srianta acmhainne, éifeachtúlacht agus sástacht paisinéirí a laghdú agus dochar airgeadais agus cáile a chruthú.

- Téann daa i mbun pleanáil agus comhoibriú cuimsitheach le páirtithe seachtracha lena chinntiú go bhfuil oibríochtaí aerfoirt agus miondíola an Ghrúpa go hiomlán ullamh chun éileamh paisinéirí agus aerlíne aron a shásamh.
- Tugann an Grúpa faoi phleanáil chuimsitheach acmhainní laistigh de gach aonad gnó, agus béim ar leith á cur ar earcú i ngach leibhéal chun freastal ar éileamh. Coinníonn daa bonn láidir d'fhoireann oibríochtúil agus slándála, ina bhfuil acmhainní teagmhais ar fáil nuair is gá. Chomh maith leis sin, tá prótacal gearraithe láidir againn chun dul i ngleic le haon fhadhb a d'fhéadfadh teacht chun cinn.
- Coinníonn an Grúpa comhaontuithe leibhéil seirbhísí atá leagtha amach go soiléir maidir le príomhchórais TF agus sócmhainní criticiúla eile, ina sonraítear amanna freagartha agus réitigh le haghaidh teipeanna agus clistí.
- Sonraimid na critéir sheirbhíse atá ag teastáil agus cuirimid bearta feidhmíochta agus PTFanna láidre i bhfeidhm, i gconarthaí tríú páirtí. Déanann an Grúpa monatóireacht leanúnach ar fheidhmíocht tríú páirtí, athbhreithniú leanúnach ar PTFanna, agus teagmháil fhoirmiúil le soláthraithe chun saincheisteanna a thuiscint, aiseolas a thabhairt agus cuspoirí a chomhroinnt.
- Tá bac curtha i bhfeidhm ag an Ard-Chúirt maidir leis an uasteorainn de 32 milliún paisinéir ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá reachtaíocht á cur chun cinn ag an Rialtas chun an uasteorainn sin a bhaint. Cuireadh an t-ábhar faoi bhráid Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh freisin.
- Tá dul chun cinn á dhéanamh ag an nGrúpa maidir le tionscnaimh chaipitil forbartha atá saor ó cheanglais phleanála (m.sh. oibreacha inmheánacha le haghaidh feabhsuithe oibríochtúla).
- Tá pleananna láidre leanúnachais gnó curtha i bhfeidhm againn, dá dtugtar tacaíocht trí athbhreithnithe, tástálacha agus cleachtaí próisis, lena chinntiú gur féidir linn oibríochtaí sábháilte agus iontaofa a choinneáil ar bun fiú i gcás cur isteach gan choinne. Tá ár príomhchórais agus ár bpríomhphróisis athléimneach chun an freagairt is fearr ar eachtraí leanúnachais gnó a chinntiú.

Tosaíochtaí straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta



Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Eochair Treochtaí Riosca

- Riosca ag méadú
- Riosca cobhsaí
- Riosca ag laghdú

Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha

- Ár nDaoinne a Choinneáil sa Chroílár
- Athbhunaigh, Beachtaigh, Athshamhlaigh ár nAerfoirt

- Tóg don Todhchaí
- Fás ár nGnó Idimáisiúnta
- Soláthar de réir ár nUaimhianta Inbhuanaithe

Cur síos ar an riosca

Maoluithe

Achoimre

R3 – Airgeadas

Treocht:

- Bionn tionchar ag coinníollacha seachtracha ar bhrabúsacht an Ghrúpa agus d'fhéadfadh méaduithe suntasacha ar chostais nó laghduithe ar ioncam tionchar a imirt uirthi. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh moilliú ar an ngeilleagar domhanda nó tuairteanna geilleagracha cur isteach ar staid airgeadais an Ghrúpa.
- Tá an choimhlint sa Mheánoirthear ina hábhar imní suntasach. Baineann riosca airgeadais ábhartha le coimhlint fhada sa Mheánoirthear, áit a bhfuil oibríochtaí suntasacha ag an nGrúpa, mar gheall go bhféadfaí cur isteach ar dhálaí trádála, mar gheall ar laghdú ar ghníomhaíocht paisinéirí, agus ar na drochthionchar sin ar ioncam agus ar bhrabúsacht mar thoradh air sin.
- Tá Aerfort Bhaile Átha Cliath faoi rialú eacnamaíoch Údarás Eitíochta na hÉireann (IAA) agus tá sé ag ullmhú le haghaidh cinneadh rialála a rachaidh i bhfeidhm ar infheistíocht agus ar sholáthar seirbhíse amach anseo. D'fhéadfadh toradh rialála fo-optamach maoiniú le haghaidh tionscadail thábhachtacha a theorannú, moill a chur ar fheabhsuithe bonneagair agus cur isteach ar ár gcumas seirbhíse inbhuanaithe, ardchaighdeán a sholáthar do phaisinéirí.
- D'fhéadfadh torthaí pleanála diúltacha a bhaineann leis an uasteorainn Aerfort Bhaile Átha Cliath de 32 milliún paisinéir, agus srianta oibríocháin an Rúidbhealaigh Thuaidh, a bheith ina gcúis le níos lú paisinéirí, lena bhfuil impleachtaí airgeadais.
- Braitheann an Grúpa ar a príomhchustaiméirí aerlíne. D'fhéadfadh aon athrú suntasach ar a chuid straitéisí nó ar a chuid feidhmíochta drochthionchar a imirt ar nascacht, rogha paisinéirí agus fás foriomlán an aerfoirt. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé sin tionchar suntasach a imirt ar bhrabúsacht an Ghrúpa.
- Braitheann cumas an Ghrúpa a chlár caiteachais chaipitil phleanáilte a sholáthar, mar aon le caiteachas caipitil nó oibríocháin neamhphleanáilte ar a bheith in ann maoiniú a fhoinsiú agus a choinneáil ar théarmaí íomchuí. D'fhéadfadh easpa maoinithe moill a chur ar ár gClár Infheistíochta Caipitil, uasghráduithe bonneagair riachtanacha a theorannú, tionchar a imirt ar éifeachtúlacht oibríocháin, agus ar deireadh, tionchar a imirt ar eispéreas na bpaisinéirí agus ar fhás amach anseo.
- D'fhéadfadh aon mheath ábhartha i bpróifíl ghnó an Ghrúpa drochthionchar a imirt ar a rátáil chreidmheasa agus, dá bharr sin, ar infhaighteacht, costas agus solúbthacht maoinithe. Le hathruithe ar an mbeartas Rialtais nó ar an mbeartas rialála, chomh maith le feidhmíocht airgeadais agus oibríochtúil an Ghrúpa agus ionchais don todhchaí, d'fhéadfaí tionchar a imirt ar rátáil chreidmheasa an Ghrúpa freisin.
- Tá an Grúpa neamhchosanta freisin ar rioscaí áirithe airgeadais agus cistíochta, lena n-áirítear rioscaí leachtacha, riosca creidmheasa, riosca ráta úis agus neamhchosaintí airgeadra iasachta.

- Tá daa réamhghníomhach maidir le tionscnaimh sábhála costas agus éifeachtúla a chur i bhfeidhm ar fud an Ghrúpa. Ina theannta sin, baineann an Chuideachta feidhm as straitéisí fálaíthe chun luainithe costas fuinnimh a bhainistiú agus chun forálacha riosca boilscithe comhroinnte a chorprú i gcomhaontuithe conarthacha tábhachtacha.
- Déanann an Grúpa monatóireacht ar neamhchosaint ar rioscaí i gcoinne tírdhreach geopholaitiúil, agus tá straitéisí i bhfeidhm aige chun an tionchar ar fheidhmíocht airgeadais a mhaolú.
- Tugaimid tús áite i gcónaí do bhailiúchán airgid thirim agus bainistíocht sreafa airgid thirim, lena ndéantar athbhreithniú rialta ar ár bpleananna caiteachais oibríocháin agus caipitil chun dul in oiriúint le coinníollacha fabhráithe.
- Tá rochtain ag an nGrúpa ar shaoráidí creidmheasa ar féidir iad a úsáid de réir mar is gá.
- Tá ullmhúcháin faoi lánseol anois don chéad chinneadh rialála cúig bliana eile cheana féin, a mhaireann ó 2027 go 2031, agus áireofar leis sin aighneachtaí láidre chuig an rialtóir chun tacú lenár dtuartha gnó, agus faisnéis chuimsitheach ar thionscadail bhonneagair atá beartaithe.
- Cuirtear fócas ar leith ar leibhéal an Fheidhmeannaigh agus an Bhoird lena chinntiú go mbeidh torthaí rathúla agus tráthúla ar na dúshláin phleanála reatha.
- Tá bac ardhúirte curtha i bhfeidhm maidir leis an uasteorainn 32 milliún paisinéir agus tá reachtaíocht á cur chun cinn ag an rialtas chun an uasteorainn a bhaint.
- Cloíonn an Grúpa le rannpháirtíocht leanúnach lena chustaiméirí aerlíne chun a dtreo straitéiseach a thuiscint agus chun ceanglais acmhainne agus bhonneagair amach anseo a aithint.
- Tá beartais atá faofa ag an mBord i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt ar phríomhrioscaí cistíochta. Is príomhchuspóirí iad rátáil creidmheasa chuí agus leithdháileadh caipitil a choinneáil ar fud an Ghrúpa.
- Glacann an Grúpa cur chuige stuama maidir le leachtacht a bhainistiú, lena n-áirítear riachtanais infheistíochta shuntasacha a réamh-mhaoiniú.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
- An Coiste Airgeadais



Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Eochair Treochtaí Riosca

- ↑ Riosca ag méadú
- Riosca cobhsaí
- ↓ Riosca ag laghdú

Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha

- 👤 Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár
- 🏠 Athbhunaigh, Beachtaigh, Athshamhlaigh ár nAerfoirt

- 👤 Tóg don Todhchaí
- 🌍 Fás ár nGnó Idirnáisiúnta
- 👤 Soláthar de réir ár nUaimhianta Inbhuanaithe

Cur síos ar an riosca

Maoluithe

Achoimre

R4 – Gnó Idirnáisiúnta

Treocht: ↑

- Cé gur lean gnólachtaí idirnáisiúnta an Ghrúpa ag feidhmiú go láidir, d'fhéadfadh rioscaí a bhaineann le héiginnteacht gheopholaitiúil nó athruithe ar dhlíthe agus rialacháin a bheith i gceist le feidhmiú sa mhargadh domhanda. D'fhéadfadh géarú suntasach ar an gcoimhlint sa Mheánoirthear a bheith ina riosca suntasach do ghnó idirnáisiúnta an Ghrúpa.
- Tá níos mó iomaíochta ná riamh roimh ARI, cuideachta mhiondíola taistil idirnáisiúnta daa, sna margai ina bhfeidhmiú sí. Ceanglaítear é sin le corrlaigh chúnga lamháiltais agus líon teoranta deiseanna mealltacha ar na bacáin, rud a thugann dúshláin do lamháiltais miondíola taistil atá ann cheana ag aerfoirt agus do ghnó nua a bhuanachan.
- Tá sé rithábachtach go bhfaigheadh an Grúpa faomhadh tapa ó scairsealbhóirí le go mbeadh sé in ann deiseanna domhanda atá ag teacht chun cinn a shaothrú agus a threisiú go héifeachtach. D'fhéadfaí cailliúint amach ar dheiseanna nó dochar a dhéanamh dár mbranda idirnáisiúnta mar gheall ar mhóilleanna.
- Tá sé rithábachtach go meallfaimis agus go gcoinneois foireann ardchaighdeán dár ngnó idirnáisiúnta. Gan dóthain ball foirne oilte, d'fhéadfadh deacrachtaí a bheith i gceist le conarthaí a chur i ngníomh, lena gcuirtear cailliúint airgeadais agus dochar cáile i mbaol.
- Má theipeann ar chomhpháirtithe nó ar pháirtithe a ndualgais a chomhlíonadh, d'fhéadfadh tionchar airgeadais suntasach a bheith aige sin ar an nGrúpa chomh maith.

- Déanaimid dlúthmhonatóireacht ar an timpeallacht gheopholaitiúil ar mhaithe lenár ndaoine a chosaint agus le measúnú réamhghníomhach a dhéanamh ar na tionchair fhéideartha ar ár n-oibríochtaí idirnáisiúnta.
- Tá foireann forbartha láidir sheanbhunaithe gnó againn, lena ndéantar deiseanna nua a iniúchadh, comhpháirtíochtaí a neartú agus tairiscint iomaíoch ARI a fheabhsú chun rathúlacht i dtairiscintí amach anseo a chinntiú.
- Téimid i dteagmháil go réamhghníomhach leis na scairsealbhóirí trí fhaisnéis thapa agus thrédhearcach a thabhairt dóibh chun a dtacaíocht a fháil le haghaidh deiseanna nua.
- Déanaimid saincheisteanna acmhainne a bhainistiú trí mheascán d'earcaíocht, trí bhuanna fostaithe atá ann cheana a fhorbairt agus trí acmhainní seachtracha a aithint.
- Bainistíonn an Grúpa a chaidreamh le comhpháirtithe go díograiseach agus tá struchtúir agus próisis bunaithe aige, lena n-áirítear comhaontuithe scairsealbhóirí agus socrúithe contrapháirtithe tráchtála, chun a leasanna a chosaint.
- Díríonn an Grúpa ar shocrúithe tráchtála agus dlíthiúla cuí agus tá próisis ann chun measúnú agus monatóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht conarthaí. Laghdaíonn sé seo an riosca go ndéanfaidh contrapháirtithe glaonna maidir le bannaí, litreacha creidmheasa nó ráthaíochtaí.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- An Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca
- An Coiste Airgeadais

R5 – Infheistíocht Chaipitil agus Pleanáil

Treocht: ↑

- Tá an Grúpa freagrach as coinneáil agus forbairt an bhonneagair chriticiúil ag a aerfoirt. Imreofar tionchar ar eispéreas an phainéara agus laghdófar iontaofacht seirbhíse má theipeann ar fhorfheidhmiú an chláir infheistíochta caipitiúil chun riachtanais ár n-aerlínte, ár bpaisinéirí agus ár bpáirtithe leasmhara a shásamh. Dá réir sin, d'fhéadfadh sé sin an bonn a bhaint ónár gcumas chun riachtanais taistil na todhchaí a shásamh agus na tionchair airgeadais agus cáile lena mbaineann.
- D'fhéadfadh réiteach fo-optamach nó moillithe ar an uasteorainn de 32 milliún paisinéir, nó ar shaincheisteanna pleanála maidir leis an Rúidbhealach Thuaidh, srian a chur ar chumas Aerfort Bhaile Átha Cliath freastal ar an éileamh taistil atá ag méadú, deiseanna eacnamaíoch a theorannú agus tionchar a imirt ar chaighdeán seirbhíse na bpaisinéirí.
- Tá cúiteamh leordhóthanach dár bPlean Infheistíochta Caipitiúil ag teastáil chun tacú le príomhthionscadail bhonneagair. Má theipeann orainn faomhadh rialála iomlán a fháil dár gClár Infheistíochta Caipitiúil sa chéad bhreithniú rialála eile, d'fhéadfadh sé moill a chur ar bhonneagar rithábachtach, constaic a chur roimh dhul chun cinn tionscnamh inbhuanaithe, agus teorainn a chur ar ár gcumas maidir le héileamh paisinéirí na todhchaí a shásamh.
- Féadtar tosca amháil costas, maoiniú, raon tionscadail, cead pleanála, dúshláin dlíthiúla, sceidealú, nó tosca oibríochtúla comhréiteach a dhéanamh ar thionscadail chaipitil mórsála a sholáthar. D'fhéadfadh gach ceann acu costais a mhéadú agus moill a chur ar a chríochnú, rud a fhágann easnaimh acmhainne dá bharr.
- Tá forbairt aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí ag brath ar an nGrúpa gach ceadúnas, agus toiliú eile riachtanach a fháil, a choinneáil agus a chomhlíonadh, amháil cead pleanála. Beidh móilleanna leanúnacha nó torthaí diúltacha ar phríomhchinntí pleanála le haghaidh bhonneagair tábhachtach an aerfoirt ina gcúis le srianta oibríocháin, costais bhreise agus an neamhábaltacht freastal ar an éileamh a bhfuiltear ag súil leis amach anseo.

- Is príomhfhócas fós don Fhoireann Fheidhmeannaigh agus don Bhord é dul chun cinn an Iarratais ar Bhonneagar (IA) tríd an bpróiseas pleanála. Táimid fós ag obair go díograiseach agus oibrímid i gcomhar le gach páirtí leasmhar chun ár gcás a chur chun cinn lena chinntiú go bhfreastalófar ar riachtanais acmhainne Aerfort Bhaile Átha Cliath amach anseo.
- Tugann an Grúpa tús áite do thionscnaimh forbartha chaipitil taobh amuigh den phróiseas IA, lena n-áirítear forbairtí ar féidir dul chun cinn a dhéanamh orthu mar iarratais pleanála neamhspleácha.
- D'fhaomh an rialtas dréachtú reachtaíochta nua chun an uasteorainn 32 milliún paisinéir a bhaint agus chun cosc a chur ar uasteorainneacha amach anseo ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.
- Téann an Grúpa i dteagmháil le páirtithe leasmhara go gníomhach chun teacht ar réiteach tráthúil agus rathúil maidir le ceisteanna pleanála an Rúidbhealaigh Thuaidh.
- Tá an grúpa ag obair leis an rialtóir, na haerlínte agus na scairsealbhóirí eile chun fianaise agus pleananna a sholáthar mar chuid den phlean faofa don Chlár Infheistíochta Caipitiúil. Tá próiseas mór comhairleach i bhfeidhm le príomhpháirtithe leasmhara ina bpléitear gach gné den chláir.
- Tá próisis agus nósanna imeachta ag an nGrúpa do bhainistíocht an chláir infheistíochta caipitil, bainistíocht tionscadail agus bainistíocht conarthaí agus soláthraithe.
- Tá creat-chomhaontuithe curtha i bhfeidhm againn le príomhchonraitheoirí bhonneagair chun éifeachtúlachtaí a spreagadh le gnóthachain agus cailteanais chomhroinnte. Tá comhpháirtí soláthair bhonneagair fostaithe againn chun tacú leis an gClár Infheistíochta Caipitil a sholáthar.
- De réir mar a thagann riachtanais phróisis nua chun cinn, déileáimid leis na húdaráis rialála lena chinntiú go gcuirfimid isteach iarratais phleanála láidre a bheidh sainoiriúnaithe.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht



Cur síos ar an riosca

Maoluithe

Achoimre

R6 – Sábháilteacht, Slándáil agus Comhlíonadh

Treocht: ➡

- Tá sábháilteacht agus slándáil ár gcustaiméirí, ár bpaisinéirí agus ár bhfoirne neamh-inphléite. De réir mar a chuirimid tionscadail shuntasacha chaipitil i gcrích agus a chomhordaimid oibrítheoirí iomadúla tríú páirtí laistigh de thimpeallacht aerfoirt briomhar, bímid i gcónaí airdeallach ar na rioscaí féideartha a bhaineann le timpistí nó le teagmhais.
- Feidhmíonn an Grúpa go hidirnáisiúnta gar do réigiúin ina bhfuil mishocracht pholaitiúil. D'fhéadfadh bearta sábháilteachta easnamhacha a bheith ina gcúis le rioscaí do dhaoine; dochar féideartha do bhonneagar, réadmhaoin agus an timpeallacht; agus clistí oibríúcháin agus tionchar cáile. D'fhéadfadh géarú suntasach ar an gcoimhlínt sa Mheánoirthear riosca atá ag méadú a chruthú do shábháilteacht agus d'fholláine ár bhfostaithe sa réigiún.
- De réir a chéile tá tírdhreach slándála na heitlíochta ag éirí níos casta agus tá sé faoi réir bagairtí fabhráithe amhail cibirionsaithe agus rioscaí coise istigh. D'fhéadfadh briseadh slándála suntasach cur isteach ar dhaoine, nó d'fhéadfadh sé a bheith ina chúis le múchadh oibríúcháin, dochar cáile tromchúiseach, pionóis rialála agus caillteanas muiníne na bpáirtithe leasmhara.
- Tá an Grúpa faoi réir sraith fhairsing agus fabhráithe de cheanglais reachtaíochta agus rialachais in Éirinn, mar aon le rialacháin atá ag éirí níos déine ar fud na ndlínsí ar fad ina bhfeidhmíonn sé. D'fhéadfadh an timpeallacht oibríúcháin atá ag éirí níos doichte castacht comhlíontachta agus costais a mhéadú, lena bhfuil monatóireacht réamhghníomhach agus creataí láidre rialachais ag teastáil chun rioscaí oibríochtúla agus cáile féideartha a mhaolú.
- D'fhéadfadh neamhchomhlíonadh oibleagáidí reachtaíochta nó rialachais, lena n-áirítear bristeacha dlíthe agus rialachán, impleachtaí suntasacha a imirt ar an nGrúpa agus a fhosaithe. D'fhéadfadh clistí a bheith ina gcúis le caillteanais shuntasacha airgeadais, dochar cáile, agus d'fhéadfaí ceadúnais oibríúcháin aerfort Bhaile Átha Cliath agus/nó Chorcaí a chur ar fionraí nó a tharraingt siar.

- Tá cultúr láidir sábháilteachta ag an nGrúpa, ina dtacaíonn nósanna imeachta atá i bhfeidhm ina aerfoirt agus ina ghnólachtaí idirnáisiúnta chun monatóireacht a dhéanamh ar shláine a chórais sábháilteachta agus slándála.
- Fostaíonn an Grúpa comhairleoirí slándála áitiúla maidir le hoibríochtaí idirnáisiúnta áirithe agus tá pleananna aslonnaithe foirne i bhfeidhm aige de réir mar is gá. Coinnímid cumarsáid dhíreach ar bun lenár bhfostaithe thar lear agus déanaimid tástáil rialta ar phleananna lena chinntiú go bhfuil eolas cothrom le dáta ag ár bhfoirne maidir le nósanna imeachta éigeandála.
- Coinnímid creat cuimsitheach srianta agus rialuithe lena chinntiú go gcomhlíonann ár mbonneagar, sócmhainní, córais agus próisis gach ceanglas slándála rialála, a chosnaíonn ár ngnó, ár bhfostaithe agus ár gcustaiméirí. Téimid i dteagmháil freisin le gníomhaireachtaí an rialtais chun monatóireacht agus measúnú a dhéanamh ar an tírdhreach bagairtí atá ag athrú i gcónaí.
- Déanann an Grúpa infheistíochtaí móra lena chinntiú go mbeidh custaiméirí, fostaithe agus páirtithe leasmhara slán sábháilte i gcónaí agus tugtar tús áite do sholáthar na dtionscadal criticiúil a bhaineann le sábháilteacht agus slándáil.
- Is cuid dhilis de bhearta maolaithe an Ghrúpa í oiliúint foirne.
- Tá an Grúpa tiomanta d'oibriú i gcomhréir le riachtanais reachtacha agus rialála. Tacaítear leis an tiomantas sin trí athbhreithnithe leanúnacha rialála, rialachas agus maoirseacht láidir, nuashonruithe leanúnacha ar chórais bhainistíochta, agus clár chomhlíontachta chuimsitheacha.
- Tá clúdach árachais chuí i bhfeidhm ag an nGrúpa, lena n-áirítear cibearárachas.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta

R7 – Caidreamh le Páirtithe Leasmhara

Treocht: ➡

- Téann an Grúpa i dteagmháil le réimse leathan páirtithe leasmhara ar bhealach dearfach, amhail aerlínte, paisinéirí, fostaithe, ceardchumann, rialtóirí, scairshealbhoirí, pobail áitiúla agus na meáin. Tá a gcuid tacaíochta rithabhachtach le haghaidh rath inbhuanaithe fadtéarmach ár ngnó. D'fhéadfadh easpa comhaontaithe agus tuisceana leathan maidir le cinntí oibríúcháin nó infheistíochtaí capitiúla moill a chur ar an dul chun cinn nó éifeachtúlacht a laghdú, rud a d'fhéadfadh tionchar a bheith aige ar bhaint amach cuspóirí corparáideacha. Is minic a bhíonn tosaíochtaí a thagann salach ar a chéile ag páirtithe leasmhara – mar shampla, laghdú fuaimne i gcomparáid le trácht méadaithe – rud a fhágann go mbíonn sé deacair cothromaíocht a fháil idir fás agus ábhair imní timpeallachta agus sóisialta. Is iad príomhthosaíochtaí an Ghrúpa ná deireadh a chur leis an uasteorainn bhliantúil de 32 milliún paisinéirí agus an fhorbairt leanúnach ar bhonneagar Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is gnéithe rithabhachtacha iad bainistiú na leibhéal fuaimne agus an tionchar a bhíonn ag oibríochtaí agus forbairt an aerfoirt ar an bpobal máguaird a mhaolú chun dul i ngleic leis na saincheisteanna sin.

- Faigheann Grúpa tacaíocht ón rialtas agus ó scairshealbhoirí chun deireadh a chur leis an uasteorainn 32 milliún paisinéirí, agus d'fhorbairt inbhuanaithe ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí.
- Téimid i gcomhairle le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus cuirimid in iúl dóibh faoi phleananna forbartha agus spriocanna TSR. Bímid i dteagmháil go rialta freisin maidir le saincheisteanna TSR chun faisnéis a roinnt agus muinín a chothabháil.
- Téann an Grúpa i dteagmháil go rialta agus go réamhghníomhach le pobail áitiúla fós trí chruinnithe foirmiúla agus neamhfoirmiúla, lena dtéitear i ngleic le saincheisteanna éagsúla, lena n-áirítear cúrsaí fuaimne. Tá réimse cuimsitheach tionscnamh pobail i bhfeidhm freisin, a mbaineann páirtithe leasmhara áitiúla tairbhe astu mar aon le pobal níos leithne an aerfoirt.
- Foilsímid tuarascálacha rialta ina bhfuil an-chuid sonraí faoin tionchar fuaimne agus faoi oibríochtaí rúidbhealaigh agus cuirimid scéim deontas inslithe fuaimne feabhsaithe ar fáil do thithe incháilithe.
- Bíonn an Grúpa i dteagmháil agus i mbun plé go rialta lena chomhpháirtithe ceardchumann maidir lena phríomhphleananna agus lena phríomhfhorbairtí.
- Tá an Grúpa ina bhall gníomhach de phríomhchomhlachtaí tionscail amhail an Fóram Náisiúnta Forbartha um Eitlíocht Shibhialta, an Chomhairle Aerfoirt Idirnáisiúnta, Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann, Cónaidhm Thionscal Turasoireachta na hÉireann agus cumainn tráchtála. Tá sé i gceist aige sin a chinntiú go dtuigeann páirtithe leasmhara tábhachtacha ár straitéis agus go gcuirtear san áireamh i agus beartas poiblí á fhorbairt.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht
- Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta

R8 – Inbhuanaitheacht agus TSR

Treocht:

- Ag daa, táimid ar thuras fada chun na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann le TSR a aithint, bíodh sé maidir le tionchar timpeallachta ár ngnó, nó an scóip shuntasach don leas sóisialta is féidir linn a bhaint amach, agus conas ár ndaoine agus ár bpobail a tharraingt isteach go héifeachtach. Tá dul chun cinn mór déanta againn maidir le húsáid fuinnimh agus astaíochtaí carbóin a laghdú ó gach cuid dár ngnó. Léiríomar ár ngaicse ar bhealaí iomadúla, trí Chreidiúnú Carbóin an Aerfoirt, Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach; ISO 50001; tuairiscí faoi Chomhshocrú Domhanda na NA; agus, sa bhliain 2025, bailiochtú ár Spriocanna Eolaíocht-Bhuanaithe.
- Áirítear leis na rioscaí a aithníodh a bhaineann le TSR:
 - Easpa treoir pholaitiúil sheasmhach, forbairt polasaithe soiléir agus rochtain mhaoinithe chun soláthar teicneolaíochtaí agus breoslaí eitlíochta a éascú.
 - An riosca go dteipfidh ar daa TSR agus a uaillmhianta dícharbónaithe a chomhlíonadh, nó go gcuirfear srian air trí phraghsáil mhí-aillínithe rialála, le hionchais aerlínthe, custaiméirí nó páirtithe leasmhara atá dúshlánach agus éagsúil.
 - Cineál dúshlánach na rialachán, na gcaighdeán TSR agus na gceanglas tuairiscithe, a d'fhéadfadh a bheith ina chúis le rioscaí um neamh-chomhlíonadh neamhbheartaithe nó nach mbeifí ábalta comhlíonadh.
 - Moilleanna ar an gcóras pleanála in Éirinn a chruthaíonn rioscaí suntasacha i leith soláthar an bhonneagair ag ár n-aerfoirt, go háirithe in áit a bhfuil bonneagar ag teastáil chun spriocanna laghdaithe carbóin agus fuinnimh a bhaint amach.
 - Is é is dóichí ná go n-imreoidh rioscaí aistrithe an athraithe aeráide tionchar ar phatrúin chaiteachais agus ar chinntí taistil custaiméirí, rud a mbeidh tionchar aige ar ár samhail ghnó.
 - Maoiniú méadaithe ag teastáil chun coinneáil suas le dul chun cinn gasta teicneolaíochta; agus dúshlán maidir le rochtain a fháil ar an maoiniú sin.
 - Rioscaí fisiciúla méadaithe a bhaineann leis an athrú aeráide, lena n-áirítear eachtraí adhaimisire níos minice, lena bhfuil gá bearta oiriúnaithe a chur sa mheá.
 - Laghdú ar an éileamh ar aerthaisteal de bharr costais mhéadaithe ar bhreoslaí, eitilí nó cánacha pionósacha comhshaoil, nó nuair a bhíonn drogall ar an bpobal dul ag taistil.
 - Dochar cáile mar gheall ar theip chorparáide chun réamh-mheas a dhéanamh ar an ngá le fanacht chun tosaigh ar athrú ar mheonta paisinéirí, custaiméirí agus tomhaltóirí maidir le saincheisteanna TSR.
 - Sárú comhlíonta a bhaineann le TSR, a bhféadfadh imscrúdú seachtrach, smachtbhanna agus/nó dochar cáile a bheith mar thoradh air.
 - Tionchar timpeallachta, airgeadais, dlíthiúil agus cáile úsáid stairiúil chur míchta tine PFAS (substaintí sárfluarailcile agus polahluarailcile) inár n-aerfoirt.

- Tá Grúpa daa tiomanta dár ngealltanais TSR agus dár gceanglais dlíthiúla a chomhlíonadh, agus tá baint amach ár n-uaillmhianta TSR ina cholún lárnach dár straitéis chorparáideach.
- Cuireann TSR deiseanna iontacha ar fáil chun dearadh a dhéanamh don todhchaí agus cuireann sé teicneolaíochtaí nuálacha i bhfeidhm mar chuid dár dtionscadail bhonneagair agus tógála, ar mhaithe le spriocanna uaillmhianacha laghdaithe carbóin a bhaint amach.
- Tá spriocanna um laghdú carbóin leagtha síos againn freisin ar leibhéal an Ghrúpa agus déanaimid athbheithniú agus uasdátú rialta ar réimse spriocanna TSR níos leithne. Tagann na spriocanna sin le Beartas Inbhuanaitheachta daa agus lenár Straitéis TSR (2024-2030).
- Tá struchtúr rialachais láidir i ngach leibhéal an Ghrúpa daa chun monatóireacht agus chun dul chun cinn a dhéanamh ar sholáthar agus uaillmhian TSR.
- Ar fud ár nGrúpa, tugaimid faoi chláir oiliúna timpeallachta, comhlíonta agus iniúchóireachta chun monatóireacht a dhéanamh ar rioscaí gaolmhara agus iad a laghdú agus a bhainistiú.
- Leanfaidh an Grúpa ag cloí leis an reachtaíocht timpeallachta agus an treoir rialtais ábhartha uile agus más féidir iad a sháru, go háirithe faoi threoir an Phlean Náisiúnta um Ghníomhú ar son na hAeráide, Cheanglais Thuairiscithe an Chreata um Ghníomhú ar son na hAeráide d'Eagraíochtaí Tráchtála leathstáit agus gach sprioc ábhartha lena mbaineann.
- Tugaimid faoi deara go gceanglaítear leis an Acht Aerloingseoireachta 2022, go gcuirfidh an IAA san áireamh ceanglais bheartais an rialtais maidir le heitlíocht, athrú aeráide agus forbairt inbhuanaithe agus a chinntí ar tháillí aerfoirt á ndéanamh aige.
- Chomh maith leis sin, glacann an Grúpa páirt sna coistí náisiúnta agus idirnáisiúnta ghníomhaíochtaí TSR lena chinntiú go dtuigtear na dúshláin go maith a bhíonn roimh aerfoirt agus go gcuirtear san áireamh iad i bhforbairt rialála agus teicneolaíochta.
- Bainistíonn an Grúpa daa ár gcur chuige maidir le tuairiscí inbhuanaitheachta corparáidí go réamhghníomhach, lena gcuirtear riachtanais thuairiscithe dheonacha agus shainordaitheacha san áireamh. Áirítear leis sin, tuairiscí faoi TTIC sa bhliain 2028, bunaithe ar shonraí 2027.
- Coinnímid suas le dea-chleachtas i leith bhainistiú agus fheabhsúchán an PFAS lena chinntiú go dtuigtear leibhéil agus láithreán an PFAS, agus aon tionchair fhéideartha, agus chun an bealach is iomchuí chun bainistiú nó leasú a dhéanamh a mheas. Áirítear leis sin tástálacha feabhsúcháin a dhéanamh ag ár láithreán. Oibrímid i gcónaí le rialtóirí comhshaoil iomchuí (lena n-áirítear Comhairle Contae Fhine Gall, an Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil agus an Roinn Aeráide, Fuinnimh agus Comhshaoil) chun na rioscaí a bhainistiú, agus comhlíonadh gach rialacháin agus trédhearcaíocht optamach maidir leis an gceist a chinntiú.
- Ina theannta sin, déanaimid ár ndícheall bheith inár gceannairí, agus oibrímid chun dul chun cinn a luathú i réimsí na haeráide agus an chomhshaoil, an phobail agus daoine, agus chun trédhearcaíocht agus dea-chleachtas sa rialachas a chinntiú. Trí bheith rannpháirteach go hoscaite lenár bpobail agus infheistiúchtaí a dhéanamh iontu, agus trí ghlacadh le hinbhuanaitheacht ag ár n-aerfoirt, is é an aidhm atá againn todhchaí a bhaint amach ina ndéantar fás a chothromú go rathúil le freagracht chomhshaoil agus shóisialta.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maoirseacht

- Bord
- An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht

Tuarascáil ar rioscaí ar lean

Eochair Treochtaí Riosca

- ➡ Riosca ag méadú
- ➡ Riosca cobhsaí
- ➡ Riosca ag laghdú

Príomhthosaíochtaí Straitéiseacha

- 👤 Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár
- 🏠 Athbhunaigh, Beachtaigh, Athshamhlaigh ár nAerfoirt

- 👤 Tóg don Todhchaí
- 🌐 Fás ár nGnó Idimáisiúnta
- 👤 Soláthar de réir ár nUaimhianta Inbhuanaithe

Cur síos ar an riosca

Maoluithe

Achoimre

R9 – Cibearshlándáil

Treocht: ⬆️

- D'fhéadfadh cibirionsaí ar daa nó ar phríomhsholáthraí, ar cúis é le briseadh sonraí nó le cailteanas seirbhíse, a bheith ina chúis le cur isteach féideartha ar ghnó, fadhbanna sábháilteachta, dochar cáile nó fineálacha rialála. Tá próifíl na rioscaí ag méadú mar gheall ar shofaisticiúlacht mhéadaithe na n-ionsaithe agus na n-eagraíochtaí a dhéanann iad. Ina theannta sin, tháinig méadú suntasach ar líon na n-ionsaithe a rinneadh ar bhonneagar ríthábhachtach ar fud an AE sa bhliain 2025 de bharr na timpeallachta geopholaitiúla.
- Is iad ionsaithe bogearraí éirice na príomh-chibearbhagairtí fós. D'fhéadfadh ionsaí ar phríomhchórais TF cur isteach mór a chruthú d'oibríochtaí. D'fhéadfadh acmhainn laghdaithe nó fiú dúnadh aerfoirt tarlú de bharr neamhfhaitheacht córais chriticiúil nó teip córais de bharr ionsaí den sórt sin.
- Freastalaíonn an t-eastát TF a bhfuil a mhéid agus a chastacht ag fás, spleáchas méadaithe ar fheidhmchláir néalríomhaireachta agus méadú na dteicneolaíochtaí comhtháite ar líon na mbealaí ionsaithe ina bhféadfaí ionsaí a dhéanamh ar an nGrúpa a mhéadú.
- Na hathruithe suntasacha i dtimpeallacht rialála na cibearshlándála. Tháinig Rialachán Tarmligthe 2022/1645 ón gCoimisiún, ar a dtugtar Part-IS, i bhfeidhm i mí Dheireadh Fómhair 2025, inar tugadh cibearshlándáil Part-IS faoi raon feidhme rialachán sábháilteachta eitleochta den chéad uair. Cuireadh moill leis an Treoir 2022/2555 maidir le Seirbhísí Líonra agus Faisnéise (NIS2), ach is dócha go gcuirfead é sin i bhfeidhm go luath sa bhliain 2026. Is é an príomhathrú don Ghrúpa faoi na rialacháin nua sin ná gurb é an IAA an tÚdarás Inniúil um chibearshlándáil san eitleocht anois, ag teacht in ionad an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC).

- Féachann an Grúpa le dóchúlacht agus tionchar féideartha cibirionsaí a laghdú tríd an méid seo a leanas:
 - cibear-athléimneacht a shuiteáil i bpríomhchórais;
 - oideachas a chur ar ár ndaoine agus nuashonruithe a thabhairt dóibh faoi thimpeallacht na bagartha cibearshlándála; agus
 - monatóireacht a dhéanamh ar phríomhshéirbhísí agus ar phríomhchórais chun fianaise a fháil ar riosca nó ar ghníomhaíocht mhallíseach.
- Oibríonn an Grúpa go dlúth le páirtithe leasmhara inmheánacha agus seachtracha, lena n-áirítear seirbhísí slándála an stáit, chun faisnéis agus monatóireacht ar bhagairtí a fheabhsú.
- Leanaimid le hinfheistiú a dhéanamh maidir le hardáin agus seirbhísí láidre a fhorbairt agus a choinneáil ar bun agus a chinntiú go bhfuil próisis éifeachtacha againn chun na hardáin agus na seirbhísí sin a choinneáil slán agus cothrom le dáta.
- Cuireadh tionscadal i gcrích sa bhliain 2025 chun freastal ar cheanglais chasta Rialachán 2022/1645, agus táimid i mbun deimhniúcháin ISO27001 faoi láthair chun tacú le comhlíonadh na rialachán nua agus chun an gá le hiniúcháireachtaí seachtracha rialála a laghdú.
- Tá clúdach cibear-árachais iomchuí ag an nGrúpa d'aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'aerfort Chorcaí.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maioseacht

- Bord
- An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca

R10 – Eachtraí Seachtracha

Treocht: ⬆️

- Tá an tírdhreach geopholaitiúil agus eacnamaíoch domhanda fós thar a bheith míshocair. Is é príomhchuspóir an Ghrúpa folláine ár bhfostaithe, ár gcomhpháirtithe agus ár n-oibríochtaí gnó a chosaint ar fud ár suíomhanna intíre agus idirnáisiúnta.
- Tá an choimhlint gheopholaitiúil sa Mheánoirthear téite i ndéine agus tá an cás fós an-luaineach agus an-dothuarta. D'fhéadfadh aon ghéarú breise nó éagobhsaíocht fhadtréimhseach sa réigiún éiginnteacht dhomhanda a mhéadú agus drochthionchar a imirt ar éileamh paisinéirí, ar an acmhainn nó ar na hoibríochtaí ag aerfoirt daa agus ar ár n-oibríochtaí atá lonnaithe sa Mheánoirthear.
- In ainneoin na coimhlinte leanúnaí san Úcráin, ní raibh mórán tionchair aici ar daa. Tá ár n-oibríochtaí idirnáisiúnta oiriúnaithe chun líon na bpaisinéirí laghdaithe de bharr na coimhlinte a fhritháireamh.
- D'fhéadfadh athruithe ar pholasaithe sna Stáit Aontaithe tionchar a bheith acu ar ghnóchtaí na hÉireann de bharr naisc láidre eacnamaíocha. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh míshocracht pholaitiúil nó athruithe ar pholasaithe eachtracha tionchar a imirt ar choinníollacha margaidh an domhain agus tionchar a imirt ar chinntí infheistíochta an Ghrúpa.
- D'fhéadfadh tosca maicreacnamaíochta amhail costais fuinnimh, briseadh sa slabhra soláthair, luaineacht airgeadra, agus rioscaí slándála amhail cibearbhagairtí, drochthionchar a bheith acu ar ghnó, oibríochtaí, todhchaí, nó cúrsaí airgeadais an Ghrúpa.

- Déanann an Grúpa monatóireacht ar chúrsaí geopholaitiúla agus maicreacnamaíochta chun rioscaí féideartha a aithint agus tugtar faoi pheanáil ar chásanna agus anailís iógairachta chun tacú le hathléimneacht an phean gnó maidir le hathruithe eacnamaíocha.
- Tugann an Grúpa tús áite dár bhfostaithe idirnáisiúnta trí theagmháil rialta a choinneáil le faisnéis áitiúil, agus úsáid á baint as córas le haghaidh eolas géaraithe ríthábhachtach, agus tástálacha rialta á ndéanamh ar pheananna aslonnaithe.
- Comhoibríonn an Grúpa go dlúth le príomhpháirtithe leasmhara agus leis an earnáil eitleochta níos leithne lena chinntiú go dtuigfead impleachtaí fadtréimhseacha na dtosca riosca maicreacnamaíochta reatha agus go ndéanfar maoluithe nuair is féidir.
- Cuireann an Grúpa beartais chuimsitheacha fálaite i bhfeidhm maidir le fuinneamh, rátaí úis agus malairt eachtrach. Tacaítear leis na bearta sin le rialuithe agus maioseacht láidre, a dearadh chun an tionchar airgeadais a bhíonn ag luainithe suntasacha margaidh ar oibríochtaí gnó a laghdú.

Tosaíochtaí Straitéiseacha



Maioseacht

- Bord
- An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca



TSR i ngníomh

Sa bhliain 2025, neartaigh daa ár dtiomantas do gach gné de TSR – timpeallacht, sóisialta agus rialachas – trí thionscnaimh a chuaigh i bhfeidhm ar dhaoine ar fud ár n-aerfort agus ár n-aonad gnó domhanda.

Aeráid agus Comhshaol

Tá inbhuanaitheacht i gcroílár ár straitéis chorpóraideach, agus ag daa tá cláir ghaolmhara á soláthar againn chun ár dtionchar ar dhaoine agus ar an bpláinéad a thuiscint, a laghdú agus a bhainistiú le breis agus deich mbliana anuas.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH38

Pobal agus Daoine

I gcroílár an cholúin sin, tá na daoine a chuireann le rath ár n-aerfort – ár bhfostaithe, ár bpobail agus ár bpaisinéirí. Aithnímid go bhfuil ár rath fite fuaite go mór i bhfolláine agus i bhforbairt na ngrúpaí sin. Féachaimid le tionchar dearfach a chruthú a shíneann thar theorainneacha ár n-aerfort, rud a chothóidh braistint rathúnais agus folláine chomhroinnte.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH45

Dea-chleachtas

Tá dea-chleachtas sa rialachas leabaithe inár gcur chuige bainistíochta ag daa. Tá sé ríthábhachtach go gcuirfear cultúr eitice, comhlionta agus trédhearcachta chun cinn chun muinín a chothú agus chun luachanna ár gCuideachta a neartú.

LÉIGH TUILLEADH AR LCH53

Baineann ár dtuarascáil TSR leis na SDGanna seo a leanas de chuid na NA:



Nasc straitéise:

- Tóg don Todhchaí
- Soláthar de réir ár nUaillmhianta Inbhuanaithe
- Ár nDaoine a Choinneáil sa Chroílár



Mar oibritheoir mórbhonneagair náisiúnta, is táscaire ríthábhachtach é ár bhfeidhmíocht TSR ar an gcaoi a gcomhlíonaimid ár ról mar chumasóir do phaisinéirí, d'aerlíní, d'fhostaithe agus do mhiondíoltóirí, fad a dhéanaimid ár ndícheall i gcónaí chun freastal ar ár bpobail agus an timpeallacht i gcoitinne ar bhealach níos fearr.

Sa bhliain 2025, chuireamar ár bhfeidhmíocht inbhuanaitheachta chun tosaigh, inar chothaíomar comhoibrithe le comhpháirtithe agus muid ag iarraidh ár n-úsáid fuinnimh a dhícharbónú agus a éagsúlú. Mar shampla, sheolamar tástáil cheannródaíoch gabhála carbóin i gcomhar le Coláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, ina dtreisítear teicneolaíocht gabhála aeir dhírigh (DAC) a d'fhorbair ár gcomhpháirtithe taighde. Le linn na bliana, bhain an triail torthaí iontacha amach, inar eascraíodh dé-ocsaíd charbóin go díreach as an atmaisféar go rathúil lena stóráil nó lena athúsáid i bhfeidhmeanna tairbhíúla. Is céim shuntasach chun tosaigh í sin i dtreo réitigh inscálaithe, atá tíosach ar fhuinneamh chun astaíochtaí carbóin a laghdú.

Rinneamar iniúchadh ar réitigh nuálacha a bhí ag teacht leis an gcur chuige sin chun cumhacht ghaoithe a chur chun tairbhe. Cuireadh béim ar leith ar acmhainneacht painéal ghaoithe íseal-leibhéil ar an aerpháirc a thomhas. Tá na painéil

sin saindeartha do thimpeallachtaí aerfoirt chun fuinneamh in-athnuaite a ghiniúint ar an láthair, fad a théitear i ngleic leis an loingseoireacht agus na dúshláin sábháilteachta a chruthaítear le turbíní ghaoithe traidisiúnta. Tá na tionscnaimh sin ina gcuid dár n-infheistíochtaí de níos mó ná €50 milliún sa bhliain 2025, lena n-áirítear ranníocaíochtaí mar chuid den Chlár Infheistíochta Caipitiúil (CIP), a chuireann béim ar ár dtiomantas do thacú le taighde nuálach agus do ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn laistigh d'earnáil na heitlíochta.

Gníomhartha ar Leac ár nDorais

Bimid i dteagmháil lena gcomharsana agus lenár bpobail go rialta, lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí gar dár n-aerfort, sna bailte agus sráidbhailte máguaird, chomh maith lenár bpaisinéirí agus ár mbaill foirne. Oibrímid go dlúth agus go rialta leo, agus éistimid leo agus foghlaimimid ó aon ábhar inní a d'fhéadfadh a bheith acu.

Dóibh siúd in áiteanna áirithe gar d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, i gcás ina bhféadfadh torann a bheith ina fhadhb, d'fhorbraíomar pacáiste beart chun an tionchar a bhíonn ag eitleil amach agus isteach a mhaolú lena n-áirítear insliú torainn a chur ar fáil do thithe agus do scoileanna. Dóibh siúd atá in áiteanna sonraithe díreach in aice le hAerfort

Tuarascáil TSR ar lean

Bhaile Átha Cliath, tá Scéim Ceannaigh Áitreabh Deonach ghníomhach ann, rud a chuireann ar chumas daoine tithe a cheannach ar phraghas préimhe. Ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, leithdháileamar na milliúin euro chun tacú lenár scéimeanna fuaimne agus ceannaigh amach.

Mhéadaíomar ár dteirmíní monatóireachta fuaimne freisin go dtí 32, lenar oibríomar go dlúth lenár ngrúpaí pobail chun iad a chur in áiteanna oiriúnacha. Chun trédhearcacht a mhéadú agus chun faisnéis shuíomh-bhunaithe a thairiscint, sa bhliain 2025, sheol Aerfort Bhaile Átha Cliath tairseach nuálach faisnéise fuaimne ar líne, “[InsightFull](#)”, a thugann faisnéis idirghníomhach faoi eiltí chuiúg an aerfort agus ón aerfort.

Comhoibriú Coláisteach

Bímid i gcónaí ag obair ar chomhpháirtíochtaí comhoibríocha, agus i mí na Samhna, d’eagraíomar cuairt lae tumthach in Aerfort Bhaile Átha Cliath do 40 Mac Léinn de chuid an MSc i nGnó Freagrach agus Inbhuanaitheacht i gColáiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath. Léiríodh tionscnaimh inbhuanaitheachta agus tionscadail nuálacha ar fud an Ghrúpa daa sa chlár agus áiríodh turas suímh cuimsitheach timpeall Aerfort Bhaile Átha Cliath. Chun a scileanna a chur in bhfeidhm i gcomhthéacs an tsaol mhóir, chuir na mic léinn a dtuairimí i láthair dár bhFoireann Grúpa Inbhuanaitheachta agus Pobail, agus bhí deiseanna ann le haghaidh comhoibríthe agus nuálaíochta sa todhchaí.

Sa bhliain 2025, neartaigh Aerfort Chorcaí a thiomantas d’ionchuimsiú sóisialta agus do fhreagracht chomhshaoil trí chomhpháirtíochtaí nuálacha agus tionscnaimh phobail. I gcomhar le hOllscoil Teicneolaíochta na Mumhan (MTU), sheol an t-aerfort Tús Láidir: Scileanna Riachtanacha don Ard-Oideachas — clár deimhnithe saor in aisce, i láthair go pearsanta, agus a dearadh chun foghlaimoírí daoine fásta agus mic léinn ó chúlráí faoi ghannionadaíocht a chumasú. Cuirtear an clár sin ar fáil ag Dámh na Sláinte agus na nEolaíochtaí Sóisialta MTU, a dearadh chun scileanna acadúla, digiteacha agus forbartha pearsanta an lucht freastail a fheabhsú.

Anuas air sin, d’oibrigh Aerfort Chorcaí, trína Chiste Pobail, i gcomhar le Coláiste na hOllscoile, Corcaigh (COC) chun an rochtain ar dheiseanna tríú leibhéal a leathnú do scoláirí ó chúlráí faoi mhíbhuntáiste, lena gcuirtear níos mó béime ar an oideachas mar chatalaíoch a spreagann soghluaiseacht shóisialta.

Taobh amuigh d’oideachas agus de thaighde, lean Aerfort Chorcaí beocht a chur i saol an phobail trí thacú le féilte cultúrtha agus spóirt gnáthdhaoine.

Leathnaíodh an tionchar sin go hidirnáisiúnta le clár domhanda ARI, Cruthú Luacha Sóisialta (CSV), ar bhain níos mó ná 3,300 duine as deich suíomh éagsúla tairbhe as. Áiríodh leis na gníomhaíochtaí bailiúchán agus dáileachán leabhar, éadaí, bréagán, troscán agus ábhar leictreonach, imeachtaí deonaithe fola, gníomhaíochtaí tacaíochta scoile, béilí cócaráilte do dhaoine ar a ngannchuid agus deonú buidéal uisce do leanaí san Afraic.

Feabhsúchán Leanúnach

Ba phríomhthosaíocht é gach sórt gnímh inbhuanaithe le linn na bliana 2025.

Rinne tionscadal píolótach de chuid Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath (DCU) iniúchadh ar éifeachtúlacht fuinnimh laistigh de chríochfort Aerfort Chorcaí, agus baineadh leas as staidéar faoi stiúir PhD chun samhail fuinnimh 3T a chruthú a dhéanfaidh eolas do thionscnaimh dícharbónaithe amach anseo. Leagann na comhoibríthe sin béim ar chur chuige réamhghníomhach Aerfort Chorcaí chun an tionchar timpeallachta a laghdú.

Rinne daa ullmhúcháin shuntasacha dár gcéad nochtadh TTIC freisin, atá le cur ar fáil sa bhliain 2028, agus ghlac sé páirt i gComhshocrú Domhanda NA agus sa Ghealltanais Ardaithe ó Ghnó sa Phobal. Ina theannta sin, ba shínteoirí an Tionscnaimh Spriocanna Eolaíochtbhunaithe (SBT) muid. Comhroinntear ár dtiomantas comónta sna gníomhartha sin agus inár ngníomhartha dearfacha eile d’fhonn luach fadtéarmach a chruthú dár ndaoine, ár bpobail agus ár bpáirtithe leasmhara.

Do phaisinéirí, thugamar feabhsuithe inrochtaineachta agus compordacha isteach ag aerfort Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath araon. Cuireadh roinnt feabhsuithe i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath do phaisinéirí ar bheagluaineacht (PRM). Chomh maith le níos mó cathaoireacha rothaí a sholáthar, leathnaíomar ár seirbhísí PRM freisin chun Teanga Chomharthaíochta na hÉireann a chur san áireamh. Rolladh amach 420 suíochán caighdeánach agus 300 suíochán PRM ar fud Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus tógadh limistéar nua faoisimh do mhadráí i gCríochfort 1.

Lean Aerfort Chorcaí ag obair go dlúth le teaghlaigh a bhfuil leanaí uathacha acu agus iad ag taisteal chun tacaíocht saincheaptha a sholáthar.

Athneartaíodh barr feabhais daa i ndáil le rialachas trí ISO 37301 (An Caighdeán Idirnáisiúnta um Chomhlíonadh Córas Bainistíochta), lena ndearnadh caighdeán agus smainteoireacht nua a shásamh, mar aon leis an bPolasaí um Chultúr Cóir agus an Creat Bainistíochta Sábháilteachta, chun trédhearcacht agus feabhsúchán leanúnach a chinntiú.

Ambasadóirí Inbhuanaitheachta

130

TSR de réir uimhreacha

€4.7

milliún infheistithe i leictirí oibríochtaí Aerfort Bhaile Átha Cliath

€690k

infheistithe trínár maoiniú pobail

4,442

comhghleacaí a chríochnaigh oiliúint inbhuanaitheachta

901

Lá d’Obair Dheonach i dtionscadail rannpháirtíochta pobail

* Faoi réir bailíochtú ó Bhainistíocht Clár ACA.

ACA Leibhéal 4+*

Leibhéal a baineadh amach sa chlár Creidiúnaithe Carbóin Aerfort ag Aerfort Bhaile Átha Cliath

100,000+

Nuachtlitir phobail Aerfort Bhaile Átha Cliath seachadta

€530,000

bailithe do thrí cinn de Charthanais na Bliana

5

pholl tolláin gheoiteirmeacha tochailte ar fud aerfort Chorcaí agus Bhaile Átha Cliath

3,405

fostaí a chríochnaigh oiliúint ar mhíchumas

90%

d’fhostaithe curtha faoi oiliúint ar Chultúr Cóir



Aeráid agus comhshaol



Leanann daa ag troid go ceannasach ar son dul chun cinn na timpeallachta, lena luasghéaraítear ár n-uaimhianta trí ghníomhartha straitéiseacha agus comhpháirtíochtaí comhoibríocha.

Bhaineamar cloch mhíle shuntasach amach le linn na bliana nuair a bailíochtaíodh spriocanna ár n-astaíochtaí gás ceaptha teasa ag an tionscnamh Spriocanna Eolaíocht bhunaithe (SBT). Cinntíonn an caighdeán seo, a aithnítear timpeall an domhain, go dtagann ár spriocanna le Comhaontú Pháras, ina n-athneartaítear ár dtiomantais do spriocanna fíoraithe maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú, atá ag teacht le teorannú téimh dhomhanda faoi bhun 2°C agus chun astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach faoi 2050.

Baintear dhá rud amach leis an deimhniú sin: cuireann sé in

* Faoi réir bailíochtú ó Bhainistíocht Clár ACA.

iúl go bhfuil daa dáiríre maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud gach réimse ar bhealach struchtúrach agus freagrach – agus go bhfuil ár spriocanna ag teacht leis an eolaíocht is déanaí.

D'aithin an Chomhairle Aerfoirt Idirnáisiúnta (ACI) an dul chun cinn a rinneamar freisin trí rath leanúnach daa i gclár Creidiúnaithe Carbóin an Aerfoirt.

Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath Leibhéal 4+* amach go rathúil, athdeimhníodh Aerfort Chorcaí ag Leibhéal 3+* agus bhain Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua Leibhéal 1 amach.



Thacaíomar le hAerfort Jeddah maidir le Leibhéal 2 ACA a bhaint amach, rud a léiríonn ár gceannasaíocht dhomhanda in oibríochtaí inbhuanaithe aerfoirt. Bhí bailiúchán mionchúiseach sonraí agus cur i bhfeidhm straitéisí éifeachtacha bainistithe carbóin ar fud ár n-oibríochtaí i gceist leis an obair sin. Is aitheantas fiúntach é an creidiúnú sin dár dtiomantas d'inhuanaitheacht, ina ndearbhaítear go gcomhlíontar caighdeán a aithnítear go hidirnáisiúnta, inár n-aerfoirt maidir le hastaíochtaí carbóin a thomhas, a bhainistiú agus a laghdú. Leis an ngnóthú sin, neartaítear ár gcomhlíonadh maidir le spriocanna aeráide domhanda, agus cothaítear muinín lenár gcomhpháirtithe, lenár rialtóir agus lenár bpaisinéirí.

Neartaíodh ár n-iarrachtaí arís chun dícarbónú a dhéanamh nuair a bronnadh duais €4.7 milliún orainn de chuid na Saoráide um Chónascadh na hEorpa (CEF) faoin tSaoráid um Bonneagar Breoslaí Malartacha (AFIF). Tacaíonn an maoiniú sin lenár mórthionscadal leictrithe oibríochtaí talún ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear busanna tointeála, feithiclí oibríochtaí agus trealamh tacaíochta talún.

Agus 50% den mhaoiniú faighte cheana féin, cuireadh tús le forbairt an bhonneagair sa samhradh agus cuireadh

CÁS-STADÉAR

Timpeallachtaí Sláintiúla Áitiúla: Spás a Chruthú don Nádúr

Sa bhliain 2025, ábhar bróid a bhí ann do daa gnáthóg chúiteach ocht heicteár a bhronnadh do Chomhairle Contae Fhine Gall, céim shuntasach inár dtiomantas do thimpeallachtaí áitiúla sláintiúla a chothú. Dearadh an suíomh go cúramach i gCill Shalcháin, Tuaisceart Chontae Bhaile Átha Cliath, chun tacú le héagsúlacht shuibhir flóra agus fána dúchasach. Cuimsítear meascán d'fhéar, de thóim, agus de chrainn dhúchasacha ann, lena n-áirítear fara ialtóg a saintógadh chun daonra na bhfaraí ialtóg a spreagadh.

Is talamh coille í dhá thrian den ghnáthóg agus is féarach dúchasach é trian di, agus saindearadh í chun go mbeadh 'cruth coillearnaí' uirthi, modh cruthaithe chun bithéagsúlacht a fheabhsú. Forbraíodh an tionscnamh sin mar bheart cúiteach i ndiaidh fál sceach a bhaint nuair a tógadh Rúidbhealach Thuaidh Aerfort Bhaile Átha Cliath, inar comhlíonadh ceanglais phleanála fad a chuathas thar an gcomhlíonadh. Mar bheart a léiríonn fí fhadtearmach inbhuanaitheachta daa, aistríodh an talamh chuig Comhairle Contae Fhine Gall ar chostas €10. Is tírdhreach athdhúlraithe é an suíomh anois a bhfuil rochtain phoiblí srianta air chun a shláine éiceolaíoch a chosaint. Éascófar rochtain faoi bhainistíocht agus faoi mhaoirseacht ag foireann bhithéagsúlachta Chomhairle Contae Fhine Gall, go háirithe le haghaidh cuairteanna oideachais agus eispéiris foghlama nádúr-bhunaithe.

Tagann an tionscnamh sin le tiomantas daa do thimpeallachtaí sláintiúla áitiúla a chruthú do chách. Tríd an spás glas sin a sholáthar, ní hamháin go bhfuil sé mar chuspóir ag daa bithéagsúlacht a mhéadú ach is mian leis caighdeán na beatha a fheabhsú do chónaitheoirí agus ómós a spreagadh don nádúr.

Tuarascáil TSR ar lean

chun feidhme é faoi mhí na Nollag, le tacaíocht ón mBanc Eorpach Infheistíochta. Tá ceannasaíocht daa maidir le hiompar inbhuanaithe agus lenár n-aifíniú le spriocanna aeráide an AE athnearthaithe ag an ngaisce sin.

Sa bhliain 2025, bhí Breosla Eitlíochta Inbhuanaithe (SAF) ar fáil ag ráta cumaisc 2% ar a laghad de réir shainordú an Aontais 'ReFuel', ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag aerfort Chorcaí ar aon, agus ba chéim shuntasach chun tosaigh í chun tacú le haerthaisteal lena mbaineann astaíochtaí níos ísle. Chomh maith leis sin, is é RSI an chéad aerfort anois san Araib Shádach ina soláthraítear SAF dá aerlínte, ó bhí mí Dheireadh Fómhair 2024 ann.

Ar an talamh, lean daa lenár gclár leictirithe féin ar fhliú na bhfeithicilí, inar aistríodh 82% den fhliú tráchtála éadrom i mBaile Átha Cliath, agus 53% den fhliú tráchtála éadrom i gCorcaigh go LEVanna (feithicilí astaíochtaí ísle). Tá gach seastán teagmhála ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag aerfort Chorcaí cumasaithe le haghaidh Cumhacht Talún Leictreach Sheasta (FEGP) trí eangach nó trí fhoinsé leictreachais in-athnuaite.

Síneann ár dtiomantas do bhainistíocht na timpeallachta níos faide ná laghdú carbóin. Sa bhliain 2025, leanamar le monatóireacht rialta a dhéanamh ar PFAS ar champas Aerfort Bhaile Átha Cliath agus d'fhoilsíomar ár dtuarascáil bhliantúil i mí Mheán Fómhair. Bhí na torthaí seasmhach i gcomparáid leis na blianta roimhe sin, ina raibh tiúchan níos airde tugtha faoi deara in aice le foinsí stairiúla atá ar eolas. D'fhanamar i ndlúththeagmháil le rialtóirí agus chuireamar measúnú tréithrithe an láithreáin chun cinn chun tuiscint níos feara a fháil ar chonairí truailléan agus chun iarrachtaí leasacháin a threorú amach anseo.

Tá tionscnaimh nádúr-bhunaithe daa fós faoi rath. Sa bhliain 2025, thacaigh aerfort Chorcaí agus aerfort Bhaile Átha Cliath le Comhaireamh Náisiúnta Amaithe Bláthanna-Feithidí (Comhaireamh FIT), rud a thugann sonraí luachmhara d'iarrachtaí Bhithéagsúlacht Éireann chun monatóireacht a dhéanamh ar ghníomhaíocht paineoírí. Is comhpháirtithe de

CÁS-STAIDEAR

Dícharbónú: Foinsí In-Athnuaite Fuinnimh Ag Éirí de Thalamh ag daa

Ag daa, tá foinsí in-athnuaite fuinnimh á gcur i gcroílár ár straitéise fuinnimh le fada an lá. Cuireadh ár gcéad chóras giniúna gréine i bhfeidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2018. Táimid tiomanta dá chinntiú go gcomhlíonfar, faoin mbliain 2030, 20% ar a laghad d'éileamh iomlán leictreachais ár n-aerfoirt go díreach ónár dtáirgeadh fuinnimh in-athnuaite féin ar an láthair.

Táimid ag déanamh iniúchadh go réamhghníomhach ar dheiseanna in-athnuaite eile ar fud ár n-oibríochtaí freisin, in Éirinn agus thar lear ar aon. Sa bhliain 2025, thugamar faoi staidéar féidearthachta goiteirmeach cuimsitheach ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí chun measúnú a dhéanamh ar acmhainneacht teasa faoi thalamh mar fhoinsé fuinnimh inbhuanaithe. Bhí samhaltú fuinnimh, druileáil agus tástáil tollpholl i gceist leis an imscrúdú, mar aon le hanailis ar fheidhmíocht an chórais ar fud phríomhfhoirgnimh an aerfoirt. San iomlán, cuireadh ceithre tollpholl éadoimhne atá thart ar 200 méadar ar doimhneacht i gcrích ar fud champas Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ag Aerfort Chorcaí, thochlaíomar ní ba dhoimhne fós: ag níos mó ná 1,000 méadar ar doimhneacht, is é an tollpholl sin an tollpholl is doimhne in Éirinn go dtí sin.

D'fhéadfadh an córas sin cúnaimh a thabhairt don dá aerfort chun ár spriocanna laghdaithe carbóin 2030 a chomhlíonadh, lena sábhálfar astaíochtaí suntasacha agus lena mbainfear éifeachtúlacht fuinnimh fhadtéarmach amach.



Déanamid dul chun cinn i gcónaí ar ár dtiomantas chun táirgeadh fuinnimh na gréine a mhéadú ar an láthair ag ár n-aerfoirt. A bhí le hiarratas pleanála rathúil, críochnóidh Aerfort Chorcaí feirm ghréine ardaíthe a thógáil sa bhliain 2026, agus beidh sé lonnaithe thar charrchlós na bpaisinéirí. Soláthrófar clúdach d'fheithicilí paisinéirí leis an gcur chuige nuálach sin — fad a ghintear 20% de leictreachas an aerfoirt.

Idir an dá linn, cuireadh an chéad bhliain de Chéim 1 d'fheidhmíocht fheirm ghréine Aerfort Bhaile Átha Cliath i gcrích, agus a bhí le samhradh grianmhar, chuir sí le níos mó ná 12% de riachtanais leictreachais bhliantúla an aerfoirt sa bhliain 2025. I mí Aibreáin, tar éis a hoscailte oifigiúla, ghabhamar Céim 2 den fheirm orainn féin. Áireofar leis sin 6,000 painéal gréine breise; lena soláthraítear go leor leictreachais chun na córais bhagáiste a chumhachtú go hiomlán i gCríochfort 1 agus 2 agus cuirfidh sé le 4-6% de riachtanais leictreachais bhliantúla bhreise.

Ag Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua (RSI), mhéadaíomar soláthar fuinnimh in-athnuaite an aerfoirt nuair a cuireadh tús le hoibríochtaí an aerfoirt sa bhliain 2025. Gintear os cionn 75% de leictreachas RSI le painéil ghréine, agus tá sé beartaithe go soláthrófar fuinneamh in-athnuaite cumhacht do 100% de sa bhliain 2026. Ar fud ár n-oibríochtaí, is gnéithe ríthábhachtacha dár gclár iad giniúint agus úsáid fuinnimh in-athnuaite chun astaíochtaí a laghdú agus chun tiomantais a shásamh.

Tá RSI le bheith 100% in-athnuaite faoi

2026

Tuarascáil TSR ar lean

chuid Plean Uile-Éireann um Pailneoirí (AIPP) fós iad aerfort Chorcaí agus aerfort Bhaile Átha Cliath araon, ina ndéantar tírdhreacha a chuireann ar chumas pailneoirí bláthú a chur chun cinn agus a chosaint.

Leanaimid le monatóireacht a dhéanamh ar an dramhaíl a ghintear ar an láthair agus é sin a laghdú agus chloíomar lenár dtiomantas gan aon dramhaíl a chur i líonadh talún sa bhliain 2025 ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus ag Aerfort Chorcaí. Bhí ár n-aerfoirt comhlíontach maidir le caighdeán náisiúnta cáilíochta aeir (gan aon sárú don bhliain) agus leanamar orainn ag foilsíú tuarascálacha ráithiúla cáilíochta aeir bunaithe ar mhonatóireacht leanúnach ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ar féidir iad a fheiceáil anseo.

I gcomhar le fóram athraithe aeráide “Caibidil Náid” an Stiúrthóra Neamh-Fheidhmiúcháin (NED), d’óstálar imeacht in aerfort Bhaile Átha Cliath, inar thugamar nach mór 100 NED le chéile ar fud na hÉireann le haghaidh plé painéil saineolaithe ar dhíchárbónú iompair. Cothaíodh comhoibriú trasearnála san imeacht agus tarraingíodh aird ar na dúshláin agus na deiseanna a bhaineann leis an aistear chun glan-nialasacht a bhaint amach. Bhí comhpháirtíochtaí an-tábhachtach ar fad do dhul chun cinn daa i mbliana, lena n-oibrítear ar fud an tionscail chun dícharbónú a dhéanamh ar an earnáil eitíochta atá deacair a mhaolú agus le bunchlocha láidre a leagan don bhliain amach romhainn.

Íosmhéid breosla eitíochta inbhuanaithe (SAF) ar fud ár n-aerfort

2%



CÁS-STAIDEÁR

Cultúr Dearfach i leith na hAeráide: Athrú a Chumasú

Tá ár bhfostaithe tiomanta do ghníomhartha a ghlacadh i gcoinne an athraithe aeráide agus tuigean siad go bhfuil gá le tacaíocht ar fud ár n-oibríochtaí chun spriocanna uailmhianacha daa a bhaint amach. Dá réir sin, leabaimid ár gCultúr Dearfach i leith na hAeráide i gcónaí trínár gclár Ambasadóirí Inbhuanaithe.

Táimid bródúil as a chinntiú go bhfuil rochtain ag ár bhfostaithe go léir ar oideachas inbhuanaitheachta chun gníomhartha a chumasú. I mbliain amháin, chuireamar oideachas ar 4,442 comhghleacaí trínár sraith modúil foghlama inbhuanaitheachta ar líne

agus trínár n-oiliúint ionduchtaithe mhíosúil do bhaill foirne nua. Rinneamar 28 Ambasadóir nua a ionduchtú le linn na bliana 2025 freisin; daoine tiomanta a spreagann gníomhú ar son na haeráide go himmheánach. Fuair na hoibríthe deonacha sin oiliúint shaincheaptha ón bhFoireann Inbhuanaitheachta agus anois tá siad cumasaithe chun athrú ceart a dhéanamh ina róil, ar fud ár bhfeidhmeanna éagsúla agus idirnáisiúnta. Tacaíonn an clár lenár sean-Ambasadóirí agus lenár nAmbasadóirí nua fós agus iad ar a n-aistear féin. Bhí lúcháir orainn tacú lenár nAmbasadóirí Inbhuanaitheachta chun cúrsa micridhintiúir a bhaint amach i gCeannaireacht Aeráide ó Choláiste na Tríonóide, Baile Átha Cliath, mar chuid de chiste scoláireachta aeráide a forbraíodh d’Ambasadóirí don bhliain 2025. Tá rath an chláir sin le feiceáil cheana trí na tionscnaimh a spreag siad ar fud ár n-oibríochtaí laethúla, lena n-áirítear úinéirí nua a fháil do throscaín toglainne a bhí i gcás-staidéar na ciorclaíochta.

Ambasadóirí nua a ionduchtú sa bhliain 2025

28

Lena chois sin, i mí Mheán Fómhair 2025, thug ionadaithe dár bhFoireann Grúpa Inbhuanaitheachta cuairt thairbheach ar Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua (RSI) agus aerfoirt Riyadh san Áraib Shádach, inar neartaíodh comhoibriú idirnáisiúnta agus comhroinnt eolais. Sa chuairt, áiríodh seisiún phlé le foirne áitiúla, ceardlanna oiliúna ar inbhuanaitheacht agus meastóireachtaí suímh, inar cuireadh bonneagar nuálach agus tionscnaimh chomhshaoil i láthair. Léiríonn iarrachtaí na n-aerfort chun Creidiúnú Carbóin Aerfoirt (ACA) agus tiomantas RSI chun 100% d’fhuinneamh in-athnuaite a bhaint amach, an chaoi a bhfuil an uailmhian, na dúshláin agus na deiseanna céanna againn ar fad, beag beann ar shuíomh, agus is féidir linn eolas a dhéanamh dá chéile agus inspioráid a thabhairt dá chéile.

D’fhreastail a lán daoine ar na seisiúin oiliúna a soláthraíodh do bhaill foirne daa bunaithe in RSI agus in Riyadh agus léiríodh rannpháirtíocht láidir ilréimsiúil. Neartaíodh tuilleadh leis an gcuairt tiomantas RSI d’oiliúint inbhuanaitheachta a chinntiú do 86% de na fostaithe, agus sholáthair an t-aerfort oiliúint ar fheasacht timpeallachta agus leithscaradh dramhaíola do 44% d’fhostaithe ar an láthair freisin. Athneartaíodh feasacht ar inbhuanaitheacht, nuálaíocht agus feabhsúchán mar gheall ar an gcur chuige cuimsitheach sin.

CÁS-STAIDEAR

Ciorclaíocht: Dúnadh ‘an Lúb’ ag daa

Tá foirne miondiola ARI ag cur tionchair chun tosaigh tríd an “lúb dramhaíola” a dhúnadh agus trí phrionsabail chiorclaíochta a leabú le linn na bliana.

In aerfort Bhaile Átha Cliath agus in aerfort Chorcaí, rinneamar Lá Domhanda Athlionsa a cheiliúradh i mí an Mheithimh trí 13 bhranda saor ó dhleacht a chur i láthair a ghlac le réitigh athlionsa chiorclaíochta — lena dtugtar tacaíocht go díreach dár spriocanna laghdaithe dramhaíola.

Inár siopaí sa Chipir, rinneamar Lá Saor ó Phlaisteach a cheiliúradh le málaí in-athúsáidte oráiste geala, déanta as PET athchúrsáilte, lenar ardaíodh feasacht custaiméirí. Fuair gach comhghleacaí mála freisin chun an tábhacht a bhaineann leis an athrú sin a neartú. Ghlac ARI a thiomantas taobh amuigh freisin: ghlac cúig cinn dár siopaí domhanda saor ó dhleacht páirt sa Lá Domhanda Glantacháin, inar bhain gach foireann os cionn 100kg dramhaíola ó thránna agus ó pháirceanna áitiúla.

In Éirinn, chuir Aerfort Bhaile Átha Cliath an t-athrú chun tosaigh tríd an luach a bhaineann le dramhaíl a aithint. Tar éis tionscnamh rathúil comhchosúil sa bhliain 2024, nuair a rinneadh athchóiriú ar Chríochfort 1, agus ar na tolganna ‘51st’ agus ‘Green’, fuarthas úinéirí nua agus athúsáideadh don chuid is mó dá seanroscán. Breithníodh ar na nithe sin mar dhramhaíl tráth, agus ina ionad sin úsáidtear iad chun ár seomraí foirne a athchóiriú. Níos fearr fós, ba é duine dár nAmbasadóirí Inbhuanaitheachta féin a tharraing aird ar acmhainneacht an tionscnaimh sin agus a d’oibrigh i gcomhar leis an



bhfoireann ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Reachtálar clár carthanachta dramh-mhiotail freisin lenar bailíodh agus lenar athchúrsáladh dramh-mhiotail ó gach áit ar fud champas an aerfoirt, á shábháil ó dhul sa líonadh talún agus €2,000 á bhfáil air ar son carthanais trí fháltais aisíoca. Lean ár bhfoireann ar aghaidh leis an athrú a stiúradh le rolladh amach ár bhfeachtais dramhaíola, Bruscairí (nó Binfluencers), ag an aerfort. Thug an tionscnamh sin, a bhí dírithe ar an bhfoireann, cúnamh chun feasacht a mhéadú agus chun leithscaradh dramhaíola ceart a spreagadh ar fud gach seomra foirne.

Ag RSI, dhíríomar ar réimsí arduinsimh chun dramhaíl phlaisteach a laghdú agus chun cleachtais chiorclaíochta a chur chun cinn. Éiríonn an cineál gníomhaíochta sin níos éifeachtaí nuair a chomhoibríonn gach duine le chéile. Mar aon le Beartas Plaisteach a thabhairt isteach a choisceann

Úsáid Anuaire, rinne RSI ceanglais a leabú i gconarthaí soláthraithe freisin.

Mar thoradh air sin, is gá do sholáthraithe, táirgí agus ábhair phacáistithe critéar dian inbhuanaitheachta a chomhlíonadh, a thagann le beartas saor ó phlaisteach an aerfoirt.

I dtionscnamh comhleanúnach eile, chomhoibrigh Foireann Inbhuanaitheachta RSI le Foireann a nEarraí Caillte chun coiréil agus sliogáin mhara choigistithe, a bhailíonn turasóirí go mídhleathach go minic, a chur ar ais go dtí an fharrage. Seachas iad a chaitheamh amach nó iad a stóráil go brách, aithnítear na hearraí nádúrtha sin go cúramach agus tugtar ar ais iad chuig a dtimpeallacht nádúrtha, áit ar féidir leo cur le timthriallta muirí arís. Tríd an tionscnamh sin atá dearfach don dúlra, léiríonn an t-aerfort gur féidir le forbairt eitlíochta inbhuanaithe agus cosaint éiceachóras dul le chéile.

Líon na mbrandaí a ghlac le réitigh athlionsa chiorclaíochta

13

100kg

De dhramhaíl bainte ag ár bhfoirne ARI ó thránna mar chuid de Lá Glantacháin Domhanda


PTFanna comhshaoil

Réimse	Gealltanas	Sprioc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
<p>Carbón agus Fuinneamh</p>	<p>Leanúint le leibhéal absalóideacha astaíochtaí carbóin a laghdú, ag obair i dtreo ár spriocanna laghdaithe SEAI a bhaint amach faoi 2030.</p>	<p>An carbón bliantúil a laghdú go 8,763 tCO₂ faoi 2030 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.</p>	<p>16,172* tCO₂ (laghdú -44% i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2016-2018)</p>	<p>Sa bhliain 2025, bhaineamar laghdú ar astaíochtaí carbóin amach trí mheascán de bhearta, lena n-áirítear leictreachas in-athnuaite a ghintear ag ár bhfeirm grianfhuinnimh fhótavoltaigh, úsáid HVO in ionad ola le haghaidh téimh agus ár bhflít throm, agus bainistíocht láidir ar úsáid fuinnimh ar feadh na bliana ag ár bhfoireann Bainistíochta Sócmhainní. Is toradh spreagúil é sin d'Aerfort Bhaile Átha Cliath, mar go léirítear leis go bhfuilimid ar an mbóthar ceart chun ár spriocanna 2030 a bhaint amach agus léirítear leis sin freisin gur féidir leis an aerfort leanúint ar aghaidh ag fás agus ag laghdú astaíochtaí carbóin.</p>
		<p>Carbón bliantúil a laghdú go 1,120 tCO₂ faoi 2030 ag Aerfort Chorcaí.</p>	<p>2,000* tCO₂ (laghdú -52% i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2016-2018)</p>	<p>Sa bhliain 2025, bhain Aerfort Chorcaí laghdú amach ar astaíochtaí carbóin iomlána i gcomparáid le 2024, in ainneoin méadú 13.5% ar thrácht paisinéirí, rud a léiríonn tionchar roinnt tionscnaimh inbhuanaitheachta spriocdhírthe a cuireadh chun feidhme le linn na bliana, lena n-áirítear méadú ar fhflít na bhfeithiclí leictreacha, uasghrádú ar luchtairí feithiclí leictreacha ar an láthair, uasghráduithe ar chaidéil uisce, agus Aonad Láimhseála Aeir (AHU) uasghrádaithe a shuiteáil mar chuid de chlár trialach. Thacaigh an t-aerfort tuilleadh le hoibríochtaí talún ísealcharbóin trí Aonaid Cumhachta Talún (GPUanna) feithiclí leictreacha a sholáthar do láimhseálaithe talún, agus chuir sé a chlár soilsithe LED i gcrích ar fud soilsiú crann, an CUB, agus limistéir oifige freisin.</p>
		<p>Laghdú 51% ar bhreoslaí iontaise faoi 2030 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath</p>	<p>34%* i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2016-2018</p>	<p>Sa bhliain 2025, laghdaíomar astaíochtaí ó úsáid breoslaí iontaise trí leanúint lenár gclár chun ár bhflít a aistriú ó dhíosal go leictreach. Laghdaíomar ár spleáchas ar bhreoslaí iontaise le haghaidh téimh freisin trí aistriú ó ola go HVO. Lena chois sin, rinne Aerfort Bhaile Átha Cliath iniúchtaí fuinnimh ar naoi gcinn dár bhfoirgnimh is laige ó thaobh feidhmíochta de, agus shainnaimid sraith beart a chuirfear chun feidhme chun cuidiú le dul chun cinn a dhéanamh i dtreo ár spriocanna carbóin.</p>
		<p>Laghdú 51% ar bhreoslaí iontaise faoi 2030 ag Aerfort Chorcaí.</p>	<p>27%* i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2016-2018</p>	<p>Sa bhliain 2025, chríochnaigh Aerfort Chorcaí céim a haon dá chlár aistrithe um Ola Glasraí Hidreachóireáilte (HVO), ar céim thábhachtach eile é sin ina iarrachtaí dícharbónaithe níos leithne i ndiaidh dul chun cinn a rinneadh maidir le hastaíochtaí carbóin foriomlána a laghdú ar fud champas an aerfoirt. Cé gur tháinig méadú ar idió breosla le linn na bliana mar gheall ar riachtanais oiliúna mhéadaithe d'earcaigh nua agus do Sheirbhís Dóiteáin SNN, ní athraíonn sé sin conair fhadtéarmach an aerfoirt i dtreo oibríochtaí ísealcharbóin. Tá aistriú iomlán HVO fós ar an mbóthar ceart le bheith críochnaithe faoi 2026, rud a chomhlánóidh an tsraith níos leithne de bhearta inbhuanaitheachta atá faoi bhealach cheana, lena n-áirítear uasghráduithe ar bhonneagar feithiclí leictreacha agus feabhsuithe ar éifeachtúlacht fuinnimh sna saoráidí aerfoirt uile.</p>
	<p>Gach Sprioc Fuinnimh ábhartha de chuid na hEarnála Poiblí a bhaint amach faoi 2030.</p>	<p>Sprioc fuinnimh na hearnála poiblí a shárú (laghdú 50%) le 15% in Aerfort Bhaile Átha Cliath.</p>	<p>57%* i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2006-2008</p>	<p>Sa bhliain 2025, d'fheabhsaíomar ár n-éifeachtúlacht fuinnimh 4.7% i gcomparáid leis an mbliain roimhe. Mar gheall ar thionscnaimh ina ndírítear ar theas feabhsaithe agus rialuithe fuaraithe, uasghráduithe agus braiteoirí LED, ligtear dúinn úsáid a bhaint as an bhfuinneamh atá ag teastáil uainn chun ár n-aerfort a fheidhmiú ar bhealach níos éifeachtúla.</p>
		<p>Sprioc fuinnimh na hearnála poiblí a shárú (laghdú 50%) le 15% in Aerfort Chorcaí.</p>	<p>70%* i gcomparáid le meán-bhonnlíne 2006-2008</p>	<p>Lean Aerfort Chorcaí le réimse tionscnamh a chur chun cinn a bhfuil sé mar aidhm leo úsáid fuinnimh a laghdú sa bhliain 2025. Cé gur tháinig méadú 13% ar líon na bpaisinéirí, ag méadú an éilimh ar chórais amhail HVAC, bhí an fheidhmíocht fuinnimh fhoriomlán á rialú go maith fós. Tháinig laghdú ar an idió gáis mar gheall ar dhlúthbhainistíocht agus aimsir níos séimhe i gcomparáid le 2024. Tháinig méadú ar an úsáid as breosla sa fhflít dóiteáin ar aon dul le clár oiliúna dóiteáin leathnaithe, ach cothromaíodh é sin a bhí le roinnt tionscadail thábhachtacha éifeachtúlachta a chur i gcrích, lena n-áirítear dúnadh an tSeanchríochfoirt, uasghráduithe ar an gCóras Bainistíochta Foirgneamh (BMS), agus feabhsuithe ar shoilsiú na n-aerpháirceanna.</p>

* Dréacht-toradh, faoi réir bhailíochtú M&T an SEAI.




Tuarascáil TSR ar lean

PTFanna comhshaoil ar lean

Réimse	Gealltanais	Spríoc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
 <p>Carbón agus Fuinneamh ar lean</p>	20% nó níos mó de riachtanais leictreachais a ghiniúint trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair.	20% (nó níos mó) de leictreachas trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair faoi 2030 in Aerfort Bhaile Átha Cliath.	12%	Ba é 2025 an chéad bhliain iomlán d'fheidhmíocht fheirm grianfhuinnimh fhótavoltaigh 9MWp Aerfort Bhaile Átha Cliath ar an láthair. Ba rath ríthábhachtach í an fheirm ghréine maidir lenár gcumas chun ár n-astaíochtaí carbóin a laghdú i mbliana agus chun leictreachas in-athnuaite glan a ghiniúint don aerfort.
		20% (nó níos mó) de leictreachas trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair faoi 2030 in Aerfort Chorcaí.	0%	Cé go bhfuil giniúint in-athnuaite ar an láthair ag 0% faoi láthair, tá dul chun cinn suntasach déanta maidir leis an spríoc 20% de leictreachas in-athnuaite ar an láthair a bhaint amach faoi 2030. Baineadh amach garspríoc shuntasach i R4 nuair a d'éirigh le hiarratas pleanála Aerfort Chorcaí agus nuair a dámhadh conradh ina dhiaidh sin dá fheirm ghréine ardaithe nuálach. Agus é beartaithe go mbeidh an fhorbairt sin críochnaithe faoi 2026, is é atá i gceist léi eagar grianfhuinnimh a thógáil os cionn carrchlós paisinéirí atá ann cheana – cur chuige dé-úsáide cliste lena n-uasmhéadaítear an spás atá ar fáil, ach freisin lena soláthraítear páirceáil faoi chosaint do phaisinéirí. Nuair a bheidh an tsuiteáil ag feidhmiú, meastar go nginfidh sí 20% d'éileamh leictreachais an aerfoirt, rud a chuirfidh an t-aerfort ar an mbóthar ceart lena uailmhian fuinnimh in-athnuaite a chomhlíonadh.
		20% (nó níos mó) de leictreachas trí fhoinsí in-athnuaite fuinnimh ar an láthair faoi 2030 ag Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua.	72%	Sa bhliain 2025, bhí ghrianchumhacht i gceist le 72% den leictreachas iomlán a ghineann RSI. Faoi mhí na Nollag 2025, bhí ráta úsáide grianfhuinnimh de 84% bainte amach ag an aerfort, agus bhí spríoc socraithe do 2026 chun 100% d'ídiú fuinnimh in-athnuaite a bhaint amach.
	Dul ar aghaidh go dtí an chéad leibhéal eile de ACA (Creidiúnú Carbóin Aerfoirt) ag gach aerfort atá faoi úinéireacht daa (Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Chorcaí agus Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua) laistigh de thréimhse na straitéise (2024-2030).	Creidiúnú Carbóin Aerfoirt Leibhéal 4+ a bhaint amach faoi 2030 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.	Creidiúnú Leibhéal 4+*	Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath Leibhéal 4+ ACA amach i bhfad roimh a spríoc do 2030. Léirítear le creidiúnú Aerfort Bhaile Átha Cliath tiomantas neartaithe an aerfoirt d'astaíochtaí glan-nialasacha a bhaint amach agus do ghníomhú ar son na haeráide a chur chun cinn i gcomhpháirtíocht lena pháirtithe leasmhara. Ba é bailiú láidir sonraí carbóin agus dlúth-chomhoibriú le haerlínte, láimhseálaithe talún agus conraitheoirí a bhí taobh thiar den toradh, mar aon le cur chun feidhme beart spríodhírthe spárála fuinnimh agus laghdaithe astaíochtaí inár n-oibriúcháil uile.
		Creidiúnú Carbóin Aerfoirt Leibhéal 4+ a bhaint amach faoi 2030 ag Aerfort Chorcaí.	Creidiúnú Leibhéal 3+*	Le baint amach an Chreidiúnaithe Carbóin Aerfoirt ag Leibhéal 3+ ag Aerfort Chorcaí sa bhliain 2025, léirítear aibíocht mhéadaithe an aerfoirt maidir le bainistíocht carbóin agus a thiomantas do ghníomhú comhoibriúch ar son na haeráide. Ba iad cur chun feidhme beart spríodhírthe laghdaithe carbóin, agus rannpháirtíocht ghníomhach lenár bpáirtithe leasmhara, a spreag an dul chun cinn le linn na bliana. Cinntíodh leis an gcur chuige comhoibriúch sin gur gabhadh astaíochtaí ó na foinsí ábhartha uile go cruinn agus gur shín bearta laghdaithe níos faide ná smacht díreach an aerfoirt. Tá Aerfort Chorcaí ar an mbóthar ceart chun uasghrádú go ACA Leibhéal 4+ faoi 2030.
		Creidiúnú Carbóin Aerfoirt Leibhéal 3+ a bhaint amach faoi dheireadh na bliana 2026 in Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua.	Creidiúnú Leibhéal 1	Baineadh amach toradh ACA 2025 an RSI trí obair phraiticiúil le linn na bliana, trí shonraí carbóin a bhailiú le tacaíocht ó pháirtithe leasmhara, bearta spárála fuinnimh a chur chun feidhme, agus páirt a thabhairt do bhaill foirne agus do chomhpháirtithe sna gníomhaíochtaí inbhuanaitheachta laethúla. Méadaíonn na céimeanna comhsheasmhacha sin le himeacht ama chun an creidiúnú sin a bhaint amach.

* Faoi réir bailíochtú ó Bhainistíocht Clár ACA.

Tuarascáil TSR ar lean PTFanna comhshaoil ar lean

Réimse	Gealltanas	Spríoc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
 Dramhaíl	60 % den dramhaíl oibríochtúil a athchúrsáil faoi 2030.	60% den dramhaíl oibríochtúil a athchúrsáil faoi 2030 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.	51 %	Trí ghrúpa ciorclaíochta an Aerfoirt, mhéadaíomar na rátaí athchúrsála ó 46% go 51% i mbliana, an leibhéal athchúrsála ab airde riamh in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Toisc mhór inár rath ba ea díriú ar dheighilt dramhaíola agus athrú meoin i dtreo dramhaíl a fheiceáil mar acmhainn.
		60% den dramhaíl oibríochtúil a athchúrsáil faoi 2030 ag Aerfort Chorcaí.	41 %	Bhain Aerfort Chorcaí feabhas suntasach amach ar an bhfeidhmíocht athchúrsála sa bhliain 2025, ag méadú a ráta athchúrsála trí dhlúth-chomhoibriú le hoibreoír agus le comhpháirtithe seirbhíse. I measc na bpríomhthionscnamh bhí rolladh amach burlairí cairtchláir agus plaisteacha, dlúthóirí boscaí bruscair cliste Bigbelly ar fud na réamhchúirte agus an Chríochfoirt, agus laghdú ar líon na ndlúthóirí dramhaíola ginearálta. Le ceardlanna spriodhíthe agus piarmheasúnaíthe, neartaíodh cleachtais deighilte dramhaíola tuilleadh. Cion eisceachtúil a rinneadh le linn na bliana ba ea athchúrsáil 13 thona de thralaithe aerfoirt, arb é sin 4.56% den ábhar athchúrsáilte iomlán.
	Sruth dramhaíola ginearálta a laghdú faoi 30% faoi 2030.	Sruth dramhaíola ginearálta a laghdú faoi 30% faoi 2030 in Aerfort Bhaile Átha Cliath.	53%	Trí ghrúpa ciorclaíochta nua tiomnaíthe don Aerfort, mhéadaíomar na rátaí athchúrsála ó 46% go 51% i mbliana, an leibhéal athchúrsála ab airde riamh in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Toisc mhór inár rath ba ea díriú ar dheighilt dramhaíola agus athrú meoin i dtreo dramhaíl a fheiceáil mar acmhainn.
		Sruth dramhaíola ginearálta a laghdú faoi 30% faoi 2030 in Aerfort Chorcaí.	34%	Lean Aerfort Chorcaí le dul chun cinn láidir a dhéanamh maidir le dramhaíl ginearálta a laghdú sa bhliain 2025 trí oibriú go dlúth le hoibreoír agus soláthraithe aerfoirt chun cleachtais deighilte dramhaíola a neartú. Bhí bonneagar athchúrsála uasghrádaithe mar aon le hollíúint spriodhíthe ar an láthair agus seisiún piarmheasúnaíthe thar a bheith éifeachtach. Thacaigh na bearta sin, in éineacht le laghdú straitéiseach ar dhlúthóirí dramhaíola ginearálta, le hathrú suntasach i dtreo rátaí athchúrsála níos airde agus dramhaíl iarmharach níos lú ar fud aerfoirt.
	90% den dramhaíl tógála a athchúrsáil faoi 2030.	90% den dramhaíl tógála a athchúrsáil faoi 2030 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.	41 %	Tháinig méadú suntasach ar an ngníomhaíocht tógála ag Aerfort Bhaile Átha Cliath sa bhliain 2025 i gcomparáid le 2024, rud a léiríonn scála na n-oibreacha caipitil atá faoi bhealach. Astu sin, caitheadh thart ar 370,000 uair an chloig ar thionscadail aerpháirce amháin, rud a leagann béim ar an méid suntasach oibre agus na ceanglais ghaolmhara maidir le bainistíocht dramhaíola. Bhain oibreacha aerpháirce den chuid ba mhó le hithir éillithe, clocha agus sruthanna dramhaíola guaiseacha eile a bhaint agus a láimhseáil go sábháilte, agus bainistíocht é sin go léir de réir rialuithe dochta comhshaoil. Chuir oibreacha móra feabhsúcháin i gCríochfoirt 1 le gníomhaíocht bainistíochta dramhaíola freisin. Tá próisis tuairiscithe maidir leis na tionscadail tógála uile ag feidhmiú go láidir fós, agus iad tacaithe ag córais bhainistíochta conraitheoirí a ndéantar iniúchtaí bliantúla orthu chun comhlíonadh, inrianaitheacht agus feabhsú leanúnach ar feidhmíocht laghdaithe dramhaíola agus athchúrsála a chinntiú.
90% den dramhaíl tógála a athchúrsáil faoi 2030 ag Aerfort Chorcaí.		100%	Cuireadh tús le hoibreacha bonneagair ag Aerfort Chorcaí i mí Mheán Fómhair 2025, rud a raibh díreach faoi bhun ceithre mhí de ghníomhaíocht intuairiscithe don bhliain mar thoradh air. Díreann an clár oibreacha faoi láthair ar thionscadail atá bunaithe ar chríochfoirt, gan aon tochair ná baint ithreach, aíspeiste ná ábhar guaiseach eile de dhíth le linn na céime sin. Tá Aerfort Chorcaí i mbun oibre go gníomhach leis an gconraitheoir chun ailíniú iomlán le ceanglais tuairiscithe dramhaíola daa agus gabháil chuimsitheach gach cineáil dramhaíola a ghintear ar an láthair a chinntiú. Leis na céimeanna luatha sin, soláthraítear bunús le haghaidh rianú níos mionsonraithe agus tuairisciú feabhsaithe ar bhainistíocht dramhaíola de réir mar a rachaidh an clár ar aghaidh sa bhliain 2026.	
 Uisce	Úsáid uisce ar an láithreán a laghdú.	Úsáideadh níos lú ná 12 lítear uisce in aghaidh an phaisinéara ag Aerfort Bhaile Átha Cliath.	10.8 lítear in aghaidh an phaisinéara.	Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath laghdú ar úsáid uisce in aghaidh an phaisinéara amach sa bhliain 2025 trí chlár leanúnach chun sceitheadh uisce a bhrath agus a cheartú.
		Úsáideadh níos lú ná 12 lítear uisce in aghaidh an phaisinéara ag Aerfort Chorcaí.	9.68 lítear in aghaidh an phaisinéara.	Lean Aerfort Chorcaí le córais agus nósanna imeachta láidre a choinneáil ar bun ar fud an champais lena chinntiú go sainaitheofar agus go ndéileálfar le haon sceití láithreach bonn. Mar thoradh ar an gcur chuige réamhghníomhach sin, tacaithe ag monatóireacht leanúnach agus prótacail mhearfhearagtha, tá laghdú suntasach tagtha ar líon na lítear uisce a úsáidtear in aghaidh an phaisinéara i gcomparáid leis an mbliain seo caite.
 Cultúr Dearfach i leith na hAeráide	Oiliúint a chur ar ár ndaoine faoi shaincheisteanna aeráide agus inbhuanaitheachta trí chlár na nAmbasadóirí Inbhuanaitheachta, ina spreagtar baill foirne ceannach isteach chun tionscadail nuálacha a bhaint amach.	Os cionn 250 Ambasadóir Inbhuanaitheachta a ionductú ar fud an Ghrúpa daa faoi 2030.	130 ambasadóir.	Chuir ár gclár Ambasadóirí Inbhuanaitheachta fáilte roimh 28 ball nua i mbliana. Agus daoine ag bogadh ó ról in daa agus daoine eile ag teacht isteach inár nGrúpa, is féidir le líon ár n-ambasadóirí athrú, ach tá sé tábhachtach go gcoinneoidimid an croighrúpa sin de chomhghleacaithe paiseanta i leith tacú lenár dtiomantais inbhuanaitheachta. In ainneoin na n-athruithe sin, chríochnaíomar an bhliain i gcomhréir lenár sprioc 130 ambasadóir a bheith againn. D'oibrigh ár n-ambasadóirí gach lá chun feasacht inbhuanaitheachta a spreagadh agus réimsí feabhsúcháin sa bhliain 2025 a shainaitheant, ag díriú ar dhramhaíl, spásanna glasa agus foinsí fuinnimh eile.



Pobal agus daoine

Cuireann an ghné shóisialta dár Straitéis TSR béim ar ár dtiomantas do thimpeallacht ionchuimsitheach, thacúil agus athléimneach a chothú dár ndaoine, dár bpaisinéirí agus do na pobail ar a bhfreastalaímid. Tuigimid go bhfuil níos mó ná iarrachtaí timpeallachta ag teastáil chun todhchaí inbhuanaithe a chruthú – éilíonn sí tionchar sóisialta fiúntach a chur chun cinn agus deiseanna a chruthú do chách chun bláthú.



Náisiúntachtaí dá ndéantar ionadaíocht i measc ár bhfostaithe

50+

Ár bPobal

Is comharsa, áisitheoir, fostóir agus tacadóir do na mílte post agus gnólachtaí é Aerfort Bhaile Átha Cliath. Ní haon ionadh é, go mbíonn tionchar ag ár n-oibríochtaí ar na pobail timpeall ár n-aerfort ar bhealaí éagsúla agus, dá réir sin, bíonn siad i gcroílár ár n-oibríochtaí. I mbliana, áiríodh urraíocht agus maoiniú tionscnamh, cuairteanna, turas agus comórtas inár bhféilire d'imeachtaí pobal mar chuid dár dtiomantas maidir le rannpháirtíocht, spórt agus cláir oideachais. Is ionann an sárú teorainneacha sin agus gníomhú cúramach agus freagrúil d'aon drochthionchar a d'fhéadfadh a bheith againn.

CÁS-STAIDEAR

Clár Tacaíochta Scoile Elevate'25 – Ag Tacú le hOideachas agus Fás Pobail

Mar chuid dár dtiomantas leanúnach do phobal láidir, bríomhar a chothú a bhaineann tairbhe as láithreach Aerfort Bhaile Átha Cliath, sheol daa Elevate'25 – ciste uathúil €2 mhilliún atá tiomnaithe do thacú le tionscnaimh oideachais lena soláthraítear tairbhí forbraíochta fadtéarmacha do scoláirí, do mhúinteoirí agus do phobail áitiúla.

Seoladh Elevate'25 i mí na Bealtaine mar chuid dár gceiliúradh 85 bliain, agus thug sé deis do bhunscoileanna agus do mheánscoileanna áitiúla iarratas a dhéanamh ar thacaíocht do thionscadail uailmhianacha. Clúdaítear leis na tionscnaimh sin raon leathan réimsí lena n-áirítear seomraí ranga lasmuigh, leabharlanna nua agus seomraí na gcéadfaí, cláir iarscoile, tionscnaimh folláine agus saoráidí spóirt. Bhí an fhreagairt thar a bheith dearfach, agus fuarthas breis agus 75 iarratas.

Oideachas áitiúil tacaithe trí Elevate'25

€2m



Bhí ríméad orainn tacú leis na hiarratais uile a fuarthas agus tá gach tionscadal ina infheistíocht fhiúntach i dtimpeallacht oideachais agus i bhfolláine na scoláirí agus na múinteoirí araon.

I measc na dtionscadal spreagúil iomadúil, tá Scoil Náisiúnta Phádraig do Bhuachaillí agus Scoil Phádraic Cailíní i nDomhnach Bat le tabhairt faoina spás comhroinnte lasmuigh le dromchla nua a bhunathrú. Leis an bhfeabhsú luachmhar sin, cruthófar limistéar sábháilte, uile-aimsire inar féidir le páistí taitneamh a bhaint as caitheamh aimsire le linn na bliana, rud a fheabhsóidh na heispéiris súgartha agus foghlama araon. Tá na scoláirí ar bis le tús a chur leis an bhforbairt spreagúil sin dá scoil.

Trí Elevate'25, tá Aerfort Bhaile Átha Cliath bródúil as infheistíocht a dhéanamh i dtodhchaí ár saoráidí oideachais áitiúla. Leanfaidh tionchar dearfach an chiste €2 mhilliún sin ag fás de réir mar a chuirfear beocht sna tionscadail sin, agus táimid ag tuúth le cuairt a thabhairt ar na tionscnaimh speisialta sin agus iad ag teacht chun críche le linn na bliana 2026.

Tuarascáil TSR ar lean

Mar shampla, ní hamháin go bhfuilimid tiomanta chun dul i ngleic le fadhbanna an phobail a bhaineann le torann eitleán, ach táimid tiomanta chun dul thar na rialacháin íosta chun iad a mhaolú.

Gné rithábachtach eile dár straitéis: Cruthaigh píosa spraoi. Sa bhliain 2025, áiríodh leis sin gliondar a chur ar bhreis agus 750 leanbh ámharach nuair a sheol Aerfort Bhaile Átha Cliath soláthairtí rithábachtacha (i gcruth a veain uachtair reoite féin) chuig cúig champa samhraidh, agus nuair a cuireadh ceithre Lá Dífrochta i gcrích ar fud Thuaisceart Bhaile Átha Cliath, i gcás go ndearna oibríthe deonacha ár ngnó spásanna tearcúsáidte i scoileanna agus i gclubanna áitiúla a athbheochan. Bhronnamar Éicea-Phacáistí Bronntanais Aerfort Bhaile Átha Cliath ar 20 club agus grúpa a bhuaigh sa cheantar áitiúil; lenar áiríodh uirlisí amhail buainteoir uisce, múiríneoir, óstán feithidí, bara rotha agus eile, ar mhaithe lena gceantar áitiúil a chothabháil agus a fheabhsú.

Ar an dóigh chéanna, chuir aonaid ghnó ARI go mór le pobail in Éirinn agus thar lear aron le linn na bliana 2025. Thacaigh ARI Ireland le Foireann Póilíní agus Dóiteáin an Aerfort fad a chuir siad dúshlán meaisín reatha i gcrích i mí an Mheithimh le buicéid tiomsaithe airgid, agus reáchtáladh Feachtas Bróid 2025 agus crannchur tiomsaithe airgid ina dhiaidh sin.

Ildir an lá linn, ar fud a ghréasáin dhomhanda, chonacthas comhbhá na foirne ARI trí thabhartais leabhar, éadach agus bréagán; a thacaigh le teaghlaigh leanaí agus cistineacha pobail; seisiúin deontóirí fola agus gníomhaíochtaí folláine, inar léiríodh cúram agus nasc i ngach iarracht. Maoiníodh brionglóidí leanaí a bhfuil breoiteacht thromchúiseach orthu le tionscadail chruthaitheacha, agus soláthraíodh uisce glan do phobail de chuid na hAfraice, lena léirítear an chaol ar féidir le gníomhartha pobail fíorthionchar domhanda a imirt.

Ár nDaoine

Tá daa tiomanta d'áit oibre a chruthú ina bhfuil cothroime, ionchuimsiú agus meas mar bhunchlocha aige. Bíonn an deis chéanna ag gach duine, beag beann ar inscne, aois, grúpa eitneach, míchumas, cúlra nó gnéaschlaonadh a bheith ceaptha le haghaidh róil oiriúnacha in daa. Úsáidtear an cur chuige céanna maidir le roghnúchán le haghaidh ardú céime nó forbairt gairme. Cuirimid ar chumas ár ndaoine bláthú, agus cothaimid bród, muintearas agus folláine i ngach céim dá ngairm.

Tacaímid lenár ndaoine freisin aon uair a bhíonn gá leis. Leis sin, áirítear ár gClár Cúnaimh d'Fhostaithe (EAP) a thugann tacaíocht do gach fostaí daa trí sheirbhís comhairleoireachta neamhbhreithiúnach, faoi rún a chur ar fáil. Anuas air sin, tá rochtain ag gach duine ar líne thacaíochta 24/7, má tá siad ag déileáil le fadhbanna oibre nó pearsanta.

Le blianta beaga anuas, is údar misnigh é níos mó feasachta a fheiceáil ar an tábhacht a bhaineann le folláine mheabhrach, mar aon le folláine fhisiciúil.

CÁS - STAIDÉAR

Ciste Pobail Bhaile Átha Cliath

Tá sé mar aidhm ag Aerfort Bhaile Átha Cliath forbairt dhearfach a chur chun cinn san oideachas, sa spórt agus sna healaíona, agus is é ár gCiste Pobail bunchloch an éitis sin.

Sholáthair an Ciste Pobail, a bunaíodh sa bhliain 2017, tacaíocht dar luach €3.3 milliún le haghaidh os cionn 750 tionscnamh, a chlúdaigh réimsí amhail spórt agus caitimh aimsire, oideachas agus oiliúint, sláinte agus folláine, ionchuimsiú sóisialta agus forbairt pobail, inbhuanaitheacht chomhshaoil, agus cultúr agus oidhreacht. Tá na tionscnaimh sin deartha chun feabhas a chur ar chaighdeán beatha na gcónaitheoirí agus chun ómós láidir pobail a chothú.

Sa bhliain 2025, leithdháileadh maoiniú dar luach €500,000 ar bheagnach 120 grúpa áitiúil le haghaidh réimse tionscadal lena n-áirítear trealamh spóirt, ceoldrámaí scoile, seomraí céadfaí, agus clubanna snámha.

Trí thacaíocht a thabhairt do chlubanna amhail Club Gailf Dhá Mhaide Phort Mearnóg trí phainéil ghréine a shuiteáil ar a chlubtheach, cinntítear gur féidir leis na grúpaí sin leanúint orthu lena saoráidí a fheabhsú chun leasa na mball uile. Mar ghné sheanbhunaithe de phobal Phort Mearnóg, fáiltíonn an club roimh dhaoine de gach aois, agus a bhfuil lena shuíomh griannmhar, cuideoidh na painéil ghréine nua leis na costais fuinnimh a laghdú agus éifeachtúlacht a fheabhsú.



Tá Ciste Pobail Aerfort Bhaile Átha Cliath bródúil as an tacaíocht a thug sé don chlub sin thar na blianta agus é ag leanúint le tionscnaimh lena gcuirtear inbhuanaitheacht comhshaoil, sláinte agus folláine, agus cuimsiú sóisialta chun cinn a fhorbairt.

Maidir le go leor clubanna áitiúla, ní fhéadfaí tionscadail mar sin a dhéanamh gan maoiniú ó Aerfort Bhaile Átha Cliath. Léirítear leis an tiomantas leanúnach sin ár ndúthracht oibriú i gcomhar lenár gcomharsana chun todhchaí inbhuanaithe agus rathúil a chruthú do chách.

Tacaíonn an Ciste Pobail le daichead scoláire in aghaidh na bliana ó chúlraí imeallaithe chun freastal ar Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath trínár gClár Rochtana. Tá sé mar aidhm ag an gcomhpháirtíocht sin deiseanna uathúla a chur ar fáil do na mic léinn sin maidir le rochtain a fháil ar ardoideachas, cothroime oideachais a chur chun cinn agus tacú leis an gcéad ghluin eile ceannairí.

Trí na tionscnaimh sin agus tionscnaimh eile, léiríonn daa a thiomantas do thionchar dearfach a imirt ar ár bpobail áitiúla, ag cinntiú go n-éireoidh leo de réir mar a fhásfaidh agus a fhorbróidh Aerfort Bhaile Átha Cliath.



CÁS-STAI DÉAR

Ciste Pobail Aerfort Chorcaí: Ag Tacú le Cultúr, Spórt agus Turasóireacht

Leanann Aerfort Chorcaí le ról rithábachtach a imirt i dtaca le tírdhreach cultúrtha, spóirt agus turasóireachta an réigiúin trína Chiste Pobail.

Sa bhliain 2025, d'athnuaigh an t-aerfort a chomhpháirtíocht fhadtéarmach le Féile Snagcheoil Guinness Chorcaí, ceann de na himeachtaí cultúrtha is íocónaí in Éirinn. Mar thairseach idirnáisiúnta chuig an bhféile, cuireann Aerfort Chorcaí fáilte roimh na mílte cuairteoir gach bliain, rud a neartaíonn a thiomantas do thurasóireacht isteach a chur chun cinn agus saol bríomhar ealaíon Chorcaí a cheiliúradh. Tacaíonn an t-aerfort le Féile 'Cork on a Fork' chomh maith, rud a neartaíonn a naisc leis an gcultúr bia agus leis an bhfáilteachas áitiúil.

Sna hEalaíona, tacaíonn an t-aerfort le Féile Scannán na Fraince-Chorcaí, Féile Scannán Fastnet agus Féile Cheoldrámaíochta Ghleann na Dubhabhann. Sa bhliain 2025, d'urraigh sé Fleadh Cheoil na Mumhan freisin, inar léiríodh ceol, damhsa agus amhránaíocht thraidisiúnta na hÉireann i gcathair Chorcaí. Ó thaobh na healaíne de, chuaigh an t-aerfort i gcomhpháirtíocht le Comhaltas Ceoltóirí Éireann

chun múrmhaisiú mór ealaíne sráide a choimisiúnú ar an gcampas, mar chuid den tionscadal Ardú.

Tacaíonn Aerfort Chorcaí le cultúr agus cruthaitheacht na hÉireann i ngach foirm freisin: faigheann ealaíontóirí, ceardaithe agus grianghrafadóirí áitiúla ardán lena saothar a chur ar taispeántas i spásanna taispeántais an chríochfoirt – agus taispeántas do lucht féachana domhanda a ghabhann leis sin.

Tá tacaíocht an aerfoirt don spórt chomh láidir céanna. Sa bhliain 2025, chomór sé garspíoc stairiúil trí urraíocht a dhéanamh ar an trealamh traenála do chéad fhoireann sacair na mban fásta ag Everton AFC. Déanann sé urraíocht freisin ar an spórt pobail i gcomhar le FC Chathair Chorcaí, Cumann Pheil Ban Ghleann Maghair agus club CLG Faoi Aois Bhaile Garbháin.

Tacaíonn an Ciste Pobail le réimse tionscnaimh áitiúla freisin, lena n-áirítear seónna talmhaíochta i mBaile Garbháin agus i mBéal Guala, pantaimim Scoil Phobail Bhaile an Easpáig, bailitheoirí bruscair Lios Cross, agus líon grúpaí beaga ceoil.



I mí Mheán Fómhair 2025, sheol daa Feachtas an Ribín Ghlais. Is tionscnamh an-chumhachtach é sin atá faoi stiúir Shine chun ár dtiomantas do thacaíocht a thabhairt do mheabhairshláinte na bhfostaithe a threisiú. Is é an aidhm atá leis fáil réidh leis an stiogma a bhaineann le meabhairshláinte, seasamh le chéile mar chuideachta agus comhráite oscailte a spreagadh. Le linn mhí Mheán Fómhair, bhí imeachtaí, seimineáir ghréasáin agus cainteanna ar siúl a bhí ceaptha chun feachtas a mhúscailt agus tacaíocht fhiúntach a chur ar fáil.

Ina theannta sin, ghlac daa céimeanna gníomhacha sa bhliain 2025 chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- **Eispéireas níos fearr a thabhairt do scoláirí.** Chuireamar feabhas ar ár gClár Idirbhliana chun fáilte a chur roimh 25 scoláire sa tseachtain, ar feadh tréimhse ceithre seachtaine, lena chinntiú go bhfaighidh siad eispéireas foghlama luachmhar, agus á dtumadh féin i ngnéithe éagsúla de ghnó daa.
- **Feachtas agus tuiscint ar mhíchumas a ardú.** Sheol daa oiliúint éigeantach feachtas ar mhíchumas arís do gach fostaí inmheánach (cé acu an raibh siad ag déileáil le paisinéirí nó lonnaithe san oifig). Diríonn an oiliúint sin freisin ar mhíchumas folaithe, chomh maith le míchumas follasach, chun mothú cuimsithe agus feachtas a chruthú ar fud na heagraíochta. Cuireadh leagan feabhsaithe den oiliúint sin ar fáil do Phóilíní an Aerfoirt, do Sheirbhís Dóiteáin an Aerfoirt agus d'Aonaid Chuardaigh Aerfoirt (ASUanna) chun tacú lena ndlúthobair leis an bpobal. Leantar le fochonraitheoirí a dhéileáilann le paisinéirí ag ár n-aerfort a chuimsiú san oiliúint anois.
- **Tallann na mban a chumhachtú.** Seoladh an clár FrameChangers sa bhliain 2023, agus tá sé deartha chun tallann na mban a chur chun cinn trí mheascán struchtúrtha d'fhoghlaim sa seomra ranga, féinnhachnamh, cóitseáil aonair, comhoibriú le piaraí agus cur i bhfeidhm praiticiúil. Cuireann sé léargas rithábachtach ar fáil do rannpháirtithe chun dul i ngleic le dúshláin ghairme agus ceannaireachta atá ag athrú i gcónaí.



Ár bPaisinéirí

Sa bhliain 2025, lean daa le paisinéirí a chur i gcroílár oibríochtaí ár n-aerfoirt, agus compord, inrochtaineacht agus rannpháirtíocht á bhfeabhsú ar fud ár n-aerfort.

Bhain Aerfort Bhaile Átha Cliath Creidiúnú Feabhsúcháin Inrochtaineachta (AEA) de chuid Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort amach as rochtain taistil a éascú do phaisinéirí faoi mhíchumas – an chéad aerfort in Éirinn a rinne amhlaidh.

Tá Aerfort Chorcaí tiomanta fós d'eispéireas eisceachtúil a sholáthar do phaisinéirí, agus soláthrófar tionscnaimh nua sa bhliain 2025 chun inrochtaineacht agus compord a fheabhsú. Ag obair go dlúth le teaghlaigh leanaí ar a bhfuil uathachas, chuir an t-aerfort tacaíocht shaincheaptha ar fáil do thuras sócair.

**Tacaíocht
chomhairleachta ar fáil
do gach ball foirne daa**

24/7

Tuarascáil TSR ar lean

Trí chomhpháirtíochtaí le Madraí Teorach do na Daill in Éirinn, d'éascaíomar cuairteanna traenála ríthábhachtacha, rud a chabhraigh le compánaigh shoghluasteachta amach anseo oiriúnú do thimpeallachtaí gnóthacha.

Thacaigh Aerfort Chorcaí le turais speisialta do leanaí a bhfuil riachtanais leighis acu freisin, lena n-áirítear turas speisialta go Disneyland Pháras, ag cinntiú go ndeachaigh siad tríd an tseiceáil isteach agus an tslándáil gan stró. Léirítear leis na hiarrachtaí sin tiomantas láidir do chuimsiú agus do chúram, ag cinntiú go mothóidh gach taistealaí go bhfuil meas orthu agus go bhfuil tacaíocht acu ar feadh a dturais.

CÁS-STAIDEAR

Tiomantas Domhanda ARI don Phobal agus don Fholláine

Is réimse é Luach Sóisialta a Chruthú (CSV) a bhfuil ARI paiseanta faoi. Sa bhliain 2025, chuir deich n-aonad gnó domhanda ARI níos mó ná 38 tionscnamh CSV i gcrích, rud a raibh tionchar dearfach aige ar thart ar 3,300 duine.

Bhí réimse leathan gníomhaíochtaí i gceist, idir bhailiú agus dáileadh earraí riachtanacha amhail leabhair, éadaí agus bréagáin dóibh siúd a raibh siad de dhíth orthu, agus deonú fola, gníomhaíochtaí scoile, béilí a chócaráil dóibh siúd i ngátar, buidéal uisce a thabhairt do leanaí san Afraic agus brionglóidí a fhíorú do leanaí a bhfuil tinneas foirceanta orthu. Diríonn ARI ar bheith páirteach leis an bpobal áitiúil a mbeidh tionchar domhanda aige.

In Abú Daibí, thacaigh an fhoireann le díol leabhar comhoibríoch ag an aerfort agus ghlac sí páirt in imeacht carthanachta 'Operation Smile'. Choinnigh Ionad Saor ó Dhleacht Bhairéin clár míosúil gníomhaíochtaí ar bun, lena n-áirítear tabhartais do charthanais áitiúla agus imeachtaí folláine amhail ióga agus seisiúin anáilaithe do Lá na Folláine Meabhrach.

Sa Chipir, coinníodh an fócas ar thionscnaimh chomhshaoil agus folláine, chomh maith le tacaíocht a thabhairt do scoil áitiúil a bhí buailte ag falscáithe. Thug foireann Mhontainéagró cuairt ar theach leanaí in Tivat agus chabhraigh siad le béilí a ullmhú i gcistin phobail, chomh maith le leabhair a thabhairt do leabharlann áitiúil.

Sheol foireann na Portaingéile dhá thionscadal a raibh tionchar mór acu: 'Happy Smiles', a bhailigh airgead do leanaí a bhfuil tinneas foirceanta orthu, agus 'Join the Pipe', a thacaíonn le rochtain ar uisce glan san Afraic trí bhuidéil in-athlonta a dhíol. In Riyadh, bhí foireann Ahlan Avenue gníomhach i bhfeachtas deonaithe fola agus i dtabhartais do charthanais.

Le chéile, léirítear leis na tionscnaimh sin tiomantas domhain ARI do luach sóisialta agus do rannpháirtíocht fostaithe.



CÁS-STAIDEAR

Cuimsiú agus Éagsúlacht a Cheiliúradh Trí Chultúr agus Pobal

Creidimid gur cheart do ghnó poiblí mar ár ngnó féin bheith ina léiriú ar an tsochaí a bhfreastalaíonn sé air. Leis an éagsúlacht a sholáthraíomar inár ngnóthaí éagsúla, treisítear ár gcultúr oibre, toisc go dtugann ár ndaoine réimse iomlán cúlraí, eispéiris saoil agus léargais leo chun oibriú leo.

Sa bhliain 2025, lean daa le cultúr cuimsithe agus éagsúlachta a chothú trí shraith imeachtaí bríomhara. Áiríodh leo sin an tionscnamh 'The Taste of daa', a tugadh isteach den chéad uair sa bhliain 2024, mar aon le dhá cheiliúradh lenár léiríodh éagsúlacht shaibhir ár lucht saothair. Ba iad grúpaí oibre comhdhéanta d'fhostaithe a cheiliúránn a gcultúr agus a n-oidhreacht a d'eagraigh na himeachtaí, rud a spreag spéis agus a chabhraigh le hionad oibre níos ceangailte a chruthú.

I mí Feabhra, tháinig comhghleacaithe le chéile chun ómós a thabhairt do chultúr na Brasaíle, áit ar bhain siad sult as miasa traidisiúnta amhail Feijoada agus ar bhlaís siad fuinneamh damhsa



agus éadaí na Brasaíle. I mí Dheireadh Fómhair, díríodh an aird ar Diwali, Féile Soilse na hIndia. Tháinig comhghleacaithe le chéile chun foghlaim faoin tábhacht chultúrtha a bhaineann leis an bhféile agus chun sult a bhaint as bia barántúil Indiach, rud a neartaigh teachtaireacht na haontachta agus an tsolais. Bhain siad sult as tatúnna henna agus patrúin rangoli a sheasann d'ádh agus rathúnas do gach duine freisin.

Ba nóiméad tábhachtach eile i bhféilire cuimsithe daa é Mí an Bhróid; go deimhin, cheiliúramar í agus lenár líon ba mhó riamh páirteach i bParáid Bhród Bhaile Átha Cliath. Bhí caint chumhachtach faoi Bhród ag an Obair ar siúl le linn na míosa freisin, arna reáchtáil ag Pride Ireland, ina ndearnadh iniúchadh ar 2,000 bliain de stair LADTA+ agus a hábharthacht inniu.



Roinn comhghleacaithe a léargas féin ansin, agus cuireadh fáilte chroíúil rompu ag seisiúin i seomraí sosa na foirne in aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí agus san Ionad Seirbhísí Comhroinnte i Luimneach. Ghlac daa páirt freisin sa chomhdháil Bród san Iompar a d'eagraigh Iarnród Éireann, rud a chabhraigh le guth na cuimsitheachta a neartú ar fud líonra iompair na hÉireann. Le himeachtaí ar nós Biongó Draige, tugadh comhghleacaithe le chéile chun ceiliúradh a dhéanamh, agus cuireadh fáilte roimh na milliúin paisinéirí i limistéar athmhaisithe Teachta Chríochfort 1 le teachtaireacht dhána – "Tá an grá san aer" – ráiteas glórach bródúil ar an dóigh a léiríonn daa luach an chuimsithe.

Trí ghlacadh le hoidhreacht chultúrtha agus trí éagsúlacht a chur chun cinn, leanann daa le hionad oibre a fhorbairt ina mothaíonn gach duine go dtugtar aird orthu, go bhfuil meas orthu agus go gceiliúrtar iad.

PTFanna Sóisialta




Réimse	Gealltanais	Spríoc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
 Rannpháirtíocht an Phobail	Tacú le himeachtaí áitiúla agus tionscnaimh a spreagadh a sholáthraíonn tairbhí pobail trínár gCistí Pobail.	Ciste Pobail €4m chun tacú le príomhthionscadail áitiúla agus imeachtaí inár bpobail.	Íocadh €694,770.20 amach sa bhliain 2025.	Sa bhliain 2025, dháil daa suim iomlán shuntasach de chistí pobail chun tacú le tionscnaimh áitiúla i ndáil le turasóireacht, spórt, cultúr agus oideachas. Tacaíodh le 117 tionscnamh áitiúil ar iomlán trí Chiste Pobail Aerfort Bhaile Átha Cliath. I measc na bpríomhbhuicpointí in Aerfort Chorcaí, bhí urraíocht ar fhéilte bia agus ceoil áitiúla, saothair ealaíne ar mhórsála a choimisiúnú ar champas an aerfoirt agus tacú le clubanna spóirt áitiúla do mhionaoisigh. Bhain ARI feidhmíocht iontach amach agus sháraigh siad a spríoc le breis agus €70,000.
		Scéim Deontais Scoile €2.5m le haghaidh oibreacha feabhsúcháin i scoileanna áitiúla.	Leithdháileadh €2.0m ar scoileanna áitiúla mar chuid de Scéim Deontais Scoile.	Tacaíodh le breis agus 75 scoil áitiúil le leithdháileadh €2.0m faoi Chlár Tacaíochta Scoile Elevate'25 Aerfort Bhaile Átha Cliath, agus baineadh amach spríoc a bhíodas ag súil leis don bhliain 2025 dá bharr.
	I bhfad níos mó obair deonach fostaíthe a éascú.	2,100 lá d'obair dheonach ag fostaíthe daa inár bpobail áitiúla.	901 lá d'obair dheonach curtha ar fáil.	Ag daa, tá ár bhfostaithe díograiseach faoi thacaíocht a thabhairt dá bpobail áitiúla trí obair dheonach. Bíonn go leor cineálacha gníomhaíochtaí i gceist leis na gníomhaíochtaí deonacha sin, lena n-áirítear tionscadail pobail 'lá difríochta', i gcás ina ndéanann fostaíthe obair dheonach chun spásanna tearcúsáidte i scoileanna agus i gclubanna áitiúla a athbheochan, chomh maith le hobair dheonach shóisialta phobail luachmhar. Áirítear leis sin leabhair a thabhairt do leabharlanna áitiúla, imeachtaí folláine amhail ióga a reáchtáil, agus earraí riachtanacha m.sh. éadaí, bréagáin agus leabhair a bhailiú agus a dháileadh ar dhaoine atá i ngátar.
 Maolú agus Monatóireacht Torainn	Dul thar a bhfuil riachtanach i gcoinníollacha planála inár n-iarrachtaí chun tionchar an torainn ar phobail áitiúla Aerfort Bhaile Átha Cliath a mhaolú. Leanfaimid orainn plé rialta agus oscailte a dhéanamh le húdaráis ábhartha, le páirtithe leasmhara agus le pobail maidir leis an tsaincheist thábhachtach seo.	220+ teach inslithe go hiomlán le haghaidh torainn. Tá an scéim ceannaigh amach dheonach ar fáil do 41 teach go dtí an dáta sinthe de Lúnasa 2026.	Rinneadh 203 teach a insliú go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2025. Ghlac sé theach le tairiscintí sa bhliain 2025 agus tá siad sa phróiseas tiolactha faoi láthair, agus táthar ag súil le clabhsúir sa bhliain 2026.	Rinneadh 203 teach a insliú go hiomlán faoi dheireadh na bliana 2025. Tá oibreacha ar dhá theach eile ceadaithe agus sínithe, agus bhí siad críochnaithe faoi dheireadh mhí Feabhra 2026. Ceannaíodh naoi dteach ó cuireadh an scéim i bhfeidhm sa bhliain 2017.
		Tá maoiniú ar fáil chun tacú le hoibreacha feabhsúcháin/riachtanais maolaithe torainn i scoileanna áitiúla aitheanta.	Cuireadh oibreacha inslithe i gcrích sa bhliain 2025.	Déanfar tuilleadh oibreacha feabhsúcháin don scoil shainaitheanta sa bhliain 2026.
		Bearta inslithe le haghaidh suas le 600 teach incháilithe a bhfuil luach deontais suas le €30,000 acu in aghaidh na réadmhaoine.	Rinneadh suirbhéireacht ar 207 teach sa bhliain 2025.	Críochnaíodh 207 suirbhéireacht sa bhliain 2025, ag sárú spríoc 2025 de 192 suirbhéireacht.
		37 críochofort monatóireachta torainn ar an iomlán a shuiteáil faoi 2030.	Suiteáladh 25 monatóir torainn buan agus seacht monatóir torainn shealadacha.	Baineadh feidhm as cúig mhonatóir torainn shealadacha bhreise, rud a fhágann go bhfuil seacht monatóir shealadacha ar an iomlán ann. Astu sin, is iad na grúpaí pobail a chinneann sé shuíomh monatóireachta. Oibrítear iad ar a seal gach sé mhí. Tugtar deis dúinn leis sin monatóireacht a dhéanamh ar suas le deich suíomh bhreise gach bliain.

Tuarascáil TSR ar lean PTFanna Sóisialta ar lean

Réimse	Gealltanas	Sprioc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
 <p>Oideachas</p>	<p>Daoine óga a spreagadh lena scileanna a fhorbairt trínár líon intéirneachtaí agus socrúcháin phrintisigh a mhéadú agus trínár gclár scoláireachta chun rochtain a fháil ar oideachas tríú leibhéal.</p>	<p>Ciste Scoláireachta €420,000 chun tacú le daoine óga ó phobail áitiúla chun rochtain a fháil ar oideachas tríú leibhéal.</p>	<p>€48,000 bronnta ag aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí.</p>	<p>Sa bhliain 2025, úsáideadh an Ciste Scoláireachta chun tacú le 40 mac léinn áitiúil a bhí páirteach i gClár Rochtana Ollscoil Chathair Bhaile Átha Cliath. Thacaigh an ciste sin freisin le Clár um Rochtain Éasca Choláiste na hOllscoile, Corcaigh agus le Clár Rochtana Ollscoil Teicneolaíochta na Mumhan i gCorcaigh. Trí thacaíocht ó chistí rochtana agus rannpháirtíochta mac léinn sa dá ollscoil áitiúla dár gcuid, tá Aerfort Chorcaí tiomanta do rochtain ar oideachas a chinntiú ó chách, go háirithe do mhic léinn ó chúlraí socheacnamaíochta faoi mhíbhuntáiste.</p>
		<p>Dhá oiread líon na socrúcháin bliantúil do Scoláirí na hIdirbhliana (200), Intéirneachtaí (60) agus Printiseachtaí (15).</p>	<p>Tacaíodh le 132 Scoláire Idirbhliana, 25 Intéirneach, agus cúigeair Printiseach.</p>	<p>Tá bród ar aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí araon socrúcháin a éascú do scoláirí na hidirbhliana chun iad a chur ar an eolas faoi oibreacha ag aerfort gnóthach agus faoi thaiséal idirnáisiúnta i gcoitinne.</p> <p>In Aerfort Bhaile Átha Cliath, ghlac 110 scoláire páirt sa Chlár Idirbhliana. Leis an gclár, soláthraíodh oiliúint bunaithe ar scileanna agus taithe oibre phraiticiúil do na scoláirí laistigh de rannóg ainmnithe. Fuair na daltaí léargas ar oibríochtaí laethúla agus ar dhúshláin ghnó, agus chuir siad le gníomhaíochtaí oibre fiúntacha.</p> <p>In Aerfort Chorcaí ghlac 22 scoláire páirt sa Chlár Idirbhliana. Tá an clár sin deartha chun paisean agus spéis san earnáil iompair a chothú i measc daoine óga. Spreag daa daoine óga freisin chun a gcuid scileanna a fhorbairt trí shocrúcháin intéirneachta agus printiseachta a mhéadú.</p>
 <p>Éagsúlacht agus Cuimsiú</p>	<p>Éagsúlacht a chur chun cinn, cosaint a thabhairt ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach, feasacht a mhúscailt agus saibhreas agus éagsúlacht ár lucht saothair a urramú.</p>	<p>Deireadh a chur leis an mBearna Fáid idir na hInscní.</p>	<p>Meánbhearna phá idir na hInscní 9.5% agus bearna phá airmheánach idir na hInscní 6.3%.</p>	<p>Sa bhliain 2025, rinne daa dul chun cinn láidir agus intomhaiste maidir lenár mbearna phá idir na hInscní a laghdú, rud a bhí spreagtha ag ionadaíocht fheabhsaithe ar fud na heagraíochta agus cur chun feidhme leanúnach ar bPlean Gnímh um an mBearna Fáid idir na hInscní, a seoladh sa bhliain 2024. Tá méadú tagtha ar ionadaíocht na mban ar na leibhéil shinsearacha mar gheall ar ár bhfócas agus ár dtiomantas, rud a chuireann le piblíne ceannaireachta níos cothroime. Cuimsítear leis an bplean gníomhartha spriocdhírthe i dtaca le hearcaíocht, forbairt gairme, athchóiriú beartais agus trédhearcacht sonraí, agus iad uile deartha chun aghaidh a thabhairt ar bhacainní struchtúra agus athrú a luathú. Cuirimid fócas i gcónaí ar lucht saothair éagsúil agus cothrom a mhealladh, a fhorbairt agus a choinneáil. Trí chleachtas chuimsitheacha a leabú agus bearta cuntasachta soiléire a leagan síos, tá sé mar aidhm againn bheith chun tosaigh maidir le réimse na hionadaíochta inscne agus an chothromais pá laistigh den tionscal eitíochta. Tháinig laghdú ar ár meánbhearna phá idir na hInscní ó 12.2% sa bhliain 2022 go 9.5% sa bhliain 2025, agus tá ár mbearna airmheánach pá idir na hInscní laghdaithe níos mó faoina leath anois, ó 12.8% go 6.3%. Tá trí phríomthoisic inchurtha leis an treocht dhearfach sin:</p> <ol style="list-style-type: none"> Méadú ar an téarma oifige san eagraíocht do mhná ar ráta níos airde ná mar a bhí ag fir don tréimhse. Cion níos mó fear a bheith á n-earcú i róil ar leibhéal iontrála ná mná. An cur chuige a glacadh i gcomhaontuithe pá le déanaí maidir le híocaíochtaí seala agus ragobair a chabhraigh le struchtúir phá a athchothromú agus éagothroime a laghdú. <p>Léirítear leis na torthaí sin fócas agus tiomantas leanúnach ar ndaoine le roinnt blianta anuas. Cé go n-aithnímid go bhfuil níos mó le déanamh fós, táimid spreagtha ag na torthaí a baineadh amach go dtí seo agus táimid tiomanta fós do daa níos cothroime agus níos cuimsithí a chruthú do chách.</p>
		<p>10% den lucht saothair ó chultúir agus eitneachtaí éagsúla ionadaithe ag gach leibhéal laistigh den eagraíocht.</p>	<p>AE 9.6% As Éirinn 75.6% Cuid eile den Domhan 10.1% As an mBreatain 2.5% Anaithnid 1.9%</p> <p>*Bunaithe ar cheathrar fostóirí Dlíthiúla Éireannacha – daa, DASL, ASC, ARI cpt agus gan fostaithe idirnáisiúnta a áireamh.</p>	<p>Tá daa tiomanta d'ionad oibre measúil, éagsúil agus cuimsitheach a chothú. Sa bhliain 2025, choinnigh an chuideachta a comhpháirtíocht le hIonad Éagsúlachta na hÉireann (ICD), ag coinneáil creidiúnú cré-umha go dtí R1 2026. Críochnaíodh suirbhé rannpháirtíochta fostaithe i Ráithe 4 2025, agus úsáideadh na torthaí chun tionscnaimh spriocdhírthe agus nuashonruithe beartais a threorú.</p> <p>Leathnaíodh raon feidhme na n-iarrachtaí éagsúlachta chun Stádas Socheacnamaíoch agus Néara-éagsúlachta a chuimsiú, ag teacht le gealltanas Gnó sa Phobal in Éirinn. Tá próisis earcaíochta agus roghnúcháin fós ag teacht chun cinn, agus leathnaítear an Oiliúint Earcaíochta Chuimsitheach do bhainisteoirí earcaíochta chun aghaidh a thabhairt ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach.</p> <p>Agus os cionn 50 náisiúntacht ionadaithe i measc ár bhfostaithe, lean daa le feabhas a chur ar chuimsitheacht a linnte tallainne agus a chleachtas earcaíochta agus fócas ar leith aige ar éagsúlacht a mhéadú i róil nach róil tosaigh iad. Tugadh an tionscnamh "Taste of daa", a seoladh den chéad uair sa bhliain 2024, ar ais i mbliana le dhá cheiliúradh bheoga inar leagadh béim ar an éagsúlacht chultúrtha shaibhir i measc ár lucht saothair. I mí Feabhra, cheiliúir comhghleacaithe cultúr na Brasaíle, trí mhíasa traidisiúnta ar nós Feijoada a roinnt agus sult a bhaint as damhsa agus ceol na Brasaíle. I mí Dheireadh Fómhair, díriodh aird ar Diwali, Féile Soilse na hIndia mar a d'fhoghlaim comhghleacaithe faoina thábhacht chultúrtha agus a bhain siad sult as bia barántúil Indiach. Leis na himeachtaí sin, neartaíodh tiomantas daa d'aontacht, do chuimsiú agus do cheiliúradh na héagsúlachta ar fud na heagraíochta.</p>

Tuarascáil TSR ar lean




PTFanna Sóisialta ar lean

Réimse	Gealltanais	Sprioc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
 <p>Ionadaíocht na mBan</p>	Borradh a chur faoi thallann na mban trínár gclár Forbartha Tallann na mBan in Oibríochtaí Eitlíochta agus ár gclár Mná i bhForbairt Ceannaireachta.	Ionadaíocht na mban de 50% ag leibhéal na bainistíochta sinsearaí.	Is mná iad 36% dár bhfoireann shinsearach ceannaireachta agus 20% dár bhfoireann bainistíochta Feidhmiúcháin.	<p>Sa bhliain 2025, lean daa le tús áite a thabhairt don bhearna inscne a dhúnadh agus d'ionadaíocht na mban a chur chun cinn ar gach leibhéal ceannaireachta.</p> <p>Ag tógáil ar bhoinn an Phlean Ghnímh um an mBearna Fáid idir na hInscní a seoladh sa bhliain 2024, rinneadh sraith tionscnamh a sheachadadh agus a neartú le linn na bliana.</p> <p>Earcaíocht, Roghnú agus Tallann: Leanadh le cuir chuige chuimsitheacha a leabú i gcleachtais earcaíochta agus roghnúcháin, agus tacaíodh leis an gClár Oiliúna Earcaíochta Cuimsithe leathnaithe do bhainisteoirí earcaíochta, agus fócas ar chlaontacht neamh-chomhfhiosach a mhaolú. Cuireadh gníomhartha forbartha tallainne chun cinn, le béim leanúnach ar phleanáil chomharbais, forbairt ceannaireachta spriocdhírthe do ghrúpaí faoi ghannionadaíocht, agus monatóireacht fheabhsaithe ar chonairí dul chun cinn.</p> <p>Tacaíocht agus Solúbthacht: Rinneadh méadú suntasach ar na tacaíochtaí do theaghlach le tabhairt isteach beartas forásach atá deartha chun tacú le fostaithe trí chéimeanna tábhachtacha an tsaoil. Áiríodh leis sin an Beartas nua um Shaoire Cóireála Torthúlachta, Beartas nuashonraithe um Saoire Uchtála ina gcuimsítear Saoire Mháthairionadaíochta, agus Lámhleabhar cuimsitheach maidir le Saoire Mháithreachais ina leagtar amach na tacaíochtaí atá ar fáil roimh shaoire mháithreachais, lena linn agus ina diaidh.</p> <p>D'fhoilsigh daa a Thuarascáil ar an mBearna Fáid idir na hInscní 2025 i mí na Samhna, agus baineadh amach na torthaí ba láidre go dtí seo, agus an mheánbhearnaí phá agus an bhearna airmheánach phá idir na inscni ag laghdú go dtí na leibhéil ab isle ó thosaigh an tuairiscíú. Léirítear leis an bhfeabhas sin méadú ar théarmaí oifige ban, cion níos airde d'fhir a earcaítear i róil ar an leibhéal iontrála agus athruithe ar na struchtúir phá mar gheall ar athruithe ar chomhaontuithe pá.</p>
 <p>Ag Tacú le Fostaithe ag Gach Céim na Beatha</p>	Tacú lenár bhfostaithe leis na huirlisí, an treoir agus na hacmhainní riachtanacha, lena n-áirítear ardán folláine comhtháite le haghaidh tacaíocht 24/7.	Ráta coinneála méadaithe (+50%) de bhail foirne ban tar éis saoire mháithreachais nuair a bhíonn an riosca neamhfheastail ard.	Bhí 86% de na fostaithe a ghlac saoire mháithreachais sa bhliain 2024 ag obair leis an gcuideachta bliain ina dhiaidh sin (ghlac 86 fostai saoire mháithreachais agus tá 74 fós ansin).	An Teaghlach ar dTús: Tugadh isteach réimse beartas agus acmhainní forásacha sa bhliain 2025 atá deartha chun tacú le fostaithe trí chéimeanna tábhachtacha an tsaoil. Áiríodh leis sin Beartas um Shaoire Cóireála Torthúlachta a bhí tacaíthe ag Treoir chuimsitheach ar an ábhar. Tugadh an Beartas um Shaoire Uchtála cothrom le dáta chun Saoire Mháthairionadaíochta a chuimsiú, agus forbraíodh Lámhleabhar nua um Shaoire Mháithreachais chun treoir shoiléir, phraiticiúil a sholáthar d'fhostaithe maidir leis na céimeanna agus na tacaíochtaí atá ar fáil roimh shaoire mháithreachais, lena linn agus ina diaidh, chomh maith le faisnéis faoi theidíochtaí breise saoire agus acmhainní chun filleadh ar an obair.
 <p>Clár Carthanachta</p>	Leanúint ar aghaidh ag tacú lenár bhfostaithe ina n-iarrachtaí carthanachta trí Chlár Carthanachta fostaithe daa chun airgead rithábhachtach a thiomsú dár gcomhpháirtithe carthanachta ainmnithe.	Maoiniú ar thabhartais charthanachta a bhailíonn ár bpaisinéirí agus ár bhfostaithe a mheaitseáil.	Bhronn daa €530,000 ar trí charthanas faoi scáth a chlár Carthanais na Bliana.	Bhronn an daa seiceanna arbh fhiú €530,000 san iomlán iad ar trí charthanas an-fhiúntach Éireannacha: Critical, Good Shepherd Cork agus Little Blue Heroes. Áiríodh leis sin tabhartais ó phaisinéirí, agus tagann sé i ndiaidh bliana de ghníomhaíochtaí tiomnaithe tiomsaithe airgid ar fud aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí arna ndéanamh ag baill foirne daa. Leis na gníomhaíochtaí sin, bailíodh €264,000, suim a mheaitseáil daa.



Tuarascáil TSR ar lean

PTFanna Sóisialta ar lean

Réimse	Gealltanas	Spríoc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
 <p>Eispéireas Páisinéara</p>	Eispéireas taitneamhach a thabhairt dár bpáisinéirí agus taisteal a dhéanamh ina phróiseas gan stró. Ligfidh ár bPainéil Páisinéirí dúinn dul i dteagmháil go díreach leo, ag bailiú a gcuid tuairimí agus aiseolais ar an gcaoi is féidir linn ár seirbhísí a fheabhsú.	NPS os cionn 50.	50.4 ag Aerfort Bhaile Átha Cliath 69 ag Aerfort Chorcaí.	<p>Aerfort Bhaile Átha Cliath: Sa bhliain 2025, d'fhreagraíomar aiseolas páisinéirí maidir leis an eispéireas páisinéirí a dhéanamh níos taitneamhaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Le linn na bliana 2025, chonaiceamar na hathruithe sin léirithe inár nglanscóir tionscnóra, agus cúirtéis agus cuidiúlacht ár bhfostaithe, faisnéis faoi eiltí agus aon mhoilleanna, agus compord limistéar na ngeataí á gcur chun cinn ag na páisinéirí. I measc cuid de na hathruithe a rinneamar tá méadú ar ár suíocháin ag na geataí agus feabhas a chur ar chompord na suíochán. Chuireamar feabhas ar shaoaráidí seomraí leithris agus threisiomar ár ngnáthamh glantacháin. Shuiteálar scáileáin níos mó agus méid téacs níos mó inár Scáileáin Taispeána Faisnéise Eitilte nua chun go mbeidh sé níos éasca iad a léamh.</p> <p>Aerfort Chorcaí: Sa bhliain 2025, bhí an tsástacht fhoriomlán fós thar a bheith láidir. Is éacht an-spreagúil é sin mar go raibh athchóirithe á ndéanamh ar fud an chríochfoirt le linn na bliana.</p>
 <p>Inrochtaineacht</p>	Aghaidh a thabhairt ar riachtanais ár bpáisinéirí go léir, lena n-áirítear iad siúd atá faoi mhíchumas folaithe, ag cinntiú gur féidir leo pleanáil agus taisteal trínár n-aerfoirt ar bhealach atá áisiúil, sábháilte agus a bhfuil dínit ag baint leis.	Oiliúint um míchumas/míchumas folaithe curtha ar fáil do 2000+ ball foirne.	Chríochnaigh 3,405 Fostaí an oiliúint ar líne.	Tá daa tiomanta go mór fós do thacaíocht a thabhairt do pháisinéirí atá faoi mhíchumas infheicthe agus faoi mhíchumas folaithe araon. Sa bhliain 2025, rinneamar roinnt príomhthionscnamh a athnuachan agus a athsheoladh, lena n-áirítear oiliúint éigeantach feasachta ar mhíchumas do gach fostaí, agus béim ar leith ar mhíchumas folaithe a aithint agus a thuiscint chun cultúr níos cuimsithí a chothú ar fud na heagraíochta. Mhéadaíomar ár líonra seaimpíní míchumais, chuireamar tuilleadh feabhais ar ár mbeartas freastail réasúnta, agus leanadh lenár gcomhpháirtíochtaí le Ability Focus agus Institiúid na Tríonóide, ag soláthar deiseanna luachmhara intéirneachta do mhic léinn a bhfuil míchumas intleachtúil orthu.
 <p>Nascacht Iompair Phoiblí</p>	Oibriú go dlúth le soláthraithe iompair chun nascacht iompair phoiblí chuig ár n-aerfoirt a spreagadh.	Méadú ar sciar módúil an iompair phoiblí go 40%.	33%	<p>Laghdaigh úsáid iompair phoiblí beagán ó 34% go 33% sa bhliain 2025, spreagtha den chuid ba mhó le roinnt tosca, lena n-áirítear an méadú ar acmhainn pháirceála i ndiaidh oscailt Park 2Travel i mí an Mhárta 2025, rud a chuir 6,000 spás leis an margadh. Tháinig méadú 1% comhfhreagrach ar úsáid na Páirceála thar an tréimhse agus ina theannta sin tháinig méadú 1% ar úsáid Tacsaithe thar an tréimhse chéanna.</p> <p>Cé go ndearnadh roinnt méaduithe beaga ar an acmhainn a cuireadh le bealaí bus atá ann cheana, tá moill bhreise curtha ar chur i bhfeidhm BusConnects agus níor seoladh ach céim amháin de i R3 2025 agus níl sé sceidealaithe an chéad dá chéim eile a chur i bhfeidhm go dtí R3 2026/ R1 2027.</p>



Dea-Chleachtais

Tá ár gcur chuige rialachais á spreagadh ag an tiomantas do thrédhearcacht, sábháilteacht, iompar eiticiúil agus déine oibríochtúil, agus tá maoirseacht riosca spriocdhírthe, soláthar freagrach agus tuairisciú oscailte mar bhonn faoi. Cinntíonn na colúin sin, ní hamháin go gcomhlíonaimid caighdeáin rialála ach go spreagaimid luach fadtéarmach páirtithe leasmhara.



Sábháilteacht agus Slándáil

Mar bhunchloch Straitéis TSR daa, tá sábháilteacht agus slándáil leabaithe i ngach oibríocht trínár gCreat Bainistíochta Sábháilteachta (SMF). Cinntítear leis an gcur chuige aontaithe sin comhsheasmhacht, cuntasacht agus feabhsú leanúnach, agus tá sé ag teacht le caighdeáin dhomhanda amhail SARPanna EESI, ISO 45001 (Sláinte agus Sábháilteacht Cheirde) agus Rialachán AE 139/2014.

Lenár dtiomantas, tugtar tús áite don tsábháilteacht ar aon bhrúnna tráchtála nó oibríochtúla agus tá sé spreagtha ag rialachas láidir, lena n-áirítear maoirseacht ó fhochoiste an Bhoird Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta agus ón nGrúpa Athbhreithnithe Sábháilteachta Feidhmiúcháin. Cothaímid an cultúr sábháilteachta réamhghníomhach sin atá bunaithe ar phrionsabail an Chultúir Chóir, tuairisciú oscailte agus thrédhearcacht.

CÁS-STAIDÉAR

Cultúr Cóir

Léirítear ár gcultúr sábháilteachta tríd an mBeartas maidir le Cultúr Cóir, a d'fhorbair ó rolladh amach tosaigh go comhtháthú iomlán ar fud na heagraíochta. Leis an mbeartas sin, cothaítear timpeallacht muiníne, rud a spreagann tuairisciú oscailte ar theagmhais agus ar neasteagmhais trí fháil réidh leis an eagla roimh chultúr an mhilleáin agus díoltas éagórach. Déantar idirdhealú leis idir fóirearráid dhaonna agus iompar doghlactha, rud a chuireann cuntasacht chun cinn agus a thacaíonn le foghlaim agus feabhsú leanúnach ag an am céanna.

Sa bhliain 2025, leathnaíomar ár gclár um Chultúr Cóir chun modúl foghlama ar líne saincheaptha a chur ann, rud a chinntíonn gur féidir le gach fostaí – beag beann

ar shuíomh nó ról – a phrionsabail a chur i bhfeidhm i bhformáid struchtúrtha agus inrochtana. Mar chomhlánú air sin, sheolamar sraith seónna bóthair idirghníomhacha ar fud ár gcampas chun feasacht a chur chun cinn, idirphlé a spreagadh agus an tábhacht a bhaineann le sábháilteacht shíceolaíocht san ionad oibre a threisiú.

Leis na tionscnaimh sin, neartaíodh ár gcultúr tuairiscithe, feabhsaíodh thrédhearcacht agus cumhachtaíodh na fostaithe chun cur go gníomhach le feabhsuithe sábháilteachta.

Cuireann an Cultúr Cóir go mór le barr feabhais TSR. Ar deireadh, baineann sé le folláine ár ndaoine, ár bpaisinéirí agus ár gcomhpháirtithe, trí ionracas, foghlaim agus feabhsú leanúnach.

CÁS-STAIDÉAR

TSR a Leabú sa Chleachtas Soláthair

Sa bhliain 2025, ghlac daa céim shuntasach chun cinn maidir le prionsabail TSR a leabú inár gcleachtais soláthair agus slabhra soláthair.

Mar aon le cur chun feidhme ár mBeartais Soláthair Grúpa nuashonraithe, thugamar isteach Treoirlínte Foinsithe Inbhuanaithe tiomnaithe atá ailínithe le Straitéis TSR agus gealltanais laghdaithe carbóin daa. Chun é sin a leabú go héifeachtach, rinneamar athbhreithniú ar dhoiciméid tairisceana uile an daa chun critéir TSR a áireamh. Dá réir sin, cuireann sé sin ar chumas ár bhfoirne soláthair soláthraithe ionchasacha a mheas i gcoinne tagarmharcanna sonracha TSR. Gabhann na critéir nua sin in ionad na gcaighdeán inbhuanaitheachta comhshaoil a úsáideadh roimhe seo faoin Treochlár Soláthair Ghlais 2022.

Chun tacú leis an mbeartas nuashonraithe agus leis na treoirlínte foinsithe, sheolamar oiliúint úr don fhoireann soláthair ar fad chun tacú leis an rolladh amach. Cinntíodh leis sin go mbeidh an fhoireann ábalta prionsabail TSR a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach ar fud gníomhaíochtaí soláthair. Rinneamar athbhreithniú freisin ar theimpléid chaighdeánacha foinsithe chun na hathruithe sin a léiriú, agus cuirfead chun feidhme iad sa bhliain 2026.

Le linn na bliana 2025, rianaigh daa méadracht maidir le gnéithe soláthair ghlais áirithe a bhí san áireamh i dtairiscintí. Ag bogadh isteach sa bhliain 2026, leathnóimid na méadrachtaí sin chun réimse iomlán na gcritéir TSR nuashonraithe a chuimsiú, rud a chuirfead ar ár gcumas monatóireacht a dhéanamh ar ár ndul chun cinn agus ar ár dtionchar leanúnach.

Is céim shuntasach chun cinn í an obair sin inár dtiomantas do sholáthar inbhuanaithe, agus TSR á leabú inár gcoirfeidhmeanna gnó. Trí fhoinsiú freagrach agus rannpháirtíocht eiticiúil le soláthraithe, tá daa fós ag cur le fás inbhuanaithe fadtéarmach.

Tuarascáil TSR ar lean

Déantar anailís mhionsonraithe ar phróisis – amhail seiceálacha inniúlachta, táscairí feidhmíochta, agus monatóireacht ar chomhlíonadh – a chomhlánú le hoiliúint spriocdhírthe agus rannpháirtíocht le páirtithe leasmhara. Tríd an SMF, déantar sábháilteacht a chomhtháthú i ngach gné d'oibríochtaí daa, ag cosaint daoine agus pobal.

Soláthar

Bíonn tionchar díreach ag na hearraí agus na seirbhísí a cheannaímid ar ár bhfeidhmíocht TSR, agus le linn na bliana 2025 leabaíomar TSR inár bhfeidhm sholáthair trí threoirínte foinsithe inbhuanaithe a sheoladh.

Trédhearcacht

Tá trédhearcacht agus cuntasacht ríthábhachtach dár straitéis TSR freisin, a threoraíonn an dóigh a n-oibrímid agus a mbímid ag caidreamh le páirtithe leasmhara. Sa bhliain 2025, neartaíomar an tiomantas sin tríd an dara Teachtaireacht maidir le Dul Chun Cinn a chur faoi bhráid Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe, an tionscnamh inbhuanaitheachta corparáidí is mó ar domhan. Léirítear leis an ngarspíoc sin ár ndúthracht do thuariscíú soiléir agus nochtadh fiúntach.

Chuireamar cuimsiú san ionad oibre chun cinn trí Ghealltanais Elevate de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn, a chuireann éagsúlacht agus deiseanna comhionanna chun cinn. Inár nGealltanais Ghnímh 2025, leagadh amach bearta chun feabhas a chur ar mhéadracht éagsúlachta, athbheithníú a dhéanamh ar phróisis earcaíochta agus dul chun cinn, agus cleachtais chuimsitheacha a neartú. I measc na ngníomhartha suntasacha bhí foilsíú ár ndara Straitéise TSR (2024–2030) lenar bhain spriocanna uaillmhianacha éagsúlachta, oiriúnú earcaíochta chun linn tallainne níos leithne a mhealladh agus beartas freastail réasúnta a thabhairt isteach d'fhostaithe atá faoi mhíchumas nó ag a bhfuil riachtanais shonracha eile. Chomhlánaíomar na hiarrachtaí sin le hoiliúint feasachta ar mhíchumas chun tuiscint agus tacaíocht a chothú do chomhghleacaithe de chineálacha éagsúla cumais.

Ní hamháin go bhfuil sé mar threoirphrionsabal againn cloí leis na rialacháin ach luach buan a chruthú do dhaoine agus don tsochaí. Trí aifiniú le creatáí domhanda agus gealltanais náisiúnta, tá gnó trédhearcach, cuimsitheach agus freagrach á fhorbairt againn don todhchaí.

CÁS - STAIDÉAR

Ceannaireacht le hIonracas: Córas Bainistíochta Comhlíontachta Deimhnithe de réir ISO 37301 daa

Mar chuid dár straitéis TSR, lean daa le ceannaireacht i rialachas agus in ionracas oibríochtúil a léiriú trí chóras bainistíochta comhlíontachta (CBC) láidir a chur chun feidhme.

Go deimhin, threoraíomar ár n-earnáil sa réimse sin: sa bhliain 2023, ba é daa an chéad oibreoir aeradróim ar domhan a bhain amach deimhniú ISO 37301:2021, an caighdeán idirnáisiúnta do chórais bhainistíochta chomhlíontachta. Leis an ngarspíoc sin, léiríodh ár dtiomantas d'iompar eiticiúil, do bharr feabhais rialála, agus d'fheabhsú leanúnach, agus níor tháinig aon lagú air: tá a chéad timthriall deimhniúcháin ISO 37301

críochnaithe ag daa le hardleibhéal comhlíontachta leanúnaí.

Tá an CBC leabaithe ar fud aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí, agus comhtháthaítear leis sábháilteacht eitíochta, sláinte agus sábháilteacht ceirde agus oibleagáidí um chomhlíontacht chorparáideach faoi chreat aontaithe. Tá an córas ag teacht le Rialachán AE 139/2014, ISO 45001 agus reachtaíocht náisiúnta, rud a chinntíonn go gcomhlíonann daa a fhreagrachtaí rialála, agus go dtéann sé níos faide ná iad go minic.

I measc phríomhghnéithe an CBC tá:

- Clár comhlíontachta bunaithe ar riosca a fhorbraítear go bliantúil agus a ndéantar athbheithníú air i lár na bliana.
- Prótacail iniúchóireachta neamhspleácha agus córais rianaithe gníomhaíochta chun monatóireacht a dhéanamh ar thorthaí agus iad a réiteach.

- Anailís struchtúrtha ar riachtanais oiliúna (TNA) agus creat inniúlachta, rud a chinntíonn go bhfuil ár n-iniúcháirí ceannais deimhnithe in ann gach ceanglas rialála agus reachtaíochta a mheas.
- Comhtháthú i bprionsabail um Chultúr Cóir daa, a chuireann trédhearcacht agus cuntasacht chun cinn.

Tacaíonn rialachas láidir leis an CBC, agus maoirseacht á déanamh ag fochoiste an Bhoird um Chultúr, Slándáil agus Sábháilteacht (CSS) agus ag an nGrúpa Athbheithnithe Sábháilteachta Feidhmiúcháin (ESRG). Déantar feidhmíocht a rianú trí PTFanna sainithe, lena n-áirítear rátaí dúnta iniúchtaí, amlínte nuashonruithe rialála agus torthaí maoirseachta.

Leis an tionscnamh sin, neartaítear ár ngealltanais TSR, treisítear muinín na bpáirtithe leasmhara agus cinntítear go mbeidh sábháilteacht, eitic agus cuntasacht lárnach inár n-oibríochtaí i gcónaí.

CÁS - STAIDÉAR

Rialachas Inbhuanaitheachta a Neartú ag daa

Díreach mar atá sé ríthábhachtach go n-oibrímid ár sócmhainní reatha ar bhealach atá chomh hinbhuanaithe agus is féidir, tá sé ríthábhachtach go mbeidh inbhuanaitheacht ionsuite i ngach bonneagar nua a fhorbraímid ón tús.

Chuíge sin, d'fhorbair agus rinne ár bhfoireann Bonneagair tástáil ar Shraith Uirlisí Ráiteas Fuinnimh agus Inbhuanaitheachta (ESS) sa bhliain 2025. Baineann cur chuige struchtúrtha leis maidir le hinbhuanaitheacht a leabú i ngach céim de thionscadail bhonneagair agus chun tionchar foriomlán ár ngníomhartha a thuiscint agus a chainníochtú.

Is ceanglas foirmiúil tionscadail é forbairt ESS lena sainítear an dóigh a dtabharfaímid aghaidh ar spriocanna comhshaoil agus inbhuanaitheachta, ón gcoincheap go dtí an t-oibriú. Trí thionchar gach tionscadail ar fhuinneamh, ar charbón agus ar inbhuanaitheacht a rianú, cinntítear go bhfuil sé ag teacht le caighdeáin inmheánacha agus creatáí seachtracha araon, lena n-áirítear an Treoir maidir le Tuairiscíú Inbhuanaitheachta Corparáideach (TTIC) agus na Caighdeáin Eorpacha um Thuairiscíú Inbhuanaitheachta (ESRS).

Leis an treoir, a forbraíodh go sonrach do fhoirne tionscadail, tugtar ceanglais ghonta maidir le hinbhuanaitheacht do gach tionscadal.

Áirítear leis treoirínte inbhuanaitheachta nuashonraithe, bileog tagartha thapa shimplithe, nós imeachta

oibriúcháin caighdeánach nua, agus rianaitheoir beo chun monatóireacht fhíor-ama a dhéanamh ar stádas ESS gach tionscadail.

Le linn na tréimhse trialach, bhí ESS i bhfeidhm ag 99% de na tionscadail ghníomhacha ag aerfoirt Bhaile Átha Cliath agus Chorcaí. Sa bhliain 2026, tá sé beartaithe againn a chinntiú go mbeidh ESS le gach tionscadal agus go ndéanfar na sonraí fuinnimh agus carbóin atá in ESS a fhíorú go hiomlán. Léirítear leis sin rath na foirne uirlisí maidir le rialachas inbhuanaitheachta a dhéanamh níos inrianaithe agus níos bunaithe ar shonraí, agus ag an am céanna tacú le hoibleagáidí tuairiscithe poiblí amhail monatóireacht agus tuairiscíú SEAL.



PTFanna Rialachais

Réimse	Gealltanas	Sprioc (faoi 2030)	Feidhmíocht 2025	Ráiteas ar Fheidhmíocht 2025
Sábháilteacht agus Slándáil	Na caighdeáin agus an oiliúint ábhartha maidir le sláinte agus sábháilteacht cheirde a choinneáil ar bun, agus caighdeáin sábháilteachta a chur chun cinn inár ngnólachtaí idimnáisiúnta, chun an méid seo a leanas a chinntiú: (1) dálaí oibre sábháilte agus comhlíontacha dár ndaoine; agus (2) timpeallacht taistil shábháilte dár bpaisinéirí.	Caighdeáin ISO i nDáil le Sábháilteacht a bhaint amach/a choinneáil: ISO 45001:2018 x 2 (Baile Átha Cliath agus Corcaigh); ISO 37301:2023 Córas Bainistíochta Comhlíontachta um Shábháilteacht ag daa.	Coinníodh trí cinn.	Rinneadh Iníúchtaí Faireachais ar na trí Dheimhniú sa bhliain 2025, agus d'éirigh leo ar fad gan aon neamhchomhlíonadh mór a aithint i gcomparáid le haon cheann de raonta feidhme an deimhniúcháin.
	Leanfaimid le Cultúr Cóir a chur chun cinn agus oiliúint a chur ar ár bhfostaithe ina phrionsabail.	100% d'fhostaithe curtha faoi oiliúint ar Chultúr Cóir.	90%	Mar gheall ar líon mór pearsanra seala nach mbíonn rochtain acu de ghnáth ar ríomhairí ná ar am le linn a sealanna chun an oiliúint a chríochnú, táimid faoi bhun na sprice a chinntiú nach mbeidh tionchar ag an oiliúint ar thosaíochtaí oibríochtúla. Cuireadh pleananna ar bun lena chinntiú go gcuirfear oiliúint ar na fostaithe sin.
Soláthar	Prionsabail TSR a chumhdach inár gcleachtais soláthair agus inár mbainistíocht slabhra soláthair.	Critéir mheasúnaithe TSR/ Inbhuanaitheachta le cur san áireamh i 100% de thairscintí poiblí.	56%	Leanann Soláthar an Ghrúpa ag féachaint ar mhodheolaíochtaí chun critéir TSR a thabhairt isteach mar chaighdeán i bpróisis tairisceana is infheidhme. Sa bhliain 2026, cuirfear feabhas ar rolladh amach doiciméad tairisceana chun tacú le prionsabail TSR chomh maith le tuairisciú feabhsaithe.
Trédhearcacht	Tuairisciú soiléir, cumarsáid oscailte agus rannpháirtíocht bhríoch le páirtithe leasmhara a chinntiú chun muinín a chothú agus trédhearcacht a spreagadh maidir le cúrsaí TSR.	Comhlíonadh 100% maidir le TTIC agus oibriú i dtreo gníomhaíochtaí clabhsúir.	Leanadh leis an obair ar na bearnaí a saináithníodh a dhúnadh.	Tacaíodh le hullmhúchán daa maidir le comhlíonadh TTIC trínár dTeachtaireacht maidir le Dul Chun Cinn faoi Chomhshocrú Domhanda na Náisiún Aontaithe a thuairisciú go poiblí, ár méadracht agus ár gcleachtais éagsúlachta agus chuimsitheachta a nochtadh do Ghealltanas Elevate de chuid Gnó sa Phobal in Éirinn agus dea-chleachtais ghnó a chur ar aon dul le Séala an Ghnó ag Obair go Freagrach.

Bord na Stiúrthóirí

Tá neart taithe agus féith na ceannaireachta go smior sa Bhord Stiúrthóirí atá againn, rud ar féidir mionchuntas a fháil air ar líne.

LÉIGH TUILLEADH AR LÍNE

Basil Geoghegan

Cathaoirleach

Ballraíocht ar choistí: **F** **NR** **SIS**

Ceapadh Basil ina Chathaoirleach ar daa i mí an Mheithimh 2018 agus athcheapadh é i mí an Mheithimh 2021. Tá sé ina bhall den Choiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair agus den Choiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht ó ceapadh ar an mBord den chéad uair é. I mí an Mhárta 2020 ceapadh Basil ar an gCoiste Airgeadais.

Is comhpháirtí é Basil freisin de PJT Partners, banc infheistíochta comhairleach atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe agus é liostaithe go poiblí. Is Stiúrthóir Neamhfhéidhmiúcháin é ar Ghrúpa AIB cpt agus is pátrún é ar Chiste na hÉireann don Bhreatain Mhór.

Risteard Sheridan

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **AR** **F**

Ceapadh Risteard ar an mBord den chéad uair i mí Mheán Fómhair 2018 agus athcheapadh é i mí Mheán Fómhair 2021. I mí Feabhra 2020, ceapadh ina Chathaoirleach ar an gCoiste Iniúcháireachta agus Riosca é, tar éis dó fónamh ar an gCoiste den chéad uair ó mhí na Samhna 2018.

Ceapadh Risteard mar Stiúrthóir Sinsearach Neamhspleách i mí Mheán Fómhair 2020. Ceapadh ar an mBord Airgeadais é i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus d'fhóin sé ar an gCoiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair ó mhí Mheán Fómhair 2021 go dtí mí Mheán Fómhair 2023.

Is Rúnaí Cuideachta agus Príomhoifigeach um Chomhlíonadh é Risteard do AerCap, cuideachta atá ar thús chadhnaiochta maidir le léasú aerárthaí agus airgeadas eitlíochta, agus é ina úinéir aerárthaí is mó ar domhan.

Paula Cogan

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **CSS** **NR**

Ceapadh Paula ar an mBord i mí Iúil 2022 agus thosaigh sí leis an gCoiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair níos déanaí i mí Feabhra 2023. I mí Dheireadh Fómhair 2023, thosaigh Paula leis an gCoiste Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta agus ceapadh ina Cathaoirleach den Choiste sin í i mí Eanáir 2025.

Tá Paula ina Ceannasaí Díolacháin le haghaidh Óstáin Miuro agus K&K. Roimhe sin, bhí ról aici mar POF ar Cognate Health, atá ina phríomhsholáthraí sláinte ceirde in Éirinn, agus d'oibrigh sí ar feadh breis agus 25 bliain sa tionscal fáilteachais, áit a raibh ról shinsearach aici i ndíolacháin agus margaíocht. Ba é an toradh air sin gur ceapadh í mar Cheannasaí Díolacháin Domhanda do Doyle Collection, cuideachta só-óstáin faoi úinéireacht Éireannach agus arna hoibriú in Éirinn, a bhfuil réadmhaoín aici sa RA agus in SAM. Is Iar-Uachtarán í ar Chumann Tráchtála Chorcaí.

Ballraíocht ar choistí

- AR** Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca
- CSS** Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta
- F** An Coiste Airgeadais
- NR** An Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair
- SIS** An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht

Ger Perdisatt

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **SIS** **AR**

Ceapadh Ger ar an mBord i mí Iúil 2021 agus thosaigh sé ar an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca i mí Mheán Fómhair 2021. I mí Dheireadh Fómhair 2023, ceapadh é sa Choiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht agus ceapadh ina Chathaoirleach ar an gCoiste sin é i mí Feabhra 2026.

Tá cúlra Ger sa teicneolaíocht agus sa cheannaireacht. Tá sé ina POF ar Acuity AI, cuideachta chomhairleach IS a dhíríonn ar straitéis agus ar ghlacadh IS. Tá Ger ina Stiúrthóir ar Thailte Éireann. Roimhe sin, bhí sé ina Phríomhoifigeach Oibríocháin ar ghnólacht Microsoft Enterprise in Iarthar na hEorpa agus bhí go leor ról sinsearach eile aige ansin.



Bord na Stiúrthóirí ar lean

LÉIGH TUILLEADH AR LÍNE

Des Mullally

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **CSS**

Thosaigh Des le foireann daa sa bhliain 1983 agus tá sé ina Bhainisteoir um Chruinneas Stoc ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá taithí fhairsing aige ar Mhiondíol Aerfoirt a fuair sé in Éirinn agus thar lear. Is ball de cheardchumann Fórsa é Des agus d'fhóin sé roimhe seo ar bhord an daa ó 2014 go dtí 2018.

Ceapadh James ar an mBord i mí Eanáir 2022 agus arís i mí Eanáir 2026 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. Ceapadh Des ar an gCoiste Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta i mí Feabhra 2022.

MarkJames Ryan

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **SIS** **CSS**

Thosaigh MarkJames le foireann daa sa bhliain 2005. Tá post aige mar Mhaoirseoir ar Oibríochtaí Carrchlóis ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus is iomaí ról oibríochtúil líne thosaigh atá déanta aige leis an daa go dtí seo. Is céimí de chuid Ollscoil Teicneolaíochta Bhaile Átha Cliath é, chomh maith le bheith ina bhall de Cheardchumann CSTGT agus tá sé ag fónamh faoi láthair mar Chathaoirleach ar Ghrúpa Stiúrthóirí Lucht Oibre Náisiúnta Chomhdháil na gCeardchumann.

Tá taithí fhairsing ag MarkJames ar bhainistiú oibríochtaí aerfoirt, ar leanúnachas gnó, ar bhainistiú éigeandálaí agus ar chaidreamh tionsclaíoch. Ceapadh é sa Bhord den chéad uair i mí Eanáir 2022 agus athcheapadh é i mí Eanáir 2026 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988. I mí an Mhárta 2022, ceapadh MarkJames sa Choiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht. Ceapadh é ar an gCoiste Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta i mí Feabhra 2026.

Darren Kelly

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **CSS**

Thosaigh Darren le daa sa bhliain 1997 agus tá sé ina bhall de Rannóg na Seirbhíse Dóiteáin in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Is Comhraiceoir Dóiteáin/Paraimhíochaineoir é agus tá dioplóma leibhéal 7 i dTeicneolaíocht Leighis Éigeandála creidiúnaithe aige ó RCSI/Ollscoil na hÉireann.

Tá taithí ag Darren i réimsí an leighis, na hoibríochta, na bainistíochta éigeandála agus an chaidrimh tionsclaíoch, agus tá sé ina bhall de cheardchumann CSTGT. Ceapadh sa Bhord é i mí Eanáir 2026 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988 agus ceapadh é ar an gCoiste Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta i mí Feabhra 2026.

Ballraíocht ar choistí

● Cathaoirleach an Choiste
AR Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca

NR An Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair
CSS Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta

F An Coiste Airgeadais
SIS An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht

Kevin O'Connell

Stiúrthóir

Ballraíocht ar choistí: **SIS**

Thosaigh Kevin isteach le daa sa bhliain 2017 agus tá sé ina Mhaoirseoir Foirne san Aonad Cuardaigh Aerfoirt in Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá taithí aige ar oibríochtaí aerfoirt agus ar chaidreamh tionsclaíoch agus tá sé ina bhall de cheardchumann CSTGT.

Ceapadh Kevin sa Bhord i mí Eanáir 2026 faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988 agus ceapadh é sa Choiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht i mí Feabhra 2026.



Foireann Bainistíochta Feidhmiúcháin

Nick Cole

Leas-Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin,
Príomhoifigeach Feidhmiúcháin, daa
Idirnáisiúnta

Ceapadh Nick ina Leas-POF i mí na Nollag 2025, agus é ag leanúint lena ról mar POF daa Idirnáisiúnta fós. Ó tháinig sé isteach sa bhliain 2018, tá Nick i gceannas ar leathnú oibríochtaí aerfoirt idirnáisiúnta daa, lena n-áirítear leathnú oibríochtaí ag aerfort Jeddah. Tá conarthaí ag daa Idirnáisiúnta ag aerfort Riyadh agus ag Aerfort Idirnáisiúnta na Mara Rua freisin, agus i margai domhanda eile. Roimh an daa, bhí Nick i gceannas ar an bhfoireann oibríochtaí ag Críochfort 5 in Heathrow ar feadh sé bliana, lena n-áirítear le linn chlár na gCluichí Oilimpeacha sa bhliain 2012.



Peter Dunne

Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa

Thosaigh Peter ag daa mar Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa i mí Eanáir 2024. Bhí Peter mar an POA ag United Oil and Gas cpt roimhe seo, gnólacht Acmhainní Nádúrtha atá liostaithe sa RA ó 2022 i leith. Roimhe seo, tá mórchuid a ghairme beatha caite aige i mbun ról shinsearach feidhmiúcháin i roinnt cuideachtaí atá liostaithe go poiblí in Éirinn agus sa RA araon.



Miriam Ryan

Príomhoifigeach Rialachais agus Oifigeach
Straitéise agus Rúnaí na Cuideachta

Tá Miriam ag obair le daa ó 1989 agus ba ó mhí Lúnasa 2021 i leith atá sí ag obair sa ról atá aici faoi láthair. Tar éis di seal a chaitheamh i mbun post i réimsí na Margaiochta, Gnóthaí Tionscail agus Rialacháin Eacnamaíoch, ceapadh í mar Cheannasaí Straitéise Ghrúpa daa sa bhliain 2010. Rinneadh Feidhmeannach di ag daa sa bhliain 2019. Faoi láthair, tá Miriam ina Leas-Chathaoirleach ar choiste beartais na hEorpa de chuid Chomhairle Idirnáisiúnta na nAerfort (ACI) agus ina Cathaoirleach ar Choiste Gnóthaí AE agus Beartais Trádála IBEC.



Gary McLean

Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort Bhaile Átha
Cliath

Ceapadh Gary ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort Bhaile Átha Cliath i mí Dheireadh Fómhair 2023 agus tá sé ag obair le daa ó 1996 i leith. Bhí roinnt ról sinsearach ceannaireachta aige ag Aerfort Bhaile Átha Cliath roimhe seo, lena n-áirítear Bainisteoir Ginearálta Oibríochtaí agus Leas-Stiúrthóir Bainistíochta. Ina ról reatha, tá Gary freagrach as bainistíocht laethúil Aerfort Bhaile Átha Cliath, lena n-áirítear oibríochtaí aerfoirt agus slándála, bainistíocht sócmhainní, sábháilteacht agus Seirbhísí Póilíneachta agus Dóiteáin an Aerfoirt.



Niall MacCarthy

Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort Chorcaí
Cliath

Thosaigh Niall ag obair le daa mar Bhainisteoir Chórais Airgeadais an Ghrúpa sa bhliain 2000. Sular thosaigh sé ag obair le daa, bhí sé ina Bhainisteoir ar Chórais Airgeadais an Ghrúpa do Dunnes Stores. Ceapadh é ina Stiúrthóir Bainistíochta, Aerfort Chorcaí sa bhliain 2012 i ndiaidh dó ról a bheith aige roimhe sin in daa mar Cheann Seirbhísí Páisínéirí in Aerfort Bhaile Átha Cliath agus mar Bhainisteoir Ginearálta Faisnéise Gnó agus Córas. Sa bhliain 2022, bhí Niall ina Leas-Uachtarán Oibríochtaí d'Aerfort Jeddah san Araib Shádach freisin, agus é ar iasacht le daa Idirnáisiúnta.



Vincent Harrison

Príomhoifigeach Tráchtála agus Forbartha

Ghlac Vincent ról Phríomhoifigeach Tráchtála agus Forbartha daa le linn na bliana 2023, i ndiaidh dó a bheith ina Stiúrthóir Bainistíochta ar Aerfort Bhaile Átha Cliath roimhe sin ón mbliain 2014 i leith. Roimh an gceapachán sin, bhí sé ina Stiúrthóir Straitéise, Rialála agus Gnó le Gnó (B2B) ag daa. Is iar-Uachtarán Chumann Tráchtála Bhaile Átha Cliath é. Tá Vincent mar chomhalta de bhord Chumann Tráchtála na hÉireann agus is comhalta é de bhord Amharclann na Mainistreach.



John Brennan

Stiúrthóir Bainistíochta, daa Labs

I mí Dheireadh Fómhair 2023, thosaigh John an ról nuachruthaithe mar Stiúrthóir Bainistíochta ar daa Labs, a chuimsíonn foirne reatha TF agus Faisnéise Gnó daa, mar aon le hinniúlachtaí nua Digiteacha agus Nuálaíochta do Ghrúpa daa. Sular thosaigh sé an post, bhí Seán ina Stiúrthóir Oibríochtaí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath agus ba é Stiúrthóir Tráchtála an Ghrúpa roimhe sin.



Siobhán Griffin

Príomhoifigeach Daoine

Ceapadh Siobhán ina Príomhoifigeach Daoine i mí na Samhna 2024, i ndiaidh di dul isteach i nGrúpa daa sa bhliain 2018, agus bhí ról aici roimhe sin lena n-áirítear Príomhoifigeach Daoine do ARI. I mí an Mhárta 2024, ceapadh í mar Leas-Phríomhoifigeach Daoine an Ghrúpa do daa. Sular thosaigh sí ag obair le daa, chuir Siobhán tús lena gairm AD laistigh den earnáil seirbhísí airgeadais agus roimhe sin d'oibrigh sí le PwC agus Paddy Power.



Ray Hernan

Príomhoifigeach
Feidhmiúcháin, ARI

Thosaigh Ray ag obair le daa i mí Lúnasa 2018 mar Phríomhoifigeach meannach ar ARI. I measc na ról eile a bhí aige roimhe seo, bhí sé ina Phríomhoifigeach meannach ag Bus Éireann, ina Phríomhoifigeach meannach ag an miondíoltóir Éireannach Arnotts agus ina Stiúrthóir Airgeadais le Selfridges sa RA. Bhí sé ina Phríomhoifigeach Airgeadais chomh maith ag an miondíoltóir só-earraí Éireannach, Brown Thomas Group, agus bhí sé ina Stiúrthóir Airgeadais ag Ryanair ar feadh deich mbliana.



Réamhrá

Is cuideachta tráchtála fho-stáit na hÉireann é daa. Leagtar amach príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa i dTuarascáil na Stiúrtóirí ar leathanach 69.

Leagtar amach sa tuarascáil ar Rialachas seo struchtúr rialachais an daa agus tarraingítear aird ar na príomhréimsí ar dhírigh an Bord agus coistí an Bhoird orthu le linn na bliana 2025.

Tá na príonsabail rialachais chorparáidigh a bhfuil sé de cheangal ar bhoird na gComhlachtaí Stáit cloí leo leagtha amach sa Chód Cleachtais chun Comhlachtaí Stáit a Rialú; agus san Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCód Cleachtais maidir le Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú agus Leasuithe ar an Iarscríbhinn maidir le Luach Saothair agus Aoisliúntas a eisíodh i mí Lúnasa 2016, Meán Fómhair 2020 agus Iúil 2021 faoi seach, (an 'Cód Cleachtais'), arna ndéanamh ag Príomh-scairsealbhóir na Cuideachta, an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.


Cloíonn daa leis an gCód Cleachtais i ngach gné ábhartha. I bhfianaise na n-athruithe suntasacha ar Bhallraíocht an Bhoird agus ábhair inmheánacha eile lenar éilíodh aird shuntasach ón mBord, glacadh an cinneadh, ag teacht leis an scairsealbhóir, chun meastóireacht sheachtrach an Bhoird a dhéanamh maidir leis an mbliain 2025 i ráithe a dó 2026.

Tá an Chuideachta tar éis próiseas cuimsitheach breithmheasa caipitil a chur i bhfeidhm a fhéachann le dea-chleachtas a chur i bhfeidhm agus, nuair is cuí, na gnéithe ábhartha den Chód Caiteachais Phoiblí a chur i bhfeidhm le linn measúnú agus bainistiú tograí infheistíochta a dhéanamh. Cloíonn an Chuideachta, de réir mar is cuí, le ceanglais soláthair dlí infheidhme an Aontais agus na hÉireann.

Ina theannta sin, i gcúrsaí rialachais chorparáidigh, tá aird ag an gCuideachta ar Iarscríbhinn Rialachais Chorparáidigh na hÉireann d'fhonn a cuid gealltanais a chomhlíonadh i leith ardchaighdeán a choinneáil i dtaca le rialachas corparáideach agus iompar i gcúrsaí gnó.

Struchtúr an Bhoird agus ceapacháin sa Bhord

Leagamar amach struchtúr rialachais an Bhoird thíos.



Tuarascáil ar rialachas ar lean

Forordaítear struchtúr an Bhoird le reacht agus leagtar amach é san Acht Aerloingseoireachta agus Aeriompair (Leasú), 1998 (“Acht 1998”), arna leasú leis na hAchtanna um Aerfoirt Stáit, 2004 agus 2014. Líontar folúntais Bhoird i gcomhréir le Treoirlínte maidir le Ceapacháin chuig Boird Stáit. Foráiltear leis an reachtaíocht an méid seo a leanas:

- Ní bheidh líon na Stiúrthóirí níos mó ná 13.
- Déanfaidh an tAire Iompair (“an Scairsealbhóir”) gach Stiúrthóir (an Cathaoirleach ina measc) a cheapadh (nó a chur as oifig) le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriú na Seirbhíse Poiblí agus Digitithe, (“an Príomh-Scairsealbhóir”) ar feadh tréimhse idir trí go cúig bliana. Is féidir an ceapachán a athnuachan go ceann tréimhse bhreise, suas le hocht mbliana ar a mhéad.
- Ceapfaidh an Scairsealbhóir ceathrar de Stiúrthóirí na Cuideachta (‘na Stiúrthóirí Tofa’) i ndiaidh próiseas toghcháin foirne, faoi mar a fhoráiltear faoi na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), 1977 agus 1988 (‘na hAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre’). Ceaptar na Stiúrthóirí seo ar feadh tréimhse ceithre bliana agus tá siad i dteideal atoghadh.
- Stiúrthóir de bhrí oifige na Cuideachta a bheidh sa Phríomhfheidhmeannach (‘an POF’).
- Is an Scairsealbhóir a dhéanfaidh cinntí maidir le Stiúrthóirí a cheapadh agus a athcheapadh, agus folúntais ar an mBord a líonadh (seachas, i ngach cás, an POF agus na Stiúrthóirí Tofa). Déanfaidh an Scairsealbhóir na cinntí sin de réir socruithe seanbhunaithe maidir le ceapacháin i mBoird Stáit.
- Ní hionann ról an Chathaoirligh agus ról an POF.

Ról an Bhoird

Tá an Bord freagrach as cultúr na heagraíochta a chothú agus gníomhaíochtaí an Ghrúpa a stiúradh. Is é an ról atá aige ná ceannaireacht agus treoir a thabhairt don Ghrúpa laistigh de chreat rialuithe stuama agus éifeachtacha le gur féidir riosca a mheas agus a bhainistiú. Tá an Bord tar éis struchtúr rialachais chorparáidigh a chur i bhfeidhm lena ndéantar soláthar do mhaoirseacht chuig ar leibhéal an Bhoird agus do tharmligean chuig lucht bainistíochta. Tá sé sásta chomh maith gur leor na rialuithe le comhlíonadh oibleagáidí reachtúla agus rialachais a bhaint amach.

Tá sceideal foirmiúil ceisteanna á fhorchoimeád ag an mBord go ndéanfaidh sé cinneadh orthu. Áirítear leo sin:

- Straitéis Ghrúpa, buiséad bliantúil agus ráitis airgeadais daa a fhaomhadh;
- Meastóireacht a dhéanamh ar fheidhmíocht i gcomparáid le straitéis agus buiséad;
- Ceapachán an POF, an Leas-POF agus an POF Eatramhach;
- Beartas agus Creat Bainistíochta Riosca; agus
- Mórchaiteachas caipitiúil agus cinntí infheistíochta.

Sna cairteacha (ar dheis), taispeántar comhdhéanamh an Bhoird amhail an 27 Márta, 2026.

Ról agus Freagrachtaí Cathaoirleach – Basil Geoghegan

- Déanann sé gnó an Bhoird a stiúradh agus a eagrú, ag cinntiú go mbíonn sé éifeachtach maidir le gach gné dá ról.
- Tá sé freagrach as ardchaighdeán ionracais agus macántachta a léiriú agus as an méid lena mbítear ag súil a shocrú maidir le cultúr, luachanna, iompar agus caighdeán an phlé ar leibhéal an Bhoird.
- Réitíonn sé an bealach le gur féidir le Stiúrthóirí a gcuid tuairimí a roinnt go héifeachtach agus féachann sé chuige gur cruinn, tráthúil agus soiléir an fhaisnéis a fhaigheann Stiúrthóirí.
- Bainistíonn sé an chumarsáid a dhéantar leis an Scairsealbhóir le go mbeadh sí éifeachtach.


POF – Folamh Faoi Láthair

- Tá sé freagrach as an ngnólacht a bhainistiú agus as straitéis agus beartais an Ghrúpa a chur i bhfeidhm.
- Tá an Fhoireann Feidhmiúcháin faoina stiúir.


Stiúrthóir Sínearach Neamhspleách – Risteard Sheridan

- Feidhmíonn sé mar bhonn braite don Chathaoirleach.
- Fónann sé mar idirghabhálaí thar ceann na gComhaltaí Boird eile, nuair is gá.
- Déanann sé cruinniú bliantúil na gcomhaltaí Boird a éascú le haghaidh measúnú ginearálta a dhéanamh ar fheidhmíocht an Chathaoirligh.


Cothromaíocht Inscne faoi láthair



Tréimhse Oifige



Saineolas



Tuarascáil ar rialachas ar lean

Rúnaí na Cuideachta – Miriam Ryan

- Féachann sí chuige go bhfaigheann lucht an Bhoird faisnéis ar bhonn tráthúil ionas gur féidir plé iomlán agus ceart a dhéanamh ar na saincheisteanna.
- Is ise atá freagrach as comhaltaí nua ar an mBord a ionduchtú go foirmiúil.
- Is ise atá freagrach as comhairle a thabhairt faoi chúrsaí rialachais agus as saincheisteanna rialachais a thuairisciú.
- Féachann sí chuige go gcloítear le nósanna imeachta an Bhoird.

Feidhmíocht agus Éifeachtacht an Bhoird

Gníomhaíonn an Bord ar bhonn atá go hiomlán feasach agus eiticúil, le dea-intinn, le dícheall agus chun leas na Cuideachta, agus aird mar is cuí á tabhairt ar a chuid freagrachtaí dlíthiúla agus ar na cuspóirí a leagann an Scairsealbhóir amach. Bíonn an deis ag gach comhalta Boird bheith páirteach go hiomlán i mbreithnithe an Bhoird agus chun dúshlán cuiditheach a thabhairt, i dtimpeallacht ina déantar tionchar rómhór ar bith a sheachaint ag comhalta aonair nó níos mó ar chinnteoireacht an Bhoird.

Cuirtear treoir eolais rialta ar fáil don Bhord, lena n-áirítear faisnéis thábhachtach bhainistíochta agus airgeadais chun Stiúrthóirí uile a chumasú grinnscrúdú a dhéanamh ar fheidhmíocht an Ghrúpa agus an lucht bainistíochta de réir spriocanna comhaontaithe. Scaiptear tuairiscí agus páipéir rialta in am tráthúil ar na Stiúrthóirí chun go mbeidh siad ábalta ullmhú go hiomlán do chruinnithe Boird agus coistí. Ó am go chéile, cuirtear tuilleadh faisnéise leis na páipéir sin arna hiarraidh go sainiúil ag na Stiúrthóirí. Cuirtear nuashonruithe ar fáil go minic don Bhord maidir le príomhábhair ghnó.

Tá meascán scileanna agus taithí ag na Stiúrthóirí i réimsí amháil eitleocht, airgeadas, dlí, comhlíontacht chorparáideach, cúrsaí digiteacha, gnó, díolacháin agus margáíocht, miondíol, fáilteachas, acmhainní daonna, agus caidreamh tionsclaíoch. Cuirtear an cumas leathan riachtanach ar fáil don Bhord tríd an meascán scileanna agus taithí sin ionas go mbíonn sé in

ann tabhairt faoi na dúshlán mhóra atá roimh an nGrúpa ar bhonn éifeachtach.

Agus straitéis á forbairt, baineann Stiúrthóirí leas as a gcuid taithí agus a gcuid eolais agus baineann siad leas as an réimse leathan scileanna atá acu chun nithe a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leo a cheistiú ar bhealach cuiditheach. Cuirtear an bhéim sin ar thaithí aonair agus eolas na Stiúrthóirí san áireamh freisin agus cinneadh á dhéanamh maidir le riachtanais agus ballraíocht Choistí an Bhoird.

Tá an Bord sásta go bhfuil an méid agus struchtúr is cuí aige de réir mar a fhorordaítear sa reachtaíocht agus go bhfuil cothromaíocht ionadaíochta bainte amach aige ar an mBord.

D'éirigh Ray Gammell as an mBord an 22 Eanáir 2025, nuair a tháinig deireadh lena théarma oifige. D'éirigh Denis Smyth as an mBord an 31 Deireadh Fómhair 2025, nuair a d'éirigh sé as an gCuideachta. D'éirigh Marie Joyce as an mBord an 31 Nollaig 2025. Rith daa toghchán i Mí na Nollag 2025 de réir na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit), d'fhonn ceathrar ionadaithe fostaí a thoghadh chuig an mBord. Atoghadh MarkJames Ryan agus Des Mullally agus is stiúrthóirí nuathofa iad Darren Kelly agus Kevin O'Connell le héifeacht ón 9 Eanáir 2026. D'éirigh James Kelly, stiúrthóir oibríthe, as an mBord an 8 Eanáir 2026, nuair a tháinig deireadh lena théarma oifige. D'éirigh Karen Morton as an mBord an 22 Eanáir 2026, nuair a tháinig deireadh lena téarma oifige. D'éirigh Kenny Jacobs as mar POF agus as an mBord an 5 Feabhra 2026. D'éirigh Peter Cross as an mBord an 3 Márta 2026, nuair a tháinig deireadh lena théarma oifige.

Cumarsáid leis an Scairsealbhóir

Cuireadh cuspóirí agus tosaíochtaí an Scairsealbhóra in iúl don Bhord trí Bheartas Eitleochta Náisiúnta agus Litrí Ionchais a cheapadh, i measc nithe eile.

Trí theagmháil rialta le ranna rialtais ábhartha, coimeádann an Bord agus an lucht bainistíochta tuairiscí agus idirphlé

leanúnach leis an Scairsealbhóir maidir le saincheisteanna straitéiseacha agus ábhair atá tábhachtach. Faigheann comhaltaí an Bhoird tuiscint ar dhearcthaí an Scairsealbhóra chomh maith trí sheisiúin faisnéise ón gCathaoirleach a choimeádann idirphlé rialta ar bun, i gcomhar leis an POF agus le Rúnaí na Cuideachta, leis an Scairsealbhóir agus le hoifigigh na Roinne. Le linn na bliana, d'oibrigh an Chuideachta leis an Scairsealbhóir lena chinntiú go ndírítear aird iomchuí ar na cuspóirí agus na tosaíochtaí beartais atá leagtha amach i Litrí Ionchais an Scairsealbhóra.

Neamhspleáchas na Stiúrthóirí

Maidir le Stiúrthóirí agus Rúnaí na Cuideachta, ní raibh aon leas tairbhiúil acu i scaireanna nó i stoc iasachta na Cuideachta, nó i stoc a Fochuideachtaí, ag am ar bith le linn na bliana nó sa bhliain airgeadais roimhe seo. Is é barúil mheasta an Bhoird go bhfuil gach Stiúrthóir neamhspleách ó thaobh carachtair agus breithiúnais de.

Conarthaí fostaíochta: Agus aird chuí á tabhairt do na critéir neamhspleáchais atá leagtha amach i gCód Rialachais Chorparáidigh na hÉireann, tá an Bord den tuairim, ós rud é go bhfuil conarthaí fostaíochta leis an gCuideachta ag gach duine acu, nach féidir glacadh leis ar an gcúis sin go bhfuil an post mar POF agus an ceathrar Stiúrthóirí Tofa neamhspleách.

Leasanna eile: Ó am go chéile, d'fhéadfadh stiúrthóireachtaí, rólí fheidhmiúcháin nó leasanna a bheith ag comhaltaí an Bhoird in eagraíochtaí tríú páirtí nó i gcuideachtaí amháil ceardchumann nó aerlínte. D'fhéadfadh roinnt acu siúd (nó a gcuid cleamhnaithe) idirbhearta a dhéanamh, i ngnáthchúrsa an ghnó, ar bhonn spleách leis an nGrúpa. Cuirtear nochtadh ar fáil, de réir mar a éilítear, i Nóta 30 (Faisnéis a Nochtadh maidir le Páirtithe Gaolmhara) sna ráitis Airgeadais, maidir le hidirbhearta páirtithe gaolmhara nuair a bhíonn leas ábhartha ag Stiúrthóir in eintiteas ábhartha.

De réir dhlí na gcuideachtaí, comhdaítear sonraí faoi Stiúrthóireachtaí atá ag Comhaltaí den Bhord leis an Oifig um Chlárú Cuideachtaí.

Maidir le Basil Geoghegan, Cathaoirleach an Bhoird, is compháirtí é le PJT Partners, banc infheistíochta comhairleach atá lonnaithe sna Stáit Aontaithe atá liostaithe go poiblí, agus bhí baint dhíreach aige le comhairle a chur ar roinnt custaiméirí corparáideacha de chuid daa go dtí seo. Is é Basil stiúrthóir neamhfhéidhmiúcháin de chuid Ghrúpa AIB cpt, institiúid airgeadais a chuireann seirbhísí baincfeireachta ar fáil do daa.

Is comhalta boird neamhfhéidhmiúcháin Thailte Éireann é Ger Perdisatt, comhalta den Bhord. Leagtar amach ag Tailte Éireann (go háirithe an Rannóg Luachála dá chuid, an Oifig Luachála roimhe seo) na luachálacha do rátaí tráchtála údarais áitiúil in Éirinn, lena n-áirítear daa.

Tá scaireanna ag Kenny Jacobs, a bhí ina POF agus ina chomhalta Boird le linn na bliana 2025, i nGrúpa Ryanair, i nGrúpa Lufthansa agus in IAG, atá ina gcustaiméirí aerlíne de chuid daa cpt.

Nósanna imeachta an Bhoird: Tá nósanna imeachta ar leith i bhfeidhm ag an mBord chun déileáil le haon choinbhleacht leasa a d'fhéadfadh teacht chun cinn. Tá sé de cheangal ar Stiúrthóirí, de réir fhorálacha Alt 34 den Acht 1998 agus de réir an Chóid Cleachtas, aon leas ábhartha a nochtadh agus iad féin a bheith as láthair ó aon phlé an Bhoird, is cumas más leas díreach nó indíreach é an leas sin. Tá téarmaí agus coinníollacha lena rialaítear ceapadh Stiúrthóirí ar fáil lena n-iniúchadh ar iarraidh.



Tuarascáil ar rialachas ar lean

Teacht ar Chomhairle Ghairmiúil

Bíonn teacht ag na Stiúrthóirí go léir ar chomhairle agus ar sheirbhísí Rúnáí na Cuideachta, atá freagrach don Bhord as a chinntiú go gcomhlíontar nósanna imeachta an Bhoird. Bíonn comhairleoirí gairmiúla na Cuideachta ar fáil don Bhord de réir mar is gá agus is féidir le Stiúrthóirí aonair comhairle ghairmiúil neamhspleách a ghlacadh, ar aon dul le nósanna imeachta na Cuideachta, ar chostas na Cuideachta.

Ionduchtú, Oiliúint agus Forbairt Stiúrthóirí

Nuair a cheapar iad, tugtar bileoga eolais mionsonraithe do Stiúrthóirí mar aon le faisnéis faoi rialachas, airgeadas agus faoi chúrsaí oibríochta agus tugtar deis dóibh treoir eolais a fháil ó Fheidhmeannaigh maidir le gnéithe éagsúla deis ghnó an Ghrúpa. Bíonn teacht ag stiúrthóirí ar chláir oiliúna agus coinnítear súil ar riachtanais forbartha na Stiúrthóirí ar bhonn leanúnach.

Luach Saothair na Stiúrthóirí

Déanann an Scairshealbhóir cinneadh faoi na táillí le haghaidh Stiúrthóirí, le toiliú an Phríomh-Scairshealbhóra.

Socraítear luach saothair an POF de réir shocruithe na Roinne Iompair maidir le Comhlachtaí Stáit tráchtála atá faoina coimirce. Is é an Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair a shocraíonn é i gcomhar leis an Scairshealbhóir agus le ceadú an Phríomh-Scairshealbhóra.

Ar aon dul leis an gCód Cleachtas, níl ach táille amháin iníoctha le Stiúrthóirí maidir le fónamh ar an bPríomhbhord agus, nuair is infheidhme, ar Bhoird fho-chuideachtaí nó chomhlachtaí comhlachaithe. Níl aon táille Stiúrthóra le híoc leis an POF as fónamh ar an mBord. Maidir le Feidhmeannaigh na Cuideachta a d'fhéadfadh a bheith ina mbaill de Bhoird fochuideachtaí nó cuideachtaí comhlachaithe, ní íoctar aon luach saothair sa bhreis leo i leith stiúrthóireacht ar bith atá idir lámha acu.

Íoctar luach saothair ar leith le Stiúrthóirí Tofa, a n-íoctar táille leo dá seirbhísí mar Stiúrthóir, le haghaidh seirbhísí don Chuideachta faoina ngnáthchonarthaí fostaíochta.

Tugtar cuntas ar tháillí agus ar luach saothair Stiúrthóirí, iad siúd de chuid an POF ina measc, i Nóta 7 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais i gcomhréir le ceanglais Achtanna na gCuideachtaí, 2014, agus an Cód Cleachtas.

Coistí an Bhoird¹

Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord chun cabhrú lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh. Tá coistí an Bhoird comhdhéanta díobh seo a leanas:

- Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca;
- An Coiste Airgeadais;
- Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta;
- An Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair; agus
- An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht.

Leagtar amach na freagrachtaí a tharmilgítear do na Coistí Boird sin ina dTearmaí Tagartha. Tar éis gach cruinnithe, tuairisceoidh na coistí leis an mBord maidir leis na saincheistanna atá de shainchúram orthu. Leagtar amach freastal comhaltaí sa tábla 'Freastal ar Chruinnithe Boird agus Coistí le linn na bliana 2025'. Tá Tearmaí Tagartha na gcoistí ar fáil ó Rúnáí na Cuideachta ar iarraidh.

Cruinnithe

Tionótar cruinnithe den Bhord le linn na bliana ar fad. Bhí 18 gcrúinniú ag an mBord le linn na bliana 2025, mar aon le roinnt glaonna Boird le linn na bliana chun ábhair shainiúla a tháinig chun cinn a phlé. Le linn na bliana 2025, tháinig an Bord le chéile cúpla uair chomh maith gan comhaltaí an bhoird fheidhmiúcháin nó an lucht bainistíochta i láthair, chun ábhair ar bith a mheas sé a bheith ábhartha a phlé.

Tinreamh ag Cruinnithe Boird agus Coiste le linn na bliana 2025¹

Struchtúr thábhachtacha	Bord	Iniúchóireacht agus Riosca	Cultúr, Slándáil agus Sábháilteacht	Ainmniú agus Luach Saothair	Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht	Airgeadas
Basil Geoghegan	15/18			5/5	2/3	0/1
Paula Cogan	17/18		4/4	5/5		
Peter Cross	16/18	5/5				
Kenny Jacobs	10/10				2/3	1/1
Marie Joyce	16/18			5/5	3/3	
James Kelly	18/18		4/4			
Karen Morton	16/18	5/5			3/3	
Des Mullally	18/18		4/4			
Ger Perdisatt	16/18	5/5			3/3	
MarkJames Ryan	18/18				3/3	
Risteard Sheridan	15/18	5/5				1/1
Denis Smyth	9/9		3/3			1/1

¹ Le linn na bliana 2025, bhunaigh an Bord fochoiste um Nochtadh Cosanta agus an fochoiste Díl, chun athbhreithniú agus breithniú a dhéanamh ar na difríochtaí a tháinig chun cinn idir an Bord agus an Príomhfeidhmeannach. Chuir an fo-ghrúpa agus an fo-choiste a gcuid oibre i gcrích le linn na bliana 2025 agus ní raibh siad i bhfeidhm amháin an 31 Nollaig, 2025.



Cód Cleachtas

Leagtar amach sa Chód Cleachtas roinnt ceanglais chomhlíontachta, foilsíú an Ráitis ar an gCóras Rialaithe Inmheánaigh de chuid an Bhoird ina measc, a leagtar amach dá réir thíos.

Ráiteas faoin gCóras Rialaithe Inmheánaigh Raon Freagrachta

Tá an Bord freagrach as córas rialaithe inmheánaigh a chur ar bun agus a chothabháil ar fud an Ghrúpa. Leis an gcóras sin cuimsítear próisis leanúnacha le haghaidh na rioscaí suntasacha a aithint, a mheas agus a bhainistiú a bhíonn roimh an nGrúpa, mar aon leis na príomhstruchtúir agus na nósanna imeachta atá deartha chun córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chur ar fáil.

Aidhm an Chóras Rialaithe Inmheánaigh

Tá an córas rialaithe inmheánaigh deartha chun riosca teipe a bhainistiú, seachas fáil réidh leis. Dá bhrí sin, ní féidir ach dearbhú réasúnta, ní dearbhú daingean, a chur ar fáil leis nach rachaidh míshonrú nó cailteanas ábhartha i bhfeidhm ar an nGrúpa. Rinne an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca athbhreithniú ar an ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh lena chinntiú gur léiriú cruinn é ar an gcóras a bhí i bhfeidhm le linn na tréimhse tuairiscithe. Tá na Stiúrthóirí sásta gur fheidhmigh córais rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa mar a bhí beartaithe don bhliain faoi athbhreithniú agus suas go dtí dáta faofa na ráiteas airgeadais.

Bainistíocht Riosca

Tá an Bord freagrach as cineál agus méid na rioscaí a chinneadh a bhfuil an Grúpa sásta glacadh leo chun a chuspóirí straitéiseacha a bhaint amach. Tá sé tiomanta do bhainistiú réamhghníomhach riosca agus tá córas bainistíochta riosca i bhfeidhm aige atá deartha le bheith ag súil le hathruithe ábhartha ar thimpeallacht ghnó agus riosca an Ghrúpa agus chun dul i ngleic leo, sa mhéid gur féidir sin a dhéanamh.

Déanann an Bord inghlacthacht riosca an Ghrúpa a shainiú agus, trí phróisis agus trí struchtúir a fhéachann le bainistíocht riosca a chur i bhfeidhm go daingean ar fud na heagraíochta sna gnáthghníomhaíochtaí gnó agus i gcinnteoireacht. Faigheann an Bord Clár Rioscaí an Ghrúpa ag gach cruinniú an Bhoird, a dhíríonn ar na príomhrioscaí agus ar na príomhghaoluithe.

Shainigh an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca na Téarmaí Tagartha agus ballraíocht, lena gcuimsítear taithí le déanaí ar airgeadas atá ábhartha. Tagann sé le chéile ceithre huairé ar a laghad in aghaidh na bliana.

Tá acmhainní a dóthain ag Feidhm na hIniúchóireachta Inmheánaí agus tugann sí faoi chlár oibre ar thángthas ar chomhaontú ina leith leis an gCoiste um Iniúchóireacht agus Riosca.

Creat um Riosca agus Rialú

Aithníonn agus tuairiscíonn an córas bainistíochta riosca príomhrioscaí agus na gníomhartha bainistíochta atá idir lámha chun dul i ngleic leis na rioscaí sin agus, a mhéid is féidir, iad a mhaolú. Tugtar sonraí faoin gcóras bainistíochta riosca sa Tuarascáil Riosca ar leathanach 26 go 35.

Tuarascáil ar rialachas ar lean

Chuir an Chuideachta roinnt príomhstruchtúr agus nósanna imeachta ar bun chun córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh a chur ar fáil, arna thacú ag rialuithe agus próisis mhionsonraithe mar a leanas:

Struchtúir thábhachtacha Príomhnósanna Imeachta

Pleanáil Straitéiseach	<ul style="list-style-type: none"> Plean straitéiseach a ullmhú agus a ghlacadh go tréimhsiúil d'fhonn an treo amach anseo a leagan amach, chomh maith le pleananna gnó agus airgeadais cúig bliana a cheapadh ar bhonn leanúnach.
Maoirseacht an Bhoird	<ul style="list-style-type: none"> Beartas agus Creat Rialachais Chorporáidigh atá faofa ag an mBord lena n-áirítear sceideal míreanna a fhorchoimeádtar don Bhord lena bhfaomhadh. Struchtúr fochoiste an Bhoird atá gníomhach. Coiste Ainmniúcháin agus Luacha Saothair atá freagrach as téarmaí agus coinníollacha fostaíochta an POF a chinneadh agus as an mbeartas um luach saothair a chinneadh maidir leis an lucht bainistíochta sinsearaí agus an lucht saothair i gcoitinne, lena n-áirítear pá i gcoibhneas le feidhmíocht agus scéimeanna dreasachta, i measc tascanna eile. Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca, a dhéanann athbhreithniú ar phleananna iniúcháireachta agus ar phróisis bhainistíochta riosca. Pléann sé le saincheisteanna rialaithe suntasacha freisin arna n-ardú ag an iniúcháir inmheánach nó seachtrach, lena mbuaileann sé go tréimhsiúil. Coiste Cultúir, Slándála agus Sábháilteachta a dhéanann monatóireacht ar shláine na gcóras sláinte, sábháilteachta agus slándála ag aerfoirt an Ghrúpa agus ar chultúr na cuideachta lena n-áirítear cúrsaí folláine na foirne. Coiste Airgeadais chun maoirseacht a dhéanamh ar shocruithe maoinithe móra agus chun comhairle a chur ar an mBord maidir le cúrsaí airgeadais straitéiseacha. Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht a dhéanann clár infheistíochta bonneagair agus caipitiúla mheántéarmacha agus fhadtéarmacha, cúrsaí inbhuanaitheachta agus saincheisteanna gaolmhara eile a mheas. Ionadaíocht ar leibhéal Boird ag feidhmeannaigh shinsearach an Ghrúpa i bpríomhchomhlachaithe agus i gcomhfhiontair an Ghrúpa. Meastar na hinfeistíochtaí sin le bheith ina guid de phróiseas athbhreithnithe riosca leanúnach ag an lucht bainistíochta. Boird ar leith a dhéanann monatóireacht ar rialachas agus feidhmíocht gach fochuideachta.
Struchtúir Bhainistíochta	<ul style="list-style-type: none"> Struchtúr eagraíochta atá sainmhínithe go soiléir ina bhfuil deighilt chuí idir dhualgais agus tarmligean freagrachta curtha i bhfeidhm, ina ndéantar gníomhaíochtaí an Ghrúpa a phleanáil, a fhorghníomhú, a rialú agus a mhonatóiriú d'fhonn na spriocanna straitéiseacha a bhaint amach atá glactha ag an mBord don Ghrúpa. Agus córais sábháilteachta, slándála agus bhainistíochta timpeallachta á bhfeabhsú ar bhonn leanúnach, tarraingítear aird ar phríomhshaincheisteanna agus ar phríomhábhair inní ar bith agus cuirtear in iúl go cuí iad, agus déantar monatóireacht orthu agus tuairiscítear agus bainistítear iad go gníomhach ar fud na heagraíochta ar leibhéal an Fheidhmiúcháin agus an Bhoird. Rannóg Iniúchta Inmheánaigh a dhéanann athbhreithniú ar phríomhchórais agus rialuithe, rannóg a bhfuil teacht iomlán aige ar chórais, ar rialuithe, ar cháipéisíocht agus ar an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca.
Bainistíocht Riosca	<ul style="list-style-type: none"> Fóram um Riosca Feidhmiúcháin chun monatóireacht a dhéanamh ar bhainistíocht riosca agus rialachas agus chun cabhrú leis an gCoiste um Iniúcháireacht agus Riosca agus leis an mBord lena bhfreagrachtaí a chomhlíonadh maidir lena chinntiú go ndéanfar rioscaí a shainnithint, a mheasúnú, a thuairisciú agus a mhaolú go héifeachtach i gceart, agus go bhfuil an straitéis treoraithe ag inghlacthacht riosca an Ghrúpa agus go mbeidh sí ag teacht léi.
Monatóireacht agus Rialú	<ul style="list-style-type: none"> Córas cuimsitheach bainistíochta agus tuairiscithe airgeadais thar gach feidhm lena n-áirítear airgeadas, seirbhísí dlí agus seirbhísí corparáideacha eile, sláinte, sábháilteacht agus slándáil, bainistíocht agus forbairt sócmhainní, cúrsaí tráchtála agus oibríochtaí. Teorainneacha agus nósanna imeachta caiteachais airgeadais atá sainithe go soiléir. Lucht bainistíochta feidhmiúcháin a dhéanann maoirseacht ar cháipiteal, ioncam, costas agus cúrsaí fostaíochta. Scórchártaí bliantúla, buiséid agus pleananna airgeadais don Ghrúpa agus d'aonaid ghnó. Monatóireacht rialta a dhéanamh ar fheidhmíocht airgeadais agus oibriúcháin an Ghrúpa i gcomparáid le buiséid agus scórchártaí, agus tuairisciú rialta don Bhord maidir le feidhmíocht ghnó. Tá socrúithe ar leith curtha i bhfeidhm ag an gCuideachta maidir le soláthar, lena n-áirítear feidhm oifigiúil soláthair chomh maith le beartais agus nósanna imeachta a chur in iúl don fhoireann chun a chinntiú go gcomhlíontar ceanglais dhlíthiúla AE agus na hÉireann is infheidhme; go háirithe, an Treoir maidir le Fóntais 2014/25/AE agus an Treoir maidir le Lamháitais 2014/23/AE agus an reachtaíocht thánaisteach ghaolmhar faoi dhlí na hÉireann.
Deimhnithe Bainistíochta	<ul style="list-style-type: none"> Dearbhuithe bliantúla ó fheidhmeannaigh agus óna bhfoirne sinsearach maidir le hathruithe ábhartha ar bith ar na struchtúir um rialú inmheánach san aonad gnó; laigí suntasacha sa rialú inmheánach; nó sárúithe ábhartha ar reachtaíocht nó ar rialachán, seachas na cinn a aithníodh cheana féin i dtuarascálacha iniúchta inmheánaigh nó sheachtraigh.



Athbheithniú a Dhéanamh ar a Éifeachtaí agus atá Bainistíocht Riosca agus Nósanna Imeachta Rialaithe

Déantar monatóireacht daa ar éifeachtacht an chórais rialaithe inmheánaigh a threorú le hobair na ndaoine seo a leanas:

- Na hiniúcháirí inmheánacha agus seachtracha;
- An Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca a dhéanann maoirseacht ar a gcuid oibre; agus
- An lucht bainistíochta sinsearaí laistigh den daa atá freagrach as an gcreat rialaithe inmheánaigh a fhorbairt agus a chothabháil.

I mí an Mhárta 2026, rinne an Bord athbheithniú bliantúil ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha don bhliain 2025. Ní dheanadh laigí suntasacha ar bith a aithint sna príomhnósanna imeachta rialaithe inmheánaigh a d'fhéadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar fheidhmíocht airgeadais nó ar bhaill an Ghrúpa, agus nach mór iad a nochtadh sna ráitis airgeadais. Ina theannta sin, cinntíonn an Chuideachta go gcomhlíonann éifeachtacht phróisis tuairiscithe phoiblí daa riachtanais um thuirisciú gnó agus airgeadais an Chóid Chleachtais.

Cothromaíocht Inscne, Éagsúlacht agus Cuimsiú

San larscríbhinn leis an gCód Cleachtais, tá ceanglas ann chun an cur chuige arna ghlacadh a shonrú d'fhonn éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, lena n-áirítear cothromaíocht inscne, ar fud na heagraíochta; agus maidir le dul chun cinn agus gnóthachtálacha atá ábhartha.

Tá sonraí faoi chothromaíocht inscne an Bhoird le fáil ar leathanach 60 den tuarascáil seo. Nuair a thugtar comhairle don Scairsealbhóir maidir leis na scileanna agus taithí a lorgáítear i gceapacháin ionchasacha nua don Bhord, is é an príomhrud le cur sa mheá ná Bord cothrom i dtéarmaí inscne agus éagsúlachta scileanna.

Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021)

Tá daa cpt tiomanta do chomhlíonadh a chuid oibleagáidí uile faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021). Ceapadh Stiúrthóir Margaíochta an Ghrúpa chun maoirseacht a dhéanamh ar fheidhmíocht, agus chun tuairisciú ar oibleagáidí daa faoi Achtanna na dTeangacha Oifigiúla (2003 agus 2021). Le linn na bliana 2025, chomhlíon daa na hoibleagáidí faoi Alt 10A (Fógraíocht ag Comhlachtaí Poiblí) óna n-éilítear go mbíonn 20% ar a laghad den fhógraíocht uile a chuirtear i bhfeidhm i nGaeilge, agus go gcaitear 5% de chaiteachas bliantúil fógraíochta ar mheáin na Gaeilge.

Riachtanais Thuairiscithe sa Chód Cleachtais

Leagtar amach sa Chód Cleachtais na riachtanais thuairiscithe atá ann i gcás cineálacha caiteachais áirithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025:

- Maidir leis na speansais taistil agus chothaithe a cuireadh de mhúirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais don bhliain, €0.8 milliún (2024: €0.6 milliún) (náisiúnta) agus €2.0 milliún (2024: €2.0 milliún) (idirnáisiúnta) a bhí iontu san iomlán.
- Bhí €4.5 milliún (2024 €4.3 milliún) san iomlán maidir le speansais fáilteachais agus folláine foirne a cuireadh de mhúirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais.
- Bhí €4.8 milliún (2024: €4.7 milliún) san iomlán maidir le costais shainchomhairleoireachta a cuireadh de mhúirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais. Baineann na príomhchostais shainchomhairleoireachta a tabhaidh sa bhliain 2025 le costais €3.2 milliún a caitheadh ar shainchomhairleoireacht maidir le cúrsaí rialála, €0.9 milliún a caitheadh ar shainchomhairleoireacht maidir le cúrsaí straitéise, agus €0.7 milliún a caitheadh ar shainchomhairleoireacht eile (2024: caitheadh €3.2 milliún ar shainchomhairleoireacht rialála agus €0.9

milliún ar shainchomhairleoireacht straitéise agus caitheadh €0.6 milliún ar shainchomhairleacht eile).

- Íocadh costais dlí de €0.2 milliún (2024: €0.4 milliún) agus íocaíochtaí socraíochta de €0.5 milliún (2024: €1.1 milliún) le linn na bliana i leith cásanna dlí agus árachais a tugadh chun críche nó a socraíodh.
- Mar atá leagtha amach i Nóta 3 a ghabhann leis na Ráitis Airgeadais, bhí €18.0 milliún (2024: €15.8 milliún) sna méideanna a bhain le costais phinsin a cuireadh de mhúirear ar an gcuntas brabúis agus cailteanais. B'ionann na híocaíochtaí foirceanta iomlána a íocadh sa bhliain agus €Nialas (2024: €Nialas). B'ionann íocaíochtaí a rinneadh maidir le sochair luathscoir agus €4.6 milliún (2024: €4.8 milliún), agus iad go léir faoi scéimeanna iomarcaíochta deonáí 2012 agus 2020.
- Cuimsíonn sochair fostaithe gach tuilleamh rialta, tuarastal, ragobair, tuilleamh a bhaineann le sealobair agus tuilleamh bunaithe ar fheidhmíocht, agus sochair eile amháil árachas leighis, ach gan ranníocaíochtaí pinsin fostóra san áireamh. Íocadh €5.4 milliún (2024: €5.6 milliún) san iomlán i leith ragoibre le linn na bliana agus íocadh liúntais de €11.4 milliún (2024: €10.9 milliún) san iomlán le linn na bliana don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, suimeanna a áirítear i sochair fostaithe thíos. Tugtar sonraí sa tábla ar thaobh na láimhe deise faoi shochair na bhfostaithe do ghníomhaíochtaí an Ghrúpa ar fud a chuideachtaí intíre agus idirnáisiúnta.
- I measc na gcostas a aithníodh le linn na bliana, bhí cúiteamh don bpríomhlucht bainistíochta lenar gcuimsíodh tuarastail, táillí, agus sochair ghearrthéarmacha eile de €4.3 milliún (2024: €4.1 milliún), mar aon le sochair iar-fhostaíochta de €0.4 milliún, (2024: €0.3 milliún) agus sochair foirceanta de €Nialas, (2024: €Nialas).

Miondealú an Luacha Saothair Iomláin de réir Banda Pá

Áirítear le líon na bhfostaithe fostaithe lánaimseartha agus páirtaimseartha a d'oibrigh don Ghrúpa d'aon chuid den bhliain.

Tá costais an phárolla agus costais ghaolmhara eile nochta i Nóta 3 leis na ráitis airgeadais.

Luach Saothair Iomlán	Líon na bhFostaithe
€0 go €50,000	3,890
€50,000 go €75,000	924
€75,000 go €100,000	625
€100,000 go €125,000	214
€125,000 go €150,000	95
€150,000 go €175,000	56
€175,000 go €200,000	43
€200,000 go €225,000	17
€225,000 go €250,000	23
€250,000 go €275,000	11
€275,000 go €300,000	5
€300,000 go €325,000	5
€325,000 go €350,000	5
€350,000 go €375,000	5
€400,000 go €425,000	1
€500,000 go €525,000	2

Taispeántar sa tábla thuas €0.5 milliún a íocadh le 20 fostaí a tháinig deireadh lena bpost i Ríocht na hAraibe Sádaí agus Bhairéin sa bhliain 2025, ag clúdach teidlíochtaí reachtúla deireadh seirbhíse faoi dlíthe saothair áitiúla do na tréimhsí 2021 go 2025.

Léargas ginearálta ar an gCoiste

An Coiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair

Comhaltai	Ceaptha i gCoiste
Basil Geoghegan, Cathaoirleach	Meitheamh 2018
Paula Cogan	Feabhra 2023

Tionóladh cúig chruinniú scidealaithe den Choiste Ainmniúcháin agus Luach Saothair sa bhliain 2025 ar phléigh an Coiste lena linn socrúithe pá agus pinsin na bhfostaithe, forbairtí reachtaíochta agus comhlíontachta a bhaineann le fostaithe, an bhearna phá idir na hinscni, pleanáil chomharbais an bhoird agus ábhair ghaolmhara eile. D'éirigh Marie Joyce as an gcoiste an 31 Nollaig 2025.

Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta

Comhaltai	Ceaptha i gCoiste
Paula Cogan, Cathaoirleach	Deireadh Fómhair 2023
Darren Kelly	Feabhra 2026
Des Mullally	Feabhra 2022
MarkJames Ryan	Feabhra 2026

Tionóladh ceithre chruinniú den Choiste Cultúr, Slándála agus Sábháilteachta sa bhliain 2025 inar phléigh an Coiste, i measc nithe eile, méadracht an chomhlíonadh agus méadracht oibríochtúil sábháilteachta agus slándála, príomhriosaí, leibhéil acmhainní, rolladh amach teicneolaíochta, torthaí iniúchta agus nuashonruithe ar bheartais, ar phróisis agus ar rialacháin. Rinne an coiste monatóireacht ar phríomh-mhéadracht feidhmíochta agus ar thuarascálacha ar theagmhais. Lena chois sin, bhreithnigh sé príomhcheisteanna cultúir, lena n-áirítear méadracht agus treochoir AD, éagsúlacht agus cuimsiú, folláine foirne, cláir aitheantais agus rannpháirtíochta, creat gairme daa, torthaí ón suirbhé foirne agus príomhcheisteanna reachtaíochta agus comhlíontachta. Ceapadh Paula Gogan mar Chathaoirleach an choiste an 31 Eanáir 2025. D'éirigh Denis Smyth as an gcoiste an 31 Deireadh Fómhair 2025, nuair a d'éirigh sé as an gCuideachta. D'éirigh James Kelly as an gcoiste an 8 Eanáir 2026, nuair a tháinig deireadh lena théarma oifige. Ceapadh Darren Kelly agus MarkJames Ryan chuig an gCoiste an 20 Feabhra 2026.

Tá struchtúr éifeachtach coistí ag an mBord chun cabhrú lena chuid freagrachtaí a chomhlíonadh.

An Coiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht

Comhaltai	Ceaptha i gCoiste
Ger Perdisatt, Cathaoirleach	Deireadh Fómhair 2023
Basil Geoghegan	Meitheamh 2018
Kevin O'Connell	Feabhra 2026
MarkJames Ryan	Feabhra 2022

Tionóladh trí chruinniú den Choiste um Bonneagar Straitéiseach agus Inbhuanaitheacht sa bhliain 2025, inár dhírigh an coiste ar phleanáil agus ar sholáthar bonneagair, agus inar bhreithnigh sé pleananna infheistíochta caipitil agus príomhthionscadail chaipitil a bhí á gcur chun cinn; stádas iarratas ar phleanáil agus na dúshlán shuntasacha maidir le pleanáil a bhí roimh an ngnólacht. Phléigh an Coiste príomhábhair chomhshaoil, inbhuanaitheachta agus phobail freisin agus dul chun cinn ar thionscnaimh, feidhmíocht de réir spriocanna, agus riachtanais thuairiscithe san áireamh leo. D'éirigh Marie Joyce as an gcoiste an 31 Nollaig 2025. D'éirigh Karen Morton as an gcoiste an 22 Eanáir 2026, nuair a tháinig deireadh lena téarma oifige. D'éirigh Kenny Jacobs as an gcoiste an 5 Feabhra 2026. Ceapadh Ger Perdisatt mar Chathaoirleach an choiste an 10 Feabhra 2026. Ceapadh Kevin O'Connell sa choiste an 20 Feabhra 2026.

An Coiste Airgeadais

Comhaltai	Ceaptha i gCoiste
Basil Geoghegan, Cathaoirleach	Márta 2020
Risteard Sheridan	Deireadh Fómhair 2023

Tionóladh cruinniú de chuid an Choiste Airgeadais sa bhliain 2025, inar bhreithnigh sé straitéis airgeadais agus socrúithe baincíteachta. D'éirigh Denis Smyth as an gcoiste an 31 Deireadh Fómhair 2025, nuair a d'éirigh sé as an gCuideachta. D'éirigh Kenny Jacobs as an gcoiste an 5 Feabhra 2026.

Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Comhaltai	Ceaptha i gCoiste
Risteard Sheridan, Cathaoirleach	Samhain 2018
Ger Perdisatt	Meán Fómhair 2021

Bhí cúig chruinniú den Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca ar siúl le linn na bliana 2025. Thionóil an Coiste cruinniú le linn na bliana ina raibh an lucht bainistíochta as láthair agus bhuaill sé go príobháideach leis na hiniúcháirí seachtracha agus inmheánacha aron. Tá teagmháil dhíreach ag Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa le Cathaoirleach an Choiste Iniúcháireachta agus Riosca, agus tá sé freagrach ar bhonn feidhmíocháin don POF. Is é an coiste a cheapann an duine seo agus ní féidir ach an Coiste é a chur as a phost. Áirítear leis na daoine a fhreastalaíonn go rialta ar chruinnithe an Choiste, agus iad i láthair ar chuireadh ón gCoiste, an Príomhoifigeach Feidhmíocháin, Príomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa, Rúnaí na Cuideachta, Ceannasaí Iniúchta Inmheánaigh an Ghrúpa, Ceannasaí Rialachais, Árachais agus Riosca, agus ionadaithe ón ngnólacht iniúchára sheachtraigh. D'éirigh Karen Morton as an gcoiste an 22 Eanáir 2026, nuair a tháinig deireadh lena téarma oifige. D'éirigh Peter Cross as an gcoiste an 3 Márta 2026, nuair a tháinig deireadh lena théarma oifige.



Tuarascáil faoi ghníomhaíochtaí an Choiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Réimse freagrachta	Gníomhaíocht an choiste
Rialú inmheánach agus bainistíocht riosca	<ul style="list-style-type: none"> Rinne siad athbhreithniú ar a éifeachtaí agus córas rialaithe inmheánaigh an Ghrúpa agus dheimhnigh siad dóibh féin gur fheidhmigh sé mar a bhí beartaithe don bhliain faoi athbhreithniú. Bhreithnigh siad aon chás ina bhféadfadh laigí a bheith le sonrú mar aon le haon fheabhsú ábhartha ar rialuithe inmheánaí. Rinne siad monatóireacht ar rialuithe, lena n-áirítear rialuithe airgeadais, oibríochta agus comhlíonta agus próisis bhainistíochta riosca. Rinne siad monatóireacht ar phróiseas leanúnach an Ghrúpa le haghaidh rioscaí suntasacha a théann i bhfeidhm ar an nGrúpa a shainithint agus a mheas agus ar na beartais agus nósanna imeachta a úsáidtear chun na rioscaí sin a bhainistiú. Rinne siad athbhreithniú ar Chlár Rioscaí an Ghrúpa agus ar thuarascálacha faoi na rioscaí is mó, lena n-áirítear treochothaí riosca, rialuithe agus gníomhaíochtaí maolaithe. Rinne siad athbhreithniú agus mhol siad nuashonruithe le déanamh ar ráiteas ar inghlacthacht riosca an Ghrúpa. Rinneadh monatóireacht ar an gclár oibre a rinneadh i ndáil leis an tuarascáil sheachtrach ar éifeachtacht an Chreata Bainistíochta Riosca Fiontraíochta. Rinne siad athbhreithniú ar an mBeartas agus Creat Bainistíochta Riosca Fiontraíochta sula gcuirtear a fhaomhadh faoin mBord. Rinne siad athbhreithniú ar an toradh a bhí ar chleachtaí tagarmharcála i dtaca le rioscaí sa timpeallacht sheachtrach, rioscaí a bhí ag teacht chun cinn agus próisis riosca i bpiarchuideachtaí; Fuair siad nuashonrú ar IS mar réimse riosca atá ag teacht chun cinn. Fuair siad eolas ón lucht bainistíochta ar na príomhréimsí seo a leanas den ghnó: <ul style="list-style-type: none"> Acmhainní Daonna, lena n-áirítear struchtúr eagraíochtúil, príomh-mhéadracht, teicneolaíocht, rioscaí gaolmhara agus creataí rialaithe, lena n-áirítear na cinn atá laistigh d'oibríochtaí idirnáisiúnta. Spleáchais oibríochtúla tríú páirtí ag Aerfort Bhaile Átha Cliath, ag díriú ar athléimneacht sócmhainní criticiúla agus príomhphointí teagmhála oibríochtúla. An tIonad Seirbhísí Comhroinnte, lena n-áirítear a struchtúr eagraíochtúil, príomhphróisis, timpeallacht riosca agus rialaithe, agus pleananna straitéiseacha le haghaidh fáis. Infheistíochtaí thar lear, lena n-áirítear rialachas, struchtúir riosca agus rialaithe, agus ceisteanna cuntasaióchta agus tuairiscithe airgeadais. Soláthar, lena n-áirítear riosca agus rialuithe próiseas, agus tuarascáil ar athbhreithniú seachtrach soláthair Caiteachas caipitil, lena n-áirítear struchtúir, príomhphróisis, rioscaí agus rialuithe gaolmhara. Cibearshlándáil, lena n-áirítear bagairt cibearshlándála agus cur chuige i leith slándáil TF, agus an plean straitéiseach cibearshlándála. Rinne siad athbhreithniú ar an mBeartas Rialachais Chorporáidigh nuashonraithe agus mhol siad é don Bhord lena fhaomhadh. Fuair siad eolas faoi bheartais an Ghrúpa agus faoin gCreat Rialachais Beartais nua. Thug siad faoi athbhreithniú ar a gcuid éifeachtachta féin i gcomhréir leis na ceanglais sa Chód Cleachtas. Fuair siad tuairiscí agus rinne siad athbhreithniú ar thorthaí ar phróiseas um Dheimhniú Dearbhaithe Bliantúil 2024 agus 2025. Fuair siad nuashonruithe maidir le hathbhreithniú ar Mhaitris Dhearbhaithe Acht na gCuideachtaí lenar áiríodh ráiteas nuashonraithe maidir leis an mbeartas comhlíontachta. Seicliostaí um chomhlíonadh rialachais chorporáidigh athbhreithnithe.
Leanúnachas Gnó	<ul style="list-style-type: none"> Fuair siad eolas faoi na struchtúir agus na próisis leanúnachais gnó atá i bhfeidhm i ngach aonad gnó. Rinne siad athbhreithniú ar theagmhais agus ar chleachtaí leanúnachais gnó le linn na bliana 2025.

Réimse freagrachta	Gníomhaíocht an choiste
Tuairiscíú Airgeadais	<ul style="list-style-type: none"> Rinne siad athbhreithniú ar dhréacht de na ráitis airgeadais bliantúla sular mhol siad don Bhord iad a fhaomhadh. Bhreithnigh siad oiriúnacht na mbeartas suntasach cuntasaióchta, na meastachán agus na mbreithiúnas a cuireadh i bhfeidhm agus na ráitis á n-ullmhú, agus cúrsaí a bhain le cur i láthair agus le nochtadh. Rinne siad athbhreithniú ar oibleagáidí airgeadais an Ghrúpa i ndáil le gnó idirnáisiúnta. Fuair siad eolas faoi chúrsaí cánach lena n-áirítear forléargas ar Lámhleabhar beartaithe um Straitéis Cánach agus Creat Rialaithe Cánach an Ghrúpa sular mhol siad a cheadú don Bhord. Rinne siad a machnamh faoi a oiriúnaí agus a bheadh sé glacadh le bonn gnóthais leantaigh agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú. Rinne siad athbhreithniú ar na ráitis airgeadais chomhdhlúite eatramhacha neamhniúchta don sé mhí dar críoch an 30 Meitheamh, lenar áiríodh oiriúnacht na bpríomhcheisteanna agus breithiúnas cuntasaióchta, sular mhol siad iad don Bhord lena bhfaomhadh.
Tuairiscíú TSR	<ul style="list-style-type: none"> Rinne siad athbhreithniú ar ghníomhaíochtaí agus dul chun cinn Tacsanomaíocht an Aontais agus TTIC.
Nochtaí Cosanta agus Calaois	<ul style="list-style-type: none"> Fuair siad tuairiscí maidir le tuairiscí rúnda agus nochtaí cosanta nó an dá rud araon. Fuair siad dearbhuithe go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gclóifear le beartas Frith-Bhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise na Cuideachta.
Iniúcháireacht Sheachtrach	<ul style="list-style-type: none"> Rinne siad measúnú ar neamhspleáchas agus oibiachtúlacht an iniúcháir. Rinne siad monatóireacht ar chomhlíonadh na treorach rialála, eiticíúla agus gairmiúla ábhartha ag an iniúcháir seachtrach maidir le huainíocht na gcomhpháirtithe, agus rinne siad measúnú ar cháilíochtaí, ar shaineolas, ar acmhainní agus ar éifeachtacht an phróisis iniúcháireachta. Mhol siad don Bhord sineadh dhá bhliain a chur le conradh an iniúcháir sheachtraigh.
Iniúcháireacht Inmheánach	<ul style="list-style-type: none"> Tháinig siad ar chomhaontú maidir le plean bliantúil iniúchta inmheánaigh bunaithe ar riosca, lena n-áirítear na hacmhainní a bheadh de dhíth, agus bhreithnigh siad ailíniú fhócas an Iniúchta Inmheánaigh leis na réimsí ina bhfuil na rioscaí is mó baol don Ghrúpa. Rinne siad athbhreithniú ar na pleananna agus ar an obair a rinne rannóg Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa le linn na bliana, lena n-áirítear tuarascálacha a bhaineann le hoibriú rialuithe inmheánacha; TF agus cibearshlándáil; sábháilteacht agus slándáil oibríochtúil; inbhuanaitheacht; tráchtáil; soláthar; tionscadail chaipitil; próisis AD; fochuideachtaí thar lear agus gnóthais chomhlachaithe; agus na gníomhartha ceartaitheacha a comhaontaíodh leis an lucht bainistíochta. Rinne siad athbhreithniú ar thorthaí iniúchtaí inmheánacha agus phléigh siad dul chun cinn an lucht bhainistíochta maidir le dul i ngleic le saincheisteanna ábhartha, agus cineál, méid agus luas na freagartha san áireamh. Fuair siad nuashonruithe ar ghníomhaíocht na hiniúcháireachta inmheánaí lena n-áirítear iniúchtaí a rinneadh, tuarascálacha a eisíodh, príomhthorthaí agus PTFanna, agus stádas torthaí iniúcháireachta oscailte.

Tuarascáil ar rialachas ar lean

Soláthraíonn an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca tuarascáil i scríbhinn don Bhord i ndiaidh gach ceann dá chruinnithe, ina gcuimsítear faisnéis ábhartha, agus tuarascáil bhliantúil don Bhord ina ndéantar achoimre ar a chonclúidí ón obair a rinne sé le linn na bliana.

Tuairisciú Airgeadais

Faigheann an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca ráitis airgeadais dheireadh na bliana ón lucht bainistíochta, déanann siad athbhreithniú ar bhreithiúnais shuntasacha tuairiscithe airgeadais ar bith agus pléann siad macántacht ráitis airgeadais an Ghrúpa agus fógraí foirmiúla ar bith a bhaineann le feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa. Measann an coiste an bhfuil, ina thuairim, an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais cothrom, cóir agus sothuigte agus an soláthraítear an fhaisnéis iontu is gá chun staid airgeadais, feidhmíocht airgeadais agus straitéis daa a mheas. Tá próisis, nósanna imeachta agus tuairisciú i bhfeidhm chun tacú leis an athbhreithniú sin, in éineacht le breithniú a dhéanamh ar na saincheistanna agus na himeachtaí is mó le linn na bliana mar aon le tuairiscí agus faisnéis ó iniúcháirí inmheánacha agus seachtracha. Agus athbhreithniú déanta aige, tá an Coiste um Iniúchóireacht agus Riosca sásta go gcomhlíonann an Tuarascáil Bhliantúil agus na ráitis airgeadais na ceanglais mar a leagtar amach iad thuas.

Iniúchóireacht Sheachtrach

Téann an coiste i mbun na mbeart cuí lena chinntiú go leantar le caidreamh gairmiúil agus oibiachtúil a chothú leis an iniúchóir seachtrach.

Le linn dó neamhspleáchas agus oibiachtúlacht iniúchára a mheas, déanann an coiste na nithe seo a leanas a mheas:

- cineál agus méid na seirbhísí a soláthraíodh, chomh maith le méid na dtáillí a shaothraigh an tIniúchóir Seachtrach as obair iniúcháireachta agus neamh-iniúcháireachta sheachtrach a dhéanamh; agus
- go bhfuil beartas an Ghrúpa á chomhlíonadh i leith soláthar seirbhísí neamh-iniúcháireachta don Ghrúpa trína bhfuil rialacha agus teorainneacha soiléire i bhfeidhm ar bhealach ar ceadmhach seirbhísí neamh-iniúcháireachta a úsáid más amhlaidh nach bhfuil coinbhleacht leasa i gceist leo.

Lean EY de bheith ina iniúchóir seachtrach don Ghrúpa le linn na bliana 2025. Bhí rogha sa chéad chonradh trí bliana le EY, a thosaigh ón mbliain dar críoch an 31 Nollaig, 2022, chun an conradh a shíneadh ar feadh tréimhse dhá bhliain eile. Sa bhliain 2025, cheadaigh an Bord síneadh dhá bhliain le conradh EY mar iniúchóir seachtrach an Ghrúpa. Leagtar amach i Nóta 7 leis na ráitis airgeadais na táillí a íocadh as seirbhísí iniúcháireachta, as seirbhísí a bhain le hiniúcháireacht agus as seirbhísí eile neamh-iniúcháireachta. Ní raibh aon chásanna ann inar fostaíodh an t-iniúchóir seachtrach chun seirbhísí a sholáthar a measadh a chruthaigh coinbhleacht leasa.

Nochtuithe Cosanta

Tá Beartas i leith Nochtadh Cosanta i bhfeidhm ag daa, de réir an Achta um Nochtadh Cosanta, 2014 (arna leasú) agus leagtar amach ann nósanna imeachta áirithe maidir le tuairisciú agus fiosrúchán a dhéanamh ar aon imní a ardaítear maidir le héagóir. Chomh maith leis na próisis atá i bhfeidhm maidir le hábhar a ardú trí chainéil inmheánacha, tá seirbhís tuairiscithe atá neamhspleách agus faoi rún ar fáil do gach oibrí trí uimhir shaorghlao chomh maith le hardán tuairiscithe ar líne chun aon éagóir amhrasta a thuairisciú.

Beartais Frithbhreabaireachta, Frith-Éillithe agus Frith-Chalaoise

I ndiaidh breithniú a dhéanamh ar na tuarascálacha a sholáthair Ceann Iniúcháireachta Inmheánaí an Ghrúpa maidir leis an gcóras tuairiscithe rúnda agus comhlíonadh bheartas Frithbhreabaireachta, Frithéillithe agus Frithchalaoise na Cuideachta, tá an coiste sásta go bhfuil nósanna imeachta cuí i bhfeidhm chun measúnú leantach a dhéanamh ar cheisteanna ábhartha ar bith.



Tuarascáil na Stiúrthóirí

Is mór an díol sásaimh do na Stiúrthóirí a dTuarascáil Bhliantúil a chur isteach in éineacht leis na ráitis airgeadais iniúchta don bhliain dar críoch an 31 Nollaig, 2025 i gcomhréir le ceanglais Alt 325 d’Acht na gCuideachtaí, 2014.

Príomhghníomhaíochtaí

Baineann príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa le forbairt, oibríocht agus bainistíocht aerfoirt, miondíol aerfoirt idirnáisiúnta agus infheistíocht aerfoirt idirnáisiúnta. Déanann an Grúpa Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Chorcaí in Éirinn a fheidhmiú agus a bhainistiú. Tá miondíol aerfoirt ar siúl aige in Éirinn agus in go leor áiteanna idirnáisiúnta eile trí bhithin a fhochuideachta Aer Rianta Idirnáisiúnta. Is trí daa Idirnáisiúnta a chuirtear oibríochtaí eitlíochta idirnáisiúnta, bainistíocht agus sainchomhairleoireacht ar fáil. Tá infheistíochtaí ag an nGrúpa i dtrí chríochfórt i dtrí aerfort Eorpacha faoi láthair agus feidhmíonn sé críochfoirt in dhá aerfort san Araib Shádach ar bhonn conartha.

Athbhreithniú ar an nGnó agus Forbairtí Amach Anseo

Tá nótaí tráchta maidir le feidhmíocht don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, lena n-áirítear faisnéis faoi imeachtaí a tharla le déanaí agus forbairtí a bhfuil seans maith ann go dtarlóidís amach anseo, le fáil san Athbhreithniú oibríochtúil. Maidir leis an staid airgeadais, na príomhrioscaí agus na neamhchinnteachtaí a d’fhéadfadh a bheith ina gconstaic don ghnólacht, agus na príomhtháscairí feidhmíochta, tá siad go léir le fáil in athbhreithniú Phríomhoifigeach Airgeadais an Ghrúpa agus sa tuarascáil Riosca.

Torthaí agus Díbhinní don Bhliain

Léirítear brabús de €230.6 milliún san iomlán sa bhliain airgeadais le torthaí airgeadais an Ghrúpa don bhliain, i gcomparáid le brabús de €236.3 milliún sa bhliain 2024, tar éis cánach agus roimh mhíreanna eisceachtúla sa dá chás. Leagtar amach sonraí faoi torthaí na bliana i gcuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa agus sna nótaí a ghabhann leis. D’fhógair agus d’íoc an Bord díbhinn de €68 milliún le linn na bliana i leith thorthaí airgeadais na bliana 2024. Ar an 27 Márta 2026, mhol an Bord díbhinn de €66 milliún i leith thorthaí airgeadais na bliana 2025 (2024: díbhinn de €68 milliún i leith thorthaí airgeadais na bliana 2024).

Gnóthas Leantach

Tar éis dóibh athbhreithniú a dhéanamh ar réamh-mheastacháin an Ghrúpa ina raibh aird ar leith acu ar a shreabhadh airgid oibríocháin, gealltanais chaipitil, leachtacht agus staid mhaoiníocháin, tá na Stiúrthóirí fós réasúnta dóchasach go bhfuil dóthain acmhainní ag an nGrúpa le leanúint i mbun gnó go ceann dhá mhí déag ón dáta ar faomhadh na ráitis airgeadais. Ar an ábhar sin, leanann siad de bhunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh i leith ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa. Cé go bhfuil glandliteanais reatha ag an gCuideachta an 31 Nollaig 2025, tá na Stiúrthóirí sásta gur oiriúnach an rud é bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh, bunaithe ar thacaíocht ón nGrúpa. Ar an ábhar sin, leanann siad de bhunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh i leith ullmhú ráiteas airgeadais na Cuideachta.

Taifid Chuntasaíochta

Tá na Stiúrthóirí den tuairim gur chloígh siad le ceanglais Alt 281 go 285 d’Acht na gCuideachtaí, 2014 maidir le taifid chuntasaíochta leordhóthanacha trí phearsanra cuntasaíochta a bhfuil an saineolas cuí acu a fhostú agus trí chórais leordhóthanacha, rialuithe agus acmhainní cuí a chur ar fáil don fheidhm airgeadais. Coimeádtar leabhair chuntas na Cuideachta ag oifig chláraithe na cuideachta ag Trí, An Fhaiche, Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath K67 X4X5.

Eolas don Iniúchóir

Deimhníonn gach Stiúrthóir, chomh fada agus is eol don Stiúrthóir sin, nach bhfuil aon fhaisnéis iniúchta ábhartha ann nach bhfuil iniúchóir reachtúil na Cuideachta agus an Ghrúpa ar an eolas fúithi agus go ndearna an Stiúrthóir gach beart iomchuí chun é/í féin a chur ar an eolas faoi aon fhaisnéis iniúchta ábhartha agus chun a dheimhniú go bhfuil iniúchóir reachtúil na cuideachta agus an Ghrúpa ar an eolas faoin bhfaisnéis sin.

Taighde agus Forbairt

Thug an Grúpa faoi thaighde áirithe le linn na bliana agus faoi ghníomhaíochtaí bainteach le forbairt, go háirithe maidir le forbairt i réimse na teicneolaíochta faisnéise.

Sláinte agus Sábháilteacht

Cloítear go docht le caighdeáin sláinte agus sábháilteachta chun folláine fhoireann an Ghrúpa a chosaint. Forchuireann na hAchtanna um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair, 2005 agus 2010 ceanglais áirithe ar fhostóirí agus ar gach cuideachta ábhartha laistigh den Ghrúpa an beart riachtanach a dhéanamh chun comhlíonadh na nAchtanna a chinntiú.

Gnóthais Fhochuideachta, Chomhlachaithe agus Chomhfhiontair

Leagtar amach i Nóta 13 de na ráitis airgeadais an fhaisnéis a cheanglaítear le hAlt 314 d’Acht na gCuideachtaí, 2014, maidir le gnóthais fhochuideachta, chomhlachaithe agus chomhfhiontair.

An tAcht um Íocaíochtaí Prasa

Tá rialuithe airgeadais inmheánacha i bhfeidhm lena chinntiú go gcloífear, i ngach slí ábhartha, le forálacha an Achta um Íoc Pras Cuntas, 1997 arna leasú le Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002 agus 2012. Is é 30 lá na gnáth-théarmaí creidmheasa a glacadh, mura sonraítear a mhalairt i gcás socrúithe conartha sonracha. Mar a tharla sna blianta roimhe seo, rinneadh gach íocaíocht a bheag nó a mhór laistigh den tréimhse chreidmheasa chuí, de réir mar a sonraíodh.

Síntiúis Dheonacha

Níor thug an Grúpa aon síntiús polaitiúil le linn na bliana (2024: €Nialas).



Tuarascáil na Stiúrthóirí ar lean

An tAcht um Brústocaireacht

De réir an Achte um Brústocaireacht a Rialáil, 2015, tá an Grúpa cláraithe agus tá tuairisceáin cumhdaithe aige i gcomhréir leis an Acht.

Stiúrthóirí, Rúnaí agus a gCuid Leasanna

Maidir le haon Stiúrthóir a d'fhóin ag am le linn na bliana airgeadais, tá liosta díobh i rannán faisnéise na Cuideachta ar leathanach 117. Ní raibh aon leas tairbhiúil ag na Stiúrthóirí ná ag Rúnaí na Cuideachta i scaireanna agus/nó bintiúir na Cuideachta ná in aon chuideachta de chuid an Ghrúpa ag am ar bith le linn na bliana airgeadais ná sa bhliain airgeadais roimhe sin.

Ráiteas Comhlíontachta na Stiúrthóirí

Mar a cheanglaítear le hAlt 225 (2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014, (a) glacann na Stiúrthóirí leis go bhfuil siad freagrach as féachaint chuige go gcomhlíonann an Chuideachta a cuid oibleagáidí ábhartha (mar a shainmhínítear iad sa reachtaíocht); (b) deimhníonn na Stiúrthóirí gur dréachtaíodh ráiteas ar chomhlíonadh beartais agus go bhfuil na socrúithe agus na struchtúir chuí i bhfeidhm agus iad deartha sa chaoi, dar leis na Stiúrthóirí, go gcomhlíonfar oibleagáidí áirithe ar gach slí ábhartha agus (c) deimhníonn siad go ndearnadh athbhreithniú le linn na bliana airgeadais 2024 ar na socrúithe agus/nó ar na struchtúir a cuireadh i bhfeidhm mar a luadh in (b) thuas agus go bhfuil siad comhlíontach.

Imeachtaí i nDiaidh Dheireadh na Tréimhse Tuairiscithe

Ar an 20 Márta 2026, cuireadh síneadh le saoráid creidmheasa imrothlaigh €450 milliún an Ghrúpa go dtí mí an Mhárta 2031, óna dáta éaga roimhe sin i mí an Mhárta 2027.

Mar thoradh ar an míshocracht gheopholaitiúil mhéadaithe ar fud Mhurascaill na Peirse agus réigiún níos leithne an Mheánoirthir, tá cur isteach ar shreafaí paisinéirí agus gníomhaíocht tráchtála aerfoirt. Tá oibríochtaí agus infheistíochtaí ábhartha ag an nGrúpa ar fud an Mheánoirthir. Cé go bhfuil stóirthe agus oibríochtaí lamháiltais an Ghrúpa sa réigiún fós oscailte, tugadh faoi deara ag an mbainistíocht líon laghdaithe paisinéirí ag roinnt suíomhanna.

Ag dáta údaraithe na ráiteas airgeadais seo, tá sé róluath aon tionchar airgeadais féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na forbairtí seo maidir le suim ghlanluacha shócmhainní an Ghrúpa sa réigiún a mheas. Leanann an bhainistíocht ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar forbairtí agus glacfaidh sí le bearta cuí chun tionchair fhéideartha oibríochta agus airgeadais a mhaolú a oiread agus is féidir.

Seachas na himeachtaí cláir chomhardaithe poist, agus an moladh díbhinn i leith na bliana airgeadais 2025, níor tharla aon imeachtaí suntasacha eile a raibh tionchar acu ar an nGrúpa ó dheireadh na bliana a d'éileodh nochtadh nó leasú ar na ráitis airgeadais.

Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca

Bhunaigh an Grúpa Coiste um Iniúcháireacht agus Riosca. Nochtar sonraí faoin gCoiste seo sa Tuarascáil Rialachais.

Iniúcháir

Leanfaidh an tIniúcháir, Ernst & Young, Cuntasóirí Cairte, de bheith in oifig i gcomhréir le halt 383(2) d'Acht na gCuideachtaí, 2014.

Faofa ag an mBord agus sínithe thar a cheann ag:

Basil Geoghegan
Cathaoirleach
27 Márta, 2026

Risteard Sheridan
Stiúrthóir



An Ráiteas ar Fhreagracht na Stiúrthóirí

Tá na Stiúrthóirí freagrach as Tuarascáil na Stiúrthóirí agus Ráitis Airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir na ndlíthe agus na rialachán is infheidhme.

Faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí ráitis airgeadais a ullmhú don ghrúpa agus don chuideachta gach bliain airgeadais. Faoin dlí sin, roghnaigh na Stiúrthóirí ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta a ullmhú de réir Acht na gCuideachtaí, 2014, agus i gcomhréir le caighdeán chuntasaíochta na hÉireann ('Cleachtas Cuntasaíochta a Ghlactar go Coitianta Leis in Éirinn'), lena n-áirítear Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais 102 is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann ('FRS 102').

Faoi dhlí cuideachtaí na hÉireann, ní ceadmhach do na Stiúrthóirí na ráitis airgeadais a fhaomhadh ach amháin má tá siad sásta go dtugann siad léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhliteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa agus na Máthairchuideachta amhail ag dáta deiridh na bliana airgeadais agus ar chuntas brabúis nó caillteanais an Ghrúpa don bhliain airgeadais agus go gcloíonn siad seachas sin le hAcht na gCuideachtaí, 2014.

Agus gach ráiteas airgeadais Grúpa nó Cuideachta á n-ullmhú acu, ní mór do na Stiúrthóirí:

- beartais oiriúnacha chuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm i gcónaí;
- breithiúnais agus meastacháin a thabhairt atá réasúnta agus stuama;
- a rá cé acu ar ullmhaíodh nó nár ullmhaíodh na ráitis airgeadais i gcomhréir leis na caighdeáin chuntasaíochta is infheidhme, na caighdeáin sin a aithint, agus aird a tharraingt ar aon tionchar a d'eascair as agus na cúiseanna taobh thiar d'aon athrú ábhartha ó na caighdeáin sin; agus

- na ráitis Airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh ach amháin má tá sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Grúpa agus an chuideachta i mbun gnó.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cinntiú go gcoinníonn an Grúpa agus an Chuideachta taifid chuntasaíochta shásúla nó go bhféachann sí chuige go gcoinnítear taifid ina bhfuil míniú agus taifead ceart le fáil maidir le hidirbhearta an Ghrúpa agus na Cuideachta, le gur féidir ag am ar bith sócmhainní, dliteanais, staid airgeadais agus brabús nó cailteanas an Ghrúpa nó na cuideachta a dhéanamh amach go réasúnta cruinn. Le go mbeifear in ann ar an gcaoi sin deimhin a dhéanamh de go gcomhlíonann na Ráitis Airgeadais agus Tuarascáil na Stiúrthóirí Acht na gCuideachtaí, 2014, agus gur féidir iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Tá siad freagrach freisin as sócmhainní an Ghrúpa agus na Cuideachta a chosaint agus, dá bharr sin, as bearta réasúnta a dhéanamh i dtreo calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Tá na Stiúrthóirí freagrach as cothabháil a dhéanamh ar an bhfaisnéis chorparáideach agus airgeadais atá ar shuíomh ghréasáin an Ghrúpa (www.daa.ie) agus í a choinneáil slán. Maidir le reachtaíocht in Éirinn a dhéanamh ullmhú agus scaipeadh ráiteas airgeadais a rialú, seans go mbeidh difríochtaí inti i gcomparáid le reachtaíocht i ndlínsí eile.

Basil Geoghegan
Cathaoirleach
27 Márta, 2026

Risteard Sheridan
Stiúrthóir

Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig comhaltaí daa cpt

Tuarascáil ar an Iniúchadh ar na ráitis airgeadais

Tuairim

Rinneamar iniúchadh ar ráitis airgeadais daa cpt ('an Chuideachta') agus a fochuideachtaí ('an Grúpa') don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, ráitis airgeadais arb éard atá iontu Cuntas Brabúis agus Cailteanais an Ghrúpa, Grúpráiteas ar Ioncam Cuimsitheach, Clár Comhardaithe an Ghrúpa, Clár Comhardaithe na Cuideachta, Ghrúpráiteas ar Shreafaí Airgid, Grúpráiteas ar Athruithe ar Choithomas, Ráiteas na Cuideachta ar Athruithe ar Choithomas agus nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais, lena n-áirítear an achoimre ar bheartais shuntasacha chuntasaíochta a leagtar amach i nóta 35. Is iad Díl na hÉireann agus An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais FRS 102 is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann (arbh í an Chomhairle um Thuairisciú Airgeadais sa Ríocht Aontaithe a d'eisigh é) an creat tuairiscithe airgeadais a cuireadh i bhfeidhm le linn iad seo a ullmhú.

Is é ár dtuairim:

- go dtugtar léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais an Ghrúpa i ráitis airgeadais an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig, 2025 agus ar a bhrabús don bhliain sin dar críoch;
- go dtugtar léargas fíor agus cóir ar shócmhainní, ar dhlíteanais agus ar staid airgeadais na Cuideachta sna Ráitis Airgeadais Cuideachta amhail an 31 Nollaig 2025;
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta go cuí agus i gcomhréir le FRS 102: An Caighdeán Tuairiscithe Airgeadais is infheidhme sa Ríocht Aontaithe agus i bPoblacht na hÉireann; agus
- gur ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gceart agus i gcomhréir le ceanglais Acht na gCuideachtaí, 2014.

Bunús leis an tuairim

Rinneamar an t-iniúchadh i gcomhréir le Caighdeán Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (Éire) (CInna (Éire)) agus i gcomhréir leis an dlí is infheidhme. Tugtar cuntas níos mionsonraithe ar ár bhfreagrachtaí faoi na caighdeáin sin sa chuid dár dtuarascáil a bhaineann le Freagrachtaí an Iniúchóra maidir le hIniúchadh a dhéanamh ar na Ráitis Airgeadais. Táimid neamhspleách ar an nGrúpa agus ar an gCuideachta i gcomhréir le ceanglais eitiiciúla a bhaineann lenár n-iniúchadh ar ráitis Airgeadais in Éirinn, lena n-áirítear an Caighdeán Eitiiciúil arna eisiúint ag Údaráis Maoirseachta Iniúchta agus Cuntasaíochta na hÉireann (ÚMICÉ), agus chomhlíonamar ár bhfreagrachtaí eitiiciúla eile i gcomhréir leis na ceanglais seo.

Creidimid gur leor agus gur iomchuí an fhianaise iniúchóireachta a fuair eamar chun bunús a thabhairt lenár dtuairim.

Conclúidí i dtaca leis an ngnóthas leantach

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú againn, tháingamar ar an tuairim gur cuí é an cur chuige a ghlac na Stiúrthóirí maidir le ráitis Airgeadais a ullmhú trí mhodh cuntasaíochta bunaithe ar an ngnóthas leantach.

Bunaithe ar an obair a rinneamar, níor aithníomar aon neamhchinnteacht ábhartha i dtaca le himeachtaí ná le coinníollacha, a bhféadfadh, cé acu ina n-aonar nó le chéile, amhras suntasach a chaitheamh ar chumas an Ghrúpa nó na Cuideachta chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach ar feadh thréimhse dhá mhí dhéag eile ar a laghad ón dáta a n-údaraithe ar na Ráitis Airgeadais lena n-eisiúint.

Tá cur síos déanta ar ár bhfreagrachtaí agus ar fhreagrachtaí ár stiúrthóirí maidir le gnóthas leantach sna codanna ábhartha den tuarascáil seo. Mar sin féin, ós rud é nach féidir gach imeacht nó coinníoll amach anseo a thuar, ní féidir cumas an Ghrúpa chun leanúint ar aghaidh mar ghnóthas leantach a dhearbhu leis an ráiteas seo.

Faisnéis eile

Tá na stiúrthóirí freagrach as an bhfaisnéis eile. Áirítear leis an bhfaisnéis eile aon fhaisnéis sa Tuarascáil Bhliantúil seachas na ráitis airgeadais agus tuarascáil ár n-iniúchóra fúthu. Maidir lenár dtuairim faoi na ráitis airgeadais, ní chlúdaíonn sí aon fhaisnéis eile agus, mura gcuirimid a leithéid in iúl go soiléir inár dtuarascáil, níor tháingamar ar aon tuairim fúthu ó thaobh dearbhaithe de.

Tá sé de dhualgas orainn aon fhaisnéis eile ann a léamh agus, le linn sin a dhéanamh, machnamh a dhéanamh ar cé acu an bhfuil nó nach bhfuil sí ag teacht go hábhartha leis na ráitis airgeadais nó leis an bhfaisnéis a d'aimsíomar le linn an iniúchta, nó cé acu ar tugadh nó nár tugadh míráiteas ábhartha ina leith ar bhealach ar bith eile. Má thugaimid neamhréireanna ábhartha faoi deara nó cásanna ina ndealraíonn sé go ndearnadh míráiteas ábhartha, tá de cheangal orainn an scéal a fhiosrú maidir le míráiteas ábhartha a bheith sna ráitis airgeadais nó míráiteas ábhartha san fhaisnéis eile. Má chinnimid, bunaithe ar an obair atá déanta againn, go bhfuil míshonrú ábhartha san fhaisnéis eile sin, ceanglaítear orainn é sin a thuairisciú.

Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Tuairimí ar ábhair eile a fhorordaítear in Acht na gCuideachtaí 2014

Inár dtuairim féin, agus bunaithe go hiomlán ar an obair a rinneadh le linn an iniúchta, tuairiscímid:

- go bhfuil an fhaisnéis i dtuarascáil na stiúrthóirí i gcomhréir leis na ráitis airgeadais; agus
- gur ullmhaíodh tuarascáil na stiúrthóirí, seachas na codanna sin a bhaineann le tuairisciú inbhuanaitheachta atá de dhíth ó Chuid 28 d'Acht na gCuideachtaí 2014, de réir riachtanas dlíthiúil cuí.

Tugadh gach eolas agus míniú dúinn, chomh fada agus is eol dúinn, a bhí riachtanach chun críocha ár n-iniúchta.

Is é ár dtuairim go raibh na taifid chuntasaíochta leordhóthanach le hiniúchadh a dhéanamh go héasca agus go cuí ar na ráitis Airgeadais, agus go bhfuil ráiteas na Cuideachta ar an staid airgeadais ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

Nithe a gceanglaítear orainn tuairisciú fúthu de réir eisceachta

Bunaithe ar an eolas agus ar an tuiscint a fuair eamar le linn an iniúchta ar an gcuideachta agus ar a timpeallacht, níor shainaithníomar aon mhíshonruithe ábhartha i dtuarascáil na stiúrthóirí.

Ceanglaítear orainn faoi Acht na gCuideachtaí, 2014, tuairisc a thabhairt duit más rud é, dar linne, nach bhfuil an Chuideachta ag comhlíonadh a dualgas faoi cheanglais in ailt 305 go 312 den Acht maidir le luach saothair stiúrthóirí agus idirbhearta a nochtadh. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.

Ceanglaítear orainn, faoi Chód Cleachtais 2016 chun Comhlachtaí Stáit a Rialú ("an Cód"), tuairisc a thabhairt duit mura léir ón ráiteas ar an gcóras rialaithe inmheánaigh a cheanglaítear faoin gCód, agus atá le fáil i dtuarascáil na stiúrthóirí, go bhfuil an Chuideachta ag cloí le halt 1.9 (iv) den Chód, nó más amhlaidh go bhfuil sé ag teacht salach ar an bhfaisnéis a cuireadh faoinár mbráid le linn iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais. Más amhlaidh atá cúrsaí, tuairisceoidimid é. Níl aon rud le tuairisciú againn maidir leis sin.



Tuarascáil an Iniúchóra Neamhspleách chuig comhaltaí daa cpt ar lean

Freagrachtaí faoi seach

Freagrachtaí stiúrthóirí i leith na ráiteas airgeadais

Faoi mar a mhínítear níos iomláine sa ráiteas ar fhreagrachtaí na stiúrthóirí atá leagtha amach ar leathanach 71, tá na stiúrthóirí freagrach as ráitis airgeadais a thugann léargas fíor agus cothrom a ullmhú de réir an chreata tuairiscithe airgeadais is infheidhme, agus tá siad freagrach as an rialú inmheánach a chinneann siad a bhfuil gá leis chun ráitis airgeadais a ullmhú atá saor ó mhíshonruithe ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide.

Agus na ráitis airgeadais á n-ullmhú acu, tá de fhreagracht ar na stiúrthóirí cumas an Ghrúpa agus na Cuideachta a mheas maidir le leanúint ar aghaidh mar ghnóthais leantacha, iad ag nochtadh, de réir mar is infheidhme, nithe a bhaineann le feidhmiú mar ghnóthas leantach fad is atá leas á bhaint as an mbonn cuntasáiochta gnóthais leantaigh, ach amháin má tá sé ar intinn ar lucht bainistíochta an Ghrúpa nó an Mháthairchuideachta a leachtú nó scor d'oiríochtaí. Nó sa chás nach bhfuil an dara rogha ann ach déanamh amhlaidh.

Freagrachtaí an Iniúchóra maidir leis an iniúchadh ar na ráitis airgeadais

I measc ár n-aidhmeanna, tá dearbhú réasúnta a fháil i leith na ráiteas airgeadais trí chéile a bheith saor ó mhíríteas ábhartha, bíodh sé sin de bharr calaoise nó earráide, chomh maith le tuarascáil iniúchóra a eisiúint ina bhfuil ár dtuairim faoi sin le fáil. Leibhéal ard dearbhaithe is ea dearbhú réasúnta, ach ní chinntítear leis go n-aimseofar míshonruithe ábhartha i gcónaí más ann díobh le linn iniúchadh a dhéantar i gcomhréir le CIIIna (Éire). D'fhéadfadh míshonruithe de bharr calaoise nó earráide a bheith ann agus meastar iad a bheith ábhartha más rud é go bhfuil seans réasúnta ann go mbeadh tionchar acu, cé acu ina n-aonar nó le chéile, ar chinntí eacnamaíocha a dhéanfadh úsáideoirí bunaithe ar na ráitis airgeadais seo.

Tá cuntas níos mionsonraithe ar ár bhfreagrachtaí i leith iniúchadh a dhéanamh ar na ráitis airgeadais ar fáil ar shuíomh gréasáin an ÚMICÉ ag: https://iaasa.ie/wp-content/uploads/docs/media/IAASA/Documents/audit-standards/Description_of_auditors_responsibilities_for_audit.pdf.

Tá an cur síos seo le fáil mar chuid de thuarascáil ár n-iniúchóra.

Cuspóir ár gcuid oibre iniúchóireachta agus iad siúd a bhfuilimid freagrach dóibh

D'ullmhaíomar ár dtuarascáil do chomhaltaí na Cuideachta amháin, mar chomhlacht, i gcomhréir le halt 391 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Rinneamar an obair iniúchóireachta seo ionas go bhféadfaimis nithe a lua le comhaltaí na Cuideachta (nithe a gceanglaítear orainn iad a lua leo) i dtuarascáil an iniúchóra agus ní chun aon chríche eile. Ní ghlacaimid freagracht, a mhéid a bhfuil sé ceadaithe faoin dlí, d'aon duine seachas don Chuideachta agus do chomhaltaí na Cuideachta, mar chomhlacht, as ár gcuid oibre iniúchóireachta, as an tuarascáil seo, ná as na tuairimí ar thángthamar orthu.

Roger Wallace

ar son agus thar ceann
Cuntasóirí Cairte agus Gnólacht Iniúchta Reachtúil
Ernst & Young

Baile Átha Cliath
30 Márta, 2026

1. Nóta: Tá na stiúrthóirí freagrach as cothabháil a dhéanamh ar shuíomh gréasáin daa cpt agus é a choinneáil slán. Ní bhaineann obair na n-iniúchóirí leis na nithe seo a mheas agus, dá réir sin, ní ghlacann na stiúrthóirí aon fhreagracht as aon athrú a dhéantar ar na ráitis airgeadais tar éis dóibh a chur i láthair ar an suíomh gréasáin i dtús báire. Maidir le reachtaíocht i bPoblacht na hÉireann lena rialaítear ullmhú agus scaipeadh Ráiteas Airgeadais, seans nach ionann i agus reachtaíocht i ndlínsí eile.

Cuntas brabúis agus cailteanais an Ghrúpa

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 Réamh- eisceachtúil €000	2025 Gluaiseachtaí eisceachtúla agus cóirluacha €000	2025 Iomlán €000	2024 Réamh- eisceachtúil €000	2024 Gluaiseachtaí eisceachtúla agus cóirluacha €000	2024 Iomlán €000
Láimhdeachas – oibríochtaí leanúnacha	2	1,181,437	–	1,181,437	1,110,820	–	1,110,820
Costais oibríocháin							
Costas earraí le hathdhíol		(212,761)	–	(212,761)	(192,461)	–	(192,461)
Párolla agus costais a bhaineann leis		(297,958)	–	(297,958)	(291,249)	–	(291,249)
Ábhair agus seirbhísí		(269,683)	–	(269,683)	(232,478)	–	(232,478)
Costais oibríocháin iomlána		(780,402)	–	(780,402)	(716,188)	–	(716,188)
Tuilleamh roimh ús, roimh cháin, roimh dhímheas agus roimh amúchadh		401,035	–	401,035	394,632	–	394,632
Dímheas agus amúchadh		(159,497)	–	(159,497)	(150,013)	–	(150,013)
Gnóthachan/(cailteanas) ar dhiúscairt/cur as feidhm sócmhainní inláimhsithe agus sócmhainní airgeadais		284	–	284	(18)	–	(18)
Gluaiseacht chóirluacha ar réadmhaoin infheistíochta	5	–	(1,028)	(1,028)	–	13,366	13,366
Brabús oibríocháin an Ghrúpa – oibríochtaí leanúnacha		241,822	(1,028)	240,794	244,601	13,366	257,967
Sciar den bhrabús oibríocháin							
Gnóthais chomhfhiontair	4	4,638	–	4,638	4,095	–	4,095
Gnóthais chomhlachaithe	4	16,093	–	16,093	23,265	–	23,265
Brabús an Ghrúpa roimh ús agus roimh cháin		262,553	(1,028)	261,525	271,961	13,366	285,327
Glanioncam eile airgeadais	6	8,619	–	8,619	7,354	–	7,354
Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna	6	23,160	–	23,160	30,733	–	30,733
Ús iníoctha agus táillí den chineál céanna	6	(22,852)	–	(22,852)	(25,761)	–	(25,761)
Brabús an Ghrúpa as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	7	271,480	(1,028)	270,452	284,287	13,366	297,653
Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí	8	(40,858)	515	(40,343)	(47,949)	(2,238)	(50,187)
Brabús i ndiaidh cánach		230,622	(513)	230,109	236,338	11,128	247,466
Inchurtha i leith:							
Leasanna neamh-urlámhais		12,367	–	12,367	7,740	–	7,740
Scairshealbhóirí cothromais an Ghrúpa		218,255	(513)	217,742	228,598	11,128	239,726
Brabús don bhliain airgeadais don Ghrúpa		230,622	(513)	230,109	236,338	11,128	247,466



Grúpráiteas ar ioncam cuimsitheach

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Brabús an Ghrúpa don bhliain airgeadais		230,109	247,466
Difríocht malairte a eascraíonn as aistriú oibríochtaí thar lear (ag teacht ó ghlansócmhainní)			
Gnóthais fhochuideachta		(8,306)	2,345
Gnóthais chomhlachaithe		(3,054)	560
Atomhas ar ghlansócmhainn sochair shainithe	24	(392)	227
Gnóthachan/muirear cánach iarchurtha ar atomhas ar ghlansócmhainn sochair shainithe	24	49	(28)
Difríocht malairte a eascraíonn as aistriú leasanna neamh-urlámhais thar lear	31	(2,260)	1,204
Méid iomlán de (chailteanas)/ioncam cuimsitheach eile don bhliain airgeadais		(13,963)	4,308
Méid iomlán d'ioncam cuimsitheach don bhliain airgeadais		216,146	251,774
Méid iomlán d'ioncam cuimsitheach don bhliain airgeadais atá inchurtha i leith:			
Leasanna neamh-urlámhais		10,107	8,944
Scairshealbhóirí cothromais an Ghrúpa		206,039	242,830



Clár comhardaithe an Ghrúpa

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	2,327,276	2,194,518
Sócmhainní doláimhsithe	11	60,490	58,156
Réadmhaoin infheistíochta	12	227,569	226,758
		2,615,335	2,479,432
Sócmhainní seasta – infheistíochtaí			
Infheistíochtaí i ngnóthais chomhfhiontair		2,430	2,344
Infheistíochtaí i ngnóthais chomhlachaithe		88,251	89,974
Sócmhainní airgeadais eile		6,688	5,568
Féichiúnaithe fadtéarmacha		30,991	29,574
Iomlán na n-infheistíochtaí	13	128,360	127,460
Iomlán na sócmhainní seasta		2,743,695	2,606,892
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	46,095	45,598
Féichiúnaithe	15	113,944	122,781
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	26	902,762	899,938
		1,062,801	1,068,317
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin	17	(366,594)	(312,271)
Glansócmhainní reatha		696,207	756,046
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		3,439,902	3,362,938
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin	18	(1,514,423)	(1,578,126)
Deontais chaipitil	20	(20,442)	(22,096)
Soláthairtí le haghaidh dliteanas	21	(116,161)	(115,024)
Glansócmhainní		1,788,876	1,647,692
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite – léirithe mar chothromas	23	186,337	186,337
Cuntas brabúis agus cailteanais		1,582,939	1,433,540
Cúlchistí eile	23	(10,479)	881
Cistí na scairsealbhóirí		1,758,797	1,620,758
Leasanna neamh-urlámhais	31	30,079	26,934
		1,788,876	1,647,692

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus údaraíodh iad lena n-eisiúint an 27 Márta 2026. Shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Basil Geoghegan
Cathaoirleach

Risteard Sheridan
Stiúrthóir



Clár comhardaithe na Cuideachta

amhail an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní seasta			
Sócmhainní seasta inláimhsithe	10	2,296,475	2,164,337
Sócmhainní doláimhsithe	11	40,578	35,401
Réadmhaoin infheistíochta	12	220,804	220,008
		2,557,857	2,419,746
Infheistíochtaí			
Infheistíochtaí i ngnóthais fhochuideachta	13	7,862	7,862
Iomlán na sócmhainní seasta		2,565,719	2,427,608
Sócmhainní reatha			
Stoic	14	22,418	21,264
Féichiúnaithe	15	131,141	120,904
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim		691,798	738,184
		845,357	880,352
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin	17	(1,492,845)	(1,448,547)
Glandliteanais Reatha		(647,488)	(568,195)
Iomlán na sócmhainní lúide dliteanais reatha		1,918,231	1,859,413
Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin	18	(383,731)	(429,546)
Deontais chaipitil	20	(20,442)	(22,096)
Soláthairtí le haghaidh dliteanas	21	(112,967)	(111,530)
Glansócmhainní		1,401,091	1,296,241
Caipiteal agus cúlchistí			
Scairchaipiteal glaoite – léirithe mar chothromas	23	186,337	186,337
Cuntas brabúis agus cailteanais		1,214,754	1,109,904
Cistí na scairsealbhóirí		1,401,091	1,296,241

Mar a cheadaítear le hAlt 304 d'Acht na gCuideachtaí 2014, tá an chuideachta ag baint leas as an díolúine óna cuntas brabúis agus cailteanais ar leithligh a chur ar fáil sna ráitis airgeadais agus óna chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí. Thuairiscigh an Chuideachta brabús €173.2 milliún (2024: brabús €196.0 milliún) don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025.

D'fhaomh an Bord Stiúrthóirí na ráitis airgeadais agus údaraíodh iad lena n-eisiúint an 27 Márta 2026. Shínigh na daoine seo a leanas iad thar a cheann:

Basil Geoghegan
Cathaoirleach

Risteard Sheridan
Stiúrthóir



Grúpráiteas ar shreafaí airgid

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	25	368,666	363,259
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta			
Dibhinní a fuarthas		20,758	22,475
Aisíocaíocht sócmhainne airgeadais		11,367	–
Infheistíocht i ngnóthais chomhlachaithe		(877)	(80)
Fáltais ó shócmhainní seasta inláimhsithe a díoladh		295	240
Breiseanna le sócmhainní seasta inláimhsithe		(253,647)	(204,407)
Breiseanna le sócmhainní doláimhsithe	11	(18,580)	(19,957)
Breiseanna le hionaid réadmhaoine infheistíochta	12	(25)	(24)
Ús agus ioncam den chineál céanna a fuarthas		20,751	26,161
Ioncam ó shócmhainní airgeadais eile		1,499	378
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí infheistíochta		(218,459)	(175,214)
Sreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe			
Dibhinní a íocadh le leas neamh-urlámhais	31	(6,962)	(8,227)
Dibhinní a íocadh le scairshealbhóir		(68,000)	(31,000)
Aisíocaíocht ar iasachtaí bainc		(41,968)	(32,552)
Ús agus táillí den chineál céanna a íocadh		(24,804)	(25,575)
Deontais a aithníodh	20	330	1,297
Glansreafaí airgid ó ghníomhaíochtaí maoinithe		(141,404)	(96,057)
Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		8,803	91,988
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag tús na bliana airgeadais		899,938	805,448
Toradh na n-athruithe ar an ráta malairte eachtraí		(5,979)	2,502
Glanlaghdú ar airgead tirim agus ar choibhéisí airgid thirim		8,803	91,988
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim ag deireadh na bliana airgeadais		902,762	899,938

Níor cuireadh ráiteas faoi shreabhadh airgid ar fáil don Chuideachta mar go bhfuil sí ag glacadh díolúine faoi FRS 102 Alt 1, mír 12 ó cheanglais Alt 7 Ráitis faoi Shreabhadh Airgid, mar tá ráiteas faoi shreabhadh airgid mar chuid de na ráitis airgeadais chomhdhlúite a ullmhaíonn agus a chuireann an Grúpa ar fáil.



Grúpráiteas ar athruithe cothromais

don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Scairchaipiteal glaoite-suas €000	Cúlchiste aistrithe €000	Cúlchiste chaipitil eile €000	Cuntas brabúis agus cailíteanais €000	Iomlán €000	Leasanna neamh- urlámhais €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2025	186,337	635	246	1,433,540	1,620,758	26,934	1,647,692
Brabús don bhliain airgeadais	-	-	-	217,742	217,742	12,367	230,109
Gluaiseachtaí ar ioncam cuimsitheach eile	-	(11,360)	-	(343)	(11,703)	(2,260)	(13,963)
Ioncam cuimsitheach iomlán	-	(11,360)	-	217,399	206,039	10,107	216,146
Díbhinn le leas neamh-urlámhais a íocadh	-	-	-	-	-	(6,962)	(6,962)
Díbhinn a íocadh le scairshealbhóir	-	-	-	(68,000)	(68,000)	-	(68,000)
Amhail an 31 Nollaig 2025	186,337	(10,725)	246	1,582,939	1,758,797	30,079	1,788,876
Amhail an 1 Eanáir 2024	186,337	(2,270)	246	1,224,615	1,408,928	26,217	1,435,145
Brabús don bhliain airgeadais	-	-	-	239,726	239,726	7,740	247,466
Gluaiseachtaí ar ioncam cuimsitheach eile	-	2,905	-	199	3,104	1,204	4,308
Ioncam cuimsitheach iomlán	-	2,905	-	239,925	242,830	8,944	251,774
Díbhinn le leas neamh-urlámhais a íocadh	-	-	-	-	-	(8,227)	(8,227)
Díbhinn a íocadh le scairshealbhóir	-	-	-	(31,000)	(31,000)	-	(31,000)
Amhail an 31 Nollaig 2024	186,337	635	246	1,433,540	1,620,758	26,934	1,647,692



Ráiteas Cuideachta ar athruithe cothromais don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

	Scairchaipiteal glaóite-suas €000	Cuntas brabúis agus cailteanais €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2025	186,337	1,109,904	1,296,241
Brabús don bhliain airgeadais	–	173,193	173,193
Gluaiseachtaí ar ioncam cuimsitheach eile	–	(343)	(343)
Ioncam cuimsitheach iomlán	–	172,850	172,850
Díbhinn a íocadh le scairshealbhóir	–	(68,000)	(68,000)
Amhail an 31 Nollaig 2025	186,337	1,214,754	1,401,091
Amhail an 1 Eanáir 2024	186,337	944,724	1,131,061
Brabús don bhliain airgeadais	–	195,981	195,981
Gluaiseachtaí ar ioncam cuimsitheach eile	–	199	199
Ioncam cuimsitheach iomlán	–	196,180	196,180
Díbhinn a íocadh le scairshealbhóir	–	(31,000)	(31,000)
Amhail an 31 Nollaig 2024	186,337	1,109,904	1,296,241



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

1 Eolas ginearálta agus bunús an ullmhúcháin

Is Cuideachta é daa cpt ('An Chuideachta') a corpraíodh agus a bhfuil sainchónaí uirthi in Éirinn faoi Acht na gCuideachtaí 2014. Is é 9401 a huimhir chláráithe agus is é seoladh na hoifige chláráithe atá aici Trí, An Fhaiche, Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath, Aerfort Bhaile Átha Cliath, Sord, Co. Bhaile Átha Cliath K67 X4X5.

Baineann príomhghníomhaíochtaí an Ghrúpa le forbairt, oibríocht agus bainistíocht aerfoirt, miondíol aerfoirt idirnáisiúnta agus infheistíocht aerfoirt idirnáisiúnta. Déanann an Grúpa Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Chorcaí in Éirinn a fheidhmiú agus a bhainistiú. Tá miondíol aerfoirt ar siúl aige in Éirinn agus in go leor áiteanna idirnáisiúnta eile trí bhithin a fhochuideachta Aer Rianta Idirnáisiúnta. Cuirtear oibríochtaí, bainistíocht agus sainchomhairle eitleochta idirnáisiúnta i gcrích trína fochuideachta daa Idirnáisiúnta. Tá infheistíochtaí ag an nGrúpa i dtrí chríochfort i dtrí aerfort Eorpacha faoi láthair agus feidhmíonn sé críochfoirt in dhá aerfort san Araib Shádach ar bhonn conartha.

Ullmhaítear ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gcomhréir leis na prionsabail chuntasaíochta a ghlactar go coitianta leo in Éirinn faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, arna modhnú chun míreanna áirithe a chuimsiú ag cóirluach, agus d'fhonn cloí le FRS 102 agus le reacht na hÉireann arb é atá ann Acht na gCuideachtaí 2014.

Tá an Euro mar airgeadra tuairiscithe an Ghrúpa agus na Cuideachta, arna shlánú go dtí an míle is gaire (€000), toisc gurb é sin airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina bhfuil an Grúpa i mbun gnó.

Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta i gcomhréir leis na beartais chuntasaíochta, mar a leagtar amach i Nóta 35, agus cuireadh i bhfeidhm go comhsheasmhach iad leis an mbliain roimhe. Ullmhaíodh ráitis airgeadais an Ghrúpa agus na Cuideachta ar bhonn an ghnóthais leantaigh. Féach ar Nóta 36 le haghaidh na mBreithiúnas criticiúil cuntasaíochta agus le haghaidh na bpríomhfhoinisí neamhchinnteachta sna meastacháin.

2 Láimhdeachas – oibríochtaí leanúnacha

Tá anailís ar láimhdeachas an Ghrúpa tugtha thíos:

	2025 €000	2024 €000
De réir chineál an ghnó Éire		
Ioncam aerloingseoireachta	356,070	343,228
Miondíol díreach agus gníomhaíochtaí miondíola/lónadóireachta	288,718	265,339
Gníomhaíochtaí tráchtála eile	255,105	240,477
Iomlán (Éire)	899,893	849,044
Gníomhaíochtaí miondíola idirnáisiúnta agus eile	281,544	261,776
Láimhdeachas iomlán	1,181,437	1,110,820

Cuimsíonn gníomhaíochtaí tráchtála eile ioncam ó charrchlóis, ioncam réadmhaoine lena n-áirítear ioncam ó chíosanna réadmhaoine agus ó lamháitais agus ioncam tráchtála ilghnéitheach eile.

	2025 €000	2024 €000
De réir limistéar geografach		
An Eoraip	1,049,801	977,817
An Meánoirthear	67,386	64,353
Meiriceá Thuaidh	60,592	63,849
Eile	3,658	4,801
	1,181,437	1,110,820

Tá anailís ar láimhdeachas an Ghrúpa de réir catagóire tugtha thíos:

	2025 €000	2024 €000
Earraí a dhíol	445,837	409,812
Seirbhís a sholáthar	735,600	701,008
Láimhdeachas iomlán	1,181,437	1,110,820



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

3 Párolla agus costais eile a bhaineann leis

Cuimsítear sna costais foirne:	2025 €000	2024 €000
Pá agus tuarastail	303,704	271,350
Costais árachais shóisialta	27,856	24,888
Costais sochair scoir (Nóta 24)	18,029	15,810
Costais phárolla agus costais eile a bhaineann leis	3,902	4,127
	353,491	316,175
Chaipitligh costais foirne ina sócmhainní seasta inláimhsithe agus sócmhainní doláimhsithe	(29,507)	(24,926)
Párolla agus costais a bhaineann leis	323,984	291,249

Áirítear le costas na ndíolachán €26.0 milliún de chostais phárolla a bhaineann le soláthar conarthaí ioncain ag fochuideachta an Ghrúpa (2024: €20.3 milliún).

	2025 Lion	2024 Lion
Ba iad seo a leanas meánlíon na bhfostaithe gach mí ('coibhéisí lánaimseartha'):		
Aerfoirt	3,471	3,192
Gníomhaíochtaí idirnáisiúnta	1,128	984
	4,599	4,176

Ba mar seo a leanas a bhí meánlíon na bhfostaithe a d'fhostaigh an Chuideachta gach mí ('coibhéisí lánaimseartha') don tréimhse:

	2025 Lion	2024 Lion
Aerfoirt	694	714

4 Sciar den bhrabús oibriúcháin a bhaineann le gnóthais chomhlachaithe agus le comhfhiontair

Is é €20.7 milliún (2024: €27.4 milliún) sciar an Ghrúpa don bhliain de bhrabús chánach as a ghnóthais chomhlachaithe agus as a chomhfhiontair, mar a shainmhínítear i Nóta 35. Tá táillí bainistíochta agus ioncam díreach eile ó na gnóthais agus ó na comhfhiontair sin san áireamh i láimhdeachas an Ghrúpa. Cuirtear sciar an Ghrúpa de bhrabús nó de chaillteanais ar bith ó idirbhearta idir an Grúpa agus a ghnóthais chomhlachaithe agus a chomhfhiontair as an áireamh sa chás go bhfuil siad curtha san áireamh cheana mar chuid de shuim ghlanluacha na sócmhainní sna gnóthais chomhlachaithe/chomhfhiontair.

5 Míreanna eisceachtúla agus gluaiseachtaí cóirluacha Gluaiseacht chóirluacha ar réadmhaoín infheistíochta

D'fhostaigh an Grúpa saineolaithe luachála neamhspleácha chun cóirluach a gcuid ionad réadmhaoine a chinneadh a measadh gur ionaid réadmhaoine infheistíochta iad amhail an 31 Nollaig 2025 (féach Nóta 12). Mar thoradh ar na luachálacha sin, d'aithin an Grúpa méadú cóirluacha €1.0 milliún (2024: méadú €13.4 milliún). Ó thaobh cúrsaí cánachais de, aithníodh creidmheas glan-chánach iarchurtha €0.5 milliún (2024: muirear €2.2 milliún).

6 Ioncam airgeadais/(costas)

Glanioncam eile airgeadais	2025 €000	2024 €000
Ioncam as infheistíochtaí liostaithe agus trádála	8,106	3,601
Gluaiseacht ar ionstraimí airgeadais	(1,363)	4,304
Athluacháil ar shócmhainní airgeadais	355	(2,064)
Amúchadh préimheanna bannaí	1,521	1,513
Glanioncam airgeadais iomlán eile	8,619	7,354
	2025 €000	2024 €000
Ús infhála agus ioncam eile den chineál céanna		
Ioncam as taisce bhainc	18,278	27,304
Ús ar infháiltais stoic iasachta	2,350	505
Ioncam as infheistíochtaí neamhliostaithe	1,685	2,061
Ioncam as sochair scoir (Nóta 24)	847	863
Ús infhála agus ioncam den chineál céanna (iomlán)	23,160	30,733
	2025 €000	2024 €000
Ús iníochta agus táillí den chineál céanna		
Ús iníochta ar iasachtaí agus rótharraingtí bainc	7,758	8,628
Ús ar nótaí iasachta	16,552	16,556
Amúchadh costas eisithe/costas maoinithe eile	975	966
Ús iníochta eile	11	763
Costas úis as sochair scoir (Nóta 24)	710	755
Ús iníochta iomlán	26,006	27,668
Ús iníochta caipitlithe (Nóta 10)	(3,154)	(1,907)
Ús iníochta agus táillí eile den chineál céanna (iomlán)	22,852	25,761



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

7 Brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin

Tuairiscítear brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin tar éis na nithe seo a leanas a ghearradh/a chur do shochar:

	2025 €000	2024 €000
Luach saothair an Iniúcháir		
Iniúcháir – gnólacht in Éirinn		
– iniúchadh ar ráitis airgeadais an Ghrúpa	536	469
– seirbhísí dearbhaithe eile	88	60
– seirbhísí comhairleacha cánach	91	83
	715	612
Iniúcháir – gnólachtaí idirnáisiúnta		
– iniúchadh ar na ráitis airgeadais	254	256
– seirbhísí comhairleacha cánach	76	50
– seirbhísí dearbhaithe eile	42	45
	372	351
	1,087	963

Áirítear leis na nithe sin thuas; táillí iniúchta €62,400 as iniúchadh reachtúil a dhéanamh ar an gcuideachta (2024: €60,900), táillí €7,700 as seirbhísí dearbhaithe eile (2024: €7,500) agus táillí €10,150 as seirbhísí comhairleacha cánach (2024: €9,820).

	2025 €000	2024 €000
Cíosanna léasa oibriúcháin		
– trealamh	115	–
– foirgnimh	1,352	1,190
Dímheas (Nóta 10)	145,619	141,184
Amúchadh na sócmhainní doláimhsithe agus cáilmheasa (Nóta 11)	15,862	10,989
(Gnóthachan)/cailteanas ar dhiúscairt/cur as feidhm sócmhainní inláimhsithe agus sócmhainní airgeadais	(284)	18
Amúchadh deontas caipitil (Nóta 20)	(1,984)	(2,160)
Gnóthachan malairte eachtraigh	(422)	(477)

Luach saothair na Stiúrthóirí

Tá luach saothair na Stiúrthóirí, lena n-áirítear nochtadh faisnéise i gcomhréir leis an gCód Cleachtais chun Rialachas Comhlachtaí Stáit a Rialú (an “Cód Cleachtais”) agus Acht na gCuideachtaí 2014, leagtha amach thíos:

	2025 €000	2024 €000
Táillí na Stiúrthóirí – i leith:		
Seirbhísí mar Stiúrthóirí	187	205
Méideanna eile – a bhaineann lena bhfostaíocht	797	874
Ranníocaíochtaí pinsin – scéim ranníocaíochta shainithe	111	110
	1,095	1,189

San áireamh le méideanna eile tá; méideanna a ais-íocadh leis an bPríomhfheidhmeannach agus leis na Stiúrthóirí arna dtoghadh de bhun na nAchtanna um Páirteachas Lucht Oibre (Fiontair Stáit) 1977 go 2001, i ngach cás don chuid den bhliain ina raibh siad ina Stiúrthóirí.

Faoi ranníocaíochtaí pinsin áirítear ranníocaíochtaí pinsin comhiomlána €0.1 milliún (2024: €0.1 milliún) a íocadh, a mheastar a bheith íoctha, nó iníoctha le linn na bliana airgeadais i leith seirbhísí cáilitheacha Stiúrthóirí. Rinneadh ranníocaíochtaí pinsin i leith cúigear de na Stiúrthóirí (2024: cúigear Stiúrthóirí), a bhfuil nó a raibh conradh fostaíochta ag gach duine acu leis an nGrúpa, i ngach cás don chuid sin den bhliain a bhaineann lena tréimhse/lena thréimhse mar Stiúrthóir.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

7 Brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin ar lean

Socraíonn an tAire Iompair táillí na Stiúrthóirí, le toiliú an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin agus tá siad iníoctha faoi láthair ag an ráta bliantúil de €31,500 don Chathaoirleach agus €15,750 do Stiúrthóirí aonair. I gcomhréir leis an gCód Cleachtas, ba iad seo a leanas sonraí na dtáillí a íocadh le gach aon Stiúrthóir le linn na bliana 2025 agus le linn na bliana 2024:

	2025 €	2024 €
Basil Geoghegan	31,500	31,500
Paula Cogan	15,750	15,750
Peter Cross	15,750	15,750
Raymond Gammell (tháinig deireadh lena thréimhse an 22 Eanáir 2025)	963	15,750
Kenny Jacobs ¹	–	–
Marie Joyce (d'éirigh sé as oifig an 31 Nollaig 2025)	15,750	15,750
James Kelly	15,750	15,750
Karen Morton	15,750	15,750
Des Mullally	15,750	15,750
Gerard Perdissatt	15,750	15,750
MarkJames Ryan	15,750	15,750
Risteard Sheridan	15,750	15,750
Denis Smyth (d'éirigh sé as oifig an 31 Deireadh Fómhair, 2025)	13,139	15,750
	187,352	204,750

1 Ní bhfuair Kenny Jacobs táille an Stiúrthóra.

Íocadh costais €14,381 (2024: €7,951) le comhaltaí an Bhoird le linn na bliana i leith seirbhísí mar Stiúrthóirí, a nochtadh i gcomhréir leis an gCód Cleachtas. Bhain na méideanna sin go príomha le costais taistil, le costais chothaithe agus le costais eile a aisíocadh leo.

Íocadh sochair €108,140 (2024: €63,858) leis na comhaltaí Boird le linn na bliana. Bhain na sochair sin le húsáid áiseanna aerfoirt.

Ceapadh Kenny Jacobs ina Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin ar 9 Eanáir 2023 agus d'éirigh sé as an 5 Feabhra 2026. De bhun a chonartha, is é €285,000 an tuarastal a íoctar leis an Uasal Jacobs in aghaidh na bliana. B'ionann luach saothair iomlán i leith an Uasail Jacobs don bhliain 2025 agus €367,898 (2024: €374,830) lena n-áirítear buntuarastal €284,235 (2024: €284,235) agus ranniocaíochtaí pinsin agus sochair inchánach eile dar luach €83,663 (2024: €90,595). Níor íocadh táille Stiúrthóra leis an Uasal Jacobs.

8 Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí

Mar chuid den mhuirear cánach:

	2025 €000	2024 €000
Cáin reatha:		
<i>Cáin reatha ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí:</i>		
Cáin chorparáide – Éire	29,836	34,965
Muirear cánach eachtrach	8,954	9,165
<i>Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe seo:</i>		
Cáin chorparáide Éireannach	14	(4)
Mhurear cánach reatha iomlán	38,804	44,126
Cáin iarchurtha:		
<i>Céadchumadh/aisiompú difríochtaí uainiúcháin</i>		
Inchurtha i leith an Ghrúpa	1,504	6,035
Coigeartú i ndáil le blianta airgeadais roimhe seo	(53)	(41)
Difríocht uainiúcháin a bhaineann le hoibleagáidí sochar scoir	88	67
Muirear cánach iarchurtha iomlán	1,539	6,061
Muirear cánach iomlán ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí	40,343	50,187
Creidmheas/(muirear) cánach reatha agus iarchurtha iomlán i ndáil le míreanna ioncaim chuimsithigh eile	49	(28)

Tá oibríochtaí Éireannacha an Ghrúpa faoi réir rátaí difriúla den cháin chorparáide, de réir chineál na ngníomhaíochtaí. Bhí na rátaí seo idir 12.5% agus 25% le linn na bliana 2025 agus le linn na bliana 2024, agus an ráta caighdeánach cánach corparáide ag 12.5%.



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

8 Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí ar lean

Bunaithe ar an mbrabús don bhliain, tá an muirear cánach reatha don tréimhse níos airde (2024: níos airde) ná an ceann atá bunaithe ar an ráta caighdeánach cánach in Éirinn. Tá na difríochtaí leagtha amach san imréiteach cánach thíos:

	2025 €000	2024 €000
Brabús as gnáthghníomhaíochtaí roimh cháin	270,452	297,653
Cáin ar bhrabús as gnáthghníomhaíochtaí ag an gcaighdeán Éireannach		
Cáin chorpóraide de 12.5% (2024: 12.5%)	33,807	37,207
Tionchar na nithe seo a leanas:		
Difríochtaí buana	8,830	3,717
Ioncam a ngearrtar cáin air ar rátaí arda	12,026	17,257
Athluachálacha a ngearrtar rátaí cánach arda orthu	(5,704)	1,135
Coigeartuithe ón mbliain roimhe	(39)	(45)
Cáin shiarchoinneálach eachtrach	(160)	1,954
Creidmheas cánach eachtrach	(2,691)	(9,409)
Ioncam nach bhfuil inchánach	(5,814)	(1,696)
Coigeartú FRS 17	88	67
Muirear cánach iomlán don bhliain airgeadais	40,343	50,187

Soláthraítear an cháin chorpóraide ar bhrabús incháinithe ag na rátaí reatha.

Tá an Grúpa faoi réir na Rialacha Domhanda maidir le Samhail an Fhrith-Chreimthe Boinn, dá ngairtear na rialacha maidir le Samhail Cholún a Dó freisin, a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil i gcuid mhór de na dlínsí ina bhfeidhmíonn an Grúpa, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Is é cuspóir na rialacha casta seo ná íosrátaí cánach éifeachtacha de 15% ar a laghad a bhaint amach go huilíoch. Faoin reachtaíocht, beidh ar an Máthairchuideachta cáin bhreisithe a íoc, in Éirinn, ar bhrabús a fochuideachtaí a ngearrtar cáin orthu ag ráta cánach éifeachtach níos lú ná 15% mura bhfuil forálacha cánach breisithe áitiúil tugtha isteach cheana féin sa dlínse ábhartha. Tá tionchar na rialacha nua seo measta ag an nGrúpa agus cinneadh go bhfuil ráta cánach éifeachtach i gColún a Dó de níos mó ná 15% ag an nGrúpa cheana féin i bhformhór na dtíortha ina bhfeidhmíonn sé. D'aithin an Grúpa táille €1.4 milliún sa chuntas brabús agus caillteanais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, a bhaineann le cáin breisithe atá ag teacht chun cinn in dhá dhlínse eachtrannacha ina n-oibríonn an Grúpa (2024: €Nialas). Tá an eisceacht faoi Alt 29.2B de FRS 102 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa a bhaineann le haitheantas agus nochtadh an t-eolas faoi chánacha iarchurtha a eascraíonn mar thoradh ar rialacha cánach Cholún a Dó a chur i bhfeidhm.

Beidh tionchar ag na hathruithe seo a leanas ar an muirear cánach iomlán amach anseo; athruithe ar na rátaí cánach corparáide atá i bhfeidhm i ndlínsí ina bhfeidhmíonn an Grúpa agus athruithe eile ar an reachtaíocht chánach is infheidhme maidir le gnó an Ghrúpa. Beidh tionchar ag athruithe eile ar an muirear cánach iomlán freisin – athruithe ar thuilleamh amach anseo a bhaineann le meascán geografach.

9 Brabús na Cuideachta don bhliain airgeadais

Níl cuntas brabús agus caillteanais ar leith don Chuideachta curtha ar fáil, mar a fhoráiltear faoi Acht na gCuideachtaí 2014, Alt 304(2). Déileáladh leis an mbrabús don bhliain airgeadais i ndiaidh míreanna eisceachtúla agus cánachais €173.2 milliún (2024: €196.0 milliún) i ráitis airgeadais na cuideachta.

Bhain an Chuideachta leas as an díolúine óna cuntas brabús agus caillteanais ar leith a chomhdú le Cláraitheoir na gCuideachtaí faoi mar a cheadaítear le hAlt 357 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

10 Sócmhainní seasta inláimhsithe

Grúpa	Ollionaid críochfort agus bealaí bordála €000	Tailte agus aerpháirceanna €000	Gléasra agus trealamh €000	Réadmhaoín eile €000	Sócmhainní i mbun tógála €000	Iomlán €000
Costas						
Amhail an 1 Eanáir 2025	1,072,489	991,035	1,219,816	435,651	352,335	4,071,326
Breiseanna	495	-	9,079	-	272,100	281,674
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	7,230	149,861	98,879	12,344	(268,314)	-
Aistrithe go réadmhaoín infheistíochta (Nóta 12)	-	(3,519)	-	-	-	(3,519)
Aistriú ó shócmhainní doláimhsithe (Nóta 11)	-	-	-	-	381	381
Diúscairtí/díscríobhanna	(16,806)	(20,038)	(98,496)	(18,437)	-	(153,777)
Cúlchiste aistrithe	-	-	(1,085)	-	(7)	(1,092)
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,063,408	1,117,339	1,228,193	429,558	356,495	4,194,993
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2025	513,791	337,726	794,235	231,056	-	1,876,808
Muirear don bhliain airgeadais	30,212	36,201	66,565	12,641	-	145,619
Diúscairtí/díscríobhanna	(16,806)	(20,038)	(98,485)	(18,437)	-	(153,766)
Cúlchiste aistrithe	-	-	(944)	-	-	(944)
Amhail an 31 Nollaig 2025	527,197	353,889	761,371	225,260	-	1,867,717
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2025	536,211	763,450	466,822	204,298	356,495	2,327,276
Amhail an 31 Nollaig 2024	558,698	653,309	425,581	204,595	352,335	2,194,518

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

10 Sócmhainní seasta inláimhsithe ar lean

Cuideachta	Ollionaid críochfort agus bealaí bordála €000	Tailte agus aerpháirceanna €000	Gléasra agus trealamh €000	Réadmhaoín eile €000	Sócmhainní i mbun tógála €000	Iomlán €000
Costas						
Amhail an 1 Eanáir 2025	1,072,489	968,599	1,164,603	435,081	352,251	3,993,023
Breiseanna	495	–	6,615	–	270,951	278,061
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	7,230	149,861	98,879	12,344	(268,314)	–
Aistriú ó shócmhainní doláimhsithe (Nóta 11)	–	–	–	–	381	381
Aistriú go réadmhaoín infheistíochta (Nóta 12)	–	(3,519)	–	–	–	(3,519)
Diúscairtí/díscríobhanna	(16,806)	(20,038)	(98,335)	(18,437)	–	(153,616)
Amhail an 31 Nollaig 2025	1,063,408	1,094,903	1,171,762	428,988	355,269	4,114,330
Dímheas						
Amhail an 1 Eanáir 2025	513,791	334,319	750,144	230,432	–	1,828,686
Muirear don bhliain airgeadais	30,212	36,201	63,720	12,641	–	142,774
Diúscairtí/díscríobhanna	(16,806)	(20,038)	(98,324)	(18,437)	–	(153,605)
Amhail an 31 Nollaig 2025	527,197	350,482	715,540	224,636	–	1,817,855
Glanluach de réir na leabhar						
Amhail an 31 Nollaig 2025	536,211	744,421	456,222	204,352	355,269	2,296,475
Amhail an 31 Nollaig 2024	558,698	634,280	414,459	204,649	352,251	2,164,337

Tá na beartais chuntasaíochta a d'úsáid an Grúpa le haghaidh sócmhainní seasta inláimhsithe, lena n-áirítear dímheas, caipitliú costas agus athbhreithnithe ar lagú, leagtha amach i Nóta 35.

Áirítear le tailte agus aerpháirceanna; talamh aerfoirt ar chostas €29.0 milliún (2024: €29.0 milliún). Áirítear leis na nithe a cuireadh le sócmhainní seasta, costais phárolla ailtreachta inmheánaí, innealtóireachta agus gníomhaireachta €25.5 milliún (2024: €24.9 milliún).

Áirítear le costas sócmhainní seasta ús carnach caipitlithe €91.6 milliún (2024: €88.4 milliún). Rinneadh ús €3.2 milliún a chaipitliú sa bhliain 2025 (2024: €1.9 milliún).

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

11 Sócmhainní doláimhsithe

Grúpa	Bogearraí €000	Bogearraí á dtógáil €000	Cáilmheas €000	Ceartha lamháltais €000	Iomlán €000
Costas					
Amhail an 1 Eanáir 2025	53,391	16,486	25,624	66,732	162,233
Breiseanna	633	17,947	-	-	18,580
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	21,548	(21,548)	-	-	-
Gluaiseacht aistrithe	(98)	-	-	(1,053)	(1,151)
Aistriú go sócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 10)	-	(381)	-	-	(381)
Diúscairtí/díscríobhanna	(8,985)	-	-	-	(8,985)
Amhail an 31 Nollaig 2025	66,489	12,504	25,624	65,679	170,296
Amúchadh					
Amhail an 1 Eanáir 2025	33,549	-	23,373	47,155	104,077
Muirear don bhliain airgeadais	12,495	-	379	2,988	15,862
Diúscairtí/díscríobhanna	(8,985)	-	-	-	(8,985)
Gluaiseacht aistrithe	(95)	-	-	(1,053)	(1,148)
Amhail an 31 Nollaig 2025	36,964	-	23,752	49,090	109,806
Glanluach de réir na leabhar					
Amhail an 31 Nollaig 2025	29,525	12,504	1,872	16,589	60,490
Amhail an 31 Nollaig 2024	19,842	16,486	2,251	19,577	58,156

Cuideachta	Bogearraí €000	Bogearraí á dtógáil €000	Iomlán €000
Costas			
Amhail an 1 Eanáir 2025	46,830	15,573	62,403
Breiseanna	15	17,828	17,843
Aistriú go sócmhainní críochnaithe	21,548	(21,548)	-
Aistriú go sócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 10)	-	(381)	(381)
Diúscairtí/díscríobhanna	(8,985)	-	(8,985)
Amhail an 31 Nollaig 2025	59,408	11,472	70,880
Amúchadh			
Amhail an 1 Eanáir 2025	27,002	-	27,002
Muirear don bhliain airgeadais	12,285	-	12,285
Diúscairtí/díscríobhanna	(8,985)	-	(8,985)
Amhail an 31 Nollaig 2025	30,302	-	30,302
Glanluach de réir na leabhar			
Amhail an 31 Nollaig 2025	29,106	11,472	40,578
Amhail an 31 Nollaig 2024	19,828	15,573	35,401

Cuimsíonn an costas cáilmheasa amhail an 31 Nollaig 2025:

- Cáilmheas de €18.4 milliún ag costas (2024: €18.4 milliún) a bhaineann le páirt-éadálacha 2008 agus 2013 de chuid Aer Rianta Idirnáisiúnta (an Meánoirthear) WLL ('ARIME'). Bhí an cáilmheas á amúchadh ón mbliain 2013 thar deich mbliana, is é sin meán-shaolré na gcomhaontuithe lamháltais atá ag ARIME faoi láthair. Rinneadh amúchadh air faoin 31 Nollaig, 2023.
- Cáilmheas de €6.1 milliún ar chostas (2024: €6.1 milliún) i leith an dliteanais chánach iarchurtha atá aitheanta ar na cearta lamháltais caipitlithe a eascraíonn as éadail an 50% iarmharach d'fhoghnóthas an Ghrúpa, CTC-ARI Airports Limited ('CTC-ARI') sa bhliain 2014 glan ar an méid coigeartaithe cánach iarchurtha arna aithint ar shócmhainn luacha chóir iníoctha. Tá an cáilmheas seo á amúchadh ón mbliain 2014 thar thréimhse 17 mbliana arb é sin saolré chonraithe na gcomhaontuithe lamháltais atá ag CTC-ARI faoi láthair.
- Eascraíonn cáilmheas de €1.1 milliún ag costas (2024: €1.1 milliún) de bhun páirt-éadail Ahlan Modern Travelers Services Limited Company ('AMTSC'). Rinneadh an cáilmheas á amúchadh ón mbliain 2020 thar na sé bliana atá fágtha de théarma na gcomhaontuithe lamháltais atá ag AMTSC faoi láthair. Tá sé amúchta san iomlán amhail an 31 Nollaig, 2025.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

11 Sócmhainn doláimhsithe ar lean

Tá iarmhéid na gceart lamháltais amhail an 31 Nollaig, 2025 comhdhéanta de:

Baineann sócmhainn cearta lamháltais de €15.1 milliún ag an gcostas (2024: €15.1 milliún) le fáil lamháltas Aer Rianta (idirnáisiúnta) North America Inc ('ARINA'). Rinneadh amúchadh air faoin 31 Nollaig, 2020.

Tagann sócmhainn cearta lamháltais de €48.7 milliún ag an gcostas (2024: €48.7 milliún) chun cinn de bhun fháil na hiarmharta 50% de fhiontar fochuideachta an Ghrúpa, CTC-ARI Airports Limited ('CTC-ARI') sa bhliain 2014. Tá na cearta lamháltais á amúchadh thar seacht mbliana déag arb é sin saolré chonraithe na gcomhaontuithe lamháltais atá ag CTC-ARI faoi láthair.

Tagann sócmhainn cearta lamháltais de €2.9 milliún ag an gcostas (2024: €2.9 milliún) chun cinn de bhun infheistíocht an Ghrúpa ina chomhfhiontar, Cyprus Airports (F&B) Limited ('Cyprus F&B'). Tá an cáilmheas seo á amúchadh ón thar thréimhse seacht mbliana déag arb é sin saolré chonraithe na gcomhaontuithe lamháltais atá ag Cyprus F&B. Tá Cyprus F&B san áireamh mar chomhfhiontar mar go gcaithfidh an dá scairshealbhóir aontú le príomhchinnntí airgeadais agus oibríochtúla.

Áirítear leis na nithe a cuireadh le sócmhainní inláimhsithe, costais phárolla ailtireachta inmheánaí, innealtóireachta agus gníomhaireachta €4.0 milliún (2024: €Nialas). Tá na beartais chuntasaíocht a d'úsáid an Grúpa maidir le sócmhainní seasta doláimhsithe, lena n-áirítear amúchadh, caipitliú costas agus cearta lamháltais, leagtha amach i Nóta 35.

12 Réadmhaoin infheistíochta

Grúpa	Réadmhaoin infheistíochta €000	Réadmhaoin á tógáil €000	Iomlán €000
Luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	225,053	1,705	226,758
Breiseanna	25	-	25
Aistriú ó shócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 10)	3,519	-	3,519
Athluachálacha (Nóta 5)	(1,028)	-	(1,028)
Diúscairtí/díscriobhanna	-	(1,705)	(1,705)
Amhail an 31 Nollaig 2025	227,569	-	227,569
Amhail an 31 Nollaig 2024	225,053	1,705	226,758

Cuideachta	Réadmhaoin infheistíochta €000	Réadmhaoin á tógáil €000	Iomlán €000
Luacháil			
Amhail an 1 Eanáir 2025	218,303	1,705	220,008
Breiseanna	25	-	25
Aistriú ó shócmhainní seasta inláimhsithe (Nóta 10)	3,519	-	3,519
Athluachálacha	(1,043)	-	(1,043)
Diúscairtí/díscriobhanna	-	(1,705)	(1,705)
Amhail an 31 Nollaig 2025	220,804	-	220,804
Amhail an 31 Nollaig 2024	218,303	1,705	220,008

Cuimsíonn réadmhaoin infheistíochta tailte agus foirgnimh atá faoi úinéireacht an Ghrúpa agus déantar iad a thomhas ag luach cóir ar gach dáta tuairiscithe agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus cailteanais. Tá luach cóir na réadmhaoin infheistíochta bunaithe ar luacháil a dhéanann luachálaithe neamhspleácha a bhfuil cáilíocht aitheanta ghairmiúil acu agus a bhfuil taithí acu le déanaí ar shuíomh agus ar chineál na réadmhaoin infheistíochta atá á luacháil.

Agus luachálacha á ndéanamh acu, bíonn feasacht ag na luachálaithe ar fhianaise mhargaidh inchoimparáide a bhaineann le gach réadmhaoin shonrach nó le gach cineál réadmhaoin. Agus measúnú á dhéanamh ar luach cóir na réadmhaoin infheistíochta go léir, rinneadh ioncam reatha agus ioncam féideartha amach anseo a chaipitliú trí úsáid a bhaint as torthaí ó fhianaise mhargaidh. Tar éis an t-ábhar a phlé le lucht bainistíochta an Ghrúpa, tháinig na luachálaithe ar chinneadh maidir le luachanna na réadmhaoin bunaithe ar mhéid, ar luachanna cíosa agus ar bhail na réadmhaoin. Níl srianta ar bith ar inréadúlacht na réadmhaoin infheistíochta nó ar chur ar aghaidh ioncaim agus fáiltas diúscairthe.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

13 Sócmhainní seasta – infheistíochtaí

Grúpa	Amhail an 1 Eanáir, 2025 €000	Breiseanna/ méaduithe eile €000	Diúscairtí/ gluaiseachtaí eile €000	An 31 Nollaig, 2025 €000
Gnóthais chomhfhiontair				
Gnóthais chomhfhiontair	21,929	4,638	–	26,567
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(19,733)	–	(4,365)	(24,098)
Cúlchiste aistrithe	148	–	(187)	(39)
	2,344	4,638	(4,552)	2,430
Gnóthais chomhlachaithe				
Ús cothromais ag costas ¹	75,574	877	–	76,451
Sciar na mbrabús/(caillteanas) iar-éadála	351,515	16,093	–	367,608
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(340,938)	–	(13,983)	(354,921)
Cúlchiste aistrithe	3,823	–	(4,710)	(887)
	89,974	16,970	(18,693)	88,251
Sócmhainní airgeadais eile				
Infheistíochtaí liostaithe ²	5,568	694	(668)	5,594
Stoc iasachta infhála ³	–	1,094	–	1,094
	5,568	1,788	(668)	6,688
Féichiúnaithe fadtéarmacha				
Íasachtaí do ghnóthais chomhlachaithe ⁴	29,574	1,685	(268)	30,991
Sócmhainní airgeadais iomlána	127,460	25,081	(24,181)	128,360

Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:

Grúpa	Amhail an 1 Eanáir, 2024 €000	Breiseanna/ méaduithe eile €000	Diúscairtí/ gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2024 €000
Gnóthais chomhfhiontair				
Gnóthais chomhfhiontair	17,834	4,095	–	21,929
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(15,993)	–	(3,740)	(19,733)
Cúlchiste aistrithe	(8)	156	–	148
	1,833	4,251	(3,740)	2,344
Gnóthais chomhlachaithe				
Ús cothromais ag costas ¹	75,494	80	–	75,574
Sciar na mbrabús/(caillteanas) iar-éadála	328,250	23,265	–	351,515
Díbhinní a fuarthas (comhlána)	(324,663)	–	(16,275)	(340,938)
Cúlchiste aistrithe	2,423	1,400	–	3,823
	81,504	24,745	(16,275)	89,974
Sócmhainní airgeadais eile				
Infheistíochtaí liostaithe ²	7,651	405	(2,488)	5,568
Infheistíochtaí neamhliostaithe eile ³	13,319	532	(13,851)	–
	20,970	937	(16,339)	5,568
Féichiúnaithe fadtéarmacha				
Íasachtaí do ghnóthais chomhlachaithe ⁴	27,856	2,034	(316)	29,574
Sócmhainní airgeadais iomlána	132,163	31,967	(36,670)	127,460



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

13 Sócmhainní seasta – infheistíochtaí ar lean

Cuideachta	Amhail an 1 Eanáir, 2025 €000	Breiseanna/méaduithe eile €000	Diúscairtí/gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2025 €000
Gnáthscaireanna san fhochuideachta fiontar ag an gcostas	7,862	-	-	7,862
Ranníocaíochtaí caipitil do ghnóthais fochuideachta ⁵	-	5,426	(5,426)	-
	7,862	5,426	(5,426)	7,862

Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:

Cuideachta	Amhail an 1 Eanáir, 2024 €000	Breiseanna/méaduithe eile €000	Diúscairtí/gluaiseachtaí eile €000	Amhail an 31 Nollaig 2024 €000
Gnáthscaireanna san fhochuideachta fiontar ag an gcostas	7,862	-	-	7,862
Ranníocaíochtaí caipitil do ghnóthais fochuideachta ⁵	-	5,546	(5,546)	-
	7,862	5,546	(5,546)	7,862

- Sa bhliain 2025, chuir an Grúpa ranníocaíocht chaipitil de €0.2 milliún (2024: €0.1 milliún) ar fáil d'infheistíocht chomhlach, Airport Partners GmbH, chun tacú lena gcostais oibriúcháin agus caipiteal oibre. Is é an t-aonán seo atá mar chomhlacht sealbhaíochta infheistíocht an Ghrúpa in Flughafen Düsseldorf GmbH. Rinne an Grúpa ranníocaíochtaí caipitil de €0.7 milliún freisin chun 32.5% de JFK T1 Luxury Partners, LLC a éadail agus chun tús a chur le maoiniú fhorbairt a spáis (spásanna) miondiola. Cuirfean an infheistíocht sin isteach i bhforbairt, tógáil agus oibriú spásanna lamháiltais ina mbeidh siopaí miondiola i gCríochfort 1 ag Aerfort Idirmáisiúnta John F. Kennedy.
- Tá infheistíochtaí liostaithe i seilbh "ARIME", ar fognóthas é, agus a bhaineann luach cóir leo agus aithnítear athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus caillteanais. Tá na hinfeistíochtaí mar scaireanna atá luaithe ar stocmhalartán Bhairein.
- Tá stoc iasachta infhála comhdhéanta de dhá shuibscribhinn stoic iasachta arna sealbhú ag ARIME (i) €0.4 milliún ina mhéid iarmharach gan íoc ó chomhaontú stoic iasachta urraithe mhí na Samhna 2010 ('iasacht 2010') a bhfuil ús ag baint leis ag EURIBOR 6 mhí móide 6% in aghaidh na bliana agus tá sé á aisic ina ghálaí ag tosú ó mhí an Mheithimh 2011 agus ag teacht chun deiridh i mí na Nollag 2027 agus (ii) €0.7 milliún a bhaineann le sintiús nua a rinneadh i mí an Mhárta 2025 ('iasacht 2025') le comhaontú stoic iasachta urraithe. Eisíodh iasacht 2025 mar chuid de "Céim II" de shíneadh Hermes Airports agus tá ús ag baint leis ag EURIBOR 6 mhí móide 6% in aghaidh na bliana agus tá sé inaisíochta ina thráthchodanna ag tosú ó mhí an Mheithimh 2026 agus ag teacht chun deiridh sa bhliain 2031. Táthar ag súil go n-aisiocfar an príomhshuim ina iomláine idir na blianta 2028 go 2031. Le linn na bliana, tuilleadh ús de €0.03 milliún ar an iasacht. Le linn na bliana, d'íoc Hermes €2.5 milliún den príomhshuim ó iasacht 2010 leis féin, d'íoc sé ús de €2.1 milliún ar an iasacht seo agus d'íoc Hermes chomh maith an príomhshuim móide ús carntha ar iasacht infhála le CTC ARI, sa mhéid €9.6 milliún. Sa bhliain 2024, cuimsítear le hinfeistíochtaí neamhliostaithe eile méideanna iasachta infhaighte atá i seilbh ARIME agus CTC ARI. Bhain cúpón úis 6.0% agus EURIBOR 6 mhí leis an iasacht infhála atá faoi sheilbh ARIME. Bhain cúpón úis 1.611% agus EURIBOR 6 mhí leis an iasacht infhála atá faoi sheilbh CTC-ARI. Bhí dáta aisíochta aonair ag na hiasachtaí seo agus b'ionann é sin agus an 31 Nollaig 2020, ach le linn na bliana 2020 mar thoradh ar fhorbairt thapa na paindéime COVID-19, cuireadh síneadh le dátaí aisíochta na hiasachta go dtí an bhliain 2025. Dá réir sin, rinneadh iad a athaicmiú ó sócmhainní seasta – infheistíochtaí go sócmhainní reatha amhail an 31 Nollaig 2024.
- Sa bhliain 2022, chuir an Grúpa maoiniú iasachta €4.9 milliún ar fáil do ghnóthas comhlach, Portugal Duty Free Lda, lena mbaineann cúpón úis 3.1% agus EURIBOR 6 mhí agus caithfeadh é a aisic faoin 30 Meitheamh 2029. Caithfeadh é sin a íoc mar gheall ar infheistíocht an Ghrúpa le ANA Aeroportos de Portugal (ANA) ó VINCI Airports Group chun a réimse lamháiltais miondiola idir shaor ó dhleacht agus dleachtíochta a rith in ocht n-aerfort (Liospóin, Porto, Faro, Oileáin Mhaidéara (Maidéara agus Porto Santo) agus Oileáin Azores (Ponta Delgada, Sant Maria, Horta) ón 1 Meitheamh 2022. Sa bhliain 2020 agus sa bhliain 2021, chuir an Grúpa maoiniú iasachta carnach ar fáil freisin d'infheistíocht chomhlach eile, maoiniú €20 milliún, atá fo-ordaithe, agus lena mbaineann cúpón úis 3.38% agus EURIBOR 6 mhí. Tá an príomhshuim le héile le hús fhabhráithe inaisíochta faoin 31 Márta 2027. Caithfeadh é sin a íoc mar gheall ar shocrúithe arna gcomhaontú ag na scairshealbhóirí go léir i Flughafen Düsseldorf GmbH chun iasacht fho-chomhordaithe fhadtéarmach scairshealbhóirí €100 milliún a chur ar fáil, mar chuid de shraith níos leithne de bhearta athmaoiniúcháin don aerfort.
- D'íoc an Chuideachta fochuideachta as faoiseamh cánach a géilleadh trí bhithin grúpfhaoisimh agus áiríodh an íocaíocht bhreise thar luach cánach an fhaoisimh mar ranníocaíocht chaipitil. Rinneadh an ranníocaíocht chaipitil a lagú go hiomlán ag deireadh na bliana ós rud é go meastar nach bhfuil sé in-aisghabhála.

I dtuairim na Stiúrthóirí, níl glanluach inréadaithe na sócmhainní airgeadais agus na fiontar lena bhaineann níos lú ná na luachanna anonn. Tá an bonn ar a ndéantar na sócmhainní airgeadais a shonrú leagtha amach i Nóta 35.

I measc na bpríomhthoimhdí faoi na ríomhanna luacha úsáide tá; rátaí fáis ioncaim agus costas (lena n-áirítear ráthaíochtaí bliantúla iosta i gcomhaontuithe léasanna lamháiltais), rátaí lascaine agus an dóchúlacht go ndéanfar léasanna a athnuachan.



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

13 Sócmhainní seasta – infheistíochtaí ar lean

Tá príomhghnóthais oibriúcháin fochuideachta, príomhghnóthais chomhlachaithe agus príomhghnóthais chomhfhiontair an Ghrúpa, a bhfuil siad ar fad cuimsithe i ráitis airgeadais an Ghrúpa, mar aon le sealúchas tairbhiúil an Ghrúpa de ghnáthscaireanna, glan ó ús mionlaigh, amhail an 31 Nollaig 2025, mar atá leagtha amach thíos:

Gnóthas	Oifig chláráithe	Príomhghníomhaíocht	%
Gnóthais fhochuideachta			
Aer Rianta Idirnáisiúnta cpt	Baile Átha Cliath, Éire	Seirbhísí bainistíochta idirnáisiúnta agus infheisteoir aerfoirt	100.0
Aer Rianta Idirnáisiúnta (an Meánoirthear) WLL	Manama, Bairéin	Seirbhísí a chur ar fáil chun siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara a rith.	71.3
Aer Rianta Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh) Teo.	Quebec, Ceanada	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	100.0
Montenegro Duty Free Limited	Podgorica, Montainéagró	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	70.0
Ahlan Modern Travelers Services Company Limited ¹	Riyadh, Saudi Arabia	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	49.9
ASC Airport Services Consolidated Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Fostaithe a thabhairt ar iasacht do chuideachtaí Grúpa daa cpt	100.0
Seirbhísí Aerfort daa Teoranta daa Finance cpt	Baile Átha Cliath, Éire	Fostaithe a thabhairt ar iasacht do chuideachtaí Grúpa daa cpt	100.0
daa Operations Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Cuideachta mhaoiniúcháin	100.0
daa Idirnáisiúnta Teoranta	Baile Átha Cliath, Éire	Trádáil chistíochta	100.0
CTC-ARI Airports Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Seirbhísí sainchomhairleoireachta	100.0
Gatland Property Limited	An Niocóis, an Chipir	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	85.6
Halamar Developments Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Forbairt agus infheistíocht réadmhaoine	100.0
SkyZone Limited	Baile Átha Cliath, Éire	Infheistíocht réadmhaoine	100.0
		Infheistíocht fochuideachta	100.0
Gnóthas Comhfhiontair			
Cyprus Airports (F&B) Limited	An Niocóis, an Chipir	Gníomhaíochtaí a bhaineann le bia agus deoch saor ó dhleacht	35.6
Gnóthais chomhlachaithe			
Caribbean ARI Inc.	Christ Church, Barbados	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	50.0
Portugal Duty Free Lda	Liospóin, an Phortaingéil	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	49.0
Oman Sales & Services LLC	Muscat, Óman	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	35.6
Delhi Duty Free Services Private Limited ²	Deilí Nua, an India	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	33.1
Flughafen Düsseldorf GmbH	Düsseldorf, an Ghearmáin	Oibrítheoir aerfoirt	20.0
Travel Retail Sales and Services LLC	Abú Daibí, AEA	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	35.6
JFK T1 Luxury Partners LLC ³	Queens, na Stáit Aontaithe	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	32.5
JLK T4 Retail Partners LLC ⁴	Queens, na Stáit Aontaithe	Siopadóireacht saor ó dhleacht agus gníomhaíochtaí gaolmhara	32.5

¹ Fochuideachta mar gheall ar rialú arna fheidhmiú mar 70% arna shealbhú go hindíreach trí ARIME agus tromlach na mBord Stiúthóirí. Tháinig deireadh le comhaontú lamháitais Ahlan Modern Travelers Services Company Limited maidir lena ionad díola i gcríochfort baile Aerfort Riyadh le Cuideachta Aerfort Riyadh i mí Feabhra 2026 agus ní féidir é a athnuachan ná sineadh sa bhreis a thabhairt dó.

² Tháinig deireadh le comhaontú lamháitais Delhi Duty Free Services Private Limited le hAerfort Idirnáisiúnta Indira Gandhi i nDeilí Nua i mí Iúil 2025. B'ionann luach anonn infheistíocht an Ghrúpa in Delhi Duty Free Services Private Limited amhail an 31 Nollaig 2025 agus €12.4 milliún (2024: €19.4 milliún). I ndiaidh dháta an chláir chomhardaithe agus sular síníodh na ráitis airgeadais, fuair an Grúpa díbhinn de €8.4 milliún i ndiaidh cáin a choinneáil siar ón infheistíocht seo.

³ Le linn na bliana 2025, chuaigh JFK T1 Luxury Partners, LLC isteach ar chomhaontú seacht mbliana chun an lamháitais faisin shómasaigh a oibriú i gCríochfort 1 in Aerfort John F. Kennedy i Nua-Eabhar agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis sa bhliain 2026.

⁴ Le linn na bliana 2025, chuaigh JFK T4 Retail Partners, LLC isteach ar chomhaontú lamháitais sé bliana déag chun na hionaid díola saor ó dhleacht a oibriú i gCríochfort 4 in Aerfort John F. Kennedy i Nua-Eabhar agus táthar ag súil go gcuirfear tús leis sa bhliain 2026.

Bhain an Chuideachta leas as an díolúine ó nochtadh faisnéise áirithe faoi ghnóthais ghaolmhara mar a cheadaítear le hAlt 314 d'Acht na gCuideachtaí 2014. Ina theannta sin, bhain an chuideachta leas as an bhforáil maidir le faisnéis áirithe a chur i gceangal le tuairisceán bliantúil na Cuideachta faoi Alt 316 d'Acht na gCuideachtaí 2014.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

14 Stoic

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Earraí le hathdhíol	40,834	40,372	17,157	16,038
Cothabháil	5,261	5,226	5,261	5,226
	46,095	45,598	22,418	21,264

Ní raibh luach athsholáthair an stoic éagsúil go hábhartha ón tsuim ghlanluacha. Is ionann costas an stoic a áirítear i gcostas díolacháin agus €182.5 milliún (2024: €168.3 milliún).

15 Féichiúnaithe

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin				
Féichiúnaithe trádála	45,627	41,728	38,335	32,314
Réamhíocaíochtaí agus ioncam fabhráithe	34,591	31,577	23,155	20,142
Dlite ó ghnóthais fhochuideachta	–	–	56,198	55,678
Dlite ó ghnóthais chomhlachaithe	1,470	3,571	–	–
Féichiúnaithe eile	23,409	27,702	6,048	8,446
Stoc iasachta infhála	1,415	13,851	–	–
Féichiúnaí cánach	4,035	–	4,035	–
Sócmhainní airgeadais eile (Nóta 16)	–	1,265	–	1,265
	110,547	119,694	127,771	117,845

Suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin

Sócmhainn phinsin (Nóta 24)	3,397	3,087	3,370	3,059
	113,944	122,781	131,141	120,904

D'fheidhmigh fochuideachta de chuid an Ghrúpa aerfort idirnáisiúnta thar ceann duine dá chliant le linn na bliana airgeadais. San áireamh i bhféichiúnaithe eile an Ghrúpa tá suim de €10.9 milliún (2024: €17.6 milliún) a bhaineann le costais oibriúcháin arna dtabhuú ag an bhfochuideachta thar ceann an aerfoirt, atá inaisíochta go hiomlán. Tá an fabhrú comhfhreagrach aitheanta i Nóta 17.

Áiríonn féichiúnaithe eile chomh maith €0.3 milliún de chostais iasachtaíochta ar shaoráid chreidmheasa imrothlaigh neamhtharraingthe agus iasachtaí an Bhaic Eorpaigh Infheistíochta (2024: €0.7 milliún). Áirítear le féichiúnaithe eile na Cuideachta costais iasachtaíochta €2.8 milliún (2024: €3.7 milliún). Tabhaíodh €2.5 milliún (2024: €3.1 milliún) thar ceann daa Finance cpt. Sa bhliain 2024, athrangáíodh stoc iasachta infhála ó sócmhainní seasta – infheistíochtaí le Féichiúnaithe i ndiaidh athrú ar an dáta aisíocaíochta don iasacht infhaighte. Le linn na bliana, d'íoc Hermes €2.5 milliún den príomhshuim ó iasacht 2010

leis féin agus d'íoc Hermes chomh maith an príomhshuim móide ús carntha ar iasacht infhála le CTC ARI, sa mhéid €9.6 milliún. Tá an Grúpa ag súil go bhfaighfear €1.4 milliún den príomhshuim atá fágtha ó iasacht 2010 sa bhliain 2026.

16 (Dliteanas)/sócmhainní airgeadais eile

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Amhail an 1 Eanáir	1,265	(3,039)	1,265	(3,039)
Gluaiseacht ionstraimí airgeadais	(2,414)	4,304	(2,414)	4,304
Amhail an 31 Nollaig (Nóta 17)	(1,149)	1,265	(1,149)	1,265

Amhail an 31 Nollaig 2025, is réamhchonartháí fuinnimh iad dliteanas airgeadais eile. Amhail an 31 Nollaig 2025, luacháladh réamhchonartháí fuinnimh ag dliteanas glan de €1.1 milliún (2024: sócmhainn de €1.3 milliún), rud a d'fhág cailteanas cóirluacha de €2.4 milliún (2024: gnóthachan de €4.3 milliún).

Tá réamhchonartháí fuinnimh ainmnithe i steirling agus déantar conartháí airgeadra eachtraí leis an soláthraí chun an neamhchosaint ar airgeadra a shocrú.

Sa bhliain 2025, chuaigh an Grúpa isteach i réamhchonradh airgeadra chun thart ar 70% den riosca airgeadra a fháil a bhaineann le hinsreafaí airgid thirim atáthar ag súil go dtiocfaidh siad chun cinn i ndiaidh éag chomhaontú lamháitais de chuid infheistíochta gaolmhaire. Dhún an fálú i mí na Nollag 2025 agus d'aithin an Grúpa gnóthachan aitheanta de €1.0 milliún.

B'ionann gluaiseacht iomlán ar ionstraimí airgeadais don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 agus cailteanas de €1.4 milliún (2024: gnóthachan €4.3 milliún).

17 Creidiúnaithe: suimeanna atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Íasachtaí bainc (Nóta 19)	54,275	41,939	37,753	25,442
Creidiúnaithe trádála	32,614	26,887	23,866	17,859
Suimeanna atá dlite do ghnóthais fhochuideachta	–	–	1,193,933	1,208,023
Creidiúnaithe eile	22,280	16,187	19,159	13,938
Fabhrúithe	130,777	136,796	91,486	92,823
Ioncam iarchurtha	23,354	13,190	23,354	13,190
Fabhrúithe caipitil	102,145	77,272	102,145	77,272
Dliteanas airgeadais eile (Nóta 16)	1,149	–	1,149	–
	366,594	312,271	1,492,845	1,448,547

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

17 Creidiúnaithe: méideanna a bhí dlite laistigh de bhliain amháin ar lean

D'fheidhmigh fochuideachta de chuid an Ghrúpa aerfort idirnáisiúnta thar ceann duine dá chliaint le linn na bliana airgeadais. San áireamh i bhfabhrúithe an Ghrúpa tá suim de €10.9 milliún (2024: €17.6 milliún) a bhaineann le costais oibriúcháin arna dtabhú ag an bhfochuideachta thar ceann an aerfoirt. Tá na costais seo inaisíoctha go hiomlán agus tá infháltas comhfhreagrach aitheanta i Nóta 15.

Áiríodh le hioncam iarchurtha amhail an 31 Nollaig 2025 €10.0 milliún de dheontais chaipitil iarchurtha. Aithneofar na deontais seo i ndeontais caipitil má tá dearbhú réasúnach ann go gcoifidh an Grúpa leis na coinníollacha a bhaineann leis an deontas.

Bhí deontais amhail an 31 Nollaig 2025 comhdhéanta de:

- (i) Baineann €2.1 milliún le deontais Taighde ATM Aerspás Eorpach Aonair ('SESAR') arna soláthar ag an nGníomhaireacht Eorpach Feidhmiúcháin Aeráide, Bonneagair agus Comhshaoil ('CINEA') faoin scéim deontais um Imscaradh CP1 – Nuachóiriú Sioncrónaithe ar scéim deontais ATM. Tá cuspóir na ndeontas teoranta do ghníomhaíocht a chuireann leis na tionscadail shonracha dá bhforáiltear sa deontas.
- (ii) Baineann €5.5 milliún le deontais a chuirtear ar fáil ag Aerfort Chorcaí ón Roinn Iompair faoi dhá chlár deontais, Clár Inbhuanaitheachta na nAerfort Stáit Réigiúnach agus Scéim Deontais Caipitil Sainchúraim Beartais Phoiblí (PPR-C). Faoi Chlár Inbhuanaitheachta na nAerfort Stáit Réigiúnach, fuair Corcaigh €2.2 milliún maidir le tógáil Feirme Ghréine PV (€2.1 milliún) agus ceannachán Aonad Cumhachta Talún leictir nua (€0.1 milliún). Faoi Scéim Deontais PPR-C, fuair Corcaigh €3.3 milliún le haghaidh tógáil idirúrlár nua agus soláthar trealaimh slándála C3 nua. Tá an deontas teoranta don úsáid sin amháin.
- (iii) Baineann €2.4 milliún le deontas CEF-T 2024 AFIF a cuireadh ar fáil ag an nGníomhaireacht Eorpach Feidhmiúcháin Aeráide, Bonneagair agus Comhshaoil ('CINEA'). Is é cuspóir an deontais ná srian a chur ar ghníomhaíocht a chuireann leis na tionscadail áirithe a gcuirtear an deontas ar fáil ina leith, agus sa chás seo is é sin tacaíocht a thabhairt do Leictriúchán Campais Aerfort Bhaile Átha Cliath (DACE), atá comhdhéanta de thrí thionscadal ar leith, lena n-áirítear bonneagar Busanna feithiclí leictreacha agus bonneagar Aerpháirc feithiclí leictreacha. Cé gur bronnadh €4.7 milliún ar an iomlán mar ghradam, fuarthas €2.4 milliún sa bhliain 2025, agus scaoilfear an t-iarmhéid de réir réitigh deiridh an tionscadail go luath sa bhliain 2027.

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Cáin agus leas sóisialach áirithe le creidiúnaithe eile:				
ÍMAT	3,270	3,159	3,270	3,159
ÁSPC	3,247	2,764	2,800	2,422
VAT	4,529	4,305	3,628	3,573
Cánacha eile	3,614	4,334	1,936	2,687

Tá creidiúnaithe don cháin agus do leas sóisialta iniúctha sa chreat ama atá leagtha síos sa reachtaíocht ábhartha.

18 Creidiúnaithe: suimeanna a bheidh dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
lasachtaí bainc (Nóta 19)	436,761	491,064	362,429	400,181
Nótaí iasachta (Nóta 19)	1,051,389	1,052,356	–	–
Creidiúnaithe agus fabhrúithe eile	24,162	32,463	19,191	27,122
Ioncam iarchurtha	2,111	2,243	2,111	2,243
	1,514,423	1,578,126	383,731	429,546

Beidh ioncam iarchurtha de €1.4 milliún (2024: €1.4 milliún) don Ghrúpa agus don Chuideachta dlite tar éis níos mó ná cúig bliana.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

19 Dlíteanais airgeadais

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Inaisíochta i dtráthchodanna:				
Le haisíoc laistigh d'aon bhliain amháin	54,275	41,939	37,753	25,442
Le haisíoc laistigh de idir aon bhliain agus dhá bhliain	54,973	54,273	38,426	37,753
Le haisíoc laistigh de idir dhá bhliain agus cúig bliana	152,138	167,149	102,335	117,428
Le haisíoc tar éis níos mó ná cúig bliana	229,650	269,642	221,668	245,000
	491,036	533,003	400,182	425,623
Le haisíoc ar shlí eile seachas i dtráthchodanna:				
Le haisíoc laistigh de idir dhá bhliain agus cúig bliana	553,120	554,323	-	-
Le haisíoc tar éis níos mó ná cúig bliana	498,269	498,033	-	-
	1,051,389	1,052,356	-	-
	1,542,425	1,585,359	400,182	425,623

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Scoilte mar seo a leanas:				
Íasachtaí bainc lena n-áirítear rótharraingtí bainc	491,036	533,003	400,182	425,623
Nótaí íasachta	1,051,389	1,052,356	-	-
	1,542,425	1,585,359	400,182	425,623
Áirítthe le creidiúnaithe atá dlite laistigh d'aon bhliain amháin (Nóta 17)	54,275	41,939	37,753	25,442
Áirítthe le creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin (Nóta 18)	1,488,150	1,543,420	362,429	400,181

Cuimsíonn na nótaí íasachta €550 milliún (2024: €550 milliún) de nótaí íasachta ('Eorabhannaí') a iompraíonn ráta seasta 1.554%, atá inaisíochta i mí an Mheithimh 2028 agus €500 milliún (2024: €500 milliún) de nótaí íasachta ('Eorabhannaí') a iompraíonn ráta seasta de 1.601%, atá in-aisíochta i mí na Samhna 2032. Tá ús ar na nótaí íasachta iníochta go bliantúil an 15 Nollaig agus an 5 Samhain, faoi seach. Áiríonn nótaí íasachta freisin costais eisiúna íasachta/fiachais/bannaí de €2.5 milliún (2024: €3.1 milliún) agus préimh €3.9 milliún (2024: €5.5 milliún). Tá an dá nóta íasachta seo liostaithe ar Euronext Dublin agus tá siad ráthaithe ag an gCuideachta.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí íasacht bhainc de €84.1 milliún (2024: €99.4 milliún) ag daa Finance cpt atá ráthaithe ag an gCuideachta. Is íasacht amúchta 20 bliain ón mBanc Eorpach Infheistíochta í an íasacht bhainc seo lena mbaineann ús ar ráta seasta 1.05%. Tá an íasacht le híoc go leathbhliantúil agus tiocfaidh sí in aibíocht i mí Eanáir 2031. Íoctar ús ar an íasacht bhainc go leathbhliantúil i mí Eanáir agus i mí Iúil.

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí íasacht bhainc de €6.7 milliún (2024: €8.0 milliún) ag CTC-ARI Airports Limited ó shaoráid íasachtaíochta €12.1 milliún. Baineann cúpón úis 2.1% chomh maith le Ráta Tairgthe Idirbhainc an Euro (EURIBOR) sé mhí leis an tsaoráid a úsáideadh, tá sí iníochta i dtráthchodanna comhionanna agus tiocfaidh sí in aibíocht i mí Aibreán 2031. Tá sé urraithe ag muirear comhlúthach thar shócmhainní ar fad na fochuideachta, suas go hiarmhéid iomlán de €10 milliún.

Déantar anailís bhreise ar rátaí úis agus ar phróifíl riosca dlíteanais airgeadais i Nóta 27.

Tá íasachtaí bainc na Cuideachta amhail an 31 Nollaig, 2025 de €400.2 milliún (2024: €425.6 milliún) neamhurráithe agus tá siad inaisíochta go leathbhliantúil i dtráthchodanna. Tá rátaí úis seasta idir 0.91% agus 4.6% ar na hiasachtaí bainc. Tá na hiasachtaí le teacht in aibíocht idir Eanáir 2025 agus Meitheamh 2040.

Saoráidí íasachtaíochta

Bhí saoráid chreidmheasa imrothlaigh tiomanta neamhtharraingthe €450 milliún ag an nGrúpa amhail an 31 Nollaig 2025 ar comhlíonadh na coinníollacha go léir a bhí ann roimhe seo ina leith (2024: saoráid chreidmheasa imrothlaigh tiomanta neamhtharraingthe €450 milliún). Bhí an tsaoráid seo ceaptha teacht chun deiridh i mí an Mhárta 2027. Ar an 20 Márta 2026, áfach, cuireadh síneadh le dáta éaga na saoráide go dtí mí an Mhárta 2031.

Le linn na bliana dar críoch an 31 Nollaig 2025, shínigh fochuideachta den Ghrúpa comhaontú íasachta de €288 milliún leis an mBanc Eorpach Infheistíochta (BEI) chun páirtmhaoiniú a dhéanamh ar roinnt feabhsúchán inbhuanaitheachta ag Aerfort Bhaile Átha Cliath. Tá an íasacht faoi rátháíocht ag daa cpt. Tá trí bliana ag an gcuideachta ón dáta sínithe go dtí tarraingt anuas na hiasachta. Amhail an 31 Nollaig 2025, tá €86.3 milliún tiomanta ach neamhtharraingthe. Beidh an chuid eile den íasacht ar fáil le híoc amach nuair a chríochnaíonn BEI measúnuithe teicniúla áirithe. Is féidir an íasacht a tharraingt anuas ar bhonn seasta nó comhlúthach agus ar feadh seacht mbliana ar a mhéid le haghaidh aisiócaíocht iomlán cnapshuime nó 14 bliana le haghaidh aisiócaíocht amúchta.

20 Deontais chaipitil

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Amhail an 1 Eanáir	22,096	22,959	22,096	22,959
Amúchta chuig an gcuntas brabúis agus caillteanais	(1,984)	(2,160)	(1,984)	(2,160)
Deontais a aithníodh	330	1,297	330	1,297
Amhail an 31 Nollaig	20,442	22,096	20,442	22,096



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

20 Deontais caipitil ar lean

Aithníodh deontais chaipitil dar luach €0.3 milliún ar an iomlán le linn na bliana 2025 (2024: €1.3 milliún).

Sa bhliain 2025, sholáthair an tÚdarás Iompair Náisiúnta €0.2 milliún. Is é is cuspóir leis an deontas tionscnaimh taistil ghníomhaigh a chur chun cinn ar fud champas an aerfoirt. Tá an deontas teoranta d'úsáid ar thionscadail tionscnaimh taistil ghníomhaigh amháin.

Sa bhliain 2025, aithníodh €0.1 milliún ón Roinn Iompair faoi Scéim Deontas Caipitil Chlár Inbhuanaitheachta na nAerfort Stáit Réigiúnach (RSASP). Is é is cuspóir leis an deontais Aonaid Chumhachta Electric Group (eGPU) a cheannach. Tá an deontas teoranta don úsáid sin amháin.

Baineann deontais chaipitil a fuarthas sa bhliain 2024 le deontais Taighde ATM Aerspás Eorpach Aonair ('SESAR') arna soláthar ag an nGníomhaireacht Eorpach Feidhmiúcháin Aeráide, Bonneagair agus Comhshaoil ('CINEA') faoin scéim deontais um Imscaradh CP1 – Nuachóiriú Sioncrónaithe ar ATM. B'ionann na méideanna a fuarthas sa bhliain 2024 agus €1.3 milliún. Tá cuspóir na ndeontas teoranta do ghníomhaíocht a chuireann leis na tionscadail shonracha dá soláthraítear an deontas.

Aithnítear deontais caipitil má tá dearbhú réasúnach ann go gcoifidh an Grúpa leis na coinníollacha a bhaineann leis an deontas.

21 Soláthar in aghaidh dliteanas

Grúpa	Árachas agus eile ¹ €000	Cáin iarchurtha (Nóta 22) €000	Clár athstruchtúraithe ² €000	Athstruchtúráil pinsin ³ €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2025	28,619	83,473	350	2,582	115,024
Muirear don bhliain airgeadais	3,771	1,125	–	–	4,896
Scaoileadh don bhliain airgeadais	(1,300)	–	(350)	–	(1,650)
Úsáidte le linn na bliana airgeadais	(1,857)	–	–	(252)	(2,109)
Amhail an 31 Nollaig 2025	29,233	84,598	–	2,330	116,161

Grúpa	Árachas agus eile ¹ €000	Cáin iarchurtha (Nóta 22) €000	Clár athstruchtúraithe ² €000	Athstruchtúráil pinsin ³ €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2024	27,061	78,181	350	2,736	108,328
Muirear don bhliain airgeadais	3,887	5,292	–	–	9,179
Úsáidte le linn na bliana airgeadais	(2,329)	–	–	(154)	(2,483)
Amhail an 31 Nollaig 2024	28,619	83,473	350	2,582	115,024

Cuideachta	Árachas agus eile ¹ €000	Cáin iarchurtha (Nóta 22) €000	Clár athstruchtúraithe ² €000	Athstruchtúráil pinsin ³ €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2025	28,620	79,978	350	2,582	111,530
Muirear don bhliain airgeadais	3,771	1,425	–	–	5,196
Scaoileadh don bhliain airgeadais	(1,300)	–	(350)	–	(1,650)
Úsáidte le linn na bliana airgeadais	(1,857)	–	–	(252)	(2,109)
Amhail an 31 Nollaig 2025	29,234	81,403	–	2,330	112,967

Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:

Cuideachta	Árachas agus eile ¹ €000	Cáin iarchurtha (Nóta 22) €000	Clár athstruchtúraithe ² €000	Athstruchtúráil pinsin ³ €000	Iomlán €000
Amhail an 1 Eanáir 2024	27,062	74,451	350	2,736	104,599
Muirear don bhliain airgeadais	3,887	5,527	–	–	9,414
Úsáidte le linn na bliana airgeadais	(2,329)	–	–	(154)	(2,483)
Amhail an 31 Nollaig 2024	28,620	79,978	350	2,582	111,530

- 1 Soláthar d'éilimh thuairiscithe agus ionchasacha faoi chlár féinráchais an daa agus do dhliteanas eile lena n-áirítear éilimh dlíthiúla agus soláthairtí comhshaoil. Feidhmíonn an Chuideachta leibhéal féinráchais. Faoi na socrúithe seo, coimeádaí an Chuideachta neamhchosaintí áirithe suas go dtí leibhéal féinráchais réamhchinnte. Léiríonn na forálacha do na neamhchosaintí sin méideanna a cuireadh ar fáil bunaithe ar chomhairle ó chomhairleoirí coigeartaithe árachais agus cailteanas, faisnéis tionscail agus sonraí stairiúla maidir le héilimh a aicmítear mar éileamh tabhaithe ach nár tuairiscíodh agus cúlchistí cailteanas gan íoc. Déantar athbhreithniú tréimhsiúil ar an modheolaíocht chun na forálacha a mheas chun a chinntiú go leanann na toimhí a dhéantar de bheith oiriúnach. Tá úsáid na soláthairtí ag brath ar an am a shocraítear an t-éileamh gan íoc. Is gnách go ndéantar éilimh gan íoc a shocrú laistigh de thréimhse idir dhá bhliain agus trí bliana ó dháta an éilimh.
- 2 D'fhorbair an Chuideachta clár athstruchtúraithe sa bhliain 2020, tar éis dul i gcomhairle le baill foirne agus le hionadaithe na foirne. B'ionann an t-iarbhéid amhail an 31 Nollaig 2025 agus €Nialas (2024: €0.4 milliún).
- 3 Baineann an soláthar pinsin atá fágtha le hathstruchtúráil na Scéime AAE, ar calcadh í an 31 Nollaig 2014.

De réir FRS 102, Alt 21 (Soláthairtí agus Teagmhais), déanann an Grúpa agus an Chuideachta forálacha sa chás go bhfuil éiginnteacht ann maidir le huainiú nó méid, agus sa chás go bhfuil oibleagáid reatha ann mar thoradh ar theagmhais roimhe seo, agus dá bharr sin tá seans ann go mbeidh gá le haistriú sochar eacnamaíoch chun an oibleagáid a chomhlíonadh, agus gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Meastar go ndéanfar na dliteanas sin a shocrú laistigh de thréimhse idir dhá bhliain agus deich mbliana.



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

22 Dlíteanas cánach iarchurtha

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Cáin iarchurtha				
Cuirtear cáin iarchurtha ar fáil mar seo a leanas:				
Difríochtaí amaithe ar liúntais chaipitil	57,601	55,556	57,674	55,770
Suimeanna atá neamhasbhainteach chun críocha cánach corparáide ar bhonn sealadach	(107)	459	(178)	(180)
Dlíteanas cánach iarchurtha a bhaineann le hoibleagáidí sochair scoir	431	392	422	383
Cáin iarchurtha ar athluachálacha	24,332	24,847	23,485	24,005
Cáin iarchurtha a bhaineann le cáilmheas	2,341	2,219	-	-
Amhail an 31 Nollaig	84,598	83,473	81,403	79,978

Ní dhéantar sócmhainní agus dlíteanas chánach iarchurtha a fhritháireamh ach amháin i gcás ina bhfuil ceart dlíthiúil infhorfheidhmithe ag an nGrúpa déanamh amhlaidh agus i gcás ina mbaineann sócmhainní agus dlíteanas le cánacha ioncaim a ghearrann an t-údarás cánach céanna ar an eintiteas inchánach céanna.

23 Scairchaipiteal glaoite agus cúlchistí eile

	Grúpa agus Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000
Scairchaipiteal glaoite – léirithe mar chothromas		
Údaraithe:		
317,500,000 (2024: 317,500,000) gnáthscair ag €1 an scair	317,500	317,500
Leithroinnte, glaoite agus láníoctha:		
186,336,813 (2024: 186,336,813) gnáthscair ag €1 an scair	186,337	186,337

Tá na gnáthscaireanna go léir i seilbh thairbhiúil an Aire Caiteachais Phoiblí, Seachadta ar an bPlean Forbartha Náisiúnta agus Athchóirithe de chuid Rialtas na hÉireann.

Cúlchistí eile	Cúlchistí aistriúithe €000	Cúlchistí caipitil eile €000	Iomlán €000
Grúpa			
Amhail an 1 Eanáir 2025	635	246	881
Difríochtaí malairte a eascraíonn as aistriú infheistíochtaí thar lear	(11,360)	-	(11,360)
Amhail an 31 Nollaig 2025	(10,725)	246	(10,479)
Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:			
Amhail an 1 Eanáir 2024	(2,270)	246	(2,024)
Difríochtaí malairte a eascraíonn as aistriú infheistíochtaí thar lear	2,905	-	2,905
Amhail an 31 Nollaig 2024	635	246	881

Tá na gnáthscaireanna go léir i seilbh thairbhiúil an Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiríocháin Seirbhíse Poiblí agus Digiúcháin de chuid Rialtas na hÉireann.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

24 Sochair scoir

Glacann an Grúpa páirt i roinnt scéimeanna pinsin dá fhoireann, lena n-áirítear scéimeanna pinsin le ranníocaíochtaí sainithe agus scéimeanna pinsin le sochar sainithe. Coimeádtar sócmhainní na scéimeanna pinsin sin i gcistí ar leith atá ceadaithe ag na Coimisinéirí Ioncaim agus atá á riar ag na hiontaobhaithe. Thug an Grúpa cuntas ar shochair scoir faoi scéimeanna sainithe i gcomhréir le FRS 102, Ait 28 (Sochair Fostaithe).

Glacann daa cpt páirt i roinnt scéimeanna pinsin dá bhaill foirne, agus tá na príomhshocruithe leagtha amach thíos.

a) Scéim Choigiltis Scoir le Ranníocaíocht Shainithe daa ('Scéim RS daa')

Is scéim pinsin ranníocach le ranníocaíocht shainithe í Scéim RS daa a fheidhmíonn an Grúpa dá fhostaithe incháilithe atá lonnaithe in Éirinn. Íocann na baill foirne agus an fostóir na ranníocaíochtaí ag rátaí seasta. Braitheann na sochair a fhaigheann fostaithe ag aois scoir ar a gciste carntha féin agus ar an gcostas a bhaineann le sochair a cheannach ag an am sin. Tá Scéim RS daa i bhfeidhm ón 1 Eanáir 2015, agus is é seo an príomhshocrú atá ann faoi láthair chun sochair phinsin i leith seirbhís ináirithe a sholáthar d'fhostaithe incháilithe a oibríonn in Aerfoirt na hÉireann de chuid an Ghrúpa.

Roimh an 1 Eanáir 2015, ba i Scéim Aoisliúntais (Fostaí Ginearálta) Aerlínte na hÉireann ('an Scéim AAÉ') agus, i gcásanna áirithe i Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta (Scéim Fhorlíontach AR) a fabhraíodh sochair phinsin d'fhostaithe incháilithe de chuid an Ghrúpa. Rinneadh na scéimeanna sin a athstruchtúrú agus ina dhiaidh sin rinneadh sochair fhabhráithe a laghdú (Scéim AAÉ) agus a reo (an dá scéim) an 31 Nollaig 2014. Tá sonraí breise ar na scéimeanna seo leagtha amach thíos.

b) Scéim AAÉ

Is scéim ilfhostóirí í Scéim AAÉ ina bhfabhraíodh sochair roimhe seo d'fhostaithe incháilithe de chuid na Cuideachta agus de chuid fostóirí eile atá páirteach sa scéim. Rinne na fostóirí agus na fostaithe ranníocaíochtaí seasta i gcomhréir le gníomhas iontaobhais agus rialacha na scéime, agus tugtar cuntas ar an scéim mar scéim ranníocaíochta sainithe. Is iad Aer Lingus Teoranta, Údarás Aerfort na Sionainne (Cuideachta Gníomhaíochta Ainmnithe) agus SR Technics (a scoir de bheith ag trádáil) na fostóirí eile atá páirteach sa Scéim AAÉ. Rinneadh athstruchtúrú ar an Scéim AAÉ, agus ina dhiaidh sin rinneadh sochair i leith seirbhíse faoin scéim seo a laghdú agus a reo suas go dtí an 31 Nollaig 2014. Scoir na fostóirí d'aon dlíteanas breise a bheith acu i leith na scéime (ach amháin i ndáil leis na costais leanúnacha).

c) Scéim Aoisliúntais Fhorlíontach Aer Rianta (Scéim Fhorlíontach AR).

Is le haghaidh fostaithe cuideachta i gcatagóirí áirithe an scéim seo lena soláthraítear sochair phinsin scoir ar leith díobh anuas ar na sochair a íoctar faoin scéim AAÉ. Tugtar cuntas ar an scéim seo mar scéim phinsin le sochar sainithe. Amhail an 31 Nollaig 2014, rinneadh sochair fhabhráithe a reo, ach amháin i gcás athluacháil bhliantúil, agus ón dáta sin ar aghaidh rinneadh sochair phinsin i leith seirbhíse a sholáthar trí Scéim RS daa. Scoir an Grúpa d'aon dlíteanas breise a bheith air maidir le ranníocaíochtaí rialta leanúnacha ach tá oibleagáid air fós aon easnaimh achtúireacha agus costais leanúnacha a mhaoiniú.

Feidhmíonn Aer Rianta Idirnáisiúnta cpt ('ARI') scéim phinsin le ranníocaíochtaí sainithe dá fhostaithe incháilithe atá lonnaithe in Éirinn. Feidhmíonn Aer Rianta Idirnáisiúnta (Meiriceá Thuaidh) Teo., ar fochuideachta de chuid ARI í, scéim phinsin le ranníocaíochtaí sainithe (Scéim ARIMT).

Nochtaí sochar fostaithe

B'ionann an costas pinsin a bhain an Grúpa den bhrabús oibríúcháin don bhliain airgeadais agus €18.0 milliún (2024: €15.8 milliún), féach Nóta 3. Is ionann an costas pinsin a bhain an Chuideachta den bhrabús oibríúcháin don bhliain airgeadais agus €15.8 milliún (2024: €13.0 milliún).

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Scéimeanna ranníocaíochta sainithe	18,029	15,810	15,752	13,003
	18,029	15,810	15,752	13,003

Tugtar thíos iomlán na sócmhainní pinsin a bhaineann le socruithe, arna dtuairisciú sna cuntais mar scéimeanna le sochar sainithe:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Sócmhainn chomhlán pinsin (Nóta 15)	3,397	3,087	3,370	3,059

Déanann achtúirí neamhspleácha a bhfuil cáilíocht ghairmiúil acu luacháil achtúireach ar Scéim Fhorlíontach AR gach trí bliana. Níl na luachálacha achtúireacha ar fáil don phobal lena n-íniúchadh. Déanann na hachtúirí an luacháil is déanaí ar an scéim a nuashonrú chun na toimhdí airgeadais reatha ag dáta an chláir chomhardaithe a léiriú, agus déantar é sin i gcomhréir le FRS 102, ag gach dáta tuairiscithe.

Amhail an 31 Nollaig 2025, b'ionann glansócmhainn phinsin an Ghrúpa agus €3.0 milliún (2024: sócmhainn de €2.7 milliún) arbh ionann iad agus sócmhainní de €20.7 milliún (2024: €22.8 milliún) agus luach reatha dhliteanas fhabhráithe na scéime de €17.3 milliún (2024: €19.7 milliún) glan ar dhliteanas cánach iarchurtha gaolmhar de €0.4 milliún (2024: dliteanas cánach iarchurtha de €0.4 milliún).

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

24 Sochair scoir ar lean

Nochtadh sochar fostaithe ar lean

Amhail an 31 Nollaig 2025, b'ionann an ghlansócmhainn phinsin sa chuideachta agus €3.40 milliún (2024: sócmhainn de €2.7 milliún) arbh ionann iad agus sócmhainní €17.6 milliún (2024: €19.4 milliún) agus luach reatha dhliteanais fhabhráithe na scéime €14.2 milliún (2024: €16.3 milliún) glan ó dhliteanas cánach iarchurtha gaolmhar €0.4 milliún (2024: dliteanas cánach iarchurtha €0.4 milliún).

Creidmheas €0.03 milliún (2024: creidmheas measta €0.1 milliún) atá i gceist leis an gcostas measta a bhaineann leis na pleananna le sochar sainithe don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2026. Ba iad seo a leanas na príomhthoimhdí airgeadais, iad tugtha ar bhonn comhcheangailte, a d'úsáid achtúirí na socrúithe sin chun na dliteanais a luacháil ná:

Modh luachála	Grúpa agus Cuideachta	
	Amhail an 31 Nollaig, 2025 Aonad Réamh-Mheasta	Amhail an 31 Nollaig, 2024 Aonad Réamh-Mheasta
Modh luachála		
Ráta an mhéadaithe sna tuarastail	0.0% – 2.0%	0.0% – 2.0%
Ráta méadaithe ar an íocaíocht phinsin	0.0% – 2.0%	0.0% – 2.0%
Ráta lascaine	4.4% – 4.8%	3.6% – 4.6%
Toimhde maidir le boilsciú	2.0%	2.0%
Ionchas saoil (bliain)		
Ball foirne ar fear 61-65 bliain d'aois é	22.3 – 26.0	22.6 – 25.9
Ball foirne ar fear 40-45 bliain d'aois é	24.0 – 27.6	24.4 – 27.5
Ball foirne ar bean 61-65 bliain d'aois í	24.2 – 30.9	24.4 – 30.8
Ball foirne ar bean 40-45 bliain d'aois í	26.0 – 32.2	26.2 – 32.1

Tá an ráta lascaine 4.4% (Éire) agus 4.8% (thar lear) bunaithe ar Bhannaí Corparáideacha ag a bhfuil Rátáil AA, ar bannaí iad a mheastar a bheith iomchuí do thréimhse dhliteanais na scéimeanna.

Ba iad seo a leanas na leithdháiltí sócmhainní ag deireadh na bliana:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 Céatadán de shócmhainní de chuid an phlean	2024 Céatadán de shócmhainní de chuid an phlean	2025 Céatadán de shócmhainní de chuid an phlean	2024 Céatadán de shócmhainní de chuid an phlean
Gnáthscaireanna	11.0%	17.8%	13.4%	18.4%
Bannaí	79.9%	71.7%	78.8%	72.0%
Réadmhaoín	2.7%	2.5%	–	–
Airgead Tirim	5.5%	0.9%	6.7%	1.1%
Eile	0.9%	7.1%	1.1%	8.5%
	100.0%	100.0%	100.0%	100.0%

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Méideanna a aithnítear sa chlár comhardaithe				
Luach reatha na n-oibleagáidí sochair sainithe	(17,300)	(19,740)	(14,247)	(16,308)
Luach cóir sócmhainní plean	20,697	22,827	17,617	19,367
Sócmhainn chomhlán	3,397	3,087	3,370	3,059
Dlíteanas cánach iarchurtha gaolmhar	(428)	(392)	(421)	(383)
Glansócmhainn	2,969	2,695	2,949	2,676
Athrú i dtaca le hoibleagáidí shochair				
Dualgas sochair ag tús na bliana airgeadais	(19,740)	(20,629)	(16,308)	(17,075)
Costas úis	(710)	(755)	(569)	(599)
Gnóthachan maidir le hatomhas	2,263	484	2,228	484
Sochair íoctha	1,200	1,074	951	882
Gnóthachan aistrithe	236	86	–	–
Méadú mar gheall ar éifeacht aistrithe	(549)	–	(549)	–
Oibleagáidí sochair (maoinithe agus neamh-mhaoinithe) ag deireadh na bliana airgeadais	(17,300)	(19,740)	(14,247)	(16,308)

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

24 Sochair scoir ar lean

Nochtadh sochar fostaithe ar lean

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Athrú ar na sócmhainní plean				
Luach cóir na sócmhainní plean ag tús na bliana				
airgeadais	22,827	22,952	19,367	19,369
Ioncam úis	847	863	691	693
Atomhas – cailteanas achtúireach	(2,675)	(223)	(2,620)	(257)
Ranníocaíocht fostóra	530	524	444	444
Costais riaracháin	(96)	(78)	–	–
Sochair íoctha ón bplean	(1,200)	(1,074)	(952)	(882)
Coigeartú ar uasteorainn sócmhainní na scéime pinsin	(296)	(51)	–	–
Gnóthachan/(cailteanas) aistrithe	73	(86)	–	–
Méadú mar gheall ar éifeacht aistrithe	687	–	687	–
Luach cóir na sócmhainní plean ag deireadh na bliana airgeadais	20,697	22,827	17,617	19,367
<i>Méideanna a bhaineann le hioncam cuimsitheach eile</i>				
Atomhas ar ghlansócmhainn shainithe	(392)	227	(392)	227
Cáin iarchurtha ar shócmhainn	49	(28)	49	(28)
Iomlán	(343)	199	(343)	199
<i>Suímeanna tuairiscithe sna cuntais bhrabúis agus cailteanais</i>				
Costais riaracháin	96	78	–	–
Glan-ús (ioncam)/costas	(138)	(108)	(122)	(94)
Ioncam iomlán/costais iomlána a bhaineann le pinsin le sochar sainithe	(42)	(30)	(122)	(94)

B'ionann an toradh ar shócmhainní de chuid an phlean agus cailteanas €1.6 milliún don bhliain (2024: gnóthachan €0.7 milliún).

Sochair fostai eile

D'fhorbair an Chuideachta clár athstruchtúraithe sa bhliain 2020, tar éis dul i gcomhairle le baill foirne agus le hionadaithe na foirne. Amhail an 31 Nollaig 2025, b'ionann an soláthar agus €Nialas (2024: €0.4 milliún), féach Nóta 21.

Aistríodh sochair fhoirceanta agus luathscoir chuig méideanna creidiúnaithe atá dlite laistigh de bhliain amháin agus chuig méideanna creidiúnaithe a bheidh dlite tar éis níos mó ná aon bhliain amháin, amhail an 31 Nollaig 2025.

25 Ráiteas ar shreabhadh airgid

Réiteach brabúis oibriúcháin le hairgead tirim a gineadh le hoibriúcháin

	Nóta	2025 €000	2024 €000
Brabús oibriúcháin		240,794	257,967
Coigeartú i leith:			
Muirear dímhéasa	10	145,619	141,184
Gluaiseacht ar chóirluach sa réadmhaoin infheistíochta	12	1,028	(13,366)
Amúchadh/díscríobh na sócmhainní doláimhsithe agus cáilmhéasa	11	15,862	10,989
(Gnóthachan)/cailteanas ar dhíuscairt/scor sócmhainní inláimhsithe		(284)	18
Méadú ar shócmhainn pinsin		41	30
Méadú ar dhliteanas árachais	21	2,471	3,887
Amúchadh deontas caipitil	20	(1,984)	(2,160)
Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh cháin agus roimh ghluaiseacht i gcaipiteal oibre		403,547	398,549
Cáin íoctha		(44,444)	(44,041)
Sreabhadh airgid oibriúcháin roimh ghluaiseacht i gcaipiteal oibre		359,103	354,508
Méadú i stoic	14	(497)	(4,421)
Laghdú ar fhéichiúnaithe		3,804	3,595
Méadú i líon na gcreidiúnaithe		8,365	12,060
Íocaíochtaí maidir le hárachas agus soláthairtí eile	21	(2,109)	(2,483)
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin		368,666	363,259



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

26 Anailís ar ghlanfhiachas

	Amhail an 1 Eanáir, 2025 €000	Sreabhadh airgid €000	Gluaiseachtaí neamhairgid €000	Gluaiseacht ar an margadh airgeadraí €000	Amhail an 31 Nollaig 2025 €000
Airgead Tirim	111,578	24,154	–	(5,979)	129,753
Coibhéisí airgid thirim	788,360	(15,351)	–	–	773,009
	899,938	8,803	–	(5,979)	902,762
Fiachas atá dlite laistigh d’aon bhliain amháin	(41,939)	41,968	(54,304)	–	(54,275)
Fiachas atá dlite tar éis bliana	(1,543,420)	–	55,270	–	(1,488,150)
	(1,585,359)	41,968	966	–	(1,542,425)
lomlán	(685,421)	50,771	966	(5,979)	(639,663)

Maidir leis an mbliain airgeadais roimhe seo:

	Amhail an 1 Eanáir, 2024 €000	Sreabhadh airgid €000	Gluaiseachtaí neamhairgid €000	Gluaiseacht ar an margadh airgeadraí €000	Amhail an 31 Nollaig 2024 €000
Airgead Tirim	113,190	(4,114)	–	2,502	111,578
Coibhéisí airgid thirim	692,258	96,102	–	–	788,360
	805,448	91,988	–	2,502	899,938
Fiachas atá dlite laistigh d’aon bhliain amháin	(32,508)	32,552	(41,983)	–	(41,939)
Fiachas atá dlite tar éis bliana	(1,586,371)	–	42,951	–	(1,543,420)
	(1,618,879)	32,552	968	–	(1,585,359)
lomlán	(813,431)	124,540	968	2,502	(685,421)

27 Ionstraimí airgeadais

Tá nochtaí insinte a bhaineann le beartas agus bainistiú cistíochta an Ghrúpa leagtha amach in Athbhreithniú an Phríomhoifigigh Airgeadais. Tá na nochtaí riachtanacha maidir le sócmhainní agus dliteanas airgeadais ábhartha (mar a shainmhínítear) i gcomhréir le FRS 102 Alt 11 (Bunionstraimí Airgeadais) ar fáil thíos.

(i) Próifil riosca ráta úis na ndlíteanas agus na sócmhainní airgeadais

Seo a leanas próifil ráta úis na ndlíteanas airgeadais ábhartha de chuid an Ghrúpa chomh maith le próifil ráta úis na sócmhainní airgeadais úsmhara ábhartha de chuid an Ghrúpa, amhail an 31 Nollaig 2025:

	2025			2024		
	lomlán €000	Ráta comhlúthach €000	Ráta seasta €000	lomlán €000	Ráta comhlúthach €000	Ráta seasta €000
Dlíteanas airgeadais						
Euro	(1,542,425)	(6,739)	(1,535,686)	(1,585,359)	(7,969)	(1,577,390)
Sócmhainní airgeadais						
Euro	835,521	835,521	–	845,813	845,813	–
Steirling	703	703	–	344	344	–
Dollar SAM	35,463	35,463	–	28,343	28,343	–
Dollar Cheanada	12,444	12,444	–	10,455	10,455	–
Riyal na hAraibe Sádaí	18,529	18,529	–	14,855	14,855	–
Dollar na Nua-Shéalainne	–	–	–	92	92	–
Dollar na hAstráile	23	23	–	23	23	–
Franc na hEilvéise	68	68	–	–	–	–
Eile	11	11	–	13	13	–
	902,762	902,762	–	899,938	899,938	–

Baineann na dliteanas airgeadais thuas leis na hiasachtaí bainc agus leis na nótaí iasachta atá ag an nGrúpa.

Baineann na sócmhainní airgeadais thuas le hairgead tirim agus le coibhéisí airgid thirim atá ag an nGrúpa.

Bhí meánráta úis ualaithe 1.4% (2024: 1.5%) ar dhliteanas airgeadais ráta sheasta in airgeadraí Euro agus ba í an mheántréimhse ualaithe dá raibh an ráta socraithe ná 6.5 bliain (2024: 7.6 bliain). Ní raibh aon dliteanas airgeadais ann nár íocadh aon ús orthu. Bhí na sócmhainní airgeadais ar ráta comhlúthach comhdhéanta de thaiscí bainc téarma agus glaonna bainc de thrí mhí nó níos lú a ghin ús bunaithe ar rátaí an mhargaidh.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

27 Ionstraimí airgeadais ar lean

(i) Próifíl riosca ráta úis na ndlíteanas agus na sócmhainní airgeadais ar lean

D'fheidhmigh fochuideachta de chuid an Ghrúpa aerfort idirnáisiúnta thar ceann duine dá chliaint le linn na bliana airgeadais. Baineadh úsáid as cuntas bainc tiomnaithe, in ainm na fochuideachta, chun na críche sin amháin. Níor taifeadadh an cuntas bainc seo i dtaifid chuntasaíochta an Ghrúpa mar go bhfuil na cistí go léir a choinnítear sa chuntas seo chun tairbhe eacnamaíoch aerfort idirnáisiúnta an chliaint amháin agus ní fhaigheann fochuideachta daa aon tairbhe eacnamaíoch ón gcuntas seo. Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí iarmhéid €5.2 milliún (2024: €25.2 milliún) sa chuntas bainc seo.

(ii) Luachanna anonn na sócmhainní agus na ndlíteanas airgeadais

Tá luachanna (tugtha) anonn shócmhainní agus dhlíteanas airgeadais ábhartha an Ghrúpa leagtha amach thíos:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Sócmhainní airgeadais				
Tomhaiste ag cóirluach trí bhrabús nó trí chailteanas				
Sócmhainn airgeadais	5,594	6,833	–	1,265
Tomhaiste ag costas amúchta				
Stoc iasachta infhála	2,509	13,851	–	–
Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim	902,762	899,938	691,798	738,184
Féichiúnaithe trádála	45,627	41,728	38,335	32,314
Féichiúnaithe eile	23,409	27,702	6,048	8,446
Suimeanna atá dlite ó ghnóthais fhochuideachta	–	–	56,198	55,678
Suimeanna atá dlite ó ghnóthais chomhlachaithe	32,461	33,145	–	–
	1,012,362	1,023,197	792,379	835,887

Infheistíochtaí liostaithe agus réamhchonarthaí fuinnimh atá i gceist le sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag luach cóir trí bhrabús agus trí chailteanas.

Is trí úsáid a bhaint as praghsanna a luaitear ar stocmalartáin ábhartha a chinntear cóirluach na n-infheistíochtaí liostaithe arna dtomhas ag cóirluach trí bhrabús agus trí chailteanas.

Déanann an Grúpa réamhchonarthaí fuinnimh chun neamhchosaint ar phraghsanna fuinnimh a laghdú. Is trí úsáid a bhaint as praghsanna luaite a chinntear cóirluach na réamhchonarthaí fuinnimh arna dtomhas ag cóirluach trí bhrabús agus cailteanas.

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Dlíteanas airgeadais				
Tomhaiste ag cóirluach trí bhrabús nó trí chailteanas				
Dlíteanas airgeadais	1,149	–	1,149	–
Tomhaiste ag costas amúchta				
Iasachtaí agus rótharraingtí bainc	491,036	533,003	400,182	425,623
Nótaí iasachta	1,051,389	1,052,356	–	–
Suimeanna dlite go gnóthais fhochuideachta	–	–	1,193,933	1,208,023
Creidiúnaithe trádála	32,614	26,887	23,866	17,859
Creidiúnaithe eile	22,280	16,187	19,159	13,938
	1,598,468	1,628,433	1,638,289	1,665,443

Cinntear cóirluachanna na sócmhainní agus na ndlíteanas, coimeáda ag cóirluach tríd an gcuntas brabúis agus cailteanas, ag úsáid na bpraghsanna luaite margaidh a bhí i bhfeidhm ag dáta gach clár comhardaithe.

Ag dáta an chláir chomhardaithe, ní raibh luach cóir na sócmhainní airgeadais ábhartha ná luach cóir na gcreidiúnaithe eile a bheadh dlite tar éis níos mó ná bliain amháin difriúil, go hábhartha, lena luach anonn.

(iii) Ioncam, costas, gnóthachain agus cailteanas maidir le hionstraimí airgeadais

Tá achoimre thíos ar ioncam, costas, gnóthachain agus cailteanas an Ghrúpa maidir le hionstraimí airgeadais:

	Grúpa	
	2025 €000	2024 €000
Ioncam agus costas úis		
Costas iomlán úis do dhlíteanas airgeadais ag costas amúchta	(24,321)	(25,946)
Ioncam iomlán úis do sócmhainní airgeadais ag costas amúchta	21,075	28,187
Gnóthachain agus (cailteanas) cóirluacha		
Ar sócmhainní airgeadais tomhaiste ag cóirluach trí bhrabús agus trí chailteanas	142	(799)
Ar dhlíteanas airgeadais tomhaiste ag cóirluach trí bhrabús agus trí chailteanas	(1,149)	3,039

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

28 Gealltanais agus nithe gaolmhara

(i) Ceangaltais chaipitil

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Conraithe	372,378	80,938	365,547	80,938
Údaraithe ag na Stiúrthóirí ach gan a bheith conraithe	499,611	476,842	499,611	476,842
	871,989	557,780	865,158	557,780

(ii) Comhaontuithe lámháltais idirnáisiúnta

Tá gníomhaíochtaí áirithe miondiola idirnáisiúnta de chuid an Ghrúpa faoi réir socrúithe a bhfuil mar chuid díobh íostáilí ráthaithe lámháltais. Is iad seo a leanas na táillí íosta ráthaíochta lámháltais is iniúchta thar shaolré na gcomhaontuithe lámháltais atá i bhfeidhm amhail an 31 Nollaig 2025:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Iniúchta ar chomhaontuithe lámháltais le linn:				
Aon bhliain	34,707	36,303	–	–
Dhá bhliain go cúig bliana	151,171	145,252	–	–
Níos mó ná cúig bliana	99,691	30,761	–	–
	285,569	212,316	–	–

Amhail an 31 Nollaig 2025, bhí €2.7 milliún (2024: €3.3 milliún) de na gealltanais sin urraithe le bannaí feidhmíochta a d'eisigh na bainc.

(iii) Léas oibriúcháin léasaí

Is iad seo a leanas iomlán na n-íosmhéideanna a bheidh le híoc amach anseo as léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Foirgnimh				
Aon bhliain	684	1,188	206	206
Dhá bhliain go cúig bliana	2,414	3,892	652	642
Níos mó ná cúig bliana	508	788	164	342
	3,606	5,868	1,022	1,190
Talamh				
Aon bhliain	17	16	–	–
Dhá bhliain go cúig bliana	26	16	–	–
	43	32	–	–
Gléasra agus trealamh				
Aon bhliain	7	6	–	–
Dhá bhliain go cúig bliana	4	9	–	–
	11	15	–	–

Cláraíodh mar chaiteachas, amhail an 31 Nollaig 2025, íocaíochtaí léasa Grúpa €1.5 milliún san iomlán (2024: €1.3 milliún).

Cláraíodh mar chaiteachas, amhail an 31 Nollaig 2025, íocaíochtaí léasa Cuideachta €0.6 milliún san iomlán (2024: €0.5 milliún).

(iv) Ceangaltais, ráthaíochtaí agus teagmhais eile

Rinne an Grúpa gealltanais i ngnáthchúrsa a ghnó. Baineann na gealltanais sin le soláthar gáis agus leictreachais amach anseo ag Aerfoirt dá chuid in Éirinn. €6.2 milliún san iomlán (2024: €4.0 milliún) a bhí sna gealltanais cheannaigh, amhail an 31 Nollaig 2025.

I ngnáthchúrsa gnó, thug gnóthais fhochuideachta áirithe ráthaíochtaí comhuaineacha (a) d'institiúidí airgeadais maidir le ráthaíochtaí €31.7 milliún (2024: €25.6 milliún) a eisíodh thar ceann na n-eintiteas fochuideachta sin d'údarás chustaim, d'údarás chánachais agus d'údarás ghaolmhara eile, agus (b) i gcás eile, thug siad ráthaíocht do chomh-scairshealbhoir i ndáil lena sciar comhréireach de na ráthaíochtaí €9.1 milliún san iomlán (2024: €10.3 milliún) a eisíodh thar ceann na fochuideachta sin mar urrús i ndáil lena n-oibleagáidí tráchtála leanúnacha. Áiríodh aon suimeanna amuigh maidir leis na hoibleagáidí bunúsacha cheana féin i gclár comhardaithe an Ghrúpa amhail an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Nollaig, 2024. Thug gnóthais fochuideachta áirithe, i ngnáthchúrsa a ngnó, ráthaíochtaí, urrús nó slánuithe maidir le hoibleagáidí agus dliteanais áirithe a bhaineann le gnóthais áirithe chomhlachaithe agus chomhfhiontair go leibhéal páirteach nó caidhpeálte. Amhail an 31 Nollaig 2025 agus an 31 Nollaig 2024, níor tháinig aon dliteanais ná oibleagáidí eile chun cinn de bhun na n-oibleagáidí sin.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

29 Léas oibriúcháin léasóra

Seo a leanas líon iomlán na n-íocaíochtaí léasa infhála faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Foirgnimh				
Aon bhliain	22,518	19,958	23,081	20,511
Dhá bhliain go cúig bliana	52,001	47,011	54,067	49,220
Níos mó ná cúig bliana	54,132	61,459	54,132	61,828
	128,651	128,428	131,280	131,559
Talamh				
Aon bhliain	128	287	128	287
Dhá bhliain go cúig bliana	295	436	295	436
Níos mó ná cúig bliana	-	-	-	-
	423	723	423	723
Gléasra agus trealamh				
Aon bhliain	1,763	1,856	1,763	1,856
Dhá bhliain go cúig bliana	81	2,646	81	2,646
	1,844	4,502	1,844	4,502

Tá gníomhaíochtaí áirithe miondíola de chuid an Ghrúpa faoi réir socrúithe lena mbaineann iostáillí ráthaithe ar lamháltais. Tá roinnt de na comhaontuithe seo ag brath ar fhaoiseamh oiriúnaithe paisinéara (PAX), i gcás gurb ionann PAX agus náid in aon bhliain, dhéanfaí an táille lamháltais don tréimhse sin a tharscaoileadh. Leagtar amach thíos na híostáillí lamháltais ráthaithe atá le teacht isteach laistigh de shaolré na gcomhaontuithe lamháltais a bhí i bhfeidhm amháil an 31 Nollaig 2025:

	Grúpa		Cuideachta	
	2025 €000	2024 €000	2025 €000	2024 €000
Comhaontuithe lamháltais				
Aon bhliain	24,671	23,149	24,671	23,149
Dhá bhliain go cúig bliana	24,698	29,717	24,698	29,717
Níos mó ná cúig bliana	8,022	8,495	8,022	8,495
	57,391	61,361	57,391	61,361

30 Nochtadh ó pháirtithe gaolmhara

Tugtar achoimre thíos ar pháirtithe gaolmhara an Ghrúpa, mar a shainmhínítear in FRS 102, Alt 33 (Nochtadh ó Pháirtithe Gaolmhara), ar chineál an chaidrimh agus ar mhéid na n-idirbheart leo (gan gnóthais fochuideachta san áireamh).

	2025 €000	2024 €000
Gnóthais chomhlachaithe		
Muirir bhainistíochta ó ghnóthais chomhlachaithe	4,979	5,945
Dibhinní a fuarthas ó ghnóthais chomhlachaithe agus ó chomhfhiontair	18,056	19,252
Dlite ó ghnóthais chomhlachaithe ag deireadh na bliana	32,461	33,145

Maidir le hiarmhéideanna amuigh a bhaineann le páirtithe gaolmhara, cé is moite de na cásanna atá leagtha amach i Nóta 13, tá na hiarmhéideanna sin neamhurráithe, saor ó ús, agus bítear ag súil le socraíocht airgid i gcomhréir leis na téarmaí íocaíochta atá sonraithe. Ní raibh soláthar déanta le haghaidh méideanna ar bith nó níor díscríobhadh iad sa tréimhse maidir le fiacha a bhí dlite do pháirtithe gaolmhara nó uathu.

Déileálann an Grúpa agus an Chuideachta, i ngnáthchúrsa gnó, le comhlachtaí rialtais agus stáit agus le heintitis eile atá faoi úinéireacht, faoi rialú nó faoi thionchar suntasach an rialtais. Baineann an ghnóthaíocht sin le réimse leathan eintiteas lena n-áirítear an rialtas láir, údarás áitiúla, cuideachtaí leathstáit tráchtála agus neamhtráchtála agus institiúidí airgeadais.

Téarmaí agus coinníollacha maidir le hidirbhearta le páirtithe gaolmhara

Maidir le hiarmhéideanna amuigh a bhaineann le heintitis, tá na hiarmhéideanna sin neamhurráithe, saor ó ús agus bítear ag súil le socraíocht airgid laistigh de 30 lá ó dháta an tsonrais. Níor thug an Grúpa ná an Chuideachta aon ráthaíochtaí d'aon pháirtí gaolmhara i dtaca le hinfháltais nó le suimeanna iníoctha, agus níor bhain siad leas as na ráthaíochtaí sin ach an oiread. Ní raibh soláthar déanta le haghaidh méideanna ar bith nó níor díscríobhadh iad sa tréimhse maidir le fiacha a bhí dlite do pháirtithe gaolmhara nó uathu.

Cúiteamh don phríomhbhainistíocht

Áirítear an Bord Stiúrthóirí agus comhaltáí na foirne Feidhmiúcháin mar phríomhphearsana bainistíochta. Tá údarás acu ar phleanáil, stiúradh agus rialú ghníomhaíochtaí an Ghrúpa agus tá siad freagrach as an méid sin freisin. Tugadh luach saothair €4.7 milliún san iomlán do na daoine aonair sin sa bhliain 2025 (2024: €4.4 milliún).

31 Leas neamh-urlámhais

	2025 €000	2024 €000
Ag tús na bliana airgeadais	26,934	26,217
Sciar an bhrabúis don bhliain airgeadais	12,367	7,740
Difríochtaí sna rátaí malairte	(2,260)	1,204
Dibhinní a íocadh le leasanna neamh-urlámhais ¹	(6,962)	(8,227)
Ag deireadh na bliana airgeadais	30,079	26,934

¹ Is méideanna na n-íocaíochtaí dibhinne agus méideanna na ndibhinní dearbhaithe a rinne Aer Rianta Idirnáisiúnta (an Meánoirthear) dá leasanna neamh-urlámhais, iad na méideanna atá tugtha thuas.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

32 Dlíthíocht

I ngnáthchúrsa gnó, tá an Grúpa bainteach le himeachtaí dlíthiúla éagsúla le tríú páirtithe, dá bhfuil an toradh neamhchinnte. Déantar foráil sna ráitis airgeadais, nuair is cuí sin, bunaithe ar an meastachán a thug na Stiúrthóirí ar thoradh féideartha na n-imeachtaí sin. Tá sé mar bheartas ag an nGrúpa cosaint thréan a thabhairt in aghaidh gach caingean dlí a thabharfar in aghaidh an Ghrúpa.

33 Teagmhais i ndiaidh dheireadh na tréimhse tuairiscithe

Ar an 20 Márta 2026, cuireadh síneadh le saoráid creidmheasa imrothlaigh €450 milliún an Ghrúpa go dtí mí an Mhárta 2031, óna dáta éaga roimhe sin i mí an Mhárta 2027.

Mar thoradh ar an míshocracht gheopholaitiúil mhéadaithe ar fud Mhurascaill na Peirse agus réigiún níos leithne an Mheánoirthir, tá cur isteach ar shreafaí paisinéirí agus gníomhaíocht tráchtála aerfoirt. Tá oibríochtaí agus infheistíochtaí ábhartha ag an nGrúpa ar fud an Mheánoirthir. Cé go bhfuil stórtha agus oibríochtaí lamhátais an Ghrúpa sa réigiún fós oscailte, tugadh faoi deara ag an mbainistíocht líon laghdaithe paisinéirí ag roinnt suíomhanna.

Ag dáta údaraithe na ráiteas airgeadais seo, tá sé róluath aon tionchar airgeadais féideartha a d'fhéadfadh a bheith ag na forbairtí seo maidir le suim ghlanluacha shócmhainní an Ghrúpa sa réigiún a mheas. Leanann an bhainistíocht ar aghaidh le monatóireacht a dhéanamh ar fhorbairtí agus glacfaidh sí le bearta cuí chun tionchair fhéideartha oibríochta agus airgeadais a mhaolú a oiread agus is féidir.

Seachas na himeachtaí cláir chomhardaithe poist agus an moladh díbhinn i leith na bliana airgeadais 2025, níor tharla aon imeachtaí suntasacha eile a raibh tionchar acu ar an nGrúpa ó dheireadh na bliana a d'éileodh nochtadh nó leasú ar na ráitis airgeadais.

34 Dlíteanais theagmhasacha

Braitheadh ithir agus screamhuisce a bhí éillithe ag PFAS (substaintí sárfluorailcile agus polafluorailcile) ag ár n-aerfoirt in Éirinn agus i gceantair áirithe máguaird, mar thoradh ar chomhdhúile PFAS a úsáid i gcúir comhraicthe dóiteáin san am atá thart. Leanann an Grúpa monatóireacht a dhéanamh ar an éillí seo trí thástáil leanúnach agus monatóireacht ithreach, chomh maith le trí leasúchán gaolmhar maidir le tionscadail nua ar an láthair.

De réir mar a shainithnítear éillí PFAS ag aerfoirt Éireannacha an Ghrúpa, go minic le linn tionscadal caipitil, tá leasúchán cuí beartaithe faoi mhaoirseacht rialála agus aithnítear na costais leasúcháin riachtanacha go cuí sna ráitis airgeadais. D'fhéadfadh dlíteanais bhreise maidir le héillí ag aerfoirt na hÉireann de chuid an Ghrúpa criostalú a dhéanamh ar ghníomhaíochtaí leasúcháin amach anseo.

Ag eascairt ó thástáil an-áitiúil ag iarláithreán oiliúna amháin agus timpeall air, tá soláthar comhshaoil aitheanta ag an nGrúpa maidir le costais leasúcháin dóchúlacha chun dul i ngleic leis an truailliú stairiúil.

Ní féidir dlíteanais fhéideartha bhreise maidir le héillí ithreach agus screamhuisce lasmuigh den láthair a thomhas le hiontaofacht leordhóthanach faoi láthair chun an tairseach aitheantais sna ráitis airgeadais a chomhlíonadh, toisc nach bhfuil cinnte cé acu an spreagfaidh leibhéil PFAS a d'fhéadfaí a aimsiú oibleagáid leasúcháin agus/nó nádúr agus réim na riachtanas leasúcháin sin.

35 Beartais Chuntasaíochta

Bonn comhdhlúite

Tá ráitis airgeadais na cuideachta agus a gnóthais fochuideachta (fochuideachtaí) comhdhlúite i ráitis airgeadais an Ghrúpa suas go dtí an 31 Nollaig 2025.

Déantar torthaí na bhfochuideachtaí a chomhdhlúthú agus a chur san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais ó dháta a bhfála, is é sin an dáta a fhaigheann an Grúpa ceannas ar na fochuideachtaí agus coimeádtar na torthaí comhdhlúite go dtí an dáta ar a mbeidh deireadh leis an gceannas sin. Agus an Grúpa i gceannas, tá an chumhacht aige beartais airgeadais agus oibríocháin an infheisteora a rialú, d'fhonn leas a bhaint as a ngníomhaíochtaí.

Déantar coigeartuithe nuair is gá ar bheartais chuntasaíochta na bhfochuideachtaí agus ráitis airgeadais an Ghrúpa á n-ullmhú. Déantar na hidirbhearta, comharduithe, ioncain agus speansais uile laistigh den Ghrúpa a dhíothú ar an gcomhdhlúthú.

Gnóthas leantach

Rinne na Stiúrthóirí athbhreithniú ar réamh-mheastachán an Ghrúpa, agus aird faoi leith acu ar a sreabhadh airgid oibríocháin, ar a cheanglais chaipitil, ar a leachtacht agus ar a staid mhaoiniúcháin, agus tá ionchas réasúnta acu go fóill go bhfuil a dhóthain acmhainní ag an nGrúpa chun leanúint ar aghaidh i mbun gnó go ceann 12 mhí ón dáta ar faomhadh na ráiteas airgeadais. Ar an ábhar sin, leanann siad de bhunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh i leith ullmhú ráitis airgeadais an Ghrúpa.

Cé go bhfuil glandliteanais reatha ag an nCuideachta amhail an 31 Nollaig 2025, tá na Stiúrthóirí sásta gur cuí bunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh, bunaithe ar thacaíocht ón nGrúpa. Ar an ábhar sin, leanann siad de bhunús an ghnóthais leantaigh a ghlacadh i leith ullmhú ráiteas airgeadais na Cuideachta.

Gnóthais chomhfhiontair

Is Gnóthais chomhfhiontair ('comhfhiontair') iad na gnóthais sin ar a bhfuil an Grúpa i gceannas i gcomhpháirt le páirtí amháin nó níos mó. Tugann an Grúpa cuntas ar infheistíochtaí i gcomhfhiontair ag baint úsáid as an modh cothromais. Is ag praghas an idirbhairt (costais bheartaíochta san áireamh) a aithnítear infheistíochtaí i gcomhfhiontair ar dtús agus déantar coigeartú orthu ina dhiaidh sin chun léiriú a thabhairt ar sciar an Ghrúpa den bhrabús, den chailteanas agus d'ioncam cuimsitheach eile an chomhfhiontair. Má tá sciar an Ghrúpa de chailteanais chomhfhiontair cothrom le suim ghlanluacha a infheistíochta sa chomhfhiontar nó níos mó ná sin, scoirfidh an Grúpa dá sciar de chailteanais bhreise a aithint. Aithníonn an Grúpa cailteanais bhreise mar sholáthar má tá oibleagáid dlíthiúil nó inchiallaithe air é sin a dhéanamh. Má thuiriscíonn an chomhfhiontar brabúis ina dhiaidh sin, ní aithníonn an Grúpa a sciar de na brabúis sin go dtí go mbeidh a sciar de na brabúis cothrom le sciar na gcaillteanas nach n-aithnítear.

Tá torthaí na gcomhfhiontar a fuarthas nó a diúscraíodh le linn na bliana curtha san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus cailteanais ó dháta na fála nó suas go dtí dáta na diúscartha.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

35 Beartais chuntasaíochta ar lean

Gnóthais chomhlachaithe

Ciallaíonn gnóthais chomhlachaithe ('comhlaigh') na gnóthais sin ina bhfuil leas rannpháirteachais ag an nGrúpa sa chaipiteal cothromais agus ina bhfuil sé in ann tionchar suntasach a bheith aige orthu.

Tugann an Grúpa cuntas ar infheistíochtaí i gcomhlaigh ag baint úsáid as an modh cothromais. Is ag praghas an idirbhirte (costais bheartaíochta san áireamh) a aithnítear infheistíochtaí i gcomhlaigh ar dtús agus déantar coigeartú orthu ina dhiaidh sin chun léiriú a thabhairt ar sciar an Ghrúpa den bhrabús, den chaillteanas agus d'ioncam cuimsitheach eile an chomhlaigh. Má tá sciar an Ghrúpa de chaillteanas aon chomhlaigh cothrom le nó níos mó ná suim ghlanluacha a infheistíochta sa chomhlach sin, scoirfidh an Grúpa dá sciar de chaillteanas bhreise a aithint. Aithníonn an Grúpa caillteanas bhreise mar sholáthar má tá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe air é sin a dhéanamh. Má thuiriscíonn an comhlach brabúis ina dhiaidh sin, ní aithneoidh an Grúpa a sciar de na brabúis sin go dtí go mbeidh a sciar de na brabúis a cothrom le sciar na gcaillteanas nach n-aithnítear.

Is i gcomhréir leis an mbeartas atá leagtha amach thíos a thugtar cuntas ar an gcáilmheas a eascraíonn as comhlaigh a fháil. Cuirtear aon iarmhéid cáilmheasa gan amúchadh san áireamh i luach (tugtha) anonn na hinfeistíochta i gcomhlaigh.

Tá torthaí na gcomhlach a fuarthas nó a diúscaíodh le linn na bliana curtha san áireamh sa chuntas comhdhlúite brabúis agus caillteanas ó dháta na fála nó suas go dtí dáta na diúscairtha.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair

Taispeántar infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair mar infheistíochtaí ar chlár comhardaithe na Cuideachta, agus déantar iad a luacháil ar a gcostas féin lúide an liúntas de bharr lagú ar a luach.

Aicmítear infheistíochtaí liostaithe agus ionstraimí airgeadais mar shócmhainní airgeadais, agus déantar iad a thomhas ag luach cóir tríd an gcuntas brabúis agus caillteanas.

Ioncam airgeadais

Aithnítear díbhinní infhaighte ach an ceart chun íocaíocht a fháil a bheith dearbhaithe.

Láimhdeachas

Aithnítear láimhdeachas sa mhéid is gur dócha go rachaidh na sochair eacnamaíochta chuig an nGrúpa agus gur féidir an t-ioncam a thomhas go hiontaoifa. Is éard atá i gceist le láimhdeachas ná cóirluach earraí agus seirbhísí, glan ar lascainí, a sheachadtar chuig custaiméirí seachtracha agus chuig gnóthais chomhlachaithe áirithe de chuid an Ghrúpa, glan ar bhrabúis/chaillteanas neamhréadaithe sa tréimhse chuntasaíochta, gan cáin bhreisluacha san áireamh.

Is éard atá i gceist le díol earraí ná earraí a sholáthraítear do chustaiméirí seachtracha agus cuid de ghnóthais chomhlachaithe an Ghrúpa. Tugtar aitheantas do láimhdeachas ó dhíol earraí nuair a sheachadtar na hearraí don chustaiméir.

Is éard atá i gceist le hioncam aerloingseoireachta ná táillí paisinéara dá dtugtar aitheantas ar imeacht, táillí ar gluaiseacht ar rúidbhealaí (dá dtugtar aitheantas ar thuirlingt nó ar éirí de thalamh) a thobhítear de réir uasmhéachan éirí an aerárthaigh, táillí páirceála aerárthaigh bunaithe ar fhad na tréimhse páirceála agus an limistéar a úsáidtear, agus táillí eile dá dtugtar aitheantas

nuair a thugtar na seirbhísí. Is é Údarás Eitlíochta na hÉireann ('IAA') a rialaíonn an méid ioncaim atá ceadaithe don Ghrúpa a bhailiú trí tháillí aerfoirt a ghearrtar ar úsáideoirí Aerfort Bhaile Átha Cliath. Baineann IAA é sin amach trí uasleibhéal ceadaithe a shocrú i leith na dtáillí aerfoirt a bhailítear in aghaidh an phaisinéara in Aerfort Bhaile Átha Cliath.

Áirítear le tabhairt seirbhísí lígean réadmhaoine, dá dtugtar aitheantas ar bhonn líne díri le linn thréimhse an chíos chomh maith le táillí úsáide le haghaidh na gcóras oibriúcháin (m.sh. deasca seiceáil isteach), dá dtugtar aitheantas de réir mar a sholáthraítear gach seirbhís. Tugtar aitheantas d'ioncam ó charrchlóis, a dtagann an chuid is mó de ó réamh-áirithintí, de réir mar a sholáthraítear an tseirbhís.

Is ionann ioncam táille lamhála, go ginearálta, agus céatadán den láimhdeachas a fhéadfaidh a bheith faoi réir íosmhéideanna conraithe ar leith. Tugtar aitheantas do na híosmhéideanna conraithe ar bhonn líne díri le linn na tréimhse lena mbaineann siad agus tugtar aitheantas don fharasbarr, arb ionann é agus céatadán den láimhdeachas, nuair a bhaintear an farasbarr amach agus nuair is féidir é a thomhas go hiontaoifa.

Tugtar aitheantas do tháillí bainistíochta agus d'ioncam díreach eile ó ghnóthais chomhlachaithe mar láimhdeachas nuair is réasúnta mór an mhúinín go ndéanfar an bailiú.

Tugtar aitheantas d'ioncam ag an méid glan a choinnítear do na socruithe seo sa chás go bhfeidhmíonn an Grúpa mar ghníomhaire. Nuair a bhíonn suimeanna dlite ag deireadh na bliana, tugtar aitheantas do dhliteanas ar an gclár comhardaithe, agus tugtar aitheantas d'infhálas comhfhreagrach i leith méideanna atá dlite don Chuideachta.

Airgeadra eachtrach

(i) Airgeadra feidhmeach agus airgeadra láithritheach

Cuirtear ráitis airgeadais aonair gach cuideachta i láthair i dtéarmaí airgeadra na príomhthimpeallachta eacnamaíochta ina n-oibríonn sí (a hairgeadra feidhmeach).

Agus ráitis airgeadais chomhdhlúite á n-ullmhú, léirítear torthaí agus staid airgeadais gach cuideachta i dtéarmaí Euro toisc gurb é sin airgeadra feidhmeach na Máthairchuideachta agus an t-airgeadra láithritheach do na ráitis airgeadais chomhdhlúite. Déantar gach luach a shlánú go dtí an míle (€000) is gaire, ach amháin sa chás go léirítear a mhalaírt.

(ii) Idirbhearta agus iarmhéideanna

Aistrítear idirbhearta a dhéantar in airgeadraí eachtracha ina n-idirbhearta Euro ag na rátaí atá i bhfeidhm ag dáta an idirbhirt. Aistrítear sócmhainní agus dliteanas airgeadaíochta a ainmnítear in airgeadraí seachtracha i sócmhainní agus dliteanas go Euro ag na rátaí aistrithe deireadh bliana. Déileáiltear leis na brabúis nó caillteanas a thagann dá bharr i gcuntas brabúis agus caillteanas na bliana.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

35 Beartais chuntasaíochta ar lean

Gnóthais chomhlachaithe

(iii) Oibríochtaí eachtracha

Nuair is infheidhme aistrítear glaninfheistíochtaí an Ghrúpa i bhfochuideachtaí thar lear, chomh maith le gnóthais chomhlachaithe, ag an ráta atá i bhfeidhm ag dáta an chláir chomhardaithe. Cuirtear torthaí fochuideachtaí thar lear, comhlach agus comhfhiontar san áireamh, nuair is infheidhme, ag an meánráta malartaithe. Carntar na difríochtaí aistrithe a thagann dá bharr i dtéarmaí cothromais agus tuairiscítear iad in ioncam cuimsitheach eile.

(iv) Conarthaí eachtracha

Téitear isteach i réamhchonarthaí airgeadra eachtraigh chun cinn chun neamhchosaint an Ghrúpa a bhainistiú ar luaineachtaí i rátaí malairte airgeadra eachtraigh go hidirbhearta a réamh-mheastar go hiontaofa agus sócmhainní agus dliteanais aitheanta. Aithnítear réamhchonarthaí ar an dáta a dtéitear i mbun an chonartha agus déantar iad a thomhas ina dhiaidh sin ag luach cóir ag gach dáta tuairiscithe. Tugtar aitheantas d'athruithe ar luach cóir sa chuntas brabúis agus cailteanais.

Léasanna

Léasanna oibríúcháin

(i) Mar léasóir

Rangaítear léasanna nuair a choinníonn an Grúpa gach riosca agus leas a bhaineann le húinéireacht mar léasanna oibríúcháin. Cuirtear costais dhíreacha tosaigh a thabhaítear agus léas oibríúcháin á chaibidlíú le luach (tugtha) anonn na sócmhainne léasaithe agus tugtar aitheantas dóibh le linn thréimhse an léasa ar an mbunús céanna le hioncam.

(ii) Mar léasaí

Gearrtar caiteachas ar léasanna oibríúcháin ar an gcuntas brabúis agus cailteanais ar bhonn líne díri le linn thréimhse an léasa seachas sa chás ina bhfuil méaduithe ar chiosanna atá nasctha le boilsciú ginearálta, agus sa chás sin tugtar aitheantas do na méaduithe seo nuair a thabhaítear iad.

Costais lasachtaíochta

Déantar costais lasachtaíochta is inchurtha i leith mórtionscadail chaipitil a chaipitliú mar chuid de chostas na sócmhainní. Cuirtear tús le caipitliú nuair a bhíonn na costais agus caiteachais airgeadais araon a bhaineann leis an tsócmhainn á dtabhú agus nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid ar siúl. Cuirtear críoch le caipitliú nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó.

Sócmhainní seasta inláimhsithe agus dímheas

Maítear sócmhainní seasta inláimhsithe ar a gcostas (nó a gcostas measta), lúide dímeas carntha agus aon chailteanais lagaithe carntha eile. Riomhtar dímeas chun costas na sócmhainní seasta inláimhsithe a dhíscríobh, seachas talamh agus sócmhainní atá á dtógáil, de réir méid chothroim le linn a saolréanna fóinteacha measta mar a leanas:

Foirgneamh críochfoirt, bealach bordála agus foirgnimh satailíte	20-50 bliain
Daingneáin agus feistis chríochfoirt	4-30 bliain
Gléasra agus trealamh aerfoirt	5-30 bliain
Dromchlaí rúidbhealaigh	10-15 bliana
Bunsraitheanna rúidbhealaigh	50 bliain
Bealaí innealta agus napruín aerfoirt	25-40 bliain
Mótarfheithiclí	5-15 bliana
Trealamh oifige	3-10 mbliana
Trealamh ríomhaireachta	3-7 mbliana

Aistrítear sócmhainní atá á dtógáil chuig sócmhainní críochnaithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó. Ní chuirtear dímeas i bhfeidhm ar shócmhainní atá á dtógáil. Áirítear ar chostas talún agus foirgneamh agus oibre tógála atá ar siúl cionroinnt chostais na foirne a bhaineann go díreach le héadail agus forbairt na sócmhainní.

Aithnítear sócmhainní a bhfuil léasóir á dtógáil mar shócmhainní críochnaithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí uile is gá chun an tsócmhainn a dhéanamh réidh lena húsáid críochnaithe den chuid is mó. Chun aistriú theideal na sócmhainne a chúiteamh, faigheann an léasóir cíos maolaithe le linn thréimhse an chonartha. I dtosach báire, tugtar aitheantas don tsócmhainn ag an luach reatha atá ar shreafaí airgid amach anseo, is é seo an costas measta.

Nuair atá deireadh le cur le húsáid sócmhainne seasta inláimhsithe, méadaítear costas dímeasa na sócmhainne sin chun an tsaolré ionchais atá fágtha ag an tsócmhainn a léiriú bunaithe ar an tréimhse idir dáta an chinnidh chun deireadh a chur le húsáid na sócmhainne agus an dáta a thuarar mar an dáta ar a gcuirfead deireadh le húsáid na sócmhainne.

Déantar luachanna anonn na réadmhaoine, gléasra agus trealaimh a athbhreithniú i gcomhair lagaithe ar gach dáta tuairiscithe agus déantar tástáil i gcomhair lagaithe orthu más léir ó theagmhais nó athruithe ar chúinsí go bhféadfadh sé nach mbeadh na luachanna anonn sin inghnóthaithe.

Déanann an Grúpa meastachán ar an gcuid in-aisghabhála dá shócmhainní seasta inláimhsithe bunaithe ar an luach is airde idir a gcóirluach lúide na costais a bhaineann lena ndíol nó a luach úsáide, figiúr a thagann ó na luachanna ar shreafaí airgid amach anseo lena bhfuiltear ag súil a bheith ann mar gheall ar a n-úsáid. Chun críocho a athbhreithnithe seo, meastar aerfort Bhaile Átha Cliath agus aerfort Chorcaí mar aon aonad amháin a ghineann airgead agus tá an cinneadh sin bunaithe ar an sainordú reachtúil maidir le bonneagar náisiúnta criticiúil a oibriú, bunaithe ar idirspéachas shreafaí airgid na n-aerfort agus ar bhainistíocht oibríochtúil agus straitéiseach an Ghrúpa. Nuair a sháraíonn an luach (tugtha) anonn an tsuim in-aisghabhála mheasta (is é sin an tsuim is airde idir an cóirluach lúide na costais a bhaineann lena dhíol agus an luach úsáide), tugtar aitheantas do chailteanais lagaithe tríd na sócmhainní a dhíscríobh chuig a méid in-aisghabhála.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

35 Beartais chuntasaíochta ar lean Réadmhaoin infheistíochta

Is ionann réadmhaoin infheistíochta agus réadmhaoin a shealbhaítear chun airgead cíosa, luachmhéadú caipitil nó an dá cheann a thuilleamh. Ceaptar gurb ionann sócmhainní a shealbhaítear le haghaidh úsáid neamhchinntithe don todhchaí agus sócmhainní atá á sealbhú le haghaidh luachmhéadú caipitil. Rangaítear réadmhaoin úinéir-áitithe mar mhaoin, gléasra agus trealamh agus coinnítear í ar costas. Tugtar aitheantas do réadmhaoin infheistíochta ag a costas i dtosach báire, arb ionann sin agus an praghas ceannaithe agus aon chaiteachas atá díreach inchurtha ina leith. Luaítear réadmhaoin infheistíochta ag an gcóirluach ar an dáta tuairiscithe. Cuirtear gnóthachain nó cailiteanas a thagann ó athruithe ar chóirluach na réadmhaoin infheistíochta san áireamh sa chuntas brabúis agus cailiteanas le linn na tréimhse ina dtagann siad chun cinn. Ní dhéantar réadmhaoin infheistíochta a dhímheas. Rinneadh luachálacha agus cuireadh san áireamh fianaise mhargaidh incomparáide a bhaineann le gach réadmhaoin ar leith nó le gach cineál réadmhaoin. Agus cóirluach á mheas, rinneadh ioncam reatha agus ioncam féideartha amach anseo (tar éis eisiocáíochtaí do-aisghabhála a asbhaint) a chaipitliú trí úsáid a bhaint as torthaí a thagann ó fhianaise mhargaidh.

Aistrítear ionaid réadmhaoin infheistíochta atá á dtógáil chuig ionaid réadmhaoin infheistíochta críochnaithe nuair a bhíonn na gníomhaíochtaí uile atá riachtanach chun an tsócmhainn a ullmhú le húsáid curtha i gcrích den chuid is mó. Le linn na céime tógála, luaitear réadmhaoin atá á tógáil ag a costas lúide aon chailiteanas lagaithe carntha. Agus í curtha i gcrích, luaitear réadmhaoin infheistíochta ag an gcóirluach.

Sócmhainní doláimhsithe agus an cáilmheas

Déantar cáilmheas a thagann ó fháil ghnó (rud a léiríonn farasbarr cóirluach na comaoine a thugtar i leith cóirluach na nglansócmhainní leithleacha a fuarthas) a chaipitliú agus a amúchadh ar bhonn líne dhírigh le linn a saolré fhóinteach mheasta, an tréimhse a bhfuiltear ag súil go bhfabhrófar buntáistí lena linn.

Nuair a fhaightear ceannas ar ghnóthas fochuideachta ina chéimeanna, de réir FRS 102, trí úsáid a bhaint as an sárú fíor cothrom, ríomhtar cáilmheas mar iomlán an cháilmheasa a thagann ó gach ceannach scaireanna, arb é sin an difríocht ag dáta gach ceannaigh idir luach cóir na comaoine a thugtar agus luach cóir na sócmhainní agus dliteanas inaitheanta is inchurtha i leith an leasa a ceannaíodh. Níl an modh seo ar aon dul le dlí na gcuideachtaí in Éirinn, ina ríomhtar cáilmheas mar an difríocht idir costais iomlána fála na leasanna a shealbhaítear agus luach cóir na sócmhainní agus dliteanas inaitheanta ar an dáta a dhéantar gnóthas fochuideachta den eintiteas. Bheadh an cur chuige sin faoi dhlí na gcuideachtaí míthreorach faoi chúinsí áirithe toisc go mbeadh d'éifeacht leis go n-athrangófaí sciar an Ghrúpa de bhrabúis agus de chailiteanas agus gluaiseachtaí chúlchistí a chomhlach mar cháilmheas. Chloigh an Grúpa leis an reachtaíocht infheidhme, seachas i gcás an athraithe sin i leith cáilmheas ceannaithe chun léiriú cothrom a fháil.

Nuair atá méadú ar leas i ghnóthas atá ina ghnóthas fochuideachta cheana féin, ní dhéantar na sócmhainní agus dliteanas a athluacháil chuig luach cóir agus ní thugtar aitheantas do bhreis cháilmheasa ar an dáta a mhéadaítear an leas urlámhais.

Bíonn cáilmheas á amúchadh le linn thréimhse na gcomhaontaithe lamháltais a rinneadh san eintiteas faighte.

Nuair a bhíonn teagmhais nó cúinsí ann a léiríonn go bhfuil seans ann nach mbeadh suim ghlanluacha an cháilmheasa in-aisghabhála, déanann an Grúpa meastachán ar an tsuim in-aisghabhála sin bunaithe ar luach reatha na sreafaí airgid amach anseo a mheastar a bheidh ag teacht isteach mar thoradh ar úsáid na sócmhainne agus mar thoradh ar a diúscairt ar deireadh thiar. Má tá an tsuim seo níos lú ná suim ghlanluacha na sócmhainne, tugann an Grúpa aitheantas do chailiteanas lagaithe.

An bhliain a bhíonn tionchar ar chomhcheangal gnó agus má bhíonn an comhcheangal sin ina chúis le roinnt den cháilmheas nó leis an méid iomlán den cháilmheas atá leithdháilte ar aonad ar leith a ghineann airgead, déantar an t-aonad a ghineann airgead a mheas le haghaidh lagaithe roimh dheireadh na tréimhse bliana atá i gceist.

Léirítear sócmhainní doláimhsithe eile, (bogearraí agus cearta lamháltais), ar chostas fála na sócmhainní sin, arb é sin an cóirluach ar an dáta a fuarthas iad lúide na suimeanna a amúchtar don chuntas brabúis agus cailiteanas.

Amúchtar na sócmhainní doláimhsithe sin le linn a saolréanna eacnamaíochta, arb iad sin téarmaí na lamháltas éagsúil, a mhaireann idir trí bliana agus 14 bliana faoi láthair nó arb iad sin fad na gceadúnas bogearraí, a mhaireann idir trí bliana agus seacht mbliana.

Tá an Grúpa ceangailte de réir dlí chomh maith chun a bheith páirteach i Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Ní dhéantar taifead de chreidmheasanna carbóin a deonaíodh saor in aisce sna ráitis airgeadais, ach déantar taifead de chreidmheasanna carbóin ceannaithe i dtosach báire mar shócmhainní doláimhsithe ar a gcostas lúide lagú, más ann dó, agus an luach iarmharach á chur san áireamh. Ní amúchtar na cuótaí a dtugtar aitheantas dóibh má tá an luach iarmharach cothrom leis an luach (tugtha) anonn ar a laghad.

Stoic

Luaitear stoic ag an gcostas is ísle idir an costas agus an praghas díola measta lúide na costais a bhaineann lena chur i gcrích agus lena dhíol. Is ar an bpraghas a gearradh sa sonrasc a bhunaítear an costas, agus déantar é seo ar bhonn meánach nó ar bhonn 'is túisce isteach is túisce amach', ag brath ar chatagóir an stoic. Déantar lamháltas ar bhonn bliantúil i leith diffeidhmeacht fhéideartha stoic. Tá sé bunaithe ar anailís stoic de réir aoise.

Ní bhaineann stoc cothabhála ach le stoc a chlárófar mar chaiteachas ar a idiú. Tá sé déanta de pháirteanna breise a úsáidtear chun críocha cothabhála agus soláthairtí oifige.

Cánachas

Soláthraítear cáin reatha, lena n-áirítear cáin chorparáide na hÉireann agus cáin eachtrach, ag suimeanna atáthar ag súil le bheith íoctha (nó aisghafa) trí úsáid a bhaint as na rátaí agus dlíthe cánach arna n-achtú don bhliain airgeadais.

Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha i leith gach difríochta ama a tharla, ach nár aisiompaíodh, faoi dháta an chláir chomhardaithe sa chás gur tharla idirbhearta nó teagmhais faoi dháta an chláir chomhardaithe agus go bhfuil siadsan ina gcúis le hoibleagáid chun níos mó cáin a íoc nó le ceart chun níos lú cáin a íoc amach anseo. Is ionann difríochtaí ama agus difríochtaí idir brabúis inchánacha an Ghrúpa agus a thorthaí mar a luaitear sna ráitis airgeadais a thagann ó áireamh gnóthachan agus cailiteanas i measúnaithe cánach le linn tréimhsí atá difriúil leo siúd ina dtugtar aitheantas dóibh sna ráitis airgeadais.



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

35 Beartais chuntasaíochta ar lean

Cánachas ar lean

Tugtar aitheantas do chailteanais chánach neamhúsáidte agus sócmhainní cánach iarchurtha bunaithe ar an bhfianaise ar fad atá ar fáil ach amháin sa mhéid gur féidir glacadh leis go bhfuil sé níos dealraithe ná a mhalairt go mbeidh brabúis inchánacha oiriúnacha ann ónar féidir aisiompú na mbundifríochtaí ama a asbhaint.

Nuair atá an tsuim is féidir a asbhaint le haghaidh cánach i leith sócmhainne (seachas cáilmheas) a dtugtar aitheantas di i gcomhcheangal gnó níos lú (níos mó) ná an luach ag a dtugtar aitheantas di, tugtar aitheantas do dhliteanas (sócmhainn) cánach iarchurtha le haghaidh na cánach breise a íocfar (a sheachnófar) maidir leis an difríocht sin.

Ar an mbealach céanna, tugtar aitheantas do shócmhainn (dliteanas) cánach iarchurtha don cháin bhreise a sheachnófar (a íocfar) mar gheall ar dhifríocht idir an luach ag a dtugtar aitheantas do dhliteanas agus an tsuim a mheasúnófar i leith cánach. Déantar an tsuim is inchurtha i leith cáilmheasa a choigeartú de réir líon na cánach iarchurtha dá dtugtar aitheantas.

Tugtar aitheantas do dhliteanais chánach iarchurtha i gcás difríochtaí ama a thagann as infheistíochtaí i bhfochuideachtaí agus i gcomhlaigh, ach amháin sa chás go bhfuil an Grúpa in ann aisiompú na difríochtaí ama a rialú agus go bhfuil gach seans ann nach n-aisiompófar í go ceann tamall fada.

Déantar cáin iarchurtha a thomhas trí úsáid a bhaint as na rátaí agus dlíthe cánach arna n-achtú nó arna n-achtú go substainteach faoi dháta an chláir chomhardaithe a bhfuiltear ag súil lena bheith i bhfeidhm maidir le haisiompú na difríochtaí ama. Déantar cáin iarchurtha a bhaineann le réadmhaoin, gléasra agus trealamh a thomhas trí úsáid a bhaint as múnla na hathluachála agus déantar réadmhaoin infheistíochta a thomhas trí úsáid a bhaint as na rátaí agus liúntais chánach is infheidhme maidir le díol na sócmhainne atá i gceist.

Cuirtear an caiteachas nó ioncam cánach i láthair sa chuid chéanna d'ioncam nó cothromas cuimsitheach leis an idirbheart lena mbaineann sé.

Is mar ranníocaíocht chaipitil a dhéileáiltear le híocaíochtaí Grúpfhaoisimh cánach corparáide le cuideachtaí atá mar chuid de Ghrúpa daa sa chás go sáraíonn na híocaíochtaí sin an luach cánach a géilleadh.

Ní dhéantar sócmhainní agus dliteanais chánach reatha a fhritháireamh ach amháin sa chás go bhfuil ceart infheidhmithe le dlí ann na suimeanna sin a fhritháireamh agus go bhfuil sé i gceist ag an nGrúpa glanluach a shocrú nó an tsócmhainn a réadú agus an dliteanas a shocrú ag an am céanna.

Tá an Grúpa faoi réir na Rialacha Domhanda maidir le Samhail an Fhrith-Chreimthe Boinn, dá ngairtear na rialacha maidir le Samhail Cholún a Dó freisin, a achtaíodh nó a achtaíodh go substaintiúil i gcuid mhór de na dlínsí ina bhfeidhmíonn an Grúpa, le héifeacht ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh. Tá an eisceacht faoi Alt 29.2B de FRS 102 curtha i bhfeidhm ag an nGrúpa a bhaineann le haitheantas agus nochtadh an t-eolas faoi chánacha iarchurtha a eascraíonn mar thoradh ar rialacha cánach Cholún a Dó a chur i bhfeidhm.

Soláthairtí

Tugtar aitheantas do sholáthairtí sa chás go bhfuil oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an nGrúpa mar gheall ar theagmhas a tharla roimhe sin, sa chás go bhfuil gach seans ann go dteastóidh eis-sreabhadh acmhainní a chorporaíonn tairbhí eacnamaíochta chun an oibleagáid sin a shocrú agus sa chás gur féidir meastachán iontaofa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide sin. Déantar soláthairtí a thomhas ag an meastachán is fearr ar an gcaiteachas atá de dhíth chun an oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú chuig an luach reatha sa chás go bhfuil an éifeacht ábhartha.

Tugtar aitheantas d'oibleagáidí reatha a thagann faoi chonarthaí dochraideacha, agus déantar iad a thomhas, mar sholáthairtí. Meastar gur conradh dochraideach atá ann sa chás go bhfuil conradh ag an nGrúpa lena mbaineann costais dhosheachanta i leith chomhlíonadh na n-oibleagáidí faoin gconradh sin agus go bhfuil na costais sin níos airde ná na tairbhí eacnamaíochta a bhfuiltear ag súil le baint amach mar gheall ar an gconradh sin.

Tá an Grúpa ceangailte de réir dlí chomh maith chun a bheith páirteach i Scéim an AE i ndáil le Trádáil Astaíochtaí. Tugann an Grúpa aitheantas do sholáthar le haghaidh costais creidmheasa carbóin nuair a sháraíonn na hastaíochtaí carbóin iarbhir na creidmheasanna carbóin a bronnadh nó atá fós á sealbhú. Má sháraíonn na hastaíochtaí carbóin iarbhir líon na gcreidmheasanna carbóin a bronnadh, tugtar aitheantas do sholáthar le haghaidh na gcreidmheasanna carbóin breise agus é bunaithe ar shuim ghlanluacha na gcuótaí a ceannaíodh.

Oibleagáidí sochair scoir

Oibríonn an Grúpa nó glacann sé páirt i scéimeanna pinsin ranníocacha, scéimeanna a chlúdaíonn tromlach a fhostaithe. Is iad iontaobhaithe a riarann na scéimeanna sin, agus tá siad neamhspleách ar an nGrúpa.

Maidir le scéimeanna a mhínítear mar scéimeanna ranníocaíochta sainithe, fabhraítear ranníocaíochtaí agus tugtar aitheantas dóibh sa bhrabús oibriúcháin le linn na tréimhse ina dtuilltear na fostaithe ábhartha iad.

Maidir leis na scéimeanna a mhínítear mar scéimeanna le sochar sainithe:

- Nochtar an difríocht idir luach margaidh sócmhainní na scéimeanna agus luach reatha dhliteanais na scéimeanna arna mheasúnú ag achtúire, a ríomhtar tríd an modh creidmheasa aonaid tuartha a úsáid, mar shócmhainn/dhliteanas ar an gclár comhardaithe.
- Tugtar aitheantas do cháin iarchurtha ar an bpinsean (sa mhéid is gur féidir í a aisghabháil) agus nochtar í freisin mar chuid de na soláthairtí in aghaidh dliteanas.
- Is í an tsuim a ghearrtar ar an mbrabús oibriúcháin an costas, arna socrú ag achtúire, de shochair phinsin a gealladh d'fhostaithe agus a tuilleadh le linn na bliana móide aon fheabhsú sochair a bronnadh ar bhail le linn na bliana.
- Cuirtear an costas úis ghlainn ón nglandliteanas sochair sainithe san áireamh taobh istigh de chostais airgeadais sa chuntas brabúis agus cailteanais.
- Tugtar aitheantas d'atomhais a dhéantar de ghnóthachain agus cailteanais achtúireacha, a dhéantar mar gheall ar athruithe ar na toimhdí achtúireacha nó toisc go raibh cúrsaí iarbhir le linn na bliana éagsúil lena tuaradh, agus don bhrabús ar shócmhainní scéime (seachas suimeanna a cuireadh san áireamh leis an ús glan ar an nglandliteanas sochair sainithe) i measc an ioncaim chuimsithigh eile.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

35 Beartais chuntasaíochta ar lean Oibleagáidí sochair scoir ar lean

- Déantar taifead de cháin i leith costais seirbhíse, costais úis ghlain, costais seirbhíse roimhe seo nó gnóthachain agus cailiteanais ar chiorrúcháin agus socruithe sa chuntas brabúis agus cailiteanais. Is faoi ioncam cuimsitheach eile a dhéantar taifead de cháin ar atomhais.

Tugtar cuntas i ndlíteanais sochair scoir neamhchistithe mar shocruithe le sochar sainithe. Tugtar aitheantas do shochair iarfhostaíochta eile nuair atá oibleagáid dhlíthiúil nó inchiallaithe ann agus tomhaistear iad ag luach reatha na hoibleagáide i leith sochair ag an dáta tuairiscithe.

Tugtar aitheantas do shochair i dtaca le foirceannadh nuair atá oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ar an nGrúpa chun sochair i dtaca le foirceannadh a chur ar fáil mar gheall ar thairiscint a rinneadh chun iomarcaíocht dheonach nó luathscor a spreagadh. Déantar sochair i dtaca le foirceannadh a thomhas ag an meastachán is fearr i leith an chaiteachais atá de dhíth chun an oibleagáid a shocrú ag dáta an chláir chomhardaithe agus déantar iad a lascainiú i leith an luacha reatha nuair a bheidh na sochair dlite níos mó ná 12 mhí tar éis dháta an chláir chomhardaithe.

Déanann an Grúpa taifead de ghlansócmhainní a bhaineann le scéimeanna le sochar sainithe sa mhéid is gur féidir iad a aisghabháil trí ranniocaíochtaí laghdaithe sa todhchaí nó trí aisiocaíochtaí ón bplean. Déantar glansócmhainní sna scéimeanna a theorannú i leith aitheanta sa mhéid is nach gcomhlíontar ceann ar bith de na coinníollacha sin.

Deontais chaipitil

Caitear le deontais chaipitil mar ioncam iarchurtha agus déantar iad a amúchadh thar shaolréanna ionchasacha na sócmhainní seasta gaolmhara.

Ionstraimí airgeadais

Aithnítear sócmhainní airgeadais agus dlíteanais airgeadais nuair a bhíonn an Grúpa ina pháirtí i bhforálacha conarthacha na hionstraime. Rangaítear dlíteanais airgeadais agus ionstraimí cothromais de réir thábhacht na socruithe conarthacha a rinneadh. Is éard is ionstraim chothromais ann ná conradh ar bith ina léirítear ús iarmharach i sócmhainní an Ghrúpa i ndiaidh a dhlíteanais ar fad a asbhaint.

(i) Sócmhainní agus dlíteanais airgeadais

Déantar na sócmhainní agus dlíteanais airgeadais uile a thomhas i dtosach báire ag praghas an idirbhirt (lena n-áirítear costais an idirbhirt), seachas na sócmhainní airgeadais a rangaítear mar shócmhainní a bhfuil luach cóir orthu tríd an gcuntas brabúis agus cailiteanais, a thomhaistear i dtosach báire ag an luach cóir (arb é sin praghas an idirbhirt gan costais an idirbhirt san áireamh de ghnáth).

Déantar ionstraimí fiachais a chomhlíonann na bunchoinníollacha d'ionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí bainc agus nótaí iasachta an Ghrúpa, a bhfuil iocaíochtaí seasta nó inchinntithe ag baint leo, a thomhas ina dhiaidh ag an gcostas amúchta trí úsáid a bhaint as an modh úis glan. I gcás ionstraimí fiachais a áirítear mar ionstraimí inioctha nó infhaighte taobh istigh de bhliain amháin agus a chomhlíonann na bunchoinníollacha d'ionstraimí airgeadais, amhail iasachtaí idirchuideachta ar chláir comhardaithe na Cuideachta agus atá in-aisíoctha ar éileamh, déantar na hionstraimí fiachais

sin a thomhas ag an tsuim neamhslascaithe den airgead nó comaoin eile a bhfuiltear ag súil lena bheith íoctha nó faighte, agus sa chás go bhfaightear iad, ag an tsuim glan ó lagú.

Ag deireadh gach tréimhse tuairiscithe, i gcás sócmhainní airgeadais arna dtomhas ag an gcostas amúchta, amhail infheistíocht neamhliostaithe i stoc iasachta, infháltais iasachta atá in-aisíoctha ar éileamh agus infháltais iasachta lena mbaineann dátaí aisiocaíochta seasta, déantar iad sin a mheasúnú le haghaidh fianaise oibiachtúil ar lagú. Má lagaítear sócmhainn is é an cailiteanas lagaithe an difríocht idir suim ghlanluacha agus luach láithreach na sreafaí airgid measta arna lascainiú ag ráta úis iarbhir bunaidh na sócmhainne. Tugtar aitheantas don chailiteanas lagaithe sa chuntas brabúis agus cailiteanais.

Má thagann laghdú ar an gcaillteanas lagaithe mar gheall ar theagmhas a tharlaíonn tar éis aitheantas a thabhairt don lagú, déantar an lagú a aisiompú. Maidir leis an aisiompú, ní sháróidh an tsuim ghlanluacha reatha an tsuim a bheadh i gceist leis an tsuim ghlanluacha sa chás nár tugadh aitheantas don lagú roimhe. Tugtar aitheantas don aisiompú lagaithe sa chuntas brabúis agus cailiteanais.

Ní fhritháirítear sócmhainní agus dlíteanais airgeadais sa chláir comhardaithe ach amháin nuair atá ceart in-fheidhmíthe ann de réir chun na suimeanna aitheanta a fhritháireamh agus tá sé i gceist ag an nGrúpa socrú ar bhonn glan, nó chun an tsócmhainn a réadú agus an dlíteanas a shocrú ag an am céanna.

Dí-aithnítear sócmhainní airgeadais sna cásanna seo agus sna cásanna seo amháin: (a) sa chás go bhfuil na cearta conarthacha chun na sreafaí airgid ón tsócmhainn airgeadais as feidhm nó socraithe, (b) sa chás go n-aistríonn an Grúpa nach mór gach riosca agus tairbhe a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne airgeadais chuig páirtí eile, nó (c) sa chás go ndearna an Grúpa rialú na sócmhainne a aistriú chuig páirtí eile in ainneoin gur choinnigh siad féin roinnt, ach ní an méid iomlán, de na rioscaí agus tairbhí suntasacha a bhaineann le húnéireacht na sócmhainne sin.

Ní dhéantar dlíteanais airgeadais a dhí-aithint ach amháin sa chás go bhfuil an oibleagáid atá sainithe sa chonradh urscaoilte, curtha ar ceal nó éagtha.

(ii) Ionstraimí airgeadais díorthacha

Úsáideann an Grúpa ionstraimí díorthacha airgeadais chun an neamhchosaint ar riosca malairte eachtraí agus ar riosca praghais fuinnimh a laghdú. Ní shealbhaíonn nó ní eisíonn an Grúpa ionstraimí airgeadais díorthacha chun críocha amhantracha. Is samplaí d'úsáid iad réamhchonarthaí a cheannaítear le haghaidh fuinnimh.

Nuair a bhíonn réamhchonarthaí fuinnimh ainmnithe in airgeadraí eachtracha, déantar conarthaí airgeadra eachtraigh leis an soláthraí chun an neamhchosaint ar airgeadra a shocrú.

Tugtar aitheantas do dhíorthaigh i dtosach báire ag an gcóirluach ag an dáta a rinneadh an conradh díorthach agus déantar iad a atomhas ina dhiaidh sin chuig a gcóirluach ag gach dáta tuairiscithe. An gnóthachan nó cailiteanas atá ann dá bharr sin, tugtar aitheantas dó láithreach bonn sa chuntas brabúis agus cailiteanais.



Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

35 Beartais chuntasaíochta ar lean

(iii) Tomhas luacha chóir

Is é an fhianaise is fearr ar chóirluach atá ann ná praghas luaite le haghaidh sócmhainn chomhionann i margadh gníomhach. Nuair nach mbíonn praghsanna luaite ar fáil, cuireann praghas idirbhirt le déanaí le haghaidh sócmhainn chomhionann fianaise ar fáil ar chóirluach chomh fada is nach bhfuil athrú suntasach tagtha ar chúinsí eacnamaíochta nó nach bhfuil mórán ama caite ó rinneadh an t-idirbheart. Sa chás nach bhfuil an margadh gníomhach agus nach bhfuil idirbhearta le déanaí um shócmhainn chomhionann leo féin ina meastachán maith de chóirluach, déanann an Grúpa an cóirluach a mheas trí úsáid a bhaint as teicníc luachála.

(iv) Ús ioncaim agus caiteachais a aithint

Aithnítear ús ioncaim agus caiteachais sa chuntas brabúis agus cailteanais le haghaidh na n-ionstraimí airgeadais úsmhara uile ag baint úsáid as an modh úis éifeachtaigh. Is éard is an modh úis éifeachtaigh ann ná modh chun costas amúchta sócmhainne airgeadais nó dliteanais airgeadais (nó grúpa sócmhainní airgeadais nó dliteanas airgeadais) a ríomh agus chun an t-ioncam úis agus an caiteachas úis a leithdháileadh thar an tréimhse ábhartha. Is é an glanráta úis an ráta lena ndéantar íocaíochtaí nó fáiltais airgid thirim mheasta amach anseo a lascaíniú go beacht ar feadh shaolré mheasta na hionstraimí airgeadais, nó nuair is cuí, tréimhse níos gairide do shuim ghlanluacha na sócmhainne nó an dliteanais airgeadais.

Airgead tirim agus coibhéisí airgid thirim

Is éard is coibhéisí airgid thirim ann ná infheistíochtaí fíorleachtacha gearrthéarmacha is féidir a thiontú go héasca go méideanna aitheanta airgid thirim atá ag aibiú i níos lú ná trí mhí ón dáta láithriúcháin agus a mbaineann riosca neamhshuntasach athruithe ar luach leo. Taobh istigh de ráiteas ar shreabhadh airgid thirim an Ghrúpa, sainmhínítear airgead mar airgead agus taiscí inaisíochta ar éileamh.

Míreanna eisceachtúla

Is ionann míreanna eisceachtúla agus míreanna ábhartha ioncaim agus caiteachais agus is gá gach ceann acu a thuairiscíú as féin mar gheall ar a gcineál neamhghnách agus annamhacht na dteagmhas as a n-eascaíonn siad. Déantar sa tslí seo é chun feidhmíocht airgeadais an Ghrúpa a léiriú ar bhealach sothuigthe. D'fhéadfadh gnóthachain nó cailteanais ar dhiúscairt sócmhainní nó ar ghluaiseachtaí cóirluacha ar réadmhaoin infheistíochta, agus costais maidir le hatheagrú nó athstruchtúrú bunúsach a bheith i gceist leis na teagmhais sin.

36 Breithiúnas criticiúil cuntasaíochta agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta sna meastacháin

Agus beartais chuntasaíochta an Ghrúpa á gcur i bhfeidhm, a bhfuil cur síos déanta orthu i Nóta 35, ceanglaítear ar na Stiúrthóirí breithiúnais, meastacháin agus toimhdí a dhéanamh faoi na suimeanna glanluacha a thuairiscítear maidir le sócmhainní agus dliteanais amhail ar dháta an chláir chomhardaithe agus na suimeanna a thuairiscítear maidir le hioncam agus speansais nach bhfuil chomh follasach sin ó fhoinsí eile le linn na tréimhse. Tá na meastacháin agus na toimhdí gaolmhara bunaithe ar thairbhí roimhe seo agus ar thosca eile a mheastar a bheith ábhartha. Ciallaíonn cineál an mheastacháin go bhféadfadh sé go mbeadh na torthaí iarbhrí dífríúil leis na meastacháin sin.

Déantar na meastacháin agus na toimhdí bunúsacha a athbhreithniú ar bhonn leanúnach. Tugtar aitheantas d'athbhreithnithe ar mheastacháin chuntasaíochta le linn na tréimhse ina n-athbhreithnithe an meastachán má bhíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse sin amháin nó le linn na tréimhse athbhreithnithe agus tréimhsí ina dhiaidh má bhíonn tionchar ag an athbhreithniú ar an tréimhse reatha agus tréimhsí ina dhiaidh.

Áirítear le príomhfhoinsí neamhchinnteachta meastachán, ach gan a bheith teoranta do na rudaí seo a leanas:

Measúnú maidir le lagú

Déantar sócmhainní aerfoirt a athbhreithniú maidir le lagú féideartha trí úsáid a bhaint as sraith de tháscairí seachtracha agus inmheánacha a bhaineann go sonrach leis na sócmhainní atá i gceist. Meastar gurb ionann comhcheangal d'Aerfort Bhaile Átha Cliath agus Aerfort Chorcaí agus aonad amháin a ghineann ioncam chun críocha measúnuithe lagaíthe, bunaithe ar an sainordú reachtúil chun bonneagar aerfoirt, idirspéachas shreafaí airgid na n-aerfort agus bainistíocht oibríochta agus straitéiseach an Ghrúpa a oibriú. Tagann leibhéal na lamhála go díreach de thoradh na gcinntí agus toimhdí atá mar bhonn leis an bplean straitéiseach agus sa deireadh braitheann sé ar an ráta lascaine, an ráta fáis críochfoirt agus an ráta fáis bhliantúil paisinéirí comhcheangailte. Agus luach úsáide á mheasúnú, déantar sreafaí airgid measta na todhchaí a lascaíniú chuig a luach láithreach trí ráta lascaine réamhchánach a úsáid a léiríonn an luach ama ar airgead agus na rioscaí sonracha don aonad giniúna airgid. Is iad na príomhfhoinsí a bhfuil tionchar acu ar an meastachán ar an luach úsáide leanúnachas an chórais rialála reatha, fás paisinéara a bheith ann agus ráta an fháis agus an ráta lascaine. Tógtar na sreafaí airgid ó réamh-mheastacháin airgeadais fhadtéarmacha agus plean gnó agus airgeadais rollach cúig bliana an Ghrúpa agus ní áirítear leo gníomhaíochtaí athstruchtúrúithe nach bhfuil an Grúpa faoi cheangal ina leith go fóill nó infheistíochtaí suntasacha sa todhchaí a fheabhsóidh feidhmíocht na sócmhainne maidir leis an aonad giniúna airgead atá á thástáil. Féach Nóta 10 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Nuair atá táscairí ann maidir le lagú sócmhainní airgeadais nó sócmhainní doláimhsithe lena n-áirítear cáilmheas agus cearta lamhála, tugann an Grúpa faoi thástálacha lagaíthe bunaithe ar an luach úsáide. Cinntear an luach úsáide tríd an nglanluach láithreach a ríomh ar shreafaí airgid measta na todhchaí a thagann ón aonad sin a ghineann ioncam, arna lascaíniú le fachtóir oiriúnach lascaínthe. Baintear na sreafaí airgid den phlean um réamh-mheastacháin airgeadais. Féach Nótaí 11 agus 13 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Athluacháil réadmhaoin infheistíochta

Thug an Grúpa speisialtóirí luachála neamhspleácha isteach chun an cóirluach amhail an 31 Nollaig 2025, agus amhail an 31 Nollaig 2024, a chinneadh. Cuireadh FRS 102 san áireamh agus na luachálacha á n-ullmhú agus ullmhaíodh iad de réir an lámhleabhair breithmheasa agus luachála a d'eisigh Institiúid Ríoga na Suirbhéirí Cairte. Tá sócmhainní réadmhaoin suntasacha ag an nGrúpa a úsáidtear le haghaidh raon leathan gníomhaíochtaí ar fud na n-aerfort amhail sócmhainní páirceála, sócmhainní fruilithe carranna, haingir agus spáis oifige. Bhí breithiúnas ag teastáil chun na hionaid réadmhaoin is ceart a rangú mar réadmhaoin infheistíochta faoi Chuid 16, Réadmhaoin Infheistíochta, a chinneadh, más ann do cheann ar bith, taobh istigh de chomhthéacs oibríochtaí aerfort. Sna cásanna ina sealbhaítear sócmhainní réadmhaoin chun seirbhísí a sholáthar atá riachtanach san aerfort amhail áiseanna fruilithe nó páirceála carranna chomh maith le haingir, níor measadh gurb ionann iad agus ionaid réadmhaoin infheistíochta. I measc na n-ionad réadmhaoin eile a measadh gurb ionann iad agus ionaid réadmhaoin infheistíochta, tá réadmhaoin nó talamh a shealbhaítear chun cíos a thuilleamh nó chun críocha luachmhéadaithe capitil ar nós suíomhanna óstáin agus foirgnimh oifige nach n-úsáidtear i gcroí-oibríochtaí na n-aerfort.

Nótaí a ghabhann leis na ráitis airgeadais agus atá ina gcuid díobh ar lean don bhliain airgeadais dar críoch an 31 Nollaig 2025

36 Breithiúnais chriticiúla chuntasaíochta agus príomhfhoinsí neamhchinnteachta sna meastacháin ar lean

Míreanna eisceachtúla

Is ionann gach luach agus tuairim ghairmiúil ar bhonn luaite, in éineacht le haon toimhde oiriúnach nó speisialta. Ní hionann luacháil agus fíric, is meastachán í. Beidh méid na suibíachtúlachta atá i gceist difriúil ó chás go cás, agus is amhlaidh de mhéid na cinnteachta, nó féidearthachta, a bheadh tuairim an luachálaí ar an luach margaidh i gcomhréir go díreach leis an bpraghas a bhainfí amach dá dtarlódh díolachán ag dáta na luachála.

Rinne na luachálaithe breithiúnais shuibíachtúla le linn a gcur chuige luachála agus iad ag teacht ar an luacháil agus cé go measann siad go bhfuil siad sin loighciúil agus cuí, ní gá gurb ionann iad agus na breithiúnais chéanna a dhéanadh gach ceannaitheoir. Féach Nóta 12 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair

Sa chás go bhfuil táscairí lagaithé in infheistíochtaí i bhfochuideachtaí, i gcomhlaigh agus i gcomhfhiontair, tugann an Grúpa faoi mheasúnú lagaithé bunaithe ar an luach úsáide. Déantar an luach úsáide a chinneadh trí ghlanluach láithreach sreafaí airgid measta amach anseo a ríomh, ar shreafaí iad seo a thiocfaidh as an aonad giniúna airgid, arna lascaíniú trí fhachtóir lascaíniú cuí a úsáid. Baintear na sreafaí airgid de réamh-mheastacháin airgeadais an Ghrúpa. Tá leibhéil neamhchinnteachta sna toimhdí a chuirtear i bhfeidhm ar bhealach inar féidir le hathrú réasúnta féideartha ar na toimhdí sin a bheith ina chúis le hathrú ábhartha ar luach (tugtha) anonn na sócmhainní. Féach Nóta 13 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Soláthar do dhlíteanais

Tugtar aitheantas do sholáthar sa chás go bhfuil oibleagáid reatha (dlíthiúil nó inchiallaithe) ag an nGrúpa i ngeall ar theagmhais san am a chuaigh thart, agus gur dócha go dteastóidh aistriú tairbhí eacnamaíochta chun an oibleagáid sin a shocrú agus gur féidir meastachán iontaoifa a dhéanamh ar mhéid na hoibleagáide. Déanann an Grúpa soláthairtí in aghaidh éilimh thuairiscithe agus éilimh fhéideartha faoina chlár féinárachais agus déanann sé soláthairtí in aghaidh dlíteanais eile chomh maith, lena n-áirítear éilimh dhlíthiúla agus éilimh a bhaineann le cúrsaí timpeallachta. Déantar na soláthairtí sin bunaithe ar fhaisnéis stairiúil nó ar fhaisnéis ábhartha eile, a choigeartaítear do threochtaí le déanaí nuair is cuí. Is éard atá i gceist leis na soláthairtí seo ná meastacháin ar chostais airgeadais a bhaineann le teagmhais nach dtarlóidh go ceann roinnt blianta, b'fhéidir. Déantar athbhreithniú ar an mbonn le haghaidh na meastachán sin agus tugtar cothrom chun dáta iad gach bliain ar a laghad agus i gcás go mbíonn faisnéis ar fáil lena bhféadfadh athrú ábhartha teacht chun cinn. Féach Nóta 21 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Saolréanna ionchais eacnamaíochta na sócmhainní seasta inláimhsithe

Tá an muirear bliantúil dímhéasa i leith sócmhainní seasta inláimhsithe íogair i leith athruithe i saolréanna ionchais eacnamaíochta agus luachanna iarmharacha na sócmhainní. Tá dearbhú saolréanna ionchais eacnamaíochta cuí ina phríomhbhreithiúnas agus déantar na saolréanna ionchais eacnamaíochta agus na luachanna iarmharacha a athmheasúnú gach bliain. Leasaítear iad de réir mar is cuí chun teacht leis na meastacháin reatha, bunaithe ar dhul chun cinn teicneolaíoch, infheistíochtaí amach anseo, úsáid eacnamaíoch agus bail fhisiceach na sócmhainní. Féach Nóta 10 le haghaidh shuíim ghlanluacha na réadmhaoine, gléasra agus trealaimh agus Nóta 35 le haghaidh shaolréanna ionchais eacnamaíochta gach aicme sócmhainní.

Sócmhainní doláimhsithe agus an cáilmheas

Cruthaíonn an Grúpa meastachán iontaoifa de shaolré ionchais na sócmhainní doláimhsithe agus an cháilmheasa a eascraíonn as comhcheangail ghnó. Tá an meastachán bunaithe ar thréimhse an chomhaontaithe lamháitais a rinneadh san eintiteas faighte. Féach Nóta 11 le haghaidh tuilleadh sonraí.

Achoimre cúig bliana ar thorthaí airgeadais – neamhniúchta

	2025 €000	2024 €000	2023 €000	2022 €000	2021 €000
Torthaí oibriúcháin					
Láimhdeachas	1,181,437	1,110,820	1,018,315	751,851	324,090
TRÚCDA (réamh-eisceachtúil)	401,035	394,632	329,778	248,530	25,047
Dímheas, amúchadh agus lagú	(159,213)	(150,031)	(139,749)	(126,135)	(117,804)
Coigeartú ar an gcóirluach ar réadmhaoín infheistíochta	(1,028)	13,366	987	22,026	2,001
Brabús/(caillteanas) oibriúcháin an Ghrúpa	240,794	257,967	191,016	144,421	(90,756)
Sciar de bhrabúis/(caillteanais) na ngnóthas comhlachaithe agus na gcomhfhiontar	20,731	27,360	19,270	15,461	1,072
Ioncam/(caiteachas) airgeadais	8,927	12,326	187	(21,142)	(20,366)
Míreanna eisceachtúla an Ghrúpa	-	-	-	4,735	(1,579)
Brabús/(caillteanas) roimh cháin	270,452	297,653	210,473	143,475	(111,629)
Cánachas	(40,343)	(50,187)	(34,309)	(24,746)	11,048
Leasanna neamh-urlámhais	(12,367)	(7,740)	(8,143)	(7,676)	(2,620)
Brabús/(caillteanas) don bhliain airgeadais	217,742	239,726	168,021	111,053	(103,201)
Brabús/(caillteanas) gan míreanna eisceachtúla san áireamh (iarchánach)	218,255	228,598	166,887	90,324	(103,261)
Caipiteal a úsáideadh					
Sócmhainní inláimhsithe agus réadmhaoín infheistíochta	2,554,845	2,421,276	2,340,794	2,273,074	2,209,232
Sócmhainní seasta doláimhsithe	60,490	58,156	49,347	49,891	55,724
Infheistíochtaí	128,360	127,460	132,163	127,701	121,313
Glansócmhainní reatha	696,207	756,046	669,911	590,910	564,952
Iomlán na sócmhainní líide dliteanais reatha	3,439,902	3,362,938	3,192,215	3,041,576	2,951,221
Creidiúnaithe atá dlite tar éis níos mó ná bliain amháin	(1,514,423)	(1,578,126)	(1,625,783)	(1,655,773)	(1,696,523)
Deontais chaipitil	(20,442)	(22,096)	(22,959)	(20,092)	(18,712)
Soláthairtí le haghaidh dliteanas	(116,161)	(115,024)	(108,328)	(97,180)	(87,965)
Glansócmhainní	1,788,876	1,647,692	1,435,145	1,268,531	1,148,021



Sreabhadh airgid achomair cúig bliana – neamhniúchta

	2025 €000	2024 €000	2023 €000	2022 €000	2021 €000
Sreabhadh airgid achomair					
Sreabhadh airgid ó ghníomhaíochtaí oibriúcháin	415,219	409,783	307,283	173,364	185,337
Díbhinní a fuarthas	20,758	22,475	25,023	16,616	734
	435,977	432,258	332,306	189,980	186,071
Glanús (íoctha)/faighte	(2,554)	964	(7,298)	(29,592)	(29,987)
Cáin (íoctha)/aisíocaíocht cánach	(44,444)	(44,041)	(106,661)	(3,946)	6,741
	388,979	389,181	218,347	156,442	162,825
Infheistíocht i sócmhainní seasta inláimhsithe, i réadmhaoin infheistíochta agus i mbogearraí	(272,252)	(224,388)	(181,645)	(156,048)	(198,663)
Íocaíochtaí i ndáil le hathstruchtúrú eisceachtúil agus forálacha eile	(2,109)	(2,483)	(1,195)	(5,980)	(24,611)
Infheistíocht in/iasachtaí chuig/ó ghnóthais chomhlachaithe agus chomhfhiontair agus sócmhainní airgeadais	(877)	(80)	(5,166)	(4,218)	(5,392)
Díolachán/aisíocaíocht na sócmhainní inláimhsithe agus na sócmhainní airgeadais	11,662	240	592	1,368	145
Deontais chaipitil aitheanta	330	1,297	1,370	6,592	12,657
	(263,246)	(225,414)	(186,044)	(158,286)	(215,864)
	125,733	163,767	32,303	(1,844)	(53,039)
Díbhinní a íocadh le scairshealbhóir	(68,000)	(31,000)	–	–	–
Díbhinní a íocadh le gnóthais mhionlaigh fochuideachtaí	(6,962)	(8,227)	(5,521)	(2,910)	(1,341)
Insreabhadh/(eis-sreabhadh) airgid roimh mhaoiniú	50,771	124,540	26,782	(4,754)	(54,380)
Glanfhiachas	639,663	685,421	813,431	839,659	835,255



Achoimre cúig bliana ar staitisticí paisinéirí – neamhniúchta

	2025 €000	2024 €000	2023 €000	2022 €000	2021 €000
Paisinéirí					
Foriomlán					
Trasatlantach	4,436,630	4,168,836	3,906,992	3,248,715	545,834
An Ríocht Aontaithe	11,629,990	11,142,698	10,916,494	8,919,562	2,313,702
Mór-roinn na hEorpa	22,151,462	20,915,622	19,951,875	16,999,151	5,444,365
Idirnáisiúnta Eile	1,482,209	1,304,507	1,141,757	753,091	186,954
Intíre	183,856	174,544	157,007	128,985	40,830
Idirthuras	13,008	10,677	250,143	276,157	182,318
	39,897,155	37,716,884	36,324,268	30,325,661	8,714,003
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+5.8%	+3.8%	+19.8%	+248.0%	+10.1%
Baile Átha Cliath					
Trasatlantach	4,436,107	4,168,442	3,906,459	3,248,376	545,675
An Ríocht Aontaithe	10,096,020	9,764,289	9,518,376	7,777,998	2,177,346
Mór-roinn na hEorpa	20,224,321	19,225,179	18,550,186	15,901,855	5,325,156
Idirnáisiúnta Eile	1,482,184	1,304,507	1,141,743	753,081	186,954
Intíre	181,705	173,279	156,570	128,549	37,924
Idirthuras	10,897	9,421	249,589	275,180	182,152
	36,431,234	34,645,117	33,522,923	28,085,039	8,455,207
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+5.2%	+3.3%	+19.4%	+232.2%	+14.5%
Corcaigh					
Trasatlantach	523	394	533	339	159
An Ríocht Aontaithe	1,533,970	1,378,409	1,398,118	1,141,564	136,356
Mór-roinn na hEorpa	1,927,141	1,690,443	1,401,689	1,097,296	119,209
Idirnáisiúnta Eile	25	-	14	10	-
Intíre	2,151	1,265	437	436	2,906
Idirthuras	2,111	1,256	554	977	166
	3,465,921	3,071,767	2,801,345	2,240,622	258,796
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+12.8%	+9.7%	+25.0%	+765.8%	-51.2%



Achoimre cúig bliana ar ghluaiseachtaí aerárthaí – neamhniúchta

	2025 €000	2024 €000	2023 €000	2022 €000	2021 €000
Foirmlián					
Tráchtáil					
– Sceidealaithe	261,144	247,066	240,728	207,983	77,371
– Neamhsceidealaithe	3,925	3,854	5,727	5,302	3,857
– Lastas	6,512	6,371	6,589	6,161	7,612
Gluaiseachtaí aeriompair tráchtála	271,581	257,291	253,044	219,446	88,840
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+5.6%	+1.7%	+15.3%	+147.0%	-1.0%
Eile	33,277	29,075	28,246	31,037	33,617
Iomlán na ngluaiseachtaí aerárthaí	304,858	286,366	281,290	250,483	122,457
Baile Átha Cliath					
Tráchtáil					
– Sceidealaithe	237,511	226,420	221,203	191,653	74,607
– Neamhsceidealaithe	3,506	3,512	5,369	4,961	3,414
– Lastas	6,512	6,371	6,589	6,159	7,410
Gluaiseachtaí aeriompair tráchtála	247,529	236,303	233,161	202,773	85,431
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+4.8%	+1.3%	+15.0%	+137.4%	+2.6%
Eile	8,058	8,208	8,434	9,676	6,688
Iomlán na ngluaiseachtaí aerárthaí	255,587	244,511	241,595	212,449	92,119
Corcaigh					
Tráchtáil					
– Sceidealaithe	23,633	20,646	19,525	16,330	2,764
– Neamhsceidealaithe	419	342	358	341	443
– Lastas	–	–	–	2	202
Gluaiseachtaí aeriompair tráchtála	24,052	20,988	19,883	16,673	3,409
Athrú céatadán bliain ar bhliain	+14.6%	+5.6%	+19.3%	+389.1%	-47.8%
Eile	25,219	20,867	19,812	21,361	26,929
Iomlán na ngluaiseachtaí aerárthaí	49,271	41,855	39,695	38,034	30,338



Faisnéis faoin gCuideachta

Stiúrthóirí

Basil Geoghegan (Cathaoirleach)
Raymond Gammell (tháinig deireadh lena thréimhse an 22 Eanáir 2025)
Denis Smyth (d'éirigh sé as oifig an 31 Deireadh Fómhair, 2025)
Marie Joyce (d'éirigh sé as oifig an 31 Nollaig 2025)
Karen Morton (tháinig deireadh lena thréimhse an 22 Eanáir 2026)
Risteard Sheridan
Peter Cross (tháinig deireadh lena thréimhse an 3 Márta 2026)
Gerard Perdisatt
Des Mullally (tháinig deireadh lena thréimhse an 8 Eanáir 2026,
athcheapadh é an 9 Eanáir 2026)
James Kelly (tháinig deireadh lena thréimhse an 8 Eanáir 2026)
MarkJames Ryan (tháinig deireadh lena thréimhse an 8 Eanáir 2026,
athcheapadh é an 9 Eanáir 2026)
Paula Cogan
Kenny Jacobs (athcheapadh é an 5 Feabhra 2026)
Darren Kelly (ceapadh é an 9 Eanáir 2026)
Kevin O'Connell (ceapadh é an 9 Eanáir 2026)

Rúnaí na Cuideachta

Miriam Ryan

Uimhir chláraithe

9401

Oifig chláraithe

Trí, An Fhaiche
Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath
Aerfort Bhaile Átha Cliath
Sord
Contae Bhaile Átha Cliath
K67 X4X5

Iníúcháir Neamhspleách

Ernst & Young
Cuntasóirí Cairte
Ionad Fhearchair
Sráid Fhearchair
Baile Átha Cliath 2
D02 YA40

Príomhbhaincéirí

Bainc-Aontas Éireann cpt
Grúpa Bhanc na hÉireann
Barclays Bank
BNP Paribas
An Banc Eorpach Infheistíochta
Danske Bank A/S
HSBC Bank cpt

Dlíodóir

McCann Fitzgerald LLP
Riverside One
Cé Sir John Rogerson
Baile Átha Cliath 2
D02 X576



daa plc

Ceannoifig

TRÍ, An Fhaiche, Lárcheantar Aerfort Bhaile Átha Cliath,

Aerfort Bhaile Átha Cliath, Sord, Contae Bhaile Átha Cliath,

K67 X4X5, Éire

T. 353 1 814 1111

F. 353 1 814 4120

www.daa.ie

Arna dearadh ag **emperor** 
Tabhair cuairt orainn ag emperor.works